An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2016

Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

Dírithe ar a Sainordú a Chur i gCrích go Rathúil

Éilíonn Alt 10 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní go ndéanfaidh GNBS an toradh airgeadais is fearr a ghnóthú don Stát, plé go dlúsúil leis na sócmhainní a fhaigheann sí, agus luach na sócmhainní sin a chosaint nó cur leis ar shlí eile. Is é sin bun agus barr shainordú GNBS.

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Meastar go bhféadfaí suas le 4m troigh chearnach de spás tráchtála agus breis is 2,000 árasán a sholáthar dá ndéanfaí forbairt iomlán ar na 15 láithreán uile ina raibh leas ag GNBS an chéad lá riamh thar shaolré scéim SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.

Soláthar Aonad Cónaithe

Beidh GNBS in ann maoiniú a chur ar fáil, faoi réir inmharthanacht tráchtála, chun 20,000 réadmhaoin nua chónaithe a sholáthar i mBaile Átha Cliath, i gcontaetha Chill Mhantáin, Chill Dara agus na Mí in aice láimhe agus in ionaid uirbigh níos mó i gCorcaigh agus i nGaillimh go dtí deireadh 2020. Ó 2014 i leith, tá maoiniú tugtha ag an nGníomhaireacht cheana féin chun 4,840 aonad a sholáthar ar fud na tíre.

Fiacha a íoc ar ais

Is é príomhchuspóir tráchtála GNBS ná a fiachas sinsearach go léir a fhuascailt. D'fhuascail GNBS os cionn 98% den €30.2 billiún d'fhiachas sinsearach a eisíodh i dtosach in 2010 agus in 2011 chun iasachtaí bainc a fháil.

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
National Asset Management Agency

17 Bealtaine 2017

Michael Noonan TD

An tAire Airgeadais

Oifigí an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2.

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir againn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a chur faoi do bhráid.

Le gach dea-mhéin,

Frank Daly
An Cathaoirleach

Brendan McDonagh
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Clár Ábhar

Réamhrá	Príomhchuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord GNBS	2
	Príomhtháscairí Airgeadais 2016	3
	Príomh-bhuaicphointí Gnó	4
	Ráiteas an Chathaoirligh	6
	Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	8
	Fiacha a íoc ar ais	11
Athbhreithniú Gnó	Gníomhaíocht Díghiarála	14
	SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath	21
	Soláthar Aonad Cónaithe	27
	Rannchuidiú Sóisialta agus Geilleagrach	34
Athbhreithniú Airgeadais		42
Eagraíocht GNBS	Struchtúr na hEagraíochta	47
Rialachas	Comhaltaí Boird	48
	An Bord agus Coistí an Bhoird	50
	Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí GNBS	52
	An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016	60
	Nochtadh agus Cuntasacht	61
	Bainistíocht Riosca	62
Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais		63
	Gluais Téarmaí	157

Príomhchuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord GNBS

Cuspóir Straitéiseach	Dul chun cinn
1 Is é príomhchuspóir tráchtála an Bhoird ná a fhiachas sinsearach go léir a fhuascailt (€30.2 billiún) roimh dheireadh na bliana 2018. Tá sé mar aidhm freisin ag an mBord fofhiacha GNBS a fhuascailt (€1.593 billiún) faoin 1 Márta 2020 agus barrachas a chruthú faoin am a mbeidh a cuid oibre curtha i gcrích aici. Tá sé mar aidhm aici gach ceann dá ceangaltais a chomhlíonadh sa todhchaí agus sin a dhéanamh as a cuid acmhainní féin.	**98% fuascailte** Seasann fiachas sinsearach GNBS amhail deireadh Aibreán 2017 ag €500 milliún anois, níos lú ná 2% ná mar a bhí sé ar dtús.
2 D'fhonn a príomhchuspóir tráchtála a chomhlíonadh (mar atá ag 1 thuas), déanfaidh GNBS dianbhainistiú ar shócmhainní agus infheisteoidh sí iontu d'fhonn a gcumas ioncam a shaothrú agus a luach diúscartha a bharrfheabhsú. Trína gníomhaíocht diúscartha, leanfaidh sí ag cruthú idirbheart a bhfuil sé mar aidhm acu an fheidhmíocht láidir atá feicthe i margadh réadmhaoine na hÉireann le blianta beaga anuas a choimeád ag imeacht.	**€2.4 billiún** Tá €2.4 billiún íoctha go dtí seo i gcaiteachas caipitiúil le haghaidh tionscadail nua agus tionscadail reatha ó 2010.
3 Éascóidh GNBS soláthar cóiríochta oifige de Ghrád A i SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath; rannchuideoidh sí, ní amháin i dtéarmaí mhaoiniú an tionscadail, más gá, ach ó thaobh comhsheasmhacht, treoir agus spreagadh a thabhairt don phróiseas soláthair.	**82%** Faoi dheireadh 2016, bhí 82% de leasanna bunaidh GNBS i SDZ na nDugthailte á dtógáil, bhí cead pleanála faighte acu nó bhí siad díolta agus cead pleanála ag gabháil leo mar bhuntáiste.
4 Tá sé mar aidhm ag GNBS cur i gcrích 20,000 aonad nua cónaithe a éascú, faoi réir inmharthanacht tráchtála, i limistéar Bhaile Átha Cliath den chuid is mó, sa tréimhse go dtí deireadh 2020 agus, trí dhianbhainistiú ar shócmhainní na láithreán cónaithe, tá sé mar aidhm aici freisin líon na láithreán atá réidh le forbairt a uasmhéadú.	**4,840** Idir 2014 agus deireadh mhí an Mhárta 2017, cuireadh 4,840 aonad nua cónaithe i gcrích ar láithreáin a fuair maoiniú ó GNBS.
5 Faoi réir thosaíocht a sainordaithe tráchtála de réir Alt 10 ach a chomhlánaíonn é go minic, féachfaidh GNBS le tionchar dearfach sóisialta agus geilleagrach a bheith aici thar raon leathan a gníomhaíochtaí.	**2,378** Chuir GNBS 2,378 teach cónaithe ar fáil i gcomhair tithíocht shóisialta go dtí deireadh 2016.

Príomhtháscairí Airgeadais 2016

Ghin GNBS €1.5 billiún i mbrabús in 2016. Ciallaíonn feidhmíocht láidir leanúnach GNBS ó tionscnaíodh í go bhfuil Bord GNBS ag súil go dtabharfar barrachas deiridh ar ais don Stát – **a mheastar faoi láthair ag €3 bhilliún** – ar chur i gcrích a cuid oibre.

Brabús 2016

€1.5bn

Fuascailtí Bannaí Sinsearacha 2016

€5.5bn

Fuascailtí Bannaí Sinsearacha (98%)

€29.7bn

Ón tráth tionscanta go deireadh mhí Aibreáin 2017

Giniúint Airgid Thirim 2016

€5.4bn

Fáltais Diúscartha 2016

€5.0bn

Príomh-bhuaicphointí Gnó

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Réamhphleanáil

760,000
troigh chearnach

Tá obair réamhphleanála ar siúl ar na láithreáin atá fágtha chun thart ar 760,000 troigh chearnach de spás tráchtála agus thart ar 860 aonad cónaithe a sholáthar.

Cead Pleanála

756,000
troigh chearnach

Tá cead pleanála tugtha chun 756,000 troigh chearnach de spás forbartha tráchtála agus thart ar 350 aonad cónaithe a sheachadadh thar cheithre láithreán.

Tús Curtha le Tógáil

1.8m
troigh chearnach

Cuireadh tús leis an tógáil ar láithreáin ar a soláthrófar 1.8m troigh chearnach de spás tráchtála (oifigí de Ghrád A den chuid is mó) agus 230 árasán.

Tógáil Curtha i gCrích

47,500
troigh chearnach

Tá an obair thógála curtha i gcrích ar 47,500 troigh chearnach de spás oifige agus tá an fhorbairt chríochnaithe ligthe agus díolta.

Láithreáin Díolta

650,000 troigh chearnach

Dhíol glacadóirí nó comhpháirtithe infheistíochta GNBS láithreáin a bhfuil cead pleanála ag gabháil leo le haghaidh 650,000 troigh chearnach de spás tráchtála agus thart ar 650 aonad cónaithe ar an margadh oscailte i ndiaidh cead pleanála a fháil.

Soláthar Aonad Cónaithe

4,840

Ó 2014 i leith, thug GNBS airgead chun 4,840 aonad nua cónaithe a thógáil in Éirinn ar thalamh forbartha cónaithe a urraíonn a punann iasachta.

7,475

Tugadh cead pleanála le haghaidh 7,475 aonad breise.

2,064

Amhail deireadh mhí an Mhárta 2017 bhí 2,064 aonad breise á dtógáil ag forbróirí atá á maoiniú ag GNBS agus ag glacadóirí. Ceadaíodh maoiniú le haghaidh 1,114 aonad breise ar tugadh cead pleanála dóibh, ach nach raibh á dtógáil go fóill.

10,000+

Cuireadh iarratais phleanála isteach nó cuirfear isteach iad taobh istigh de 12 mhí le haghaidh 10,000+ aonad breise.

Tithíocht Shóisialta

6,941

Faoi dheireadh 2016, bhí 6,941 réadmhaoin chónaithe tairgthe ag GNBS le haghaidh cúrsaí tithíochta sóisialta. Dheimhnigh údaráis áitiúla go raibh an t-éileamh ann le haghaidh 2,748 réadmhaoin.

2,378

Cuireadh 2,378 teach cónaithe ar fáil i gcomhair tithíocht shóisialta faoi dheireadh 2016.

€300m+

Tá os cionn €107 milliún infheistithe nó geallta ag GNBS chun réadmhaoine a chóiriú agus a chur i gcrích i gcomhair tithíochta agus tá os cionn €200 milliún infheistithe aici chun tithe agus árasáin a cheannach trína huirlis speisialta chun aonaid tithíochta sóisialta a fháil, NARPS.

Gnó agus fostaíocht a éascú in Éirinn

Údarás Forbartha Tionscail Éireann

Leanann GNBS ag obair go dlúth le hÚdarás Forbartha Tionscail Éireann agus le gníomhaireachtaí eile Stáit chun réadmhaoine oiriúnacha a aithint le haghaidh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.

Lacáistí Cíosa

Cheadaigh GNBS lacáistí cíosa a bhfuil luach comhiomlán bliantúil acu de bhreis ar €24.5m.

Ráiteas an Chathaoirligh

Rinne GNBS dul chun cinn suntasach arís in 2016 i dtreo príomhchuspóirí éagsúla na heagraíochta a bhaint amach.

Rinne GNBS dul chun cinn suntasach arís in 2016 i dtreo príomhchuspóirí éagsúla na heagraíochta a bhaint amach. D'fhág an €5.5 billiún d'fhiachas sinsearach a fuasclaíodh i rith na bliana an fiachas sinsearach iomlán a bhí fuascailte go dtí deireadh 2016 ag €27.6 billiún. Ó shin i leith, d'fhuasclaíomar €2.1 billiún eile rud a chiallaíonn go bhfuil 98% den €30.2 billiún de fhiachas sinsearach GNBS fuascailte anois. Táimid ag súil an €500 milliún eile i bhfiachas sinsearach a fhuascailt níos déanaí in 2017 agus ár bhfofhiacha de €1.6 billiún a fhuascailt faoin mbliain 2020. Ina theannta sin, rinneamar athbhreithniú in airde ar ár n-ionchas dár mbarrachas deiridh réamh-mheasta – tá an réamh-mheastachán nua socraithe ag barrachas suas le €3 bhilliún.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór freisin ar roinnt cuspóirí tábhachtacha eile. Ag deireadh 2013, thugamar gealltanas don Aire Airgeadais go ndéanfaimis iarracht soláthar 4,500 áit chónaithe a éascú agus a mhaoiniú faoi dheireadh 2016. Sáraíodh an sprioc sin agus cuireadh thart ar 4,700 áit cónaithe ar fáil faoi dheireadh 2016.

Táimid fós tiomanta an soláthar tithíochta sin a bhfuil géarghá leis a éascú agus a mhaoiniú sa tréimhse go dtí 2020. Anuas ar an méid a soláthraíodh go dtí seo, rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh ullmhú le haghaidh plean faoi láithreáin a fhorbairt de réir a chéile. Tá 10,500 aonad á dtógáil nó tá cead pleanála faighte acu. Tá láithreáin a bhfuil sé de chumas acu 10,000 aonad eile a sholáthar sa chóras pleanála nó beidh siad ann go luath. Tá obair réamhphleanála agus féidearthachta ar siúl ar láithreáin a bhfuil sé de chumas acu 20,000 aonad eile a sholáthar.

Mar gheall ar chomh gann is atá an soláthar tithíochta beidh raon freagairtí ag teastáil ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus tá GNBS tiomanta a cion féin a dhéanamh trí sholáthar tithíochta ó láithreáin atá faoi smacht a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí a mhaoiniú, faoi réir inmharthanacht tráchtála. Ní mór a aithint, áfach, nach bhfuil ach níos lú ná an ceathrú cuid de na láithreáin forbartha chónaithe faoi smacht fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí GNBS i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ciallaíonn sé sin go bhfuil ról i bhfad níos mó ag úinéirí an 75% eile de thalamh chónaitheach ó thaobh dul i ngleic leis an nganntanas soláthair.

Ar an iomlán, níl aon easpa láithreáin chónaithe ar fáil i gcomhair forbartha i mBaile Átha Cliath ná in aon áit eile. Is é an deacracht atá ann nach bhfuil go leor de na láithreáin sin inmharthana ar bhonn tráchtála chun iad a fhorbairt mar gheall ar phraghsanna díolacháin reatha agus costais thógála i láthair na huaire. Aithnítear go forleathan go bhfuil costais tógála na hÉireann sách ard, go háirithe nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe. Tá sé curtha de chúram ar mheitheal oibre maidir le costais tógála, ar a bhfuil an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chathaoirleach, anailís chuimsitheach a chur i dtoll a chéile ar na saincheisteanna a bhaineann le costas tógála agus táimid dóchasach go mbeidh torthaí na hanailíse sin mar uirlis spreagtha le haghaidh aon fhreagairtí breise beartais a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Ní mór a aithint áfach go bhfuil roinnt láithreán atá inmharthana ar bhonn tráchtála nach bhfuiltear a fhorbairt agus go dteastaíonn freagairt beartais chun déileáil le láithreáin den sórt sin.

Cuirtear dúshláin áirithe i láthair maidir leis an inmharthanacht tráchtála a bhaineann le forbairt árasán. In aighneacht a sheol GNBS chuig an Aire Airgeadais i mí Eanáir 2017, mholamar go smaoineofaí ar shrianta airde mar atá siad faoi láthair a mhaolú ar fhorbairtí árasán i limistéir uirbeacha ina bhfuil dlús daonra ollmhór cosúil le Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Dá mbeadh solúbthacht níos fearr i gceist ansin d'fheabhsófaí inmharthanacht tráchtála roinnt tionscadail árasán nach mbeifí in ann a fhorbairt ar bhonn brabúis nó tráchtála murach sin. Go bunúsach, ag glacadh le méid an riachtanais i gcomhair aonaid chónaithe, go háirithe i mBaile Átha Cliath, ní mór d'fhoirgnimh árasáin níos airde i gceantair roghnaithe cur go mór leis an riachtanas sin a chomhlíonadh.

Mholamar freisin go bhfeabhsódh solúbthacht níos mó maidir le riachtanais carrchlóis in íoslaigh a bhíonn an-daor inmharthanacht tráchtála scéimeanna árasán áirithe, go háirithe in ionaid i lár na cathrach nó in áiteanna ina bhfuil freastal maith cheana féin ó thaobh rochtain ar iompar poiblí ar ardchaighdeán. Tá go leor le foghlaim anseo nuair a dhéantar comparáid idir iad agus forbairtí den chineál céanna thar lear.

Leanaimid ag obair i dtreo an tsoláthair i gcomhair tithíocht shóisialta a uasmhéadú ó réadmhaoine atá faoi smacht ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí. Thairgeamar beagnach 7,000 teach agus árasán folamh lenár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí don Ghníomhaireacht Tithíochta. Deimhníodh an t-éileamh le haghaidh 2,748 de na réadmhaoine sin agus, go dtí seo, tá gar do 90% acu soláthraithe nó ar conradh lena soláthar chuig údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta faofa. Faoin am a dhéantar gach réadmhaoin a sholáthar faoin tionscnamh seo, beidh thart ar €330 milliún caite againn ar réadmhaoin a dheisiú, a chur i gcrích agus a cheannach, a bhfuarthas roinnt díobh trínár n-uirlis tithíochta sóisialta shainchuspóireach speisialta, NARPS.

Ar thaobh amháin, bhí bliain sách crua ag GNBS in 2016. I mí Mheán Fómhair 2016, foilsíodh tuarascáil speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le díol Project Eagle. Ina dhiaidh sin i mí an Mhárta 2017 rinne an Coiste um Chuntais Phoiblí imscrúdú ar an díolachán. Áiríodh roinnt torthaí sa dá thuarascáil lenar easaontaíomar go láidir. Níl fonn orm labhairt faoi na hargóintí agus na frithargóintí éagsúla arís a bhfuil neart tráchtaireachta déanta orthu faoin am seo. Glacadh cinneadh chun coimisiún imscrúdaithe a bhunú maidir leis an díolachán agus cuirfimid gach acmhainn is gá ar leataobh lena chinntiú go bhfaighidh an coimisiún an fhaisnéis ar fad a theastóidh uaidh agus atá ag GNBS. Cuirimid fáilte, go háirithe, roimh an rún, mar a háiríodh i dtéarmaí tagartha an choimisiúin, go mbainfidh an coimisiún leas as saineolas tráchtála agus airgeadais iomchuí agus neamhspleách chun a imscrúdú a threorú.

Tríd is tríd, tá athrú tagtha ar GNBS trí na trí mhórchéim gníomhaíochta. Bhain an chéad chéim le €74 billiún a fháil i bhfoirm iasachtaí (nárbh fhiú ach €26 billiún iad) ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, ag earcú na saineolaithe riachtanacha chun an phunann a fuarthas a bhainistiú agus ag cur creat rialachais i bhfeidhm a rinne cothromú idir an gá le haclaíocht thráchtála agus cuntasacht phoiblí. Sa dara céim bhí obair mhór ar bun le féichiúnaithe agus glacadóirí, agus iad ag obair go dícheallach chun luachanna sócmhainní a fheabhsú agus sceidil a chur i bhfeidhm chun sócmhainní a dhiúscairt. Táimid sa tríú céim dár gcuid oibre anois – ár bhfoirceannadh – agus leis sin cuirfear ár ngníomhaíocht díghiarála atá le déanamh againn i gcrích agus cuirfimid ár soláthar cónaithe agus cláir SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath i gcrích faoin mbliain 2020.

Agus muid ag breathnú ar chúrsaí mar a bhí agus mar atá in 2017, táimid mórtasach go háirithe go mbeidh ár bhfiachas sinsearach fuascailte trí bliana roimh sprioc 2020 a leagadh síos ar dtús báire. Tá an t-ualach ollmhór sin tógtha den Stát a bhfuil fiachas trom air cheana féin.

Táim fíorbhuíoch as an obair chrua a rinne mo chomhghleacaithe ar an mBord, agus as obair chrua an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, an Fheidhmiúcháin féin agus foireann GNBS agus an méid a rinne siad ionas go raibh 2016 ina bliain mhór do GNBS inar éirigh léi go leor a bhaint amach.

Frank Daly
An Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Rud a bhí ríthábhachtach dár gcumas ár bhfiachas a fhuascailt go hiomlán ab ea gur gineadh airgead tirim ó dhíol sócmhainní ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí.

Ba chloch mhíle thábhachtach é 2017 i dteacht chun cinn GNBS. Táimid ag súil, faoi dheireadh na bliana, go mbeidh ár bhfiachas sinsearach de €30.2 billiún fuascailte go hiomlán agus go mbeidh ár bpríomhchuspóir tráchtála bainte amach againn dá réir sin. Is éacht mór ann féin é go rabhthas in ann fáil réidh leis an dliteanas teagmhasach seo atá ráthaithe ag an Stát ach chuidigh an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh laghdú dhá thrian (€20 billiún) a dhéanamh air idir tús 2014 agus deireadh 2016 go mór freisin a mhéid is go raibh sé ar chumas na hÉireann na margaí fiachais a rochtain in athuair agus costas maoinithe fhiachas na hÉireann a chobhsú agus a laghdú.

Sna chéad bhlianta de GNBS, bhí amhras orm féin, ach an oiread le cuid mhaith daoine, faoi cibé an mbeimis in ann ár bhfiachas sinsearach go léir a fhuascailt. Chiallaigh an titim leanúnach ar phraghsanna réadmhaoine in Éirinn sna trí bliana suas go dtí deireadh 2012 gurbh fhiú i bhfad níos lú na sócmhainní Éireannacha a bhí ag urrú ár gcuid iasachtaí ná na luachálacha i mí na Samhna 2009 lenar cinneadh praghsanna fáltais ár gcuid iasachtaí.

Rud a bhí ríthábhachtach dár gcumas ár bhfiachas a fhuascailt go hiomlán ab ea gur gineadh airgead tirim ó dhíol sócmhainní ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí agus ó roinnt mórdhíolacháin iasachtaí. Rud a bhí ríthábhachtach dó sin ansin ab ea an spéis mhór a chuir infheisteoirí idirnáisiúnta agus intíre i sócmhainní Éireannacha ó d'imigh Éire as an gclár Troika ag deireadh 2013. Ar an iomlán, gineadh beagnach €40 billiún in airgead tirim ón tráth tionscanta go dáta, lena n-áirítear €5.4 billiún a gineadh in 2016.

I measc na ndíolachán sócmhainní is mó a rinneadh i rith 2016 bhí díol One Spencer Dock, mórfhorbairt oifige ar Ché an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath, agus díol Óstán an Gresham i lár Bhaile Átha Cliath. I measc na mórdhíolachán ón bpunann iasachta bhí roinnt punanna ilnasc (tionscadail Emerald, Ruby agus Gem) a raibh iomlán de €6.7 billiún d'fhiachas in par i gceist leo agus roinnt punanna fiachóirí aonair nó nasctha, lena n-áirítear Project Abbey, Project Beara agus Project Tolka arbh fhiú €2.3 billiún i bhfiachas in par ar an iomlán iad.

Aithnítear ár gcláir díolachán go hidirnáisiúnta ar cheann de na cláir is fearr ullmhaithe agus is iomaíche agus bíonn spéis mhór ag lucht tairisceana iontu. Samhlaímid faoi láthair nach dtairgfear le díol ach punann amháin iasachta in 2017 – Project Lee, punann iasachtaí atá urraithe a bheag nó a mhór le sócmhainní tráchtála atá lonnaithe i gCorcaigh.

Ba é luach anonn na punainne iasachta foriomláine ag deireadh 2016 ná €4 bhilliún agus baineann thart ar 60% de sin le soláthar cónaithe agus le cláir SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá an 40% eile den phunann iasachta urraithe den chuid is mó ag líon mór sócmhainní a bhfuil luach íseal ag gabháil leo, agus teastóidh a lán oibre uathu sin má táthar chun an tairbhe is fearr a bhaint as a luach. Go dtí seo, cuireadh moill ar dhíol roinnt de na sócmhainní sin de bharr dlíthíochta nó de bharr aimhréidh eile, agus gné dhlíthiúil ag baint lena bhformhór. In ainneoin gur próiseas mall go leor a bheidh sa chéim dheiridh diúscartha seo, táimid ag súil go mbeidh cuid mhór dár gcuid oibre díghiarála curtha i gcrích againn faoin mbliain 2018.

Ghin GNBS brabús €1.5 billiún i mbliain airgeadais 2016. In éineacht leis an ioncam glan ó ús de €315 milliún, ba iad na príomhfhoinsí brabúis ná (i) ioncam farasbairr €729 milliún agus (ii) brabús €381 milliún ar dhiúscairt sócmhainní iasachta agus réadmhaoine. Tagann farasbarr ioncaim chun cinn nuair a sháraíonn an glan-insreabhadh airgid iarbhír nó réamh-mheasta iomlán a bhaineann le hiasachtaí féichiúnaí luach anonn na n-iasachtaí. Léirítear sa ranníocaíocht farasbairr ioncaim in 2016 an tionchar a bhí ag téarnamh an mhargaidh ach freisin léirítear bainistíocht mhionsonraithe na sócmhainní agus an obair airgid chorparáidigh a rinne foireann GNBS blianta níos túisce d'fhonn luach na sócmhainní a fheabhsú trí obair phleanála, caiteachas ar fheabhsúcháin agus caiteachas caipitiúil. Tá an bealach ar caitheadh leis an bhfarasbarr ioncaim seo ar aon dul le caighdeáin chuntasaíochta agus le caighdeáin sa tionscal.

Anuas ar ár gclár maoinithe cónaithe, ar thagair an Cathaoirleach dó ina ráiteas, réimse ollmhór gníomhaíochta eile do GNBS is ea forbairt Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. In 2014, shealbhaíomar leas ar dtús i thart ar 75% den limistéar talún infhorbartha sa SDZ; tá sé d'acmhainn ag an limistéar seo 4m troigh chearnach de spás tráchtála agus os cionn 2,000 aonad cónaithe a sholáthar.

Tá forbairt SDZ na nDugthailte ag bailiú nirt le blianta beaga anuas: tá tús curtha leis an obair thógála ar láithreáin ina bhfuiltear ag súil go soláthrófar thart ar 45% den spás tráchtála; fuarthas cead pleanála le haghaidh 19% eile agus tá obair réamhphleanála ar siúl ar 19% eile. Dhíol GNBS a leas sa 17% de spás tráchtála a bhí fanta. Tá formhór den fhorbairt atá á déanamh in SDZ na nDugthailte á maoiniú trí airgead príobháideach gan airgead cáiníocóirí á chur i mbaol in aon chor.

Cé gurb é príomhchuspóir mhaoiniú cónaithe GNBS agus chláir forbartha Dhugthailte Bhaile Átha Cliath an toradh tráchtála ar na hiasachtaí a fuaireamar a fheabhsú, tabharfaidh an dá chlár cúnamh suntasach agus rannchuidiú sóisialta trí dhul i ngleic le heasnaimh i soláthar cóiríocht oifige d'ardchaighdeán agus i soláthar tithíochta.

Ní bhainfí amach an dul chun cinn ollmhór a rinneadh in 2016 agus go deimhin ó tionscnaíodh GNBS murach tiomantas an Bhoird, na gCoistí Boird, na foirne Feidhmiúcháin, agus na foirne a bhí sannta do GNBS agus iad siúd laistigh de GBCN i gcoitinne a chuidigh freisin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chúnamh a thug an fhoireann a d'fhág GNBS mar chuid dár gclár iomarcaíochta deonaí le hocht mí dhéag anuas.

Is iomaí rud atá fós le déanamh chun ár gcuid oibre a chur i gcrích agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Táimid ag tnúth in 2017 le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na gcuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach a chinnteoidh torthaí dearfacha, ar roinnt bealaí, do Stát na hÉireann.

Brendan McDonagh
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fiacha a íoc ar ais

Ar bPríomhchuspóir Straitéiseach a bhaint amach

Is é príomhchuspóir tráchtála GNBS ná a fiachas sinsearach go léir a fhuascailt (€30.2 billiún). Amhail Aibreán 2017, tá 98% den fhiachas sinsearach fuascailte.

Fiacha a íoc ar ais

D'íoc GNBS €31.8 billiún ar an bpunann iasachta a fuair sí, ina raibh €30.2 billiún i bhfiachas sinsearach atá ráthaithe ag an Stát agus €1.6 billiún i bhfofhiacha. Bhí deis ag Bord GNBS athbhreithniú a dhéanamh ar phróifíl na sócmhainní a bhí i mbun urrú ar an bpunann iasachta a fuarthas, agus ansin leag sé síos spriocanna straitéiseacha go luath in 2012 chun a fiachas a fhuascailt. Áiríodh leis sin sprioc maidir le 50% dá fiachas go léir a fhuascailt faoi dheireadh 2016. Is ionann é sin agus €15.5 billiún ar an iomlán d'fhiachas sinsearach. I rith rannpháirtíocht na hÉireann i gclár tacaíochta airgeadais AE/CAI/BCE (2010–13), rinne an Troika monatóireacht ghéar ar sprioc GNBS ag deireadh 2013 maidir le €7.5 billiún (25%) den fhiachas sinsearach a fhuascailt. Leagadh síos spriocanna an Bhoird ag tráth a raibh praghsanna réadmhaoine tráchtála agus cónaithe na hÉireann fós ag titim agus nuair nach bhféadfaí aon rud dearfach a rá faoin ionchas do gheilleagar na hÉireann gar do dhálaí margaidh. Ina theannta sin, níor léir ag an tráth sin cibé an mbeadh Éire in ann an clár Troika a scor ag deireadh 2013 nó nach mbeadh.

Nuair a bhí téarmach i margadh réadmhaoine na hÉireann agus sa gheilleagar in 2013 agus 2014, agus nuair ba léir go raibh teacht isteach mórinfheisteoirí i margadh réadmhaoine na hÉireann ag cruthú deiseanna le haghaidh díghiaráil luathaithe, rinne Bord GNBS athbhreithniú ar a spriocanna fuascailte fiachais. Leag sé síos sprioc athbhreithnithe chun 80% den fhiachas sinsearach a fhuascailt faoi dheireadh 2016. Cruthaíodh níos fearr ná an sprioc sin sa deireadh thiar: faoi dheireadh 2016, bhí €27.6 billiún nó 91% den fhiachas sinsearach fuascailte.

Tá €2.09 billiún breise d'fhiachas sinsearach fuascailte ó thús mhí Eanáir suas go dtí deireadh mhí Aibreáin 2017 fuascailte, rud a thugann an fhuascailt charnach ar fhiachas sinsearach go dtí €29.69 billiún, 98% den fhiachas sinsearach a eisíodh an chéad lá riamh.

Toisc go bhfuil fiachas sinsearach GNBS atá ráthaithe ag an Rialtas laghdaithe go dtí €500 milliún anois, sin níos lú ná 2% dá chéad leibhéal, tá GNBS gar dá príomhchuspóir a bhaint amach, trí bliana chun cinn ar an spriocdháta de 2020 a leagadh síos an chéad lá riamh, maidir lena fiachas sinsearach a fhuascailt. Táthar ag súil go ndéanfar an fiachas sinsearach iarmharach – €500 milliún – a fhuascailt faoi dheireadh 2017. Ní amháin gur éirigh leis an mór-aisíocaíocht fiachais sin deireadh a chur le dliteanas teagmhasach do cháiníocóirí na hÉireann ach chuidigh sé freisin chun costas maoinithe fhiachas na hÉireann a chobhsú agus a laghdú. Tá GNBS ag súil go bhfuasclóidh sí a fofhiacha de €1.6 billiún faoi mhí an Mhárta 2020.

Tá achoimre thíos ar spriocanna fuascailte an fhiachais shinsearaigh agus na fuascailtí iarbhír a rinneadh.

Aisíocaíochtaí Fiachais Shinsearaigh



Athbhreithniú Gnó

Tá a cuid gnó leagtha amach ag GNBS bunaithe ar thrí mhórghníomhaíocht a thagann lena cuspóirí foriomlána. Ceapadh an struchtúr ar leithligh agus na samhlacha gnó atá curtha i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht chun soláthar phríomhchuspóirí straitéiseacha GNBS a éascú mar a bhfuil cuntas orthu thíos:

Gníomhaíocht Díghiarála

Leis sin oibrítear amach go leor de na hiasachtaí iarmharacha atá i seilbh GNBS. Féachann sí le luach na sócmhainní sin a uasmhéadú trí straitéisí éifeachtacha oibrithe amach le féichiúnaithe agus glacadóirí agus trí infheistíocht chaipitiúil i sócmhainní i gcás go gcuirfidh sé feabhas ar an luach don cháiníocóir. Amhail mí an Mhárta 2017, bhí 256 féichiúnaí fágtha faoi bhainistíocht agus bhí straitéisí comhthoilíocha ag 158 díobh agus 98 faoi réir forfheidhmiú.

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Tá GNBS tiomanta do sholáthar caoithiúil agus comhtháite príomhspás oifige ar Ghrád A, spás miondíola agus spás cónaithe a éascú laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Dhugthailte Bhaile Átha Cliath áit a bhfuil iasachtaí GNBS á n-urrú ag roinnt sócmhainní. Faoi dheireadh 2016, bhí 82% de leasanna bunaidh GNBS i SDZ na nDugthailte á dtógáil, bhí cead pleanála faighte acu nó bhí siad díolta agus cead pleanála ag gabháil leo mar bhuntáiste.

Soláthar Aonad Cónaithe

Tá sé mar aidhm ag GNBS an soláthar aonad cónaithe a uasmhéadú faoi dheireadh 2020 trí thionscadail chónaithe féichiúnaithe agus glacadóirí atá inmharthana ar bhonn tráchtála a mhaoiniú.

Tá GNBS ag súil go mbeidh a hobair díghiarála tugtha chun críche a bheag nó a mhór faoi 2018 agus díreoidh sí thar an tréimhse ó 2018 go dtí 2020 ar a cláir maoinithe i gcomhair SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath agus an tsoláthair aonad cónaithe a chur i gcrích.

Gníomhaíocht Díghiarála

Diúscairtí agus Giniúint Airgid Thirim

Is tomhas ríthábhachtach den dul chun cinn atá á dhéanamh ag GNBS é airgead tirim a ghiniúint ó thaobh a cuspóirí luaite a chur i gcrích. Faoi dheireadh 2016, bhí €38.1 billiún in airgead tirim ginte ag GNBS, trí dhíol sócmhainní agus iasachtaí den chuid is mó. Mar gheall ar an bhfeidhmíocht láidir sin ag giniúint airgead tirim, tá gach uile sheans ann go n-éireoidh le GNBS, faoi réir dhálaí an mhargaidh, a fiachas sinsearach go léir a fhuascailt faoi dheireadh 2017. I rith 2016, ghin GNBS €5.4 billiún in airgead tirim agus réadaíodh €5.0 billiún de sin ó dhíol iasachtaí, réadmhaoine agus sócmhainní eile.

Mar aon lena chinntiú, de réir Alt 10 de Acht GNBS, go bhfaigheann GNBS an t-aischur is fearr is féidir a bhaint amach don Stát ar a sócmhainní bainc infhála, cruthaíonn díghiarál den sórt sin buntáistí níos leithne d'Éirinn. Ba chúinse ábhartha é clár diúscartha luathaithe GNBS i gcinntí a rinne gníomhaireachtaí rátála creidmheasa chun rátálacha creidmheas a uasghrádú d'Éirinn.

Giniúint Charnach Airgid Thirim



Diúscairtí Sócmhainní GNBS



Díolachán Sócmhainní agus Iasachtaí de réir Suímh

I ngach ceann dá príomh-mhargaí bhí sé mar chur chuige ag GNBS sócmhainní a scaoileadh le díol ar bhealach céimnithe agus ordúil atá ag teacht leis an leibhéal éilimh, le hinfhaighteacht creidmheasa agus le cumas úsáide gach margaidh.

Sa tréimhse idir 2010 agus 2012, ba shócmhainní a bhí lonnaithe sa Bhreatain beagnach 80% de gach diúscairt a bhí ag GNBS. I gcomparáid leis sin, b'ionann sócmhainní a bhí lonnaithe in Éirinn, agus díreach 12% de dhiúscairtí sa tréimhse sin. Mar gheall ar an gcur chuige sin ní raibh soláthar ábhalmhór i margadh na hÉireann tráth a raibh an cumas úsáide íseal. Maidir le sócmhainní Éireannacha, díríodh ar bhainistiú sócmhainní chun a luach diúscartha a fheabhsú sa todhchaí, go mór mór trí oibriú le féichiúnaithe agus le glacadóirí chun tionscadail nach raibh críochnaithe a chur i gcrích, chun forbairt tráchtála agus aonad cónaithe inmharthana a mhaoiniú agus chun ceadanna pleanála a fheabhsú agus fáil réidh le bacainní eile ar fhorbairt.

Ó lár na bliana 2013, chuir dálaí feabhsaithe i margadh na hÉireann ar chumas fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí GNBS líon i bhfad níos mó sócmhainní a dhíol ag praghsanna maithe. Chuir sé sin ar chumas GNBS ansin dlús a chur faoi aisíocaíochtaí a fiachais shinsearaigh agus dá bhrí sin bhí sí in ann laghdú diaidh ar ndiaidh a dhéanamh ar an dliteanas teagmhasach do cháiníocóirí na hÉireann. B'ionann luach na n-iasachtaí agus na sócmhainní a díoladh amhail deireadh 2016 agus €32.2 billiún.

Tugtar anailís sa tábla thíos ar dhiúscairtí de réir suímh ó 2010 go dtí deireadh 2016.

Diúscairtí de réir Suímh 2010 go deireadh 2016



De réir Suímh 2016



Díolachán Sócmhainní agus Iasachtaí de réir Earnála

Tá an miondealú ar dhiúscairtí de réir earnála le haghaidh 2016 thar gach limistéar geografach agus an miondealú ar dhiúscairtí Éireannacha de réir earnála don tréimhse 2010 go dtí deireadh 2016 thíos. Ba iad na hearnálacha ba ghníomhaí in 2016 ná Aonaid Chónaithe (35%) agus Oifig (19%).

Diúscairtí de réir Earnála 2016



Éire Diúscairtí de réir Earnála ón tráth tionscanta go deireadh 2016



Díolachán Sócmhainní agus Iasachtaí de réir Cineál Idirbhirt

In 2016, b'ionann díol sócmhainní agus 63% de dhiúscairtí agus b'ionann díolachán iasachtaí agus 32% eile agus an 5% iarmharach á gcur san áireamh de réir fuascailtí iasachta.

Treochtaí an Mhargaidh 2016

In 2016, b'ionann agus €4.47 billiún an infheistíocht in eastát réadach tráchtála na hÉireann, díreach faoi bhun an leibhéil de €4.51 billiún a bhí ann in 2014, nach raibh chomh hard sin riamh roimhe sin. Bhí dhá idirbheart miondíola nach raibh in GNBS i gceist go mór – díol Blanchardstown Centre ar €950 milliún (de réir tuairiscí) agus díol Liffey Valley Shopping Centre ar €630 milliún (de réir tuairiscí). I measc na n-idirbheart suntasach eile bhí díol One Spencer Dock i nDugthailte Bhaile Átha Cliath (€242 milliún), Whitewater Shopping Centre sa Droichead Nua, Co. Chill Dara (€180 milliún) agus The Oval, Baile Bhrigín (€140 milliún).

Tháinig mór-infheisteoirí Eorpacha chun cinn i margadh na hÉireann in 2016 freisin. Tá an t-éileamh ar phríomhshócmhainní infheistíochta na hÉireann á spreagadh den chuid is mó anois ag infheisteoirí as institiúidí Éireannacha agus Eorpacha.

Treocht mhór in 2016 ab ea rannpháirtíocht laghdaithe infheisteoirí cothromais phríobháidigh i gceannacháin sócmhainní dírí – thit sciar a láimhdeachais margaidh ó 53% in 2012 go dtí 12% in 2016. I gcodarsnacht leis sin, mhéadaigh sciar mhargaidh na n-infheisteoirí institiúideacha fadtéarmacha ó leibhéil dhiomaibhseacha in 2012 go dtí 74% in 2016.

Go dtí seo, ní cosúil go bhfuil lagmhisneach ar infheisteoirí idirnáisiúnta i bpríomhshócmhainní eastát réadach tráchtála na hÉireann de bharr thoradh reifreann an Bhreatimeachta i mí an Mheithimh 2016. Cé go bhféadfadh toradh diúltach a bheith ag an mBreatimeacht d'earnálacha áirithe de gheilleagar na hÉireann, táthar ag súil go mbainfidh réadmhaoin tráchtála buntáiste as cinntí athlonnaithe atá á ndéanamh ag roinnt gnóthaí atá lonnaithe sa Bhreatain i láthair na huaire.

Tháinig méadú 7.9% ar phraghsanna cónaithe in 2016. Tugadh isteach roinnt beart freisin i rith na bliana is dóigh a thacóidh le forbairt chónaithe sna blianta beaga seo amach romhainn. I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an Rialtas a straitéis maidir le tithíocht ***(Éire a Atógáil)*** a bhfuil sé mar aidhm aici beartas tithíochta comhtháite, fadtéarmach a chur i bhfeidhm.

Tugadh isteach scéim Cuidigh chun Ceannaigh i gCáinaisnéis 2017 chun lacáiste de cháin ioncaim suas le 5% de phraghas ceannaigh teach nua a thabhairt do cheannaitheoirí céaduaire (cuireadh caidhp ar an lacáiste ag €20,000). I mí na Samhna 2016, leasaigh Banc Ceannais na hÉireann na rialacha macrastuamachta d'fhonn an ceanglas éarlaise a laghdú (go 10%) do cheannaitheoirí céaduaire suas go dtí tairseacha praghsanna áirithe. I mí na Nollag 2016, thug an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Beart Intuarthachta Cíosa isteach – cuireann sé caidhp 4% ar bhoilsciú cíosanna i limistéir ainmnithe áirithe.

Mórdhíolacháin Shócmhainní agus Phunann GNBS in 2016

Project Liffey
Curtha i gcrích i mí Feabhra 2016

Punann ceithre fhorbairt oifige i lár chathair Bhaile Átha Cliath le limistéar iomlán 145,000 troigh chearnach.

Whitewater Shopping Centre, an Droichead Nua, Co. Chill Dara
Curtha i gcrích i mí an Mhárta 2016

Ionad mór siopadóireachta (321,000 troigh chearnach) ina raibh spéis mhór ag infheisteoirí idirnáisiúnta agus intíre.

Project Hazel
Curtha i gcrích i mí Aibreáin 2016

Punann de cheithre ionad siopadóireachta miondíola lonnaithe sa Chaiseal, Corcaigh, Droichead Átha, agus i nGaillimh.

One Spencer Dock
Curtha i gcrích i mí Lúnasa 2016

Ceanncheathrú PWC ar Ché an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath – a bhí ar cheann de na díolacháin oifige is mó riamh i margadh Bhaile Átha Cliath; is ceannaitheoir idirnáisiúnta nua i margadh na hÉireann é an té a cheannaigh é.

Project Gresham
Curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2016

Óstán an Gresham, Lár Bhaile Átha Cliath, óstán ceithre réalta le 323 seomra agus 10 svuít; is ceannaitheoir idirnáisiúnta nua i margadh na hÉireann é an té a cheannaigh é.

Madrid Collection
Curtha i gcrích i mí na Nollag 2016

Bailiúchán réadmhaoine tráchtála agus cónaithe ina raibh bloc suntasach forbartha in aice le Sráid Grafton i lár Bhaile Átha Cliath.

Mórdhíolacháin Phunann Iasachta GNBS in 2016



Project Emerald agus Project Ruby

Díoladh dhá phunann iasachta ilnasc, arbh ionann iad agus thart ar €4 bhilliún parfhiachais agus a bhí á n-urrú ag sócmhainní atá lonnaithe in Éirinn agus sa Bhreatain den chuid is mó, le Oaktree Capital sa tríú ráithe de 2016.

Project Beara

Díoladh punann nasc féichiúnaí aonair, le €230 milliún parfhiachais agus atá á hurrú go príomha ag sócmhainní miondíola Éireannacha, le Deutsche Bank sa tríú ráithe de 2016.



Project Abbey

Díoladh punann nasc féichiúnaí aonair, le €630 milliún parfhiachais agus atá á hurrú ag óstáin, ionaid siopadóireachta, oifigí agus ag talamh atá lonnaithe in Éirinn, i Sasana agus san Airgintín, le Apollo Global Management sa tríú ráithe agus sa cheathrú ráithe de 2016.

Project Tolka

Díoladh punann €1.4 billiún parfhiachais, atá á hurrú go príomha ag sócmhainní oifige agus óstáin Éireannacha, le Colony Capital sa cheathrú ráithe de 2016.



Project Gem

Díoladh punann ilnasc €2.7 billiún parfhiachais, atá á hurrú ag sócmhainní atá lonnaithe in Éirinn den chuid is mó, le Cerberus Capital Management sa cheathrú ráithe de 2016.

Maoiniú de réir Earnála

Anuas ar thograí nua cónaithe agus tráchtála a mhaoiniú, soláthraíonn GNBS caiteachas caipitiúil freisin chun luach sócmhainní reatha a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos tarraingtí do cheannaitheoirí dá réir sin. Ó tionscnaíodh í, chuir GNBS maoiniú mór forbartha ar fáil do thograí Éireannacha agus táthar ag súil go gceadóidh sí maoiniú suntasach breise do thograí cónaithe, ar bhonn tráchtála, sa tréimhse go deireadh 2020. Tugtar miondealú sa tábla thíos ar chaiteachas caipitiúil de réir earnála ón tráth tionscanta. Tá €2.4 billiún ar an iomlán íoctha go dtí seo i gcaiteachas caipitiúil le haghaidh tionscadail nua agus tionscadail reatha. Bhain 68% de sin leis an earnáil chónaithe thar phunann iomlán GNBS.

Caiteachas Caipitiúil de réir Earnála go dáta

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Ár bPríomhchuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach

Éascaíonn GNBS soláthar cóiríocht oifige de Ghrád A i SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath; rannchuidíonn sí, ní amháin i dtéarmaí mhaoiniú an tionscadail, más gá, ach ó thaobh comhsheasmhacht, treoir agus spreagadh a thabhairt don phróiseas soláthair.

A
Bloc 2
Duga Spencer
B
Bloc 3
Sráid an Mhéara/
Sráid Chaisleán Foirbis
C
Bloc 5
Wintertide
D
Bloc 7
Duga Spencer
E
Bloc 8
Dublin Landings
F
Bloc 9
Cé an Phoirt Thuaidh
G
Bloc 10A
Wintertide
H
Bloc 10B
EXO
I
Point Square
Shopping Centre
D
K
L
P
N
O
Q

J
Bóthar Nua
K
Block 14A
76 Cé Sir John Rogerson
L
Block 14B
5 Cé Hanover
M
Bloc 15A
Duga na Príomhchathrach
N
Bloc 15B
8 Cé Hanover
O
Bloc 15C
10-12 Cé Hanover
P
Bloc 17
Cé Uí Bheoláin
Q
Bloc 19
Uiscebhealaí Éireann
A
B
C
E
F
G
H
I
J
M

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Ainmníodh na Lotaí Thuaidh agus limistéar Dhugaí na Canálach Móire de Dhugthailte Bhaile Átha Cliath mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) i mí na Nollag 2012 agus cheadaigh an Bord Pleanála scéim pleanála SDZ na nDugthailte i mí na Bealtaine 2014. Roinneann an plean SDZ na Dugthailte i 20 bloc forbartha. Bhí leas ag GNBS ar dtús báire i 15 den 20 bloc agus d'fhorbair sí straitéisí mionsonraithe le haghaidh gach ceann de na 15 bhloc. Bhain leas GNBS le 16.74 heicteár (41.25 acra) – 75% den 22 heicteár de thalamh infhorbartha i limistéar SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.

Meastar go bhféadfaí suas le 4m troigh chearnach de spás tráchtála agus breis is 2,000 árasán a sholáthar dá ndéanfaí forbairt iomlán ar na 15 láithreán uile ina raibh leas ag GNBS an chéad lá riamh thar shaolré scéim SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá éagsúlacht ag baint le rannpháirtíocht GNBS ó láithreán go láithreán. Go dtí seo, tá pleanáil bainte amach le haghaidh breis is 3m troigh chearnach de spás oifige agus 1,200 árasán i limistéar SDZ. Tá tús curtha leis an tógáil ar 1.8m troigh chearnach de chóiríocht oifige atá le soláthar in 2018/2019.

Oibreacha Bonneagair

Éilíodh i Scéim Pleanála SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath go gcuirfí bóthar nua ar fáil a nascann Sráid an tSirriam Uachtarach le Cé an Phoirt Thuaidh in aice le Croílár Shráidbhaile an Iosta. Tugadh cead pleanála le haghaidh an bhóthair sin i mí na Samhna 2015 agus tá sé le cur i gcrích i mí an Mheithimh 2017. Mar gheall ar an mbóthar nua, beifear in ann tabhairt faoi fhorbairt tráchtála agus chónaithe ar láithreáin atá cóngarach dó.

Táthar ag leanúint de na hoibreacha pleanála agus deartha mionsonraithe ar na láithreáin eile agus oibríonn foireann thiomnaithe i GNBS mar aon le comhpháirtithe infheistíochta agus glacadóirí GNBS go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an Ghníomhaireacht Forbartha chun cuspóirí na Scéime Pleanála SDZ a bhaint amach.

Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach

SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath – Dul chun cinn amhail deireadh na chéad ráithe in 2017

Réamhphleanáil

760,000 troigh chearnach Spás Tráchtála
860 Aonad Cónaithe

- O 10-12 Cé Hanover
- B Sráid an Mhéara
- F Cé an Phoirt Thuaidh
- Q Uiscebhealaí Éireann

Pleanáil curtha isteach/tugtha

756,000 troigh chearnach Spás Tráchtála
350 Aonad Cónaithe

- E Dublin Landings (Áiteanna Cónaithe)
- K 76 Cé Sir John Rogerson
- G Wintertide
- H Foirgneamh Exo

Tús curtha le Tógáil

1.8m troigh chearnach Spás Tráchtála
230 Aonad Cónaithe

- P Cé Uí Bheoláin
- M Duga na Príomhchathrach
- Cé na Cathrach*
- L 5 Cé Hanover (Spás Tráchtála)
- J Bóthar Nua
- E Dublin Landings (Spás Tráchtála)

Tógáil curtha i gcrích

47,500 troigh chearnach Spás Tráchtála

- N 8 Cé Hanover

Láithreáin díolta

650,000 troigh chearnach Spás Tráchtála
650 Aonad Cónaithe

- A/D Duga Spencer
- L 5 Cé Hanover (Aonaid Chónaithe)
- C Wintertide

** Lasmuigh de cheantar SDZ na nDugthailte.*

Samplaí de Thionscadail SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Wintertide – Bloc 5

Rialaigh Glacadóir arna cheapadh ag GNBS an láithreán seo agus bhí scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS agus CIÉ. Tugadh cead pleanála i mí na Bealtaine 2016 le haghaidh cóiríochta do 935 aonad cónaithe do mhic léinn. Díoladh an láithreán ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 2016 le Blackrock Investments agus tá sé á thógáil faoi láthair.

Ciste an Duga Theas – 5 Cé Hanover

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus is é Oaktree an scairsheilbh thromlaigh. Tá an ciste leagtha amach mar Ghléas Éireannach um Chomhbhainistiú Sócmhainní agus á údarú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tugadh cead pleanála i mí Aibreáin 2015 le haghaidh spás tráchtála de 205,000 troigh chearnach agus 100 aonad cónaithe. Go luath in 2016, díoladh an ghné chónaithe le Cairn Homes Plc. Tá na hoibreacha tógála curtha ar bun ar an ngné oifige atá le soláthar in 2018.

Dublin Landings

Fuair Oxley Holdings Ltd leas léasachta fada ó GNBS leis an gceart chun luach an láithreáin a fhorbairt, a bhainistiú agus a réadú. Is ag GNBS atá an leas ruílse go fóill agus gheobhaidh sí sruth ioncaim slán chomh maith le céatadán d'aon fháltais díolacháin sa todhchaí. Cuimseofar sa tionscadal suas le 700,000 troigh chearnach de spás oifige agus miondíola, agus cúig fhoirgneamh oifige atá le cur i gcrích faoin mbliain 2020. Tá an tógáil ag dul ar aghaidh go maith ar dhá cheann de na bloic oifige. Tá Comhaontú Léasaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta maidir le 83,000 troigh chearnach i bhfoirgneamh éadan le huisce atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2018. Tá oibreacha tógála ar bun freisin ar na trí fhoirgneamh oifige eile agus ar bhloc cónaithe.

Ciste Forbartha Cathrach – 8 Cé Hanover

Bhí scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus ba é Oaktree an scairsheilbh thromlaigh. Tá an ciste leagtha amach mar Ghléas Éireannach um Chomhbhainistiú Sócmhainní agus á údarú ag Banc Ceannais na hÉireann. Rinneadh ceann de na foirgnimh sa chiste, 8 Cé Hanover, ina bhfuil 47,000 troigh chearnach de spás oifige, a réamh-ligean le corparáid as na Stáit Aontaithe, Airbnb, i mí na Nollag 2014 agus díoladh é le Ciste Eastát Réadach BNP Paribas go luath in 2016.

Ciste Forbartha Cathrach – 13-18 Cé na Cathrach

Fuair an Ciste Forbartha Cathrach an láithreán seo in 2013. I rith 2016, bhíothas in ann an bloc oifige 117,000 troigh chearnach a bheidh ocht stór ar airde a réamhligean le Grant Thornton faoi léas 25 bliain agus tá sé díolta i struchtúr maoinithe ar aghaidh le Irish Life Investment Managers. Táthar ag súil an fhorbairt a chríochnú in 2018.

Foirgneamh Exo

Fuair Glacadóirí a cheap GNBS cead pleanála i mí an Mhárta 2016 le haghaidh an bhloc oifige is airde in Éirinn, foirgneamh 73 méadar ar airde ag Sráidbhaile an Iosta.

Beidh spás san fhoirgneamh a bheidh 17 stór ar airde le haghaidh thart ar 2,000 oibrí oifige. I mí na Bealtaine 2017, d'fhógair an Glacadóir pleananna chun tairiscintí a lorg chun an tionscadal a thógáil, atáthar ag súil a thabhairt chun crích in 2019.

Duga na Príomhchathrach

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag GNBS sa chiste seo, agus is é Kennedy Wilson an scairsheilbh thromlaigh. Tá struchtúr Ciste Infheistíochta Malartaí d'Infheisteoir Cáilithe i gceist atá á údarú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tugadh cead pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2015 le haghaidh forbairt tráchtála 409,000 troigh chearnach agus 190 árasán. Tá an obair thógála ag dul ar aghaidh go maith ar na sé fhoirgneamh agus táthar ag súil í a chur i gcrích in 2019.

Cé Uí Bheoláin

Rialaíonn glacadóir a cheap GNBS an fhorbairt ilchineálach seo. Tugadh cead pleanála i mí lúil 2015 le haghaidh forbairt tráchtála 330,500 troigh chearnach, 41 aonad cónaithe agus spás coimhdeach. Rinneadh oibreacha scartála, oibreacha caomhnaithe agus oibreacha cumasaithe ina dhiaidh sin agus, i mí an Mhárta 2017, i ndiaidh próiseas tairisceana mionsonraithe, cheap an Glacadóir BAM Ireland Ltd mar phríomhchonraitheoir chun an tógáil a dhéanamh.

Soláthar Aonad Cónaithe

Ár bPríomhchuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach

Tá sé mar aidhm ag GNBS cur i gcrích 20,000 aonad nua cónaithe a éascú, i limistéar Bhaile Átha Cliath den chuid is mó, sa tréimhse go dtí deireadh 2020 agus, trí dhianbhainistiú ar shócmhainní na láithreán cónaithe, tá sé mar aidhm aici freisin líon na láithreán atá réidh le forbairt a uasmhéadú.

Soláthar Aonad Cónaithe

Éilíonn Alt 10 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní go ndéanfaidh GNBS an toradh airgeadais is fearr a fháil don Stát, plé go dlúsúil leis na sócmhainní a fhaigheann sí, agus luach na sócmhainní sin a chosaint nó cur leis ar shlí eile. Chuige sin, tá GNBS ag obair le féichiúnaithe agus le glacadóirí chun deiseanna a aithint, nuair is féidir ó thaobh tráchtála de, maidir le forbairt chónaithe nua a thabhairt ar aghaidh. I dtaca leis sin, tá sé mar aidhm ag GNBS freastal ar thógáil suas le 20,000 aonad cónaithe nua in Éirinn faoin mbliain 2020, faoi réir inmharthanacht tráchtála.

Tá iasachtaí GNBS urraithe le thart ar 2,279 heicteár de thalamh forbraíochta chónaithe in Éirinn atá faoi smacht a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí.

Miondealú de réir contae ar thalamh forbraíochta chónaithe atá faoi stiúir fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí GNBS amhail an 31 Nollaig 2016



Maoiniú GNBS ar sholáthar cónaithe go dtí deireadh mhí an Mhárta 2017

Aonaid	Mórcheantar Bhaile Átha Cliath	An tIomlán in Éirinn
Curtha i gcrích (thar 83 forbairt) ó thús 2014	4,057	**4,840**
Á dtógáil (thar 45 láithreán)/Maoiniú ceadaithe i gcomhair tógála	2,754	**3,178**
Cead pleanála tugtha	6,615	**7,475**
Iarratais phleanála curtha isteach	2,301	**3,608**
Iarratais phleanála le cur isteach taobh istigh de 12 mhí	5,605	**6,905**

26,006 aonad

Rinneadh dul chun cinn ollmhór ag féachaint leis an soláthar cónaithe a uasmhéadú ar láithreáin atá faoi smacht fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí GNBS: tá sé de chumas 26,006 aonad a sholáthar ó láithreáin atá tugtha chun críche nó á dtógáil nó a bhfuil pleanáil tugtha, curtha isteach nó ar tí bheith curtha isteach ina leith.

20,000+ aonad

Tá láithreáin a bhfuil cumas soláthair de bheagnach 20,000+ aonad eile acu ag céimeanna réamhphleanála nó féidearthachta – níl na láithreáin sin inmharthana ar bhonn tráchtála ag praghsanna díolacháin reatha agus/nó tá riachtanais bhonneagair shonracha acu macasamhail bóithre, uisce nó séarachas a gcaithfidh údaráis áitiúla agus comhlachtaí Stáit eile dul i ngleic leo sular féidir iarratas pleanála a chur isteach.

Miondealú ar na haonaid chónaithe a soláthraíodh de réir limistéir údaráis áitiúil go deireadh mhí an Mhárta 2017

	Iomlán curtha i gcrích ó 2014 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2017
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	576
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1,066
Comhairle Contae Fhine Gall	868
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1,040
Fo-iomlán do Bhaile Átha Cliath	**3,550**
Comhairle Chontae na Mí	111
Comhairle Contae Chill Dara	254
Comhairle Contae Chill Mhantáin	142
An tIomlán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath	**4,057**
Corcaigh	461
Gaillimh	110
An chuid eile d'Éirinn	212
Taobh Amuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	**783**
IOMLÁN NÁISIÚNTA	**4,840**

50,043 aonad

3,220 soláthraithe/ á dtógáil

D'fhéach GNBS i gcónaí lena chinntiú go bhfuil soláthar dóthanach talamh forbraíochta ar fáil don mhargadh. Ó thús na bliana 2011, dhíol féichiúnaithe agus glacadóirí GNBS láithreáin ag a bhfuil an cumas os cionn 50,000 aonad cónaithe a sholáthar. Meastar gur soláthraíodh 1,116 aonad go dtí seo ar na láithreáin sin agus go bhfuil 2,104 aonad breise á dtógáil. Léiríonn iomlán an 3,220 aonad atá soláthraithe nó á dtógáil ar na láithreáin sin 6% de chumas soláthraithe na láithreán.

Cumas soláthair féideartha (líon na n-aonad cónaithe) na láithreán ar dhíol GNBS nó a cuid féichiúnaithe/glacadóirí a gcuid leasanna iontu ó 2011 go dáta

	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	Iomlán
Cumas soláthair féideartha (líon na n-aonad cónaithe) ar láithreáin	1,022	2,677	2,455	6,445	22,875	8,149	6,420	**50,043**
Líon na n-aonad curtha i gcrích nó á dtógáil				39	1,125	689	1,367	**3,220**

Tugtar faoi deara go bhféadfadh go bhfuil cosc ar fhorbairt roinnt de na láithreáin faoi láthair mar gheall ar shrian amháin nó níos mó a bhaineann le hinmharthanacht tráchtála, bonneagar nó cead pleanála oiriúnach a bheith acu.

Cur chuige GNBS maidir le hiasachtaí urraithe ar réadmhaoin chónaithe agus ar láithreáin forbartha a dhíol

Molann GNBS d'fhéichiúnaithe agus do ghlacadóirí gan seilbh ghlan a lorg ar an réadmhaoin chónaithe roimh dhíol na n-iasachtaí. Déantar é sin ionas nach gcuirfear isteach ach go beag ar dhaoine atá ina gcónaí sna réadmhaoine sin. Is infheisteoirí a bhíonn ag lorg sruthanna cíosa fadtéarmacha a fhaigheann na hiasachtaí sin de ghnáth, in ionad a bheith ag iarraidh réadmhaoine a dhíol go gearrthéarmach agus dá bhrí sin leanann tionóntaí réadmhaoine den sórt sin ag baint leasa as téarmaí léasa reatha agus as na cosaintí reachtúla atá i bhfeidhm sa mhargadh cíosa cónaithe.

Sula ndéantar aon iasacht a dhíol, féachann GNBS arís ar na sócmhainní a urraíonn na hiasachtaí atá i gceist le fáil amach an bhfuil siad oiriúnach i gcomhair forbairt chónaithe.

Ag eascairt as sin, rinneadh iasachtaí a urraíodh le talamh a bhfuil sé de chumas acu soláthar breise cónaithe a sholáthar a bhaint amach as díolacháin iasachta Ruby agus Emerald a rinne GNBS – tá sé de chumas ag an talamh sin 931 aonad cónaithe a sholáthar ar bhonn tráchtála. Ghlac GNBS leis an gcur chuige céanna sular cuireadh díolacháin iasachta eile ar an margadh in 2016.

Ina theannta sin, sula ndíoltar iasachtaí atá nasctha le réadmhaoin chónaithe, féachann GNBS arís ar an gcumas atá ag na réadmhaoine bunúsacha tithíocht shóisialta a sholáthar. Sa chás go dtugann údaráis áitiúla le fios go bhfuil aonaid chónaithe áirithe oiriúnach le haghaidh tithíocht shóisialta, tarraingítear siar na hiasachtaí a bhíonn i gceist ón díolachán.

Samplaí de sholáthar tithíochta arna mhaoiniú ag GNBS

A **Reilean**
Ros Cam, Co. na Gaillimhe - Bloc 4

B **Cualanor**
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath - Bloc 6 A, B & C (Cúirt an Aba & Teach an Bhruaigh Ghlais)

C **Páirc na Meala**
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath - Céim 1F/Bloc 8 Neptune

D **Cualanor**
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath - Céim IIA - Roseland

E **Ascaill Pháirc an tSíoda**
Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath - Céim 2

F **An Ghráinseach**
Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath - Bloc D

G **Geata Thír an Iúir**
Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6

H **Woodbank**
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Seanchill, Co. Baile Átha Cliath

B


C

E


F

H

Rannchuidiú Sóisialta agus Geilleagrach

I gcomhthéacs a sainordaithe uileghabhálaigh tráchtála, féachann GNBS lena punann in Éirinn a bhainistiú ar bhealach a chomhlánaíonn na cuspóirí atá ag comhlachtaí poiblí eile, lena n-áirítear ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus údaráis áitiúla. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe sa réimse tithíochta sóisialta agus i réiteach na n-eastát tithíochta nach raibh críochnaithe.

Tithíocht Shóisialta

Leanann GNBS ag obair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht do Thithe ag féachaint leis an stoc cónaithe atá i seilbh a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí a mheaitseáil le riachtanais na n-údarás áitiúil i leith tithíocht shóisialta.

Luíonn an fhreagracht maidir le hoiriúnacht réadmhaoine chun críocha tithíocht shóisialta a chinneadh le húdaráis áitiúla agus leis an nGníomhaireacht do Thithe. Rud tábhachtach nach mór d'údaráis áitiúla smaoineamh air nuair a bhíonn oiriúnacht tithe agus árasán sainaitheanta á meas acu is ea an gá atá le meascán iomchuí tionachtaí tithíochta a sholáthar agus deighilt tithíochta mhíchuí laistigh d'fhorbairtí aonair agus limistéir chónaithe níos leithne a sheachaint. Má tá oiriúnacht réadmhaoine socraithe agus téarmaí socraithe i gcomhair soláthair, tá maoiniú tugtha ag GNBS dá féichiúnaithe nó dá glacadóirí chun oibreacha a chur i gcrích ar na réadmhaoine lena chinntiú go bhfuil na haonaid go léir a sholáthraítear ag cloí leis an reachtaíocht phleanála agus tógála ábhartha.

Chomh luath is a dheimhnítear oiriúnacht réadmhaoine, éascaíonn GNBS teagmháil agus idirphlé idir a féichiúnaí nó a glacadóir agus údarás áitiúil nó Comhlacht Tithíochta Faofa chun an réadmhaoin a fháil. Is féidir le ceannach díreach a bheith i gceist leis na socruithe conarthacha ón bhféichiúnaí nó ón nglacadóir, nó trí léas fadtéarmach trí National Asset Residential Property Services D.A.C. (NARPS).

Faoi dheireadh 2016, as an 6,941 réadmhaoin chónaithe a d'aithin GNBS mar chinn a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach le haghaidh tithíocht shóisialta, dheimhnigh údaráis áitiúla go raibh éileamh ar 2,748 aonad agus sholáthair GNBS 2,378 réadmhaoin, trí dhíolachán díreach óna cuid féichiúnaithe nó glacadóirí nó trí cheannach agus léas NARPS.

Chuidigh an soláthar a rinne GNBS ar 2,378 aonad tithíochta sóisialta thar an tréimhse ó 2012 go 2016 go mór le soláthar foriomlán na tithíochta sóisialta, go háirithe i gcomhthéacs an tsoláthair a cheadaigh údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta chun 3,161 aonad tithíochta sóisialta nua a sholáthar ar fud an Stáit thar an tréimhse chéanna.

Tá samhail léasaithe NARPS ina foinse shuntasach le haghaidh soláthar aonad cónaithe do go leor de na Comhlachtaí Tithíochta Faofa móra le blianta beaga anuas. Dúirt ionadaí as ceann de na Comhlachtaí Tithíochta Faofa: **'bhí an beartas agus an creat le haghaidh scéim NARPS éifeachtach ó thaobh tithíocht shóisialta bhreise a chur ar fáil tráth a bhfuil géarghá leis agus ar ndóigh feictear é anois mar shamhail dea-chleachtais le haghaidh obair chomhoibritheach idir na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha'.**

NARPS

Bhunaigh GNBS NARPS mar bhealach chun dlús a chur faoi sholáthar tithíochta sóisialta. Feidhmíonn sé trí réadmhaoine a cheannach ó fhéichiúnaithe agus ó ghlacadóirí GNBS agus iad a chur ar fáil láithreach d'údaráis áitiúla nó do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa trí léas caighdeánaithe fadtéarmach a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2013. Tá NARPS ar an bhfód ó 2013 i leith agus tá os cionn 1,300 aonad ceannaithe aici ó fhéichiúnaithe agus ó ghlacadóirí GNBS, agus tá siad go léir ar léas ag earnáil na tithíochta sóisialta. Cinntíodh nuair a bunaíodh NARPS go n-aistrítear réadmhaoin atá faoi throscán agus comhlíontach le háitiú ag tionóntaí tithíochta sóisialta láithreach ar bhonn caoithiúil.

Sa chéad bhliain feidhme, soláthraíodh 32% de sholáthar tithíochta sóisialta GNBS trí léasú NARPS; mar sin féin, faoi 2016 bhí sé sin méadaithe go 85%, léiriú ar an úsáid níos mó atáthar a bhaint as an gcineál sin tionachta soláthraithe nuair atá tithíocht shóisialta á soláthar. Drochsheans ach an oiread go soláthrófaí na haonaid sin murach sin mar gheall ar an easpa cistithe chaipitiúil atá ar fáil le blianta beaga anuas.

Sa 2,378 aonad cónaithe a soláthraíodh faoi dheireadh 2016, bhí 167 idirbheart thar 19 gcontae agus bhí comhoibriú suntasach idir páirtithe leasmhara éagsúla, chomh maith le hacmhainní substaintiúla.

Faoi dheireadh 2016, bhí os cionn €200 milliún curtha ar leataobh ag NARPS chun réadmhaoin a fháil i gcomhair tithíocht shóisialta. B'aonaid fholmha nach raibh críochnaithe iad go leor den réadmhaoin a fuair NARPS agus iad in eastáit tithíochta nach raibh críochnaithe. Tharla sé go minic mar thoradh ar cheannacháin NARPS gur spreag siad clár críochnaithe agus feabhsúcháin i gcoitinne do na heastáit sin, mar gur léiríodh i suirbhéanna mionsonraithe go minic réimsí móra neamhchomhlíontachta le rialacháin tógála agus sábháilteachta dóiteáin araon. Ba ghné é sin de chuid mhaith de na forbairtí cónaithe laistigh de phunann GNBS i ndiaidh di na hiasachtaí gaolmhara a fháil. Chuige sin, thug GNBS maoiniú €107 milliún chun réadmhaoine a chur i gcrích, chun lochtanna tógála roimhe sin a leigheas agus a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh Pleananna Réitigh Láithreáin agus/nó reachtaíocht um Fhorbairtí Ilaonad. Tá sé sin anuas ar an infheistíocht de bhreis is €200 milliún a rinne GNBS/NARPS chun na réadmhaoine a cheannach óna cuid féichiúnaithe agus glacadóirí. Ar chur i gcrích na hoibre, táthar ag súil go mbeidh thart ar €330 milliún infheistithe ag GNBS i dtithíocht shóisialta. Déantar infheistíocht GNBS i dtithíocht shóisialta ar bhonn tráchtála.

Samplaí de na haonaid tithíochta sóisialta a soláthraíodh i rith 2016

A **Ardmore, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí**

18 dteach agus árasán a cheannaigh NARPS agus a tugadh ar léas don North and East Housing Association

B **Downview, Bóthar an Fhearainn Léith, Co. Chorcaí**

23 árasán a cheannaigh NARPS agus a tugadh ar léas don Chumann Comharthithíochta

C **Goldenridge, an Ros, Co. Bhaile Átha Cliath**

30 teach agus árasán a cheannaigh NARPS agus a tugadh ar léas don North and East Housing Association

D **Boireann Bheag, Ros Cam, Co. na Gaillimhe**

16 árasán a díoladh go díreach le Tithíocht Clúid



Tithíocht Shóisialta – Réadmhaoine a soláthraíodh i gcomhair tithíocht shóisialta faoi dheireadh 2016 de réir limistéir údaráis áitiúil

	Curtha i gcrích	Ar conradh	Iomlán
Co. Co. Cheatharlach	134	4	138
Co. Co. an Chláir	32	23	55
Comhairle Cathrach Chorcaí	119	19	138
Co. Co. Chorcaí	197	110	307
Co. Co. Dhún na nGall	5	-	5
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	384	1	385
Co. Co. Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	104	150	254
Co. Co. Fhine Gall	101	15	116
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	172	24	196
Co. Cho. na Gaillimhe	24	8	32
Co. Co. Chiarraí	42	3	45
Co. Co. Chill Dara	114	58	172
Co. Co. Chill Chainnigh	55	1	56
Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh	16	-	16
Co. Co. Lú	27	-	27
Co. Cho. na Mí	38	-	38
Co. Co. Mhuineacháin	-	38	38
Co. Cho. Uíbh Fhailí	30	-	30
Co. Cho. Shligigh	4	-	4
Co. Co. Átha Cliath Theas	141	5	146
Co. Co. Phort Láirge	51	-	51
Co. Cho. na hIarmhí	20	-	20
Co. Cho. Loch Garman	92	10	102
Co. Cho. Chill Mhantáin	7	-	7
An tIomlán	**1,909**	**469**	**2,378**

Tithíocht Shóisialta

Réadmhaoine a soláthraíodh i gcomhair tithíocht shóisialta faoi dheireadh 2016 de réir limistéir údaráis áitiúil go dtí deireadh 2016

Ag Obair le Chéile Tiomantas comhroinnte don tithíocht shóisialta

- **Buann Comhpháirtíocht Tithíochta GNBS agus Túath ag Clare Village Gradam Institiúid Cairte Tithíochta na hÉireann**

  D'éirigh le GNBS agus Túath Housing, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannas Gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath, Focus Ireland agus Iontaobhas Peter McVerry an 'Gradam Aitheantais Speisialta' ag ócáid Ghradaim Tithíochta Sóisialta Uile-Éireann i Halla Chathair Bhéal Feirste an 4 Márta 2016. Rinne painéal na hInstitiúide Cairte Tithíochta moltóireacht ar scéim Clare Village, Domhnach Míde, forbairt faoi úinéireacht NARPS, agus rinne na heagraíochtaí lenar bhain obair mhór chun tithíocht níos fearr a chinntiú in Éirinn. Léiríonn an tionscadal tithíochta tiomantas comhroinnte don tithíocht shóisialta agus do dheireadh a chur le heaspa dídine trí smaointeoireacht nuálach, chomhleanúnach.

- **North and East Housing Association** - Ardmore, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí (29 teach agus árasán in dhá chéim in 2015 agus 2016).

  Ag labhairt ag seoladh na forbartha i mí Dheireadh Fómhair 2016, dúirt Cathaoirleach North & East Housing Association, Pat Lennon: *'Tá caidreamh an-dearfach agus stuama againn le GNBS agus le Comhairle Chontae na Mí. Tugaimid aonaid ar léasanna fadtéarmacha (20 bliain nó níos mó) ó GNBS agus ansin tugaimid iad do theaghlaigh oiriúnacha atá ar liostaí tithíochta na n-údarás áitiúil le húsáid mar thithíocht shóisialta'.*

- **Túath Housing** - La Touche Place, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin (7 n-árasán). Ag oscailt oifigiúil La Touche Place Dé Luain, an 23 Bealtaine 2016, dúirt Cathaoirleach Túath Housing, Séamus Doherty *'tugann an fhorbairt seo tithíocht inacmhainne den scoth a dearadh go sonrach chun freastal ar riachtanais a cuid áitritheoirí. Is léir ón tionscadal an chomhpháirtíocht láidir atá idir Comhairle Chontae Chill Mhantáin, GNBS, Ranna Rialtais agus muid féin. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe ar fhorbairtí sa todhchaí'.*

- I ráiteas maidir le 20 réadmhaoin i gCorcaigh a soláthraíodh sa chéad chuid de 2016, dúirt urlabhraí ó **Túath Housing**: *'D'oibríomar go dlúth le GNBS agus le Comhairle Contae Chorcaí chun tithe a sholáthar i dTír Cluain, Mainistir na Corann atá tugtha amach do theaghlaigh atá ar liosta feithimh na Comhairle agus freisin do thionóntaí arbh éigean dóibh a dtithe féin a fhágáil mar gheall ar dhamáiste ó thuilte'.*

- **Cumann Tithíochta Respond!** – Eachlann Chnocán na Fuinseoige, Tobar an Airgid, Cathair Chorcaí (34 teach). Ag seoladh fhorbairt Eachlann Chnocán na Fuinseoige i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair 2016, dúirt Ned Brennan (Príomhoifigeach Oibríochtaí Respond!), *'Is é Eachlann Chnocán na Fuinseoige díreach an cineál forbairt chomhtháite a shamhlaítear sa chlár Éire a Atógáil toisc go mbeidh ár dtionóntaí i dteannta fhorbairt phríobháideach Chnocán na Fuinseoige i gcoitinne... Táimid ríméadach go háirithe gur éirigh chomh maith leis an bhforbairt seo toisc gurb é seo ár gcéad léasú ó NARPS – uirlis tithíochta sóisialta GNBS'.*

Samplaí d'eastáit tithíochta neamhchríochnaithe a réitíodh chun críche tithíochta sóisialta

A

Fruithill Manor, an Ghráig, Co. Laoise

71 teach a cheannaigh NARPS agus a tugadh ar léas do Chumann Comharthithíochta Éireann. Curtha i gcrích i mí na Nollag 2016.

B

Harbour Heights, an Pasáiste Thiar, Co. Chorcaí

Cheannaigh NARPS 30 árasán agus árasán dhá urlár le léasú go fadtéarmach le Túath Housing. Curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2016.

C

Eachlann Chnocán na Fuinseoige, Tobar an Airgid, Co. Chorcaí

Cheannaigh NARPS 34 teach in 2016 agus go luath in 2017 le léasú ar aghaidh le Cumann Tithíochta Respond!

Réiteach na nEastát Tithíochta Neamhchríochnaithe

Cuireann GNBS maoiniú ar aghaidh le haghaidh oibreacha réitithe láithreán ar eastáit tithíochta neamhchríochnaithe ina bhfuil leas aici mar iasachtóir urraithe. In 2010 bhí GNBS neamhchosanta ar **332 eastát tithíochta neamhchríochnaithe**. Faoi dheireadh 2016 bhí an figiúr sin laghdaithe go dtí 25 agus faoi dheireadh mhí an Mhárta 2017, bhí neamhchosaint GNBS laghdaithe tuilleadh go dtí díreach **11 eastát tithíochta neamhchríochnaithe**. Táthar ag súil go réiteofar na heastáit tithíochta sin atá fágtha faoi dheireadh 2017. Léiríonn sé sin laghdú suntasach ar líon na n-eastát tithíochta neamhchríochnaithe laistigh de phunann fhoriomlán GNBS ó tionscnaíodh í. Léiríonn sé sin ar thaobh amháin an tionchar a bhí ag díolacháin iasachtaí ach léiríonn sé b'fhéidir níos mó ná sin an tionchar a bhí ag maoiniú d'fhéichiúnaithe agus do ghlacadóirí chun tabhairt faoi oibreacha deisiúcháin ag teacht le Pleananna Réitigh Láithreán a comhaontaíodh le húdaráis áitiúla.



Rannchuidiú Geilleagrach Níos Leithne

Cuid thábhachtach d'obair GNBS ná idirbhearta i margadh réadmhaoine na hÉireann a éascú trí oibriú go dlúth le ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit lena n-áirítear Údarás Forbartha Tionscail Éireann, agus le húdaráis áitiúla chun réadmhaoin aitheanta a sholáthar.

Idirbhearta Tráchtála a Éascú - Príomhshamplaí in 2016

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Díoladh 4,500 acra i Sléibhte Bhaile Átha Cliath leis **an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra**.

COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO
MAYO COUNTY COUNCIL

Aontaíodh téarmaí le **Comhairle Contae Mhaigh Eo** maidir le díol iasachtaí a bhaineann le heastát Theach Chathair na Mart.

SLIGO COUNTY COUNCIL

Díoladh talamh le **Comhairle Chontae Shligigh** chun bóithre a leathnú.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Díoladh Páirc Tolka (leas léasachta fada) le **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** i gcomhair forbairt tithíochta.

LIT
LIMERICK INSTITUTE OF TECHNOLOGY

Díoladh an tIonad Siopadóireachta ag Crosbhóthar Ó Cuanach i Luimneach le **hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh**.

Soláthar Scoileanna a Éascú

Bhíothas ag plé go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le láithreáin scoile fhéidiartha i gceantair ardéilimh. Shainaithin GNBS láithreáin áirithe agus d'éascaigh sí idirbheartaíocht idir a féichiúnaithe/glacadóirí agus an Roinn i dáil le díol na láithreán sin.

- Láithreán i mBré, Co. Chill Mhantáin, inar féidir bunscoil agus iar-bhunscoil a chur.
- Láithreán san Inbhear Mór, Co. Chill Mhantáin, inar féidir bunscoil agus iar-bhunscoil nua a fhorbairt.
- Láithreán i gCnoc na Cathrach, Gaillimh chun tógáil Gaelscoile a éascú.

Táthar ag súil roinnt idirbhearta breise, atá faoi réir pléití leis an Roinn faoi láthair, a chríochnú i rith 2017.

Athbhreithniú Airgeadais

Buaicphointí Airgeadais 2016	2016 €m	2015 €m	Ón tráth tionscanta go deireadh 2016 €m
Giniúint Airgid Thirim			
Iomlán an airgid thirim a gineadh	**5,399**	**9,093**	**38,138**
Fáltais dhiúscartha	5,025	8,543	32,195
Ioncam neamhdhiúscartha	374*	591	5,381
Aisíocaíochtaí Bannaí Sinsearacha			
Bannaí sinsearacha fuascailte	**5,500**	**5,500**	**27,600**
Brabúsacht			
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú	1,386	1,769	
Sochar bearnúcháin	282	86	
Brabús don bhliain roimh cháin ioncaim	1,667	1,854	
Muirear cánach	(164)	(28)	
Brabús don bhliain tar éis cáin ioncaim	**1,503**	**1,826**	
Staid Airgeadais			
Airgead agus coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha	2,165	3,402	
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas (glan ar bhearnú)	3,919	7,816	
Bannaí sinsearacha arna n-eisiúint	2,590	8,090	
Cothromas, cúlchistí agus dliteanais	7,336	11,566	

**Áirítear ioncam neamhdhiúscartha ó iasachtaí €342m agus dáileacháin ó infheistíochtaí cothromais €32m.*

Fuascailtí bannaí sinsearacha

D'fhuascail GNBS €27.6 billiún de bhannaí sinsearacha faoi dheireadh na bliana 2016; is ionann é sin agus 91% den €30.2 billiún d'fhiachas sinsearach a eisíodh i dtosach in 2010 agus in 2011 chun iasachtaí bainc a fháil.

Fuasclaíodh €2.09 billiún breise de bhannaí sinsearacha sna ceithre mhí go dtí deireadh mhí Aibreáin 2017. Mar sin de, fuasclaíodh €29.69 billiún d'fhiachas sinsearach anuas go deireadh mhí Aibreáin 2017 (98% den fhiachas sinsearach a eisíodh ó thús). Mar thoradh air sin, fuasclóidh GNBS a fiachas sinsearach €0.5 billiún ar fad faoi dheireadh 2017.

Léiríonn na bannaí sinsearacha dliteanas teagmhasach do Stát na hÉireann mar go bhfuil siad á ráthú ag an Rialtas. Mar thoradh ar an dul chun cinn i bhfuascailt bannaí sinsearacha, cuirfear deireadh leis an dliteanas teagmhasach faoi dheireadh 2017, dá bhrí sin bainfear toisc shuntasach a bhíodh ann nuair a bhí maoiniú fiachais na hÉireann á chinneadh.

Spriocfhuascailt bannaí in aghaidh fuascailt iarbhír charnach



Brabúsacht

Ráiteas ioncaim – Grúpa GNBS	2016 €m	2015 €m
Ioncam úis agus táille	398	614
Speansas úis	(83)	(221)
Glanioncam úis	**315**	**393**
Ioncam/(speansas) eile	35	48
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine; agus barrachas ioncaim	1,110	1,587
Gnóthachan/(caillteanas) malairte eachtraí	9	(14)
Caillteanas díorthach	(3)	(134)
Speansais oibriúcháin agus speansais eile	(80)	(111)
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú	**1,386**	**1,769**
Sochar bearnúcháin	282	86
Brabús don bhliain roimh cháin	**1,667**	**1,854**
Muirear cánach	(164)	(28)
Brabús don bhliain	**1,503**	**1,826**

Glanioncam úis

	2016 €m	2015 €m
Ioncam úis agus táille	398	614
Speansas úis	(83)	(221)
Glanioncam úis	**315**	**393**
Airgead tirim ginte ó ioncam neamhdhiúscartha	**374**	**591**
Infháltais agus iasachtaí meánacha (glan ar bhearnú)	**5,929**	**10,588**
Glanchorrlach úis	**5.3%**	**3.7%**

Den chuid is mó, tharla an laghdú ar ghlanioncam úis ó €393m in 2015 go €315m in 2016 de bharr gur tuilleadh ús ar iarmhéideanna iasachtaí agus infháltas níos ísle in 2016. Tá sé seo comhsheasmhach le clár díghiarála sócmhainní leanúnach GNBS. Ar an gcaoi chéanna, laghdaigh giniúint airgid neamh-indiúscartha, go príomha ó ioncam cíosa sócmhainní slánaithe, de réir iarmhéid na ngnáthiasachtaí agus infháltas.

Is ag ráta seasta úis a aithnítear ioncam úis, ráta a bunaíodh i dtosach trí thagairt do mheastachán de shreafaí airgid a rinneadh mar chuid de dhícheall cuí GNBS i ndáil lena punann iasachtaí gnóthaithe. Ní aithnítear ioncam úis ar aon chuid bhearnaithe d'iasacht.

Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine; agus barrachas ioncaim

	2016 €m	2015 €m	Ón tráth tionscanta
Barrachas ioncaim ar aisíocaíochtaí iasachta de bhreis ar fhiachas	729	738	3,215
Brabús/(caillteanas) glan ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine	381	849	1,034
Brabús iomlán	**1,110**	**1,587**	**4,249**

Cuimsítear leis an mbrabús glan ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine; agus barrachas ioncaim de €1,110m in 2016 (2015: 1,587), brabús ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine de €381m (2015: caillteanas €849m) agus barrachas ioncaim de €729m (2015: €738m).

D'íoc GNBS €31.8 billiún leis na bainc agus cumainn foirgníochta bhunaidh as a cuid iasachtaí. Is é an luach fála an méid a d'aithin GNBS ó thús ar a clár comhardaithe amhail luach anonn iasachtaí agus infháltas. Tá sé fós riachtanach ó thaobh an dlí d'fhéichiúnaithe parluach na hiasachta a íoc de réir na gcomhaontuithe iasachta bunaidh leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá sé de chumas ag GNBS barrachas ioncaim a ghiniúint má sháraíonn an glan-insreabhadh airgid iarbhír nó réamh-mheasta iomlán a bhaineann le hiasachtaí féichiúnaí luach anonn GNBS na n-iasachtaí (mar bhearnaithe, más infheidhmithe). Sa chás go dtarlaíonn sé sin, tugtar aon bharrachas sa ráiteas ioncaim díreach mar bhrabús (nó barrachas ioncaim).

Ba é an méid comhfhreagrach a aithníodh in 2016 €729m (2015: €738m); bhain €402m (2015: €605m) de sin le híocaíochtaí iarbhír a rinne féichiúnaithe de bhreis ar luach iompair iasachtaí ábhartha GNBS, agus bhain €327m (2015: €133m) le haisíocaíochtaí tuartha de bhreis ar luach iompair na n-iasachtaí.

Tar éis thorthaí bheart bearnúcháin 2016, tá barrachas neamhaitheanta fágtha €469m a aithneofar, má choimeádtar é, mar bhrabús (nó mar bharrachas ioncaim) thar shaolré GNBS atá fágtha.

Achoimre ar bhrabús/(chaillteanas) iomlán GNBS a aithníodh ar dhiúscairt iasachtaí agus comhthaobhachta bunúsaí

€m	2016			2015			Ón tráth tionscanta go deireadh 2016		
	Diúscairtí comhthaobhachta bunúsaí	Diúscairtí iasachtaí	Iomlán	Diúscairtí comhthaobhachta bunúsaí	Diúscairtí iasachtaí	Iomlán	Diúscairtí comhthaobhachta bunúsaí	Diúscairtí iasachtaí	Iomlán
Fáltais*	4,243	1,156	**5,399**	5,754	3,339	**9,093**	28,534	9,604	**38,138**
Brabús/(caillteanas) a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim	729	378	**1,107**	738	849	**1,587**	3,215	1,034	**4,249**
Criostalú na forála bearnúcháin reatha	-	(633)	**(633)**	(24)	(935)	**(959)**	(55)	(2,201)	**(2,256)**
Iomlán	**729**	**(255)**	**474**	**714**	**(86)**	**628**	**3,160**	**(1,167)**	**1,993**

**lena n-áirítear ioncam neamhdhiúscartha a gineadh ó bhunsócmhainní.*

Ón tráth tionscanta go deireadh 2016, tá brabús beagnach €2 billiún aitheanta ag GNBS ó dhiúscairt iasachtaí agus comhthaobhachta a bhí ina seilbh mar urrús ar na hiasachtaí a fuarthas.

Seasann criostalú na forála bearnúcháin reatha do mhéid na forála bearnúcháin a aithníodh roimhe seo atá curtha i leith dhiúscairt na n-iasachtaí agus na comhthaobhachta bunúsaí. Ní sheasann sé do mhuirear an ráitis ioncaim i dtréimhse an chriostalúcháin. Ina áit sin, tharla aithint an ráitis ioncaim nuair a taifeadadh an fhoráil bhearnúcháin roimhe seo. I dteannta an 'Brabús/(caillteanas) a aithníodh sa ráiteas ioncaim', léiríonn sé brabús/(caillteanas) iomlán maidir le diúscairt iasachtaí agus comhthaobhachta bunúsaí don tréimhse.

Fáltais dhiúscartha agus neamhdhiúscartha

B'ionann na fáltais diúscartha agus neamhdhiúscartha in 2016 agus €5.4 billiún (2015: €9.1 billiún), lenar áiríodh diúscairtí comhthaobhachta réadmhaoine de €3.5 billiún (2015: €5.1 billiún), idirbhearta díolachán iasachtaí de €1.2 billiún (2015: €3.3 billiún) agus idirbhearta diúscartha eile de €0.3 billiún (2015: €0.1 billiún). Cothaíodh neamhdhiúscairt fáltas €0.4 milliún i rith na bliana (2015: €0.6 milliún).

Táthar ag súil le laghdú ar fháltais diúscartha de réir an laghdaithe ar chlár comhardaithe GNBS agus aibiú phróiseas díghiarála GNBS.

Speansais Riaracháin

B'ionann na speansais riaracháin sa bhliain 2016 agus €80m (2015: €111m). I gcomhair 2016, is ionann oiread na gcostas agus 1.3% de ghnáthiasachtaí agus infháltais atá mórán mar a chéile le nósmhaireacht an tionscail.

Bearnú

Tar éis athbhreithniú bearnúcháin 2016 a dhéanamh, tá sochar bearnúcháin €282m (2015: €86m) aitheanta ag GNBS mar aon le foráil bhearnúcháin charnach de €1.56 billiún in aghaidh a punainne infháltas agus iasachtaí.

	Luach seilbhe amhail an 31/12/2016 €m	2016 Foráil bhearnúcháin €m	2015 Foráil bhearnúcháin €m	Gluaiseacht €m	Clúdach bearnúcháin %
Punann bhearnaithe	3,507	1,561	2,476	(915)	
Punann neamhbhearnaithe	1,998	-	-		
Iomlán	**5,505**	**1,561**	**2,476**	**(915)**	**28%**

Tá bearnú ina phríomhréimse breithiúnais i ráitis airgeadais GNBS. Fuair GNBS punann iasachtaí ina raibh bunús uile acu bearnaithe trí thagairt do dháta luachála mhí na Samhna 2009.

Bhí an t-athbhreithniú bearnúcháin ceann bliana 2016 bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Measúnú aonair mionsonraithe ar na sreafaí airgid don todhchaí maidir le gach nasc féichiúnaí le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara ar luach seilbhe (gan bearnúchán a bhaint) €5.5 billiún (2015: €10.3 billiún).
- Léiríonn na measúnuithe na hionchais sa todhchaí is fearr atá ag GNBS ar gach nasc féichiúnaí. Áirítear leo sreafaí airgid measta a eascraíonn as diúscairt comhthaobhachta réadmhaoine, díolacháin iasachtaí agus ioncam neamhdhiúscartha (fearacht ioncaim ó chíos).

B'ionann an ghluaiseacht iomlán san fhoráil bhearnúcháin in 2016 agus laghdú €915m ó €2,476m go €1,561m. As an méid sin, aithníodh €282m sa ráiteas ioncaim mar shochar do 2016 agus aithníodh €633m in aghaidh iasachtaí agus infháltas arna n-eascairt go príomha as criostalú an bhearnúcháin a aithníodh roimhe sin in aghaidh iasachtaí díolta.

Punann iasachtaí

Fuair GNBS iasachtaí ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha ar comaoin €31.8 billiún. B'ionann luach seilbhe na n-iasachtaí de chuid GNBS ag deireadh 2016 agus €3.9 billiún (glan ar an bhforáil bhearnúcháin charnach de €1.6 billiún) (2015: €7.8 billiún, glan ar bhforáil bhearnúcháin charnach de €2.5 billiún).

Tugtar achoimre thíos ar na gluaiseachtaí in iasachtaí agus infháltais:

Athbhreithniú Airgeadais	Fiachas GNBS 2016 €m	Fiachas GNBS 2015 €m	Parfhiachas 2016 €m	Parfhiachas 2015 €m
Iasachtaí agus infháltais – iarmhéid tosaigh	7,817	13,360	41,069	55,591
Airgead tirim a fuarthas ó iasachtaí agus ó infháltais	(5,290)	(9,004)	(5,290)	(9,004)
Comaoin iarchurtha as díolachán iasachtaí	(751)	-	-	-
Comaoin as trádáil maoine	(123)	-	-	-
Ioncam úis	368	576	908	1,624
Coigeartuithe gnóthuithe/luacháil iasachtaí	-	139	-	153
Airleacain chaipitil oibre	648	856	648	856
Brabús ar dhíolachán iasachtaí agus barrachas ioncaim	1,123	1,606	-	-
Gluaiseacht i ndíolachán par-iasachtaí[1]	-	-	(7,637)	(7,922)
Díscríobh/comhréiteach fiachais	-	-	(594)	(762)
Malairt eachtrach agus gluaiseachtaí eile	(155)	198	(723)	533
Criostalú bearnúcháin	(633)	(959)	-	-
Iasachtaí agus infháltais roimh bhearnú	**3,004**	**6,772**	**28,381**	**41,069**
Foráil bhearnúcháin – sochar incriminteach	915	1,045	-	-
Iasachtaí agus infháltais – iarmhéid deiridh	**3,919**	**7,817**	**28,381**	**41,069**

1. *Baineann gluaiseacht i ndíolachán par-iasachtaí go príomha le parluach na n-iasachtaí a díoladh glan ar airgead tirim diúscartha a fuarthas. Níl aon luach fiachais GNBS coibhéiseach ann. Léirítear an ghluaiseacht in iarmhéid fiachais GNBS mar thoradh ar dhíolacháin iasachtaí i bhfáltais airgid agus i mbrabús nó caillteanas ar dhíolacháin iasachtaí.*

Tugtar breac-chuntas thíos ar chomhchruinniú phunann iasachtaí faighte GNBS atá fágtha, de réir earnála agus tíreolaíochta, bunaithe ar an urrús bunúsach:

Dáileachán Earnála Punainne Fágtha amhail deireadh 2016



Dáileachán Tíreolaíochta Punainne Fágtha amhail deireadh 2016



Tagarmharc an ráta fáltais

In 2014, d'fhormheas an Bord tagarmharc sprice de 20% maidir le Toradh Aonáin ar Infheistíocht. Ba é an toradh réamh-mheasta ag deireadh 2016 33%.

Ríomhtar tagarmharc an Toraidh Aonáin ar Infheistíocht bunaithe ar chomparáid idir staid bharrachais deiridh GNBS a réamh-mheastar (€3bn), agus infheistíocht tosaigh GNBS, arna coigeartú ionas nach n-áireofaí an €5.6 billiún de Chabhair Stáit arbh éigean do GNBS a íoc leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha mar chuid de phraghas fála na hiasachta.

Eagraíocht GNBS

Trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), d'earcaigh GNBS comhaltaí foirne a bhfuil éagsúlacht scileanna agus taithí acu ó dhisciplíní na baincéireachta, an airgeadais, an dlí, na réadmhaoine (suirbhéirí cainníochta, innealtóirí), na dócmhainneachta agus na pleanála, i measc disciplíní eile. Tá sé rannán in GNBS.

Acmhainní foirne

B'ionann líon na gcomhaltaí foirne de chuid GBCN a bhí sannta do GNBS ag deireadh 2016 agus 302. Áirítear leis sin 41 fostaí atá le himeacht sa chéad leath de 2017 mar chuid de Chlár Iomarcaíochta Deonaí 2016.

Struchtúr eagraíochtúil



Rialachas

Comhaltaí Boird

An tUasal Frank Daly | An Cathaoirleach F

(ceaptha an 22 Nollaig 2009 ar théarma cúig bliana agus athcheaptha an 22 Nollaig 2014 ar théarma cúig bliana eile)

- Comhalta den Choiste Luach Saothair

Ceapadh Frank Daly mar Stiúrthóir Leasa an Phobail de Bhanc Angla-Éireannach i mí na Nollag 2008. D'éirigh sé as an bpost sin an 22 Nollaig 2009 nuair a ceapadh é ina Chathaoirleach ar GNBS.

Scoir Frank Daly as a phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2008, tar éis dó obair mar Chathaoirleach ón mbliain 2002 agus mar Choimisinéir ón mbliain 1996. Chuaigh sé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim in 1963.

I mí an Mhárta 2008, ceapadh Frank Daly ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Chánachas, a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar éifeachtúlacht chóras cánachais na hÉireann.

An tUasal Brendan McDonagh | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin B C D E

- Comhalta Boird *(de bhrí oifige)*
- Comhalta den Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta den Choiste Creidmheasa
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála

Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca in GBCN idir 2002 agus 2009 agus ba Rialtóir Airgeadais GBCN é idir 1998 agus 2002.

Sa bhliain 1994 chuaigh Brendan McDonagh isteach i GBCN ó Bhord Soláthair an Leictreachais, an fóntas cumhachta is mó in Éirinn, áit a mbíodh sé ag plé le réimsí éagsúla, amhail cuntasaíocht, iniúchadh inmheánach agus cistíocht.

An tUasal Conor O'Kelly | Comhalta Boird (de bhrí oifige) D E F

(Cuireadh tús le ról Conor O'Kelly mar chomhalta Boird de bhrí oifige an 5 Eanáir 2015 tar éis a cheapacháin mar Phríomhfheidhmeannach GBCN)

- Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta den Choiste Luach Saothair

Bhí Conor O'Kelly ina Leas-Chathaoirleach ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar NCB Group agus sa bhliain 2003 rinne sé idirbheartaíocht rathúil agus ghlac sé ceannas ar cheannach thar barr amach na bainistíochta den ghnólacht a fuair Investec PLC ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Sheasta bhí 11 bhliain caite aige le Barclays Capital, áit a raibh poist bhainistíochta sinsearaí aige agus d'oibrigh sé i Londain, i dTóiceo agus i Nua-Eabhrac. Bhí an tUasal O'Kelly ina stiúrthóir tráth ar Stocmhalartán na hÉireann agus is iarbhall é de Bhord Fondúireachta Choláiste na Tríonóide. Céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é agus tá céim mháistreachta aige ó Ollscoil Senshu sa tSeapáin.

An tUasal Oliver Ellingham | Comhalta Boird A D

(ceaptha an 10 Aibreán 2013 ar théarma cúig bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta den Choiste Iniúchóireachta

Is cuntasóir cairte é Oliver Ellingham. Bhíodh sé ina iar-Cheannasaí um Airgeadas Corparáideach (an Eoraip) le BNP Paribas agus ina fheidhmeannach sinsearach le BNP Paribas UK. I láthair na huaire, tá sé i seilbh stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin i roinnt cuideachtaí agus is cathaoirleach agus úinéir Ellingham Limited é. Bhíodh róil bhainistíochta sinsearaí aige freisin le Charterhouse Bank (atá mar chuid de HSBC Group anois) agus le Robert Fleming (JP Morgan anois) agus bhí sé ina chomhalta de Bhord CÉRB idir mí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí Feabhra 2013.

Mari Hurley Uasal | Comhalta Boird B C E F

(ceaptha an 8 Aibreán 2014 ar théarma cúig bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair
- Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála
- Comhalta den Choiste Creidmheasa

Tá Mari Hurley ina Príomhoifigeach Airgeadais ar Ghrúpa Hostelworld. Roimhe sin, bhí sí ina Stiúrthóir Airgeadais ar Sherry FitzGerald Group agus d'oibrigh sí in Bear Stearns Bank plc. Tá sí ina Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn tar éis di oiliúint agus cáilíocht a fháil le Arthur Andersen. Bhain Mari Hurley céim Bhaitsiléara Tráchtála amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Is Stiúrthóir í ar Ervia.

An tUasal Brian McEnery | Comhalta Boird A D F

(ceaptha ar dtús an 22 Nollaig 2009 ar théarma ceithre bliana agus athceaptha an 22 Nollaig 2013 ar théarma cúig bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta
- Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta den Choiste Luach Saothair

Is saineolaí é Brian McEnery (FCCA) i réimse na dócmhainneachta agus na tarrthála corparáidí agus is Comhpháirtí, Airgeadas Corparáideach agus Ceannasaí Cúram Sláinte é le BDO, ag cleachtadh i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus ina chomhalta comhairle de, mar aon le bheith ina chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hAstráile agus an Nua-Shéalainne. In 2009/2010, bhí sé ina Uachtarán ar ACCA Éireann agus in 2016, toghadh an tUasal McEnery mar Uachtarán Domhanda ACCA don téarma 2016/2017. Tá sé ina chomhalta de Chúirt Eadrána Londain agus ina Chathaoirleach ar Bhord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

An tUasal Willie Soffe | Comhalta Boird B C E

(ceaptha ar dtús an 22 Nollaig 2009 ar théarma ceithre bliana agus athceaptha an 22 Nollaig 2013 ar théarma cúig bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Phleanála
- Comhalta den Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

Tá breis agus 45 bliain caite ag Willie Soffe ag obair sa Rialtas Áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath. Le linn an ama sin, tá tréimhsí caite aige mar Bhainisteoir Cúnta Cathrach i mBardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anois) agus mar Bhainisteoir Contae i gComhairle Contae Fhine Gall. Ó scoir sé in 2004, thug Willie Soffe faoi roinnt tascanna seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún um Chánachas agus comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasachta Cánach.

Eochair Comhaltacht an Choiste

A	Comhalta den Choiste Iniúchóireachta	D	Comhalta den Choiste Bainistíochta Riosca
B	Comhalta den Choiste Creidmheasa	E	Comhalta den Choiste Comhairleach Pleanála
C	Comhalta den Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin	F	Comhalta den Choiste Luach Saothair

An Bord agus Coistí an Bhoird

De bhun Alt 19 den Acht um an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (an "tAcht"), bíonn Cathaoirleach agus suas le hochtar comhaltaí ar an mBord. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Cathaoirleach agus an seisear comhaltaí agus is comhaltaí Boird de bhrí oifige iad Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Príomhfheidhmeannach GBCN. Leagtar príomhfheidhmeanna an Bhoird amach in Alt 18 den Acht:

- A chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha don GNBS a leagan.
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- Gach beart réasúnach atá ar fáil dó a ghlacadh chun na spriocanna agus cuspóirí sin a bhaint amach.

Bíonn clár ábhar le formheas ag an mBord agus déileálann sé leo le cúrsaí creidmheasa laistigh dá leibhéal údaráis tarmligthe.

Tá seachtar comhaltaí ar an mBord faoi láthair. Cheap an tAire triúr comhaltaí ar dtús an 22 Nollaig 2009: Frank Daly (Cathaoirleach) (5 bliana), Brian McEnery (4 bliana), agus Willie Soffe (4 bliana) agus athcheapadh iad ina dhiaidh sin ar théarmaí cúig bliana (athcheapadh Frank Daly mar Chathaoirleach ón 22 Nollaig 2014 agus athcheapadh Brian McEnery agus Willie Soffe ón 22 Nollaig 2013). Cheap an tAire Oliver Ellingham agus Mari Hurley ar an 10 Aibreán 2013 agus an 8 Aibreán 2014 faoi seach. Is iad an bheirt chomhaltaí Boird de bhrí oifige Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach GBCN agus Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS). Tá dhá fholúntas ar an mBord faoi láthair.

Níl aon chomhalta ceaptha i dteideal fónamh ar feadh breis agus dhá théarma chomhleanúnacha. Cinneann an tAire leibhéal an luacha saothair do chomhaltaí ceaptha agus dá dteidlíocht d'aisíocaíocht as speansais. Ní fhaigheann na comhaltaí de bhrí oifige aon luach saothair breise as a gcomhaltacht ar an mBord.

I rith 2016, tháinig an Bord le chéile 19 n-uaire ach tháinig sé choiste an Bhoird le chéile 59 uair. Leagtar amach sonraí freastail ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste ar Leathanach 51.

De réir Alt 32 den Acht, bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúla: An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Creidmheasa, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Coiste Bainistíochta Riosca. Bhunaigh an Bord trí choiste reachtúla freisin faoi Alt 33: an Coiste Comhairleach Pleanála, an Coiste Luach Saothair agus Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann, ar díscaoileadh an ceann deireanach díobh ina dhiaidh sin ar an 8 Meán Fómhair 2014 tar éis iasachtaí fhéichiúnaithe Thuaisceart Éireann a dhíol.

Tacaíonn an Rúnaí leis an mBord ina fheidhmeanna agus comhardaíonn sé chomh maith feidhmiú na gcoistí éagsúla Boird; tacaíonn Oifigeach GNBS ag a bhfuil an saineolas cuí le gach coiste agus feidhmíonn sé mar rúnaí ar an gcoiste.

Sceideal na gCúrsaí Coinnithe

Faoi Alt 18 den Acht, tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil. Féadfaidh an Bord feidhmiú a fheidhmeanna a tharmligean d'oifigeach GNBS. Tá Sceideal Cúrsaí Coinnithe agus Tarmligthe faofa ag an mBord mar chuid de tharmligean foirmiúil, cuimsitheach fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhoird leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. D'fhaomh an Bord é seo go deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gur féidir leis fo-tharmligean a dhéanamh le comhalta den Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach faoina rialú agus mhaoirsiú foriomlán. Tá tarmligeann feidhmeanna faofa ag an mBord chomh maith i mBeartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe agus Beartas Clár Comhardaithe.

Beartas Údaráis Tharmligthe an Bhoird

Tharmlig an Bord cinntí creidmheasa áirithe leis an gCoiste Creidmheasa agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin Shinsearach trína Bheartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe, atá faoi réir athbhreithniú rialta. Faoin mbeartas sin, tá leibhéil údaráis éagsúla leagtha síos ag an mBord chun tograí a fhaomhadh. Braitheann siad sin ar neamhchosaint airgeadais iomlán an fhéichiúnaí agus ar an bhfuil iarratas déanta ar chistí nua nó nach bhfuil. Faoin mBeartas Creidmheasa um Údarás Tarmligthe, féadfaidh údaráis ag leibhéil níos ísle a gcinntí a chur faoi bhráid údaráis níos airde má mheastar go bhfuil an dara tuairim inmhianaithe nó má bhíonn coimhlint tuairime ann.

Meastóireacht ar an mBord agus ar na Coistí

Tugann an Bord agus gach coiste faoi mheasúnú féinmheasúnaithe go bliantúil i ndáil le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a chinnteoireachta. De réir Alt 4.6 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016, tugann an Bord faoi mheasúnú seachtrach timpeall gach trí bliana. Thug an Bord faoi mheasúnú seachtrach in 2016 a rinne Institiúid an Riaracháin Phoiblí.

Freagracht an Bhoird chun Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais a ullmhú

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2016 a ullmhú agus tar éis athbhreithniú mionsonraithe agus aird chuí ar mholtaí an Choiste Iniúchóireachta[1], measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht agus ar sheasamh airgeadais GNBS ag deireadh na bliana 2016.

1 *Mar aon leis an gCoiste Iniúchóireachta, tá ról ag an gCoiste Bainistíochta Riosca in athbhreithniú an Ráitis um Rialú Inmheánach*

Tinreamh Chruinnithe an Bhoird agus Chruinnithe Choiste an Bhoird in 2016

	Bord	Iniúchóireacht	Creidmheas	Airgeadas & Feidhmiúchán	Bainistíocht Riosca	Comhairleach Pleanáil	Luach Saothair
Frank Daly	19						2
Brendan McDonagh	19		30	5	6	6	
Conor O'Kelly	18				5	3	2
Oliver Ellingham	19	8			6		
Mari Hurley	17		28	6		6	2
Brian McEnery	17	8			2		1
Willie Soffe	19		31	6		6	
Comhaltaí seachtracha:							
Jim Kelly		8					
Michael Wall						6	
Alice Charles						5	

Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí GNBS

Brian McEnery
An Cathaoirleach

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

D'éiligh At 32 den Acht ar an mBord Coiste Iniúchóireachta a bhunú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta de réir Téarmaí Tagartha atá ceadaithe ag an mBord, mar a éilítear faoi Alt 32(6) den Acht.

San am i láthair, tá beirt Chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá Brian McEnery (an Cathaoirleach, Comhalta Boird), Oliver Ellingham (Comhalta Boird) agus Jim Kelly (Comhalta seachtrach) ar an gCoiste Iniúchóireachta.

De réir Alt 32(2) den Acht, is gá go mbeadh seisear comhaltaí ar an gCoiste Iniúchóireachta, a bhfuil beirt díobh seachtrach de GNBS agus a cheapann an tAire. Ceapann an Bord an ceathrar comhaltaí eile as a chomhaltaí. D'fhéadfaí na folúntais ar an gCoiste Iniúchóireachta a líonadh tar éis na gceapachán nua a dhéanamh leis an mBord.

Is iaroifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí Ioncaim é Jim Kelly. Bhí sé ina chomhalta Boird d'Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus bhí sé ina Rúnaí den Choimisiún um Chánachas 2008-2009.

Chinn an Bord gurb é Brian McEnery saineolaí airgeadais an Choiste agus gurb é Oliver Ellingham saineolaí riosca an Choiste. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2016.

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an mBord ina fhreagrachtaí maoirseachta sna feidhmeanna seo a leanas:

- Sláine an phróisis tuairiscithe airgeadais
- Neamhspleáchas agus iomláine na bpróiseas iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh
- Éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh GNBS
- Na próisis atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann na soláthróirí seirbhísí iasachta a n-oibleagáidí conartha le GNBS
- Comhlíonadh GNBS i gcás riachtanais chuí dlí, rialála agus cánachais a chinntiú
- Socruithe do thuairisciú éagóracha ábhartha, d'fhostaithe GNBS chun imní a chur in iúl, go rúnda, maidir le héagóracha féideartha i dtuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile agus a chinntiú go gceadaíonn na socruithe sin d'fhiosrú agus gníomh leantach i gcomhréir agus atá neamhspleách

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

1 Tuairisciú airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus ar na Ráitis Airgeadais, mar aon le haon fhógraí foirmiúla eile a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad. Le linn an athbhreithnithe sin, díríodh go sonrach ar athruithe atá tagtha ar bheartais agus ar chleachtais chuntasaíochta, ar mhór-réimsí breithiúnais agus ar chomhlíonadh ceanglas dlíthiúil (lena n-áirítear aon riachtanais faoin Acht) agus riachtanais rialála.

2. Iniúchadh Seachtrach

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchóir seachtrach sainithe faoin Acht. Níor chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchta ar fáil i rith 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh an iniúchadh agus tháinig sé le chéile leis an iniúchóir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

3. Iniúchadh Inmheánach

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúchóir inmheánach. Áiríodh orthu seo achoimrí ar phríomhthorthaí gach iniúchta sa tréimhse agus nuashonruithe ar an gclár oibre pleanáilte. Chinntigh an Coiste ar bhonn leanúnach go raibh dóthain acmhainní ar fáil do na gníomhaíochtaí sin agus go raibh seasamh cuí acu laistigh de GNBS. Airíodh anseo comhaontú an phlean iniúchta inmheánaigh bhliantúil. Chinntigh an Coiste chomh maith comhordú idir na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

4. Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coiste measúnú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lenar áiríodh nósanna imeachta ar ghlac GBCN leo ina feidhmíocht comhlíonta agus feidhmeanna rialaithe do GNBS. Tuairiscíodh torthaí an Choiste chuig an mBord.

5. Monatóireacht ar sholáthróirí seirbhísí

Faigheann an Coiste nuashonruithe rialta ón mBainistíocht agus ón iniúchóir inmheánach maidir le feidhmíocht na soláthróirí seirbhíse seo, arna dtagarmharcáil in aghaidh spriocanna comhaontaithe.

6. An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016

Fuair an Coiste nuashonruithe rialta ón bhfoireann bhainistíochta maidir leis na hathruithe a d'eascair as an gCód athbhreithnithe, a tosaíodh á fhorfheidhmiú sa cheathrú ráithe de 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an nochtadh breise a áiríodh sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais ag eascairt ón gCód.

Idirbheartaíochtaí an Choiste

Tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach Airgeadais GNBS, don Cheannasaí Iniúchóireachta agus Riosca, d'fheidhmeannaigh shinsearacha eile GNBS agus d'ionadaithe na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha de réir mar ba chuí freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú. Tháinig an Coiste le chéile as féin chomh maith leis an iniúchóir seachtrach, leis an iniúchóir inmheánach, leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, leis an gCeannasaí Iniúchóireachta agus Riosca agus le Ceannasaí Comhlíonta GBCN. Tá rochtain dhíreach acu sin ar fad, gan srianadh, ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

Iniúchóir Reachtúil

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir GNBS de réir Alt 57 den Acht. Ní iniúchóir reachtúil atá san Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun críocha Acht na gCuideachtaí, 2014, seachas i ndáil le cuideachtaí nach bhfuil ag trádáil i gcomhair gnóthachain. De bharr go bhfuil aonáin Ghrúpa GNBS 51% faoi úinéireacht phríobháideach agus go bhfeidhmíonn siad chun díbhinní a íoc le scairshealbhóirí, meastar go bhfuil na cuideachtaí ag trádáil i gcomhair gnóthachain agus dá bhrí sin níl an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in ann iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais reachtúla aonáin Ghrúpa GNBS do na blianta airgeadais dar tús an 15 Meitheamh 2015 nó ina dhiaidh sin. Tugadh faoi phróiseas tairisceana chun iniúchóir reachtúil a cheapadh le déanaí.

Brian McEnery
An Cathaoirleach

Willie Soffe
An Cathaoirleach

AN COISTE CREIDMHEASA

De bhun Alt 32 den Acht, d'ainneoin go bhfuil bunfhreagracht ar an mBord as riosca creidmheasa GNBS, bhunaigh an Bord Coiste Creidmheasa ag feidhmiú faoina údarás tarmligthe. De réir Alt 32(6) den Acht, feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir Téarmaí Tagartha atá ceadaithe ag an mBord.

Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Creidmheasa: Willie Soffe (an Cathaoirleach, Comhalta Boird), Mari Hurley (Comhalta Boird), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Comhalta Boird ex-officio), Aideen O'Reilly (an Ceannasaí Dlí), Michael Moriarty (an Ceannasaí Aisghabhála Sócmhainní), John Coleman (an Príomhoifigeach Airgeadais), Mary Birmingham (an Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní) agus John Collison (an Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe). Dónal Rooney (iar-Phríomhoifigeach Airgeadais) (d'éirigh sé as i mí an Mheithimh 2016)

Tháinig an Coiste le chéile 31 uair in 2016. Tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Creidmheasa chun comhairle a chur ar an mBord maidir le beartas creidmheasa GNBS agus maidir lena chinntiú go bhfuil cinnteoireacht maidir le féichiúnaithe ag teacht le beartas an Bhoird.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as ceadú nó diúltú iarratais chreidmheasa laistigh dá leibhéal Údarás Tarmligthe (faoi bhun an leibhéil Údarás Tarmligthe atá ag teastáil do cheadú an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás ceadaithe creidmheasa a tharmligeann an Bord chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus an Ceannasaí Aisghabhála Sócmhainní/an Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní/an Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe). Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach tomhaiste tráthúil d'fhonn tacú le cinnteoireacht éifeachtach a bhaineann le creidmheas i ndáil le fiachais ghnóthaithe a nasc féichiúnaí.

De réir sainmhíniú leathan, ciallaíonn iarratas creidmheasa aon imeacht a athraíonn próifíl riosca bhunúsaigh na neamhchosanta nó an fhéichiúnaí go hábhartha. Áirítear ann, i measc nithe eile, athbhreithnithe ar straitéis féichiúnaithe, iarratais ar chreidmheas breise lena n-áirítear tionscadail caiteachais chaipitiúil, athstruchtúrú nó comhréiteach dualgais iasachta, faomhadh díolacháin sócmhainní, iarratais ar airgeadas díoltóra nó maoiniú do thionscadail chomhfhiontair, cinntí maidir le ráthaíochtaí pearsanta agus faomhadh gníomh forfheidhmithe, lena n-áirítear glacadóireacht, athsheilbh agus gníomhartha eile cosúil leo sin.

Tá siad seo a leanas i measc phríomhfhreagrachtaí an Choiste:

1 Iarratais chreidmheasa a mheas a thiteann laistigh d'Údarás Tarmligthe an Choiste, ag tabhairt san áireamh go bhféadfaidh sé na hiarratais a fhaomhadh/a dhiúltú agus/nó a leasú de réir mar is cuí. Sa chás go sáraíonn an leibhéal riosca údarás an Choiste, tarchuirtear iarratas creidmheasa, le moladh an Choiste Creidmheasa, chuig an mBord le haghaidh cinnidh.

2. Measúnú a dhéanamh ar bheartais bheartaithe chreidmheasa agus earnála le haghaidh bhreithniú/cheadú an Bhoird.

3. Príomhthráscairí Feidhmíochta a chinneadh agus a mhonatóiriú, beartais agus straitéisí a bhunú, ar a bhféadtar feidhmíocht na punainne foriomláine a athmheas de réir mar is cuí go tréimhsiúil agus a gcuid torthaí a thuairisciú don Bhord.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

1. Cinntiú go raibh na córais atá i bhfeidhm chun iarratais chreidmheasa a phróiseáil a chuirtear i láthair an Choiste agus an Bhoird éifeachtach, éifeachtúil agus cuí.
2. Athbhreithniú ar straitéisí féichiúnaithe faofa agus dul chun cinn GNBS go dáta. Déanann an Coiste athbhreithniú débhliantúil chomh maith ar na straitéisí barrfhéichiúnaithe (sainmhínítear barrfhéichiúnaithe mar fhéichiúnaithe a léiríonn a bhfiacha i dteannta a chéile 50% d'fhiacha iomlána GNBS).
3 64 iarratas aonair creidmheasa a mheas, a mholadh agus a cheadú, ó chinntí bainistíochta sócmhainní go hábhair chasta a bhain le gníomhaíochtaí straitéise féichiúnaí amhail maoiniú leanúnach sócmhainní forbartha nó réiteach deiridh nasc. Rinne an Coiste athbhreithniú ar 49 páipéar lena moladh don Bhord. Anuas air sin, mhaoirsigh an Coiste 793 cinneadh aonair creidmheasa a rinneadh ag leibhéal Údaráis Tharmligthe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Cheannasaí Aisghabhála Sócmhainní.
4. Cinntí a dhéanamh i ndáil le comhaontuithe féichiúnaithe, laigí, forfheidhmithe agus straitéisí scoir, lena n-áirítear díolacháin iasachtaí.
5. Beartais chreidmheasa agus earnálacha a fhorbairt agus a bhreisiú; agus an fhaisnéis bhainistíochta lena mbaineann a cur i toll a chéile.
6. Athbhreithniú ar an straitéis Bainistíochta Sócmhainní agus athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn a thionscadal roghnaithe.
7. Athbhreithniú rialta ar phleananna gnó a bhfuil tábhacht shóisialta agus gheilleagrach leo; go háirithe, iad siúd a bhaineann le Soláthar Aonad Cónaithe agus le SDZ na nDugthailte.

Táthar ag súil gur bliain ghníomhach eile a bheidh in 2017 arís don Choiste Creidmheasa agus iarracht á déanamh ag GNBS luach a uasmhéadú ón bpunann trí thacú le bainistíocht ghníomhach féichiúnaithe agus glacadóirí i ndáil le slándáil bhunúsach (ceadanna pleanála a fháil, easnaimh bhonneagair a fheabhsú, etc.). Leanfaidh GNBS lena gníomhaíocht díghiarála freisin, lena n-áirítear a punann idirnáisiúnta, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear luach airgid uirthi i rith 2017. Ag an bpointe seo ina clár díghiarála, le díolachán mór iasachta agus gníomhaíocht díolacháin punainne ag laghdú, táthar ag súil go mbeidh líon i bhfad níos mó cinntí creidmheasa réasúnta íseal ann chun spriocanna ginte airgid a shásamh.

Leanann an Coiste Creidmheasa ag monatóireacht go gcloítear le beartas an Bhoird maidir le forbairt ar láithreáin chónaithe inúsáidte agus SDZ na nDugthailte á maoiniú, fad is a chinntítear go seachadtar díghiaráil ar bhonn tráthúil.

Déanann an Coiste Creidmheasa, agus sainordú tráchtála GNBS agus cuspóir Alt 10 chun torthaí a uasmhéadú don Stát á dtabhairt san áireamh, measúnú ar gach togra go dian, agus meastar na roghanna tráchtála éagsúla. Aithníonn an Coiste go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag na cinntí a dhéanann sé ar na sócmhainní agus ar na féichiúnaithe lena mbaineann, agus tá sé tiomanta do thacú le tionscadail a chuireann luach leis d'fhonn gníomhaíocht agus fostaíocht a spreagadh ach i gcónaí d'fhonn an toradh do cháiníocóirí na hÉireann a uasmhéadú.

Willie Soffe
An Cathaoirleach

Mari Hurley
An Cathaoirleach

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEIDHMIÚCHÁIN

Tá beirt Chomhaltaí Boird neamhfheidhmeannacha, comhalta Boird de bhrí oifige amháin agus triúr feidhmeannach sinsearach GNBS ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin.

Tá na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin:

- Mari Hurley (an Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- William Soffe (Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Comhalta Boird de bhrí oifige)
- John Coleman (an Príomhoifigeach Airgeadais)
- John Collison (an Ceannasaí Soláthar Aonad Cónaithe)
- Seán Ó Faoláin (an Ceannasaí Straitéise agus Cumarsáide)
- Aisling Synnott (Ceannasaí an Chisteáin), (d'éirigh sí as i mí Eanáir 2017)
- Dónal Rooney (iar-Phríomhoifigeach Airgeadais) (d'éirigh sé as i mí an Mheithimh 2016)

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2016.

Is é príomhfhreagracht an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus oibriúcháin GNBS agus ar a tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta, lena n-áirítear:

- Gach tuairisciú airgeadais agus bainistíochta don Aire Airgeadais, don Oireachtas nó ar shlí eile (ach amháin i gcás ráitis bhliantúla airgeadais GNBS as a bhfuil an Coiste Iniúchóireacht freagrach).
- Ullmhú na gcuntas bainistíochta.
- Ullmhú na mbuiséad bliantúil agus réamhaisnéisí eile.
- An t-athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar athraitheas in aghaidh buiséid agus fheidhmíocht na bliana roimhe.
- Ceadú ollchaiteachais chaipitil.
- Bainistíocht an tsoláthair.
- Maoirseacht soláthróirí seirbhísí (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeádta go sonrach do choistí eile Boird).

Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin maoirseacht ar fhreagrachtaí an Fhoireann Feidhmiúcháin as beartais airgeadais, oibriúcháin agus buiséadaithe GNBS a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú agus as tuairisciú a dhéanamh orthu. Déanann sé moltaí don Bhord maidir le caiteachas agus riachtanais bhuiséid GNBS. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar Chórais GNBS in 2016 lena chinntiú go bhfuil córais GNBS ar fad fós oiriúnach don fheidhm. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2016 chomh maith i ndáil le córais Soláthar Aonad Cónaithe agus bonneagar a fhorbairt le tacú leis an ngnólacht chun a cuspóirí a bhaint amach.

Déanfar athruithe in 2017 le tuairisciú aonad gnó chun tuairisciú rannach níos mó a éascú. Beidh tionscadal ann chomh maith le tacú le IFRS 9, an caighdeán tuairiscithe athbhreithnithe d'ionstraimí airgeadais atá le forfheidhmiú in 2018. Beidh fócas leanúnach ag an gCoiste ar fheidhmíocht airgeadais, ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta agus ar mhonatóireacht agus rialú costais.

Mari Hurley
An Cathaoirleach

Oliver Ellingham
An Cathaoirleach

AN COISTE BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhainistíocht rioscaí; rioscaí, dá dtarlóidís, a mbeadh caillteanais airgeadais de thoradh orthu agus/nó teip ar GNBS a cuspóirí, arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach, a bhaint amach.

- Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta Riosca: Oliver Ellingham (an Cathaoirleach, Comhalta Boird), Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach GNBS agus Comhalta Boird ex-officio), Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta Boird ex-officio), Brian McEnery (Comhalta Boird), John Coleman (an Príomhoifigeach Airgeadais) agus Mary Birmingham (an Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní). D'éirigh Dónal Rooney (iar-Phríomhoifigeach Airgeadais) as i mí an Mheithimh 2016.

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2016.

Tá siad seo a leanas i measc phríomhfhreagrachtaí an Choiste:

1. Athbhreithniú agus maoirseacht ar phleananna na Foirne Feidhmeannais maidir leis na Rioscaí Bunairgid atá roimh GNBS a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú.
2. Maoirsiú ar chur i bhfeidhm agus ar athbhreithniú an chreata Bainistíochta um Riosca Fiontair agus sásaíonn an Coiste é féin go ndéantar bearta cuí i gcás go sainaithnítear aon imní shuntasach.
3. Cinntiú go soláthraíonn rialachas bainistíochta riosca agus múnla eagrúcháin GNBS leibhéil chuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Clúdaíonn na catagóirí riosca arna sainaithint i mBeartas Riosca Fiontair GNBS raon leathan rioscaí chun cuspóirí GNBS a bhaint amach.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

1. Rinne Coiste Bainistíochta Riosca GNBS athbhreithniú leanúnach ar chúig Riosca Bunairgid GNBS atá mar bhunús le Rioscaí Bunairgid agus le nochtadh Neamhchinnteachtaí sa Tuarascáil Bhliantúil. Sainmhínítear Rioscaí Bunairgid mar riosca, nó meascán de rioscaí, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar shamhail ghnó, ar leachtacht, ar fheidhmíocht, nó ar cháil GNBS.

   Próiseas leanúnach is ea sainaithint agus measúnú Rioscaí Bunairgid a fhreagraíonn d'athruithe ar straitéis, ar chuspóirí gnó agus ar an timpeallacht sheachtrach. Thug saineolaí ábhair faisnéis go rialta don Choiste Bainistíochta Riosca maidir le Riosca Bunairgid ar leith nó gnéithe áirithe den riosca sin lena chinntiú go ndearnadh breith chuí ar na rioscaí sin.
2. Cuireann comhtháthú foinsí sonraí a bhaineann le riosca cosúil le tuairisciú eachtraí, príomhthráscairí riosca agus torthaí iniúchta agus na ráitis uileghabhálacha um Fhoinn Riosca caidreamh níos soiléire ar fáil idir fonn na heagraíochta (nó easpa foinn) do rioscaí áirithe i mbaint amach a cuspóirí straitéiseacha. Cuireann an anailís sin leis an gcreat reatha bunaithe lamháltais agus teorainneacha riosca timpeall ar rioscaí bunairgid a tarmligeadh chuig an mBord chuig leibhéil éagsúla de bhainistíocht GNBS, agus treisíonn sí é.
3. Rinneadh monatóireacht ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe GNBS (agus rioscaí lena mbaineann) i rith 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú rialta ar chomhpháirteanna éagsúla riosca an chláir chomhardaithe, na modhanna trína dtomhaistear agus trína dtuairiscítear na rioscaí sin agus measadh straitéisí malartacha chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinne an Coiste moltaí chuig an mBord áit ar theastaigh athruithe ar bheartas, ar thomhas, ar theorainneacha riosca nó ar straitéis bainistíochta riosca chun riosca a mhaolú chuig leibhéal infhulaingthe agus aird chuí ar an gclár comhardaithe agus athruithe ar phunann iasachta, ar ráta úis agus ar mhargaí malartaithe eachtraigh bunúsacha GNBS.
4. Rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú rialta ar Chláir Riosca Ranna, a nuashonraíodh go leanúnach i rith 2016, agus ar a n-áirítear rioscaí oibríochtúla bunúsacha i ngnó GNBS. Chuir gach rannán athbhreithniú bliantúil i láthair dá gclár rioscaí chun rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus iomarcaíocht nó athruithe ar rioscaí reatha a shainaithint. Lean an Coiste Bainistíochta Riosca ag déanamh athbhreithniú ar bhonn rialta ar chláir riosca na Soláthróirí Seirbhíse chun forbhreathnú a fháil ar thionchar agus ar dhóchúlacht na rioscaí a bhainistíonn na haonáin seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach chuspóirí GNBS. Éilíonn an Coiste fianú rialaithe ráithiúil agus oiliúint i bhfeasacht riosca d'fhostaithe GNBS. Thacaigh Iniúchadh agus Riosca leis an gCoiste chuige sin, a chinntigh gur thuairiscigh agus go ndearna an Coiste breith ar na rioscaí ábhartha agus ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Ionchais do 2017

Beidh an bhéim ar Rioscaí Bunairgid mar thosaíocht go fóill don Choiste Bainistíochta Riosca in 2017, a chinnteoidh go bhfanann na rioscaí sin faoi athbhreithniú seasta agus go gcuirfear aon nuashonruithe nó athruithe ar na rioscaí sin in iúl don Bhord ar bhonn tráthúil agus críochnúil.

Déanfaidh Iniúchadh agus Riosca monatóireacht ar ráiteas Fonn Riosca nasctha le Rioscaí Bunairgid agus tuairisceofar orthu go rialta.

Oliver Ellingham
An Cathaoirleach

Willie Soffe
An Cathaoirleach

AN COISTE COMHAIRLEACH PLEANÁLA

Is é cuspóir an Choiste Chomhairligh Pleanála comhairle a thabhairt don Bhord ar chúrsaí pleanála agus talún agus ar chúrsaí lena mbaineann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar luacháil agus ar réadú shócmhainní GNBS agus, tríd sin, ar chomhlíonadh chuspóir agus fheidhmeanna GNBS, arna leagan amach in Ailt 10 agus 11 den Acht. Féadfaidh an Coiste moltaí a dhéanamh leis an mBord maidir le cuspóirí GNBS i ndáil le straitéisí, le treoirlínte agus le pleananna reachtúla faofa, lena n-áirítear SDZanna agus Pleananna Ceantair Áitiúla agus a dtionchar ar shócmhainní GNBS.

Tá siad seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach Pleanála: Willie Soffe (an Cathaoirleach, Comhalta Boird), Mari Hurley (Comhalta Boird), Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta Boird de bhrí oifige), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus Comhalta Boird de bhrí oifige), Mary Birmingham (an Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní), Michael Wall (Comhalta Seachtrach) agus Alice Charles (Comhalta Seachtrach).

Is ailtire agus abhcóide é an tUasal Michael Wall agus tá sé ina iarchomhalta Boird den Bhord Pleanála. Tá an-taithí pleanála ag Alice Charles Uasal agus tá sí ina comhalta d'Institiúid Ríoga na bPleanálaithe Bailte agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire i rith 2016.

I rith 2016, lean an Coiste ag díriú ar shócmhainní GNBS suite gar do phríomhláithreacha ar féidir iad a fhorbairt, lena n-áirítear SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath, SDZ Poll Beag Thiar agus na príomhláithreáin forbartha d'aonaid chónaithe lena n-áirítear SDZ Chluain Buiríosa. Thug an Coiste comhairle maidir le straitéis rannpháirtíochta seachtraí GNBS, go príomha le húdaráis phleanála, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear rannpháirtíocht i ndáil le dáileadh an Chiste Gníomhaíochtaithe um Bonneagar Tithíochta Áitiúil), soláthraithe bonneagair cosúil le Uisce Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Chuir an Coiste comhairle ar fáil chomh maith do GNBS maidir le hathruithe reachtúla/treorach atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016.

Leanann an Coiste ag cur comhairle agus treoir ar fáil do rannpháirtíocht GNBS i roinnt tionscnaimh beartais lena n-áirítear, i measc nithe eile, caidreamh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun aonaid chónaithe a chur ar fáil chun críocha sóisialta agus inacmhainne.

Cuireann an Coiste forbhreathnú ar fáil ar fhorbairt samhail léasaithe fhadtéarmaigh trí aonán sainchuspóireach GNBS (NARPS DAC) chun soláthar aonaid tithíochta sóisialta agus inacmhainne a bhrostú. Ó tionscnaíodh GNBS, soláthraíodh os cionn 2,000 aonad i gcomhair tithíocht shóisialta, trí dhíolacháin dhíreacha nó léasú fadtéarmach trí NARPS D.A.C..

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le heastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe a réiteach. Tá GNBS fós ag maoiniú na bpróiseas réitigh láithreáin atá ar siúl ag féichiúnaithe/glacadóirí, le béim ar chomhlíonadh sláinte agus sábháilteachta. De réir mar a dhíghiaráil GNBS, laghdaíodh neamhchosaint GNBS ar na forbairtí seo go suntasach agus, amhail mí Feabhra 2017, ní raibh ach 11 fhorbairt den chineál seo fós le críochnú.

Tugann an Coiste treoir freisin maidir le soláthar na sprice de 20,000 aonad cónaithe faoi dheireadh 2020 a éascú (ag glacadh le hinmharthanacht tráchtála) agus rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2016 i dtéarmaí aonaid a soláthraíodh agus aonaid atá á dtógáil agus i dtéarmaí iarratais phleanála. Is é an rún a chinntiú go mbreisítear luach sócmhainní gearrtha GNBS d'fhonn aisghabháil a uasmhéadú do cháiníocóirí fad is chuirtear le soláthar áiteanna cónaithe nua. Tá GNBS ina comhalta den Tascfhórsa Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta do Bhaile Átha Cliath agus tugann sí ionchur de réir mar is gá.

I gcomhlíonadh a fheidhmeanna, faigheann an Coiste an-chúnamh ó eolas agus ó thacaíocht Fhoireann Pleanála GNBS.

Willie Soffe
An Cathaoirleach

Mari Hurley
An Cathaoirleach

AN COISTE LUACH SAOTHAIR

Tá triúr comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus comhalta Boird de bhrí oifige amháin ar an gCoiste Luach Saothair mar seo a leanas.

- Mari Hurley (an Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Frank Daly (Cathaoirleach an Bhoird)
- Brian McEnery (Comhalta Boird)
- Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN agus Comhalta Boird ex-officio)

Bunaíodh an Coiste i mí an Mheithimh 2016, agus d'fhaomh an Bord Téarmaí Tagartha faofa i mí Mheán Fómhair 2016. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó in 2016.

Gan dochar do ról GBCN mar fhostóir Oifigigh GNBS, tá Bord GBCN freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán GBCN agus aon scéim pá/coinneála agus iomarcaíochta a bhaineann le feidhmíocht d'Oifigigh GBCN agus treoraíonn comhairle agus moltaí Choiste Luach Saothair GBCN é ina fhreagrachtaí.

Áirítear le príomhfhreagrachtaí an Choiste Luach Saothair:

- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le beartas luach saothair foriomlán GNBS.
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le haon scéimeanna pá iomarcaíochta, coinneála agus/nó feidhmíochta d'Oifigigh GNBS agus ar íocaíochtaí bliantúla iomlána le déanamh faoi aon scéim den chineál sin.
- Moltaí a dhéanamh le Bord GNBS maidir le luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Fhoireann Feidhmeannach GNBS agus aon athruithe a dhéantar orthu agus aird, i measc nithe eile, ar bheartas Rialtais agus ar riachtanais *an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016* i ndáil leis an luach saothair sin.
- Faisnéis iontaofa, cothrom le dáta a fháil maidir le luach saothair i gcomhlachtaí eile de scála agus castacht inchomparáide. Le cabhrú chun a dhualgais a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste comhairleoirí luach saothair a cheapadh agus tuairiscí, suirbhéanna nó faisnéis a choimisiúnú nó a cheannach a mheasann sé atá riachtanach ag costas GNBS ach laistigh de shrianta buiséid arna leagan ag an mBord.
- Bheith freagrach go heisiach as na critéir roghnúcháin a bhunú, Téarmaí Tagartha a roghnú, a cheapadh agus a leagan amach i gcomhair aon sainchomhairleoirí luach saothair a chuireann comhairle ar an gCoiste.
- Faireachán a dhéanamh ar phleanáil comharbais Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Fhoireann Feidhmeannach GNBS agus ar fhorbairt cheannairí reatha agus amach anseo na heagraíochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir agus ar na socruithe luach saothair maidir le cúrsaí luach saothair d'Oifigigh GNBS a aontaítear ó am go céile idir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus GBCN.

Freagracht as comhaontú le GBCN thar ceann GNBS téarmaí an chonartha (lena n-áirítear luach saothair) atá le baint le haon fhostaí aonair a tharmlig an Bord le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS gur ga dó, chuige seo, cloí le téarmaí an Bheartais Luach Saothair agus aon chinntí ábhartha eile a dhéanann Bord GNBS/ Coiste Luach Saothair GNBS.

Mhol an Coiste a Théarmaí Tagartha agus Beartas Luach Saothair GNBS don Bhord lena bhfaomhadh in 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú breise agus d'fhaomh sé na critéir agus na socruithe maoirsithe maidir le cúrsaí luach saothair d'Oifigigh GNBS a aontaítear ó am go céile idir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GNBS agus GBCN. Mhaoirsigh an Coiste Luach Saothair ceapachán an Phríomhoifigigh Airgeadais nua i mí Iúil 2016.

Tuairiscíonn an Cathaoirleach go rialta don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

Mari Hurley
An Cathaoirleach

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016

Tráth a tionscanta, ghlac GNBS leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("Cód 2009"), arna oiriúnú dá struchtúr rialachais ar leith agus do riachtanais reachtúla an Achta.

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód athbhreithnithe (an "Cód") i mí Lúnasa 2016 le dáta éifeachtach ón 1 Meán Fómhair 2016. Léiríonn an Cód athbhreithnithe athbhreithniú suntasach ar Chód 2009 chun forbairtí rialachais, tionscnaimh athchóirithe san earnáil phoiblí a thabhairt agus comhairliúcháin gheallsealbhóirí san áireamh.

Ní sháraíonn forálacha an Chóid riachtanais agus dualgais reachtúla reatha arna gcur i bhfeidhm ag, i measc nithe eile, Achtanna na gCuideachtaí, reachtaíocht um Eitic, reachtaíocht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí reachtaíocht fostaíochta nó reachtaíocht chomhionannais nó forálacha reachtúla Acht GNBS, 2009. Leagtar amach in Acht GNBS creat mionsonraithe agus fairsing reachtúil ina bhforáiltear roinnt bearta rialachais comhionann le forálacha an Chóid, lena n-áirítear, i measc nithe eile, réiteach pleananna straitéiseacha, an creat do mhaoirsiú na Roinne Airgeadais, athbhreithnithe tréimhsiúla GNBS, dualgais tuairiscithe agus chuntasaíochta, socruithe maidir le comhaltacht Boird agus ceapachán Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an córas chun foireann a chur ar fáil do GNBS. Tá an Cód á fhorfheidhmiú ag GNBS faoi réir líon teoranta mínithe (arna bhforáil sa chur chuige 'comhlíon nó mínigh' i leith glacadh leis an gCód) a bhainfidh amach, i ngach cás, cuspóirí an Chóid trí bhearta reachtúla nó rialachais malartacha.

Nuair is gá, mar chuid dá fhorfheidhmiú den Chód seo, chuir GNBS socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis an gCód, agus déantar athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta ar bhonn tréimhsiúil lena chinntiú go gcloítear leis an gCód mar aon leis an dea-chleachtas i rialachas corparáideach. Tiocfaidh éabhlóid ar ghlacadh Bhord GNBS le Cód 2016 de réir an dea-chleachtais bhunaithe.

Nochtadh agus Cuntasacht

Riachtanais nochta

Tá comhaltaí Boird GNBS faoi réir roinnt riachtanas maidir le nochtadh leasanna lena n-áirítear Ailt 30 agus 31 den Acht, Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Alt 5.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

Éilítear in Alt 30 den Acht ar chomhaltaí Boird nádúr aon leasa airgid nó aon leasa thairbhiúil eile atá acu in aon ábhar atá faoi bhreithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí a bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an t-ábhar faoi bhreithniú agus coisctear iad ó aon vótáil a fhéadfar a dhéanamh ar an ábhar sin.

Cuirtear comaoin in Alt 31 den Acht ar gach comhalta Boird de chuid GNBS agus ar gach Stiúrthóir ar aonáin ghrúpa GNBS fógra a thabhairt do GNBS go bliantúil ar gach leas inchláraithe de réir an tsainmhínithe a thugtar san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Tá na comhaltaí Boird, comhaltaí coistí arna mbunú faoi Ailt 32 agus 33 den Acht agus Stiúrthóirí aonáin ghrúpa GNBS ina stiúrthóirí sainithe de bhun an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 arna leasú ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 ('Achtanna um Eitic') agus éilítear orthu cloí le hAlt 17 de na hAchtanna um Eitic i ndáil le nochtadh leasanna.

Éilítear ar Bhord agus ar Choiste GNBS chomh maith cloí le hAlt 5.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

Comhaltaí foirne atá sannta do GNBS

Tá dualgais ar chomhaltaí foirne a shanntar do GNBS nochtadh a dhéanamh ar leasanna de bhun Alt 13 (b) d'Acht Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú), Alt 18 de na hAchtanna um Eitic agus Alt 42 den Acht.

Anuas air sin, tá comhaltaí foirne a shanntar do GNBS faoi réir Cód Cleachtais – Iompraíocht Oifigeach GNBS atá faofa ag an Aire Airgeadais faoi Alt 35 den Acht, ina leagtar amach a ndualgais i ndáil le nochtadh leasanna, rúndacht, cosaint sonraí, agus trádáil chos istigh.

Éilítear ar chomhaltaí foirne a shanntar do GNBS gealltanas a shíniú go gcloífidh siad le forálacha an Chóid Cleachtais agus tá oiliúint chomhlíonta rialta éigeantach don fhoireann ar fad.

Cuntasacht GNBS

I gcomhlíonadh a fheidhmeanna, is gá do Bhord GNBS cloí lena oibleagáidí faoin Acht agus tá sé faoi réir leibhéal ard cuntasachta poiblí.

1. Cuireann GNBS tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid an Aire Airgeadais ar a gníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo faisnéis ar a hiasachtaí, ar a socruithe maoinithe agus ar a hioncam agus ar a caiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithiúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
2. Cuireann GNBS cuntais bhliantúla isteach, i bhfoirm a ordaíonn an tAire Airgeadais, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna cuntais: liosta de gach urrús fiachais a eisíodh, liosta de gach airleacan a rinneadh ón bPríomh-Chiste nó a rinne GNBS agus a n-aonáin ghrúpa agus liosta de phunanna sócmhainní lena luacháil leabhair. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
3. Mar aon lena gcuntais bhliantúla, éilítear ar GNBS, faoi Alt 53 den Acht, Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais, ina leagtar amach a cuid cuspóirí atá beartaithe do gach bliain, raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh, a cuid straitéisí agus beartas agus an úsáid acmhainní atá beartaithe aici. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
4. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach agus tugann siad fianaise, nuair a éilíonn an Coiste um Chuntais Phoiblí. Tagann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach os comhair coistí eile an Oireachtais freisin nuair a éilítear a leithéid orthu.
5. Féadfaidh an tAire Airgeadais a éileamh ar GNBS tuairisc a thabhairt dó ag am ar bith ar aon ábhar, lena n-áirítear feidhmíocht a cuid feidhmeanna nó eolas nó staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.
6. D'ullmhaigh GNBS cóid chleachtais de réir Alt 35 den Acht chun ábhair áirithe a rialú, lena n-áirítear iompar a cuid oifigeach, caighdeáin seirbhísithe le haghaidh sócmhainní bainc a fuarthas, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an chaoi a gcuirfeadh GNBS leasanna tráchtála na mbanc neamh-rannpháirteach san áireamh. D'fhaomh an tAire Airgeadais na cóid chleachtais agus foilsíodh iad ar www.nama.ie/CodesOfPractice.
7. De réir Ailt 226 agus 227 den Acht, tar éis an 31 Nollaig 2012, b'éigean don Aire agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar leithligh méid an dula chun cinn a rinne GNBS maidir lena cuid cuspóirí foriomlána a chomhlíonadh a mheas. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar dhul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú air gach trí bliana. Foilsíodh an chéad Tuarascáil um Dhul chun Cinn de bhun Alt 226 i gcás GNBS ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Bealtaine 2014 agus foilsíodh Athbhreithniú de bhun Alt 227 ón Aire i mí Iúil 2014. Tá a dhara Tuarascáil de bhun Alt 226 don tréimhse trí bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015 á réiteach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi láthair.

Bainistíocht Riosca

RIOSCAÍ BUNAIRGID AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Tá GNBS neamhchosanta ar réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil na Gníomhaireachta agus a cáil. Tá cur chuige comhtháite i mBeartas Bainistíochta Riosca GNBS atá faofa ag an mBord, lena chinntiú go sainaithnítear gach aicme ábhartha riosca ionas go n-ailínítear straitéis agus cur i bhfeidhm gnó chun an riosca le baint amach Plean Straitéiseach GNBS a íoslaghdú. Bunaítear na próisis chun riosca a shainaithint, a mheas, a luacháil, a thomhas, a thuairisciú agus a mhaolú sa Chreat Bainistíochta Riosca. Shainaithin GNBS na rioscaí bunairgid agus neamhchinnteachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar bhaint amach a cuspóirí.

1 Riosca maicreacnamaíoch agus réadmhaoine

Riosca nach mbeifí in ann dualgais fiachais agus cothromais GNBS a bhaint amach mar gheall ar shuaitheadh intíre nó idirnáisiúnta airgeadais nó maicreacnamaíoch. Má theipeann ar gheilleagar agus ar mhargadh réadmhaoine na hÉireann aisghabháil iomlán agus inbhuanaithe a dhéanamh nó má thagann meath in áiteanna eile ina bhfuil neamhchosaint ag GNBS, go príomha sa Ríocht Aontaithe, d'fhéadfadh an sreabhadh airgid a réadaíonn GNBS a bheith níos ísle ná mar a tuaradh.

2. Riosca caipitil dhaonna

Má fhágann comhaltaí foirne tábhachtacha le scileanna speisialta GNBS, méadaíonn sé riosca na Gníomhaireacht nach mbainfeadh sí amach a cuspóirí. Dá dteipfí ar chomhaltaí foirne tábhachtacha, a bhfuil an taithí agus saineolas riachtanach acu, a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil chaillfí eolas corparáideach, bheadh baic chumais ar sholáthar sócmhainní le díol agus/nó d'fhéadfadh luachanna réadaithe sócmhainne a bheith níos ísle.

3. Rioscaí SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath

Is é seo an riosca go dteipfeadh ar GNBS a phleananna do SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a sholáthar. B'fhéidir nach mbainfidh GNBS a cuspóirí amach, lena n-áirítear riachtanas reachtúil Acht GNBS chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát, má thagann rioscaí áirithe chun cinn ar nós moill ar chead pleanála a fháil, moill ar bhonneagair tacaíochta a sholáthar, agus iomaíocht mhargaidh.

4. Rioscaí Forbartha Cónaithe

Is é an riosca atá ann, má theipeann ar GNBS a sprioc chun soláthar 20,000 aonad cónaithe a mhaoiniú faoi dheireadh 2020, d'fhéadfaí drochthionchar suntasach a imirt ar chumas GNBS a chuspóirí a bhaint amach lena n-áirítear riachtanas reachtúil Acht GNBS chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát.

5. Riosca clú

Is é seo an riosca go bhféadfadh tuairim dhiúltach phoiblí, pholaitiúil nó thionscail drochthionchar a imirt ar chroí-ghníomhaíochtaí gnó GNBS, ar ionchais airgeadais agus an bonn a bhaint de chumas na Gníomhaireachta a cuspóirí a bhaint amach.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca monatóireacht rialta ar na rioscaí bunairgid agus tuairiscítear aon athruithe ar an bpróifíl riosca nó nuashonruithe suntasacha don Bhord ar bhonn tráthúil. Tugtar cuireadh do shaineolaithe ábhair cur i láthair a dhéanamh don Choiste Bainistíochta Riosca ar bhonn rialta lena chinntiú go ndéantar breith chuí ar gach gné de na rioscaí sin.

Tá próisis láidre riosca i bhfeidhm ag GNBS chun riosca a bhaineann lena gnó a bhainistiú chun an fhéidearthacht go dtarlódh caillteanais shuntasacha gan choinne a laghdú, agus chun tionchar na gcaillteanas gan choinne a laghdú. Cuirtear rioscaí a aithníonn an bhainistíocht in ord tosaíochta de réir dóchúlachta agus tionchair. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an stádas riosca agus ar mheasúnú na bainistíochta, lena n-áirítear pleananna gnímh rialaithe, go rialta. Tá dúshlán ar an mbainistíocht rioscaí nár cuireadh san áireamh cheana a aithint. Ceapadh straitéisí freagartha GNBS i leith gach riosca lena chinntiú go bhfeidhmíonn GNBS laistigh de lamháltas riosca trí riosca a sheachaint, an riosca a aistriú nuair is féidir, dóchúlacht agus/nó tionchar an riosca a laghdú nó glacadh leis an riosca faoi réir athbhreithniú leanúnach. Molann an Coiste Bainistíochta Riosca don Bhord glacadh le beartais nua nó le hathruithe ar bheartais reatha, glacadh le straitéisí fálaithe chun riosca cláir chomhardaithe áirithe a bhainistiú agus paraiméadair do dhíghiaráil an chláir chomhardaithe trí fhuascailtí bannaí mar fhreagra ar thionchair agus ar chúinsí inmheánacha agus seachtracha atá ag athrú.

Tá na neamhchinnteachtaí a spreagann rioscaí a bhaineann le comhdhéanamh chlár comhardaithe GNBS fós ag laghdú de réir mar a chuirtear an straitéis chun luach airgid a chur ar phunann iasachta GNBS i bhfeidhm. Is riosca óna dteastaíonn aire go fóill í an tsamhail oibríochtúil agus an brath ar scileanna ríthábhachtacha a choinneáil. Tá próifíl riosca GNBS athraithe go leanúnach de réir mar a d'éirigh na croí-phróisis agus córais bunaithe agus leabaithe i gcroí na ngníomhaíochtaí eagraíochtúla oibríochtúla.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

An Bord agus faisnéis eile	64
Tuarascáil an Bhoird	65
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	66
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	72
Ráiteas ioncaim comhdhlúite	74
Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh	75
Ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta	76
Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais	77
Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais	78
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	79
Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas	80
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	81
Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid	83
Nótaí le na ráitis airgeadais	84
Gluais na dtéarmaí	157

An Bord agus Faisnéis eile

Bord

Frank Daly *(Cathaoirleach)*

Brendan McDonagh *(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)*

Conor O'Kelly[1]

Oliver Ellingham

Mari Hurley

Brian McEnery

Willie Soffe

Oifig Chláraithe

Foirgneamh an Státchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

D02 XN96

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid an Dáma

Baile Átha Cliath 2

Citibank

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

Bainc-Aontas Éireann cpt

Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 XN96

Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

1 *Is ball ex-officio de Bhord GNBS é Príomhfheidhmeannach GBCN.*

Tuarascáil an Bhoird

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an Ghníomhaireacht' nó 'GNBS') a thuarascáil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um an GNBS i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Tá na ráitis airgeadais leagtha amach ar leathanaigh 74 go 156.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta as na Ráitis Airgeadais

Tá Bord GNBS freagrach as ráitis aigeadais an Ghrúpa agus an Gníomhaireacht de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) mar a ghlac an tAontas Eorpach, léirmhíniúcháin and Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CLCITA) agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá sé mar dhualgas ag an mBord faoin tAcht fán nGníomhaireacht um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ('an tAcht') ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena cuid oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais freisin.

Tá an Bord den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom ar shóchmhainní, dliteannais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag deireadh an bhliain airgeadais agus ar bhrabúis agus caillteanais an bhliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Bhord faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ráiteas a thabhairt faoi cibé acu a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótái; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh (féach beartas cuntasaíochta 2.1).

Tá an Bhord freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais ('an tAire'), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Bhord freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca praghas eile) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 21 go 23 leis na ráitis airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird

Níl aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

Iniúchóir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird

28 Aibreán 2016

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feisdhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS'). Tá an Bord agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de Ghrúpa an GNBS.

Baineann na torthaí a gcuirtear i láthair anseo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016, le torthaí comparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe

Foráiltear san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (an 'tAcht') gur iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

a) A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;

b) Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;

c) A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach.

Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach; Coiste Iniúchóireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá fhochoistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithnithe rialta. Tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach tríd an Beartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe atá a chuirtear faoi aithbhreithniú rialta. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá chlár comhardaithe agus dá bheartais státchiste tarmligthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Tá léirmheas agus breathnú de gnáth tuairisciú an Coiste Iniúchóireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an Iniúchóir Inmheánaigh), an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Creidmheasa, An Coiste Airgeadais agsu Oibriúcháin, an Coiste Luach Saothair, an Ceannasaí Iniúchóra agus Riosca agus an Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach chun an Bhord san áireamh i monatóireacht éifeachtacht rialú inmheánach an Bhoird.

Ghlac an Bord chucu féin an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2009 (Cód 2009) a cuireadh in óiriúnt dá struchtúr rialacháin agus riachtanais reachtúil an tAcht. Rinne antAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an cód athbhreithnithe a sheoladh i Lúnasa 2016le dáta éifeachúil de 1 Meán Fómhair 2016. Tá an Bord ag cuir an Cód i bhfeidhm óna dháta éifeachúil, faoi réir uimhir míniúcháin teoranta (mar a fhoráiltear sa gcur chuige 'cloí nó mínigh' a glacadh leis sa Chód) a bhaineann amach, i ngach cás, cuspóirí an Chód tríd beart reachtúil agus rialachas malartach. Áit ar ghá, mar pháirt do cuir i bfheidhm an Cód, tá socruithe curtha in áit ag GBNS chun comhlíonadh an Cód a chinntiú agus déanann sé athbhreithniú ar a pholasaithe agus a ghnáthamh ar bhun thréimhsiúl le comhlíonadh an Chód a chinntiú chomh maith le dea-chleachtas i rialachas corparáideach.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtrachaagus an Beartas Frithchalaoise a chur i bhfeidhm.

Déanann an bord athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar Beartas Frithchalaoise GNBS agus is i Samhain 2016 is deireannaí a d'fhaomhaigh an Bord é. Faoin mbeartas seo ní mór an Coiste Iniúchóireachta a chur ar an eolas maidir le gach tuairisc a bhaineann le calaois nó calaois amhrasta. Tá Beartas ag GNBS freisin a bhaineann le "Éagóiritheoireacht" a Thuairisciú agus le Nochtadh Faisnéise a Chosaint, a dhéanann an Bord athbhreithniú ar bhonn bliantúil air agus is i Bealtaine 2016 is deireannaí a d'fhaomhaigh an Bord é. Roimhe sin ghlac GNBS le Beartas de chuid an GBCN a bhain le "Éagóiritheoireacht" a Thuairisciú agus le Nochtadh Faisnéise a Chosaint. Faoin mbeartas déantar prionsabail dea-rialachais chorparáidigh a chur chun cinn trí nós imeachta a leagan amach chun imní faoi éagóiritheoireacht fhéideartha, laistigh de mhíniú an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, a thuairisciú agus aghaidh a thabhairt air. Tá feidhm ag an mbeartas maidir le gach "oibrí" de chuid GNBS agus tá foráil ann do nochtadh faisnéise ábhartha, go hinmheánach trí bhainisteoir líne nó Ceannasaí Comhlíontachta nó go seachtrach trí "Dhuine Ainmnithe". Éilítear ansin ar an gCeannasaí Comhlíontachta agus an Duine Ainmnithe tuairisc a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta. Tá an Coiste Iniúchóireachta freagrach as úinéireacht an Bheartais um Éagóiritheoireacht a Thuairisciú agus Nochtadh a Chosaint sa mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna an GNBS, maoirseacht ar a fhorfheidhmiú ó thaobh na feidhmeanna sin de agus maoirseacht ar fhiosrúcháin, lena n-áirítear teagmháil leis an gCeannasaí Comhlíontachta GBCN lena chinntiú go ndéantar aon tuairisc a fhaightear a mheas agus a fhiosrú i gceart.

De réir Roinn 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 foilsíonn GNBS tuarascáil ar a suíomh gréasáin i Meitheamh gach bliain a bhainneann leis an méid nochtaithe cosanta a rinneadh sa bhlian roimhe agus aon gníomh a glacadh mar fhreagra ar a léithead.

Tá Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach ag an GNBS atá, i gcomhar leis an bPriomhoifigeach Feidhmiúcháin, freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínithe agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá Cóid Chleachtais comhaontaithe leis an Aire Airgeadais (an tAire) de réir Alt 35 den Acht, lena n-áirítear inter alia Cód ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS. Déanann an Bord athbhriethniú bhliantúil ar na Cód Cleachtais cuirtear aon leasú faoi bhráid an Aire lena gceadú roimh foilsiúchán ar shuíomh ghreásáin GNBS.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear GBCN, Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita') Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann cpt). Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas dea-fhorbartha um rialú inmheánach ag GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo.
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS le Capita agus leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha le haghaidh tuairisciú teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe.
- Loirgeann agus faigheann an GNBS dearbhuithe ó GBCN, Capita agus Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann cpt go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais i ndáil foráil seirbhísí do GNBS.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe, ag cinntiú go bhfuil na rioscaí seo á bhfeidhmiú laistigh de theorainneacha faofa an Bhoird.

Tá Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithnítear agus ina rangaítear rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Déanann Ceann Rannáin athbhreithniú ar chláir rioscaí roinne ar bhun ráithiúil agus cuirtear fianuithe sínithe isteach go feidhm Iniúchta agus Riosca GBNS. Déanann feidhm Iniúchta agus Riosca agus Coiste Bainistíochta Riosca GBNS athbhreithniú ar na cláir rioscaí seo.

Comhcheanglaítear na cláir rioscaí roinne le clár riosca iomlán an slánaonad a chruthú a dhéanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhriethniú air ar bhun ráithiúil agus an Bord ar bhun leathbhliantúil. Éilítear ar an Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach, ar bhun ráithiúil, oibríochtaí rialuithe comhaontaithe ina roinne le riosca a bhainistiú agus a mhaolú a fhianú.

D'aithin an Coiste Bainistíochta Riosca cúig phríomhriosca a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an GNBS a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

- Suaitheadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta
- Caillteanas ábhair de chaipiteal daonna
- Soláthar pleananna réadmhaoine cónaithe nó Chrios Forbartha Straitéisí Cheantar na nDugaí
- Tráthú agus ráta dhíghiaráil na punainne
- Damáiste ar an gcáil

Tá na Príomhrioscaí á n-athbhreithniú go leanúnach ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus déantar aon athruithe a thuairisciú do Bhord an GNBS ag an am céanna. I Mí Aibreáin 2016, d'fhaomhaigh Bord an GNBS Ráiteas Éilimh ar Riosca do gach ceann de na Príomhrioscaí a shainíonn claonadh GNBS chun rioscaí áirithe a ghlacadh lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Agus an dul chun cinn suntasach déanta ag NAMA go dáta, d'aontaigh an Bord agus an Coiste Bainistiú Rioscar an phríomh riosca a bhaineann le uainiú agus ráta athghiaráil a bhaint amach i Samhain 2016

Cuireann Capita agus Bainc-Aontas Éireann cpt cláir rioscaí ar fáil gach ráithe ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe leis an GNBS.

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú lena tuairisciú airgeadais míosúil, ráithiúil agus bhliantúil agus d'ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite agus na Gníomhaireachta a ionchorpraíonn na próisis agus na rialuithe uile a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo. Tá próiseas comhdhlúthúcháin atá go hiomlán uathoibríoch i bhfeidhm ag GNBS.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Cuireann an GNBS feabhsuithe go leanúnach i bhfeidhm ar a córais faisnéise bainistíochta d'fhonn tuairisciú feabhsaithe a éascú chuig an mBord, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach maidir lena feidhmíocht. Leanann an GNBS ag déanamh forbartha ar fhaisnéis bainistíochta chun tacaíocht a thabhairt don GNBS lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, ar nós soláthar tithíochta cónaithe agus soláthar forbartha i gcrios forbartha straitéisí Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áirítear ina measc seo inter alia faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgid nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais sonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás i ndáil lena leithéid. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as beartais um Aisghabháil Sócmhainní a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird, agus soláthraíonn sé ról maoirseachta maidir le mórchinntí creidmheasa déanta faoi leibhéal údaráis tarmligthe an Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhFaisnéis Bainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um Aisghabháil Sócmhainní, Bainistiú Sócmhainní agus Soláthar Tithíochta Cónaithe i ndáil le punann an GNBS lena chinnteoireacht a thacú.

Soláthar

Tá polasaí soláthair agus doiciméad Teoir agus Ghnáthaimh Soláthair curtha ar bun ag GNBS a dhéantar athbhreithniú air agus a chuirtear i láthair an Bhoird le formheas gach bliain. Comhlíontar riachtanais soláthair GNBS de réir na doiciméad thuasluaite, a ghlacann le reachtaíocht soláthar ábhartha agus dea-chleachtas.

I litir chuig an Roinn Airgeadais maidir le cuir i bhfeidhm an Chód, leag GBNS amach nach mbeartaíonn sé cloígh le na rialacha nó treoir soláthair leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais mar gheall ar na fáthanna leagtha amach thíos:

- Tá Polasaí Soláthair GNBS comhseasmhach le prionsabail na treoir éagsúla leagtha síos ag an OSR, ach amáin i leith an chuid sin de Imlitir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 10/2014 ina néilítear go bhfógraítear gach soláthar that €25,000 ar an suíomh gréasáin soláthar náisiúnta www.eTenders.gov.ie. Nuair a chuirtear san áireamh fo gníomhaíonn GBNS i dtimpeallacht tráchtála agus go gcaithfidh sé a iomaíochas tráchtála a chothbháil, ghlac GNBS prósis malartach a dhéanann iarracht luach ar airgead barrmhaith a chuir ar fáil óna soláthar agus ag an am chéanna ag cur fachtóirí eile san áireamh ina measc, éifeachtúlachtaí gnóthaithe ó phainéal a úsáid, rúndacht, coinbhleacht leasa agus amlínte ar sheachadadh seirbhísí. I gcásanna áirithe, faoi Polasaí Soláthar GBNS, cinnítear go bhfuil sé oiriúnach maolú ceadaithe cuí a fháil ó pholasaí soláthar GNBS (i. gan próiséas tairsceana iomaíoch a reachtáil) m.sh. in ábhar rúnda, an-íogar, áit a bhuil ceisteanna comhlint leasa, ar son tairbhe nó áit a bhfuil eolas reatha roimh ré ag na soláthróirí seirbhíse ar an fiachach/ sócmhainn
- Leanfaidh GNBS ag cloígh lena Polasaí Soláthar a chreideann GNBS atá dóthanach le cuspóirí caiteachas poiblí an Chód a bhaint amach le leibéal ard trédhearcacht i soláthar tríd a bpróisis agus úsáid an córas ríomhthairiscint agus Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach nuair is gá.

Tá GNBS faoi réir Treoir AE 2014/24/EU atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin an AE (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Dhámhachtain) 2016 (na "Rialacháin"), maidir le soláthar earraí, oibriúcháin agus seirbhísí thar luach tairsí áirithe leagtha amach ag an AE. Nuair nach bhfuil feidhm le na Rialacháin - mar go bhduil luach an soláthar faoi tairsú an AE nó nuair atá sé lasmuigh den Rialacháin – tógann GNBS próiséas i gcúram atá deartha leis an luach airgead is fearr a bhaint amach. Ach amháin nuair nach mbaintear le na Rialacháin, ceadaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Bord GNBS ag bráth ar luach an chonartha aon maolú a thugtar ar phróiséas agus nósanna soláthar GNBS.

Ní hionann úsáid maolú agus neamhchomhlíonadh polasaí soláthar GNBS mar gur cúinsí iad ina bhfuil cead ag GNBS briseadh le poslasaí soláthar agus gan próiséas iomaíoch tairisceanna a reachtáil. Baineann reachtaíocht an AE le conarthaí atá thar tairseach an AE agus ceadaíonn Rialacháin Soláthar an AE 2016 maolú ó phróiséas iomaíoch tairisceanna AE i gcúinsí iontach teoranta. Níor cheadaigh GNBS aon maolú ó phróiséas iomaíoch tairisceanna AE le linn na bliana tuairiscithe.

Cheadaigh an Phríomhoifigeach Fheidhmeannach maolú le luach €3.5m (2015: €3.4m) le linn no bliana. Bhí an méid seo ó mhaolaithe ó chreatlach atá ann cheanna féin in áit €2.3m (2015: €1.9m), inar ceapadh solárthaí seirbhíse go díreach ó phainéal chreatlach atá ann cheanna féin gan mion-phróiseas tairisceana a reachtáil. Is ceapaithe díreach go solárthaí seirbhíse é an iomlán €1.2m (2015: €1.5m) de maolaithe fágtha agus is eisceacht ceadaithe faoi Polasaí Soláthar GNBS iad. Cuimhníonn agus ceadaíonn an Phríomhoifigeach Fheidhmeannach réasúnaíocht aon maolú agus cuirtear chuig an Coiste Airgeadis agus Oibriúcháin é. Ceadaíonn an Bord maolaithe atá thar luach áirithe. Tá miondealú ar an creatlach agsu na maolaithe polasaí soláthar curtha ar fáil sa tábla thíos.

Tábla 1.1 - Maolaithe bronntha ó phainéal creatlacha reatha

Fáth Maolaithe	Uimhir Conarthaí 2016	Luach €'000 2016	Uimhir Conarthaí 2015	Luach €'000 2015
Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	29	2,027	16	1,372
Níor cheadaigh práinneacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	10	252	14	368
Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	-	-	1	200
Iomlán	**39**	**2,279**	**31**	**1,940**

Tábla 1.2 - Maolaithe bronntha ó phainéal creatlacha reatha de réir Roinne

Roinn	Fáth Maolaithe	Uimhir Conarthaí 2016	Luach €'000 2016	Uimhir Conarthaí 2015	Luach €'000 2015
Dlíthiúil	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	27	1,873	16	1,372
	Níor cheadaigh práinneacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	10	252	10	300
Teicneolaíocht Faisnéise	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	2	154	-	-
	Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	-	-	1	200
Aisghabháil Sócmhainní	Níor cheadaigh práinneacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	-	-	3	43
Dócmhainneacht	Níor cheadaigh práinneacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	-	-	1	25
Iomlán		**39**	**2,279**	**31**	**1,940**

Tábla 2.1 - Maolaithe bronntha ó Pholasaí Soláthar GBNS

Fáth Maolaithe	Uimhir Conarthaí 2016	Luach €'000 2016	Uimhir Conarthaí 2015	Luach €'000 2015
Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	14	700	15	838
Práinneacht an obair de dhíth	7	421	10	625
Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	4	128	-	-
Iomlán	**25**	**1,249**	**25**	**1,463**

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Tábla 2.2 - Maolaithe bronntha ó Pholasaí Soláthar GBNS de réir Roinne

Roinn	Fáth Maolaithe	Uimhir Conarthaí 2016	Luach €'000 2016	Uimhir Conarthaí 2015	Luach €'000 2015
Dlíthiúil	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	3	75	8	249
	Práinneacht an obair de dhíth	1	25	6	486
	Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	1	13	-	-
Teicneolaíocht Faisnéise	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	4	297	6	534
	Práinneacht an obair de dhíth	2	209	1	25
	Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	2	15	-	-
Aisghabháil Sócmhainní	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	4	144	1	55
	Práinneacht an obair de dhíth	1	32	1	14
Bainistíocht Sócmhainní	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	1	15	-	-
	Práinneacht an obair de dhíth	1	10	1	85
	Níor cheadaigh rúndacht nó íogaireacht na hoibre go leor ama le mion-phróiseas tairisceana a reachtáil	1	100	-	-
Corparáideach	Úsáid ionad mhór le foireann a shuigh do imeacht	1	15	1	15
Seachadadh Cónaithe	Eolas roimh ré ag soláthraí seirbhíse ar an fhiachach/sócmahinní	2	169	-	-
	Práinneacht an obair de dhíth	1	130	-	-
Iomlán		**25**	**1,249**	**25**	**1,463**

Coráis agus Infreastruchtúr Teicneolaíocht Faisnéise

Leanann GNBS cur chuige struchtúrtha i tabhairt faoi tionscadail córais ghnó atá rialaithe ag mion-doiciméid solártha. Le linn 2016 rinneadh clár feabhsa in áit athraithe shúntasach ar na croí córais. Sé sin Stór Iasachtaí GNBS, an Córas Bainistíocht Punann, an Córas Bainistíocht Doiciméad agus an Córas Bainistíocht Faisnéise. Tá smachtanna ag GNBS i leith rochtain teicneolaíocht faisnéise a fháil ar fhostaigh nua, athraithe i gceartanna rochtain ó atharaithe foirne nó tar éis ball foirne éirí as a fhógrú. Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ráithiúil ar rochtain chuig córais agus sonraí agus tuairiscítear go Foireann Tacaíochta Córais Gnó GNBS é.

Chuir GNBS creatlach oiriúnach i bhfeidhm le cinntiú go gcloíonn sé le Achtanna um Chosaint Sonraí. Mar pháirt den creatlach seo tá córais agus smachtanna le fáil ar shonraí a shrianadh. Nuair a thugann GNBS sáruithe nó sáruithe líomhnaithe faoi deara, scrúdaítear iad go hiomlán agus déantar iad a thuairisciú do na húdaráis cuí nuair is gá.

Tuirisceáil Airgeadais agus Bainistíochta

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Soláthraíonn an GNBS measúnú rialta ar a hioncaim agus costais iarbhír go buiséid don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht freisin ar fhorbairt agus forfheidhmiú chórais an GNBS.

Cuireann an GNBS faisnéis airgeadais agus feidhmíochta míosúil, ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Bhoird agus cuirtear faisnéis airgeadais agus feidhmíochta ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Aire Airgeadais freisin mar atá riachtanach faoin Acht.

Lena chois sin, soláthraíonn an GNBS faisnéis bhainistíochta don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach, don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus don Bhord i ndáil le feidhmíocht na bhféichiúnaithe agus na punainne iasachtaí.

Iniúchadh Inmheánach

Gníomhaíonn PwC mar Iniúchóir Inmheánach GNBS. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iniúchóir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2016. De réir an phlean seo, tá roinnt iniúchtaí déanta ag an Iniúchóir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta nuashonruithe, ar bhonn rialta, ar stádas na saincheisteanna tugtha chun solais ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna úd.

Monatóireacht Feidhmíocht Soláthraithe Seirbhíse

Tá próisis bunaithe ag an GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann cpt agus Capita mar Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir, lena n-áirítear tuairiscí seirbhíse míosúla, athbhreithnithe seirbhíse rialta agus Coistí Stiúrtha a bhunú. Tá coistí stiúrtha bunaithe do Bainc-Aontas Éireann cpt agus Capita mar Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir, agus tagann siad lena chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta agus oibriúcháin. Bunaíodh Coiste Seirbhíse GNBS/GBCN i 2014 agus casann an choiste le chéile nuair is gá le linn na bliana le maoirseacht a dhéanamh ar seachadadh seirbhísí comhroinnte curtha ar fáil ag an GBCN go GNBS agus monatóireacht a dhéanamh ar na costais tabhaithe.

Tuairisciú Poiblí

Tá feidhm Straitéis agus Cumarsáid bunaithe ag GNBS a bhfuil bainistíocht cumarsáid seachtrach le páirtithe leasmhara agus leis an phreas mar fhreagracht aige, le cinntiú go n-iompraíonn an Ghníomhaireacht chomh trédhearcach agus is féidir lastigh do pharaiméadar a dhualgais dlíthiúla.

Bunaíodh próisis le glacadh le, athbhreithniú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ceisteanna ginearálta an phobal, chomh maith le láimhseáil agus freagairt Ceistanna Pharlaiminteach, ceisteanna Oireachtais agus iarratias um Shaoráil Faisnéise. Tá freagracht iomlán ag Foireann Cumarsáide GNBS ar eolas a chur ar fáil do agus freagairt a thabhairt ar chesiteann an Coiste um Chuntais Phoiblí.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord i Márta 2017. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreitnhiú agus breithniú ar athraithe ón athbhreitnhiú dheirneach agus rioscaí suntasacha roimh GNBS agus a ábaltacht freagra a thabhairt ar na hathraithe i gnó agus an timpeallacht seachtrach.
- Athbhreitnhiú agus breithniú ar thuairisciú rialta an Coiste Ini¥chóra agus an Coiste Bainistíocht Riosca ar an córas smacht inmheánach.
- Athbhreitnhiú agus breithniú ar éifeachtacht próiséas tuirisciú poiblí GNBS.
- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúchóra Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a chuid oibre mar iniúchóir seachtrach.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta an Iniúchóra Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheisteanna tugtha chun solais roimhe seo óna dtuarascálacha féin agus ábhair tugtha chun solais ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leanann an Coiste Iniúchta suas freisin le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna tugtha chun solais.
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ó GBCN, Capita, Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann cpt i ndáil le feidhmiú a gcóras um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.

Frank Daly
Cathaoirleach

27 Aibreán 2017

Brian McEnery
Cathaoirleach, Coiste Iniúchóireachta

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Ghníomhaireachta de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht fán nGníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ioncaim comhdhlúite, ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh, ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um athruithe ar chothromas, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. An creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Lena chois sin, tá tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta léite agam le haithint cibé an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ó na ráitis airgeadais iniúchta nó lena dhearbhú an bhfuil aon eolas mícheart dealraitheach ábhartha ann nó aon neamhréireachtaí bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuarascáil féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir IFRSanna faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus le forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2016 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain 2016.

I mo thuairim, bhí taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta leordhóthanach le go rabhthas in ann na ráitis airgeadais a iniúchadh go agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leana mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó má thugaim faoi deara

- nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó leis an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Soláthar Neamhiomaíoch

Nochtaíonn an ráiteas faoin rialú inmheánach gur cheadaigh GNBS, i 2016, soláthat seirbhísí conraithe le luach €3.5 milliún nach raibh bunaithe ar ghnáthaimh rogha iomaíoch.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Aibreán 2017

Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Grúpa €'000
Ioncam úis agus táille	5	398,127	613,736
Costas úis agus a chosúil	6	(82,578)	(220,585)
Glanioncam úis		**315,549**	**393,151**
Ioncam eile / (costais)	7	35,181	48,275
Caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	8	(4,066)	(134,384)
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr	9	1,109,817	1,586,965
Ioncam oibriúcháin iomlán		**1,456,481**	**1,894,007**
Costais riaracháin	10	(80,044)	(111,576)
Gnóthachain / (caillteanais) / airgeadra eachtrach	11	9,293	(13,795)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		**(70,751)**	**(125,371)**
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú		**1,385,730**	**1,768,636**
Creidmheas bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	12	281,578	85,620
Brabús oibriúcháin tar éis bearnaithe		**1,667,308**	**1,854,256**
Creidmheas muirear	13	(164,603)	(28,362)
Brabús don bhliain		**1,502,705**	**1,825,894**
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**1,502,705**	**1,774,894**
Leasanna neamh-urlámhais	36,37	**-**	**51,000**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas Comhdhlúite an Ioncaim Chuimsithigh

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Grúpa €'000
Brabús don bhliain		**1,502,705**	**1,825,894**
Míreanna ar nó nár féidir a athrangú i ndiaidh brabúa nó caillteanas:			
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cánachas	*35*	72,401	300,601
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	*35*	13,516	-
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	*14,27*	(17,699)	(75,149)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais glan ó cháin		**68,218**	**225,452**
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		**1,570,923**	**2,051,346**
Ioncam cuimsitheach iomlán inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**1,570,923**	**2,000,346**
Leasanna neamh-urlámhais	*36,37*	**-**	**51,000**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas Ioncaim na Gníomhaireachta

Amhail ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Gníomhaireacht €'000
Ioncam úis agus táillí	5	1,495,779	1,657,170
Ioncam eile	7	49,719	55,846
Ioncam iomlán		**1,545,498**	**1,713,016**
Costas úis agus a chosúil	6	(2)	(58)
Costais riaracháin	10	(50,096)	(56,288)
Iomlán na gcostas		**(50,098)**	**(56,346)**
Brabús don bhliain airgeadais		**1,495,400**	**1,656,670**
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**1,495,400**	**1,656,670**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	31 Nollaig 2016 Grúpa €'000	31 Nollaig 2015 Grúpa €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	*15*	1,587,789	3,145,604
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	*15*	58,000	256,000
Sóchmhainní airgeadais ar fáil le díol	*16*	519,378	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	*17*	20,481	87,188
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	*18*	25,999	44,290
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	*19*	3,918,666	7,815,945
Sócmhainní eile	*28*	802,271	29,550
Fardail – réadmhaoin trádála	*20*	346,703	108,473
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	*25*	1,344	1,680
Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	*26*	55,500	48,211
Cáin iarchurtha	*27*	-	28,870
Iomlán na sócmhainní		**7,336,131**	**11,565,811**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	*17*	10,763	20,799
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	*18*	4,365	179,256
Dliteanais eile	*30*	27,839	69,397
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	*29*	2,590,000	8,090,000
Cáin iníoctha	*31*	534	722
Cáin iarchurtha	*27*	10,293	-
Iomlán na ndliteanas		**2,643,794**	**8,360,174**
Gnáthscair agus cúlchistí			
Gnáthscair eile	*34*	1,593,000	1,593,000
Caillteanais choinnithe	*36*	3,034,419	1,615,937
Cúlchistí eile	*35*	13,918	(54,300)
Gnáthscair agus cúlchistí atá inchurtha i leith úinéirí an Ghrúpa		**4,641,337**	**3,154,637**
Leasanna neamh-urlámhais	*36,37*	51,000	51,000
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána		**4,692,337**	**3,205,637**
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		**7,336,131**	**11,565,811**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na Gníomhaireachta ar an Staid Airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	**31 Nollaig 2016 Gníomhaireacht €'000**	**31 Nollaig 2015 Gníomhaireacht €'000**
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*15*	112	268
Sócmhainní eile	*28*	3,324,368	1,828,531
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	*25*	1,344	1,680
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	*37*	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní		**3,374,824**	**1,879,479**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	*33*	53,699	53,757
Dliteanais eile	*30*	7,449	7,446
Iomlán na ndliteanas		**61,148**	**61,203**
Cothromas			
Tuilleamh choinnithe	*36*	3,313,676	1,818,276
Gnáthscair iomlán		**3,313,676**	**1,818,276**
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		**3,374,824**	**1,879,479**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

Amhail ag 31 Nollaig 2016

31 Nollaig 2016	Nóta	Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Leasanna neamh-urlámhais Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
Iarmhéid ag tús na bliana		**1,593,000**	**1,615,937**	**(54,300)**	**51,000**	**3,205,637**
Brabús don bhliain	*36*	-	1,502,705	-	-	**1,502,705**
Díbhínn díolta ar gnáthscaireanna B	*36*	-	(367)	-	-	**(367)**
Cúpón díolta ar fhobhanna	*36*	-	(83,856)	-	-	**(83,856)**
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid	*35*	-	-	72,401	-	**72,401**
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le díol	*35*	-	-	13,516	-	**13,516**
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	*14*	-	-	(17,699)	-	**(17,699)**
Ioncam cuimsitheach iomlán		**1,593,000**	**3,034,419**	**13,918**	**51,000**	**4,692,337**
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2016		**1,593,000**	**3,034,419**	**13,918**	**51,000**	**4,692,337**

31 Nollaig 2015	Note	Gnáthscair eile Grúpa €'000	Tuilleamh coinnithe Grúpa €'000	Cúlchistí eile Grúpa €'000	Leasanna neamh-urlámhais Grúpa €'000	Gnáthscair iomlán Grúpa €'000
Iarmhéid ag tús na bliana		**1,593,000**	**(74,715)**	**(279,752)**	**-**	**1,238,533**
Brabús don bhliain	*36*	-	1,774,894	-	51,000	**1,825,894**
Díbhínn díolta ar gnáthscaireanna B	*36*	-	(386)	-	-	**(386)**
Cúpón íoctha ar fhobhannaí	*36*	-	(83,856)	-	-	**(83,856)**
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid	*35*	-	-	300,601	-	**300,601**
Gluaiseacht i gcúlchiste infhaighte	*35*	-	-	-	-	**-**
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	*14*	-	-	(75,149)	-	**(75,149)**
Ioncam cuimsitheach iomlán / (caiteachas)		**1,593,000**	**1,615,937**	**(54,300)**	**51,000**	**3,205,637**
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2015		**1,593,000**	**1,615,937**	**(54,300)**	**51,000**	**3,205,637**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na Gníomhaireachta ar Athruithe ar Chothromas

Amhail ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	**31 Nollaig 2016 Gníomhaireacht €'000**	**31 Nollaig 2015 Gníomhaireacht €'000**
Iarmhéid ag tús na bliana airgeadais		**1,818,276**	**161,606**
Brabús don bhliain airgeadais	*36*	1,495,400	1,656,670
Ioncam cuimsitheach iomlán		**3,313,676**	**1,818,276**
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		**3,313,676**	**1,818,276**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Aibreán 2017

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Grúpa €'000
Sreabhadh airgid ó oibriúcháin dhíreacha			
Iasachtaí agus infháltais			
Fáltais ó iasachtaithe[2]	*19*	5,357,333	9,018,112
Fáltais ó dhíorthaigh faighte		5,350	17,269
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe	*19*	(648,401)	(855,512)
Iasachtaí nua eisithe / faighte	*19*	-	(139,071)
Gluaiseacht i gcistí i gcúrsa bailicháin	*19*	500	1,363
Airgead tirim sealbhaithe ar son iasachtaithe		-	(125)
Ioncam táille ar iasachtaí le hiasachtaithe		12,522	31,881
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí agus infháltais		**4,727,304**	**8,073,917**
Díorthaigh			
Glan-insreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	*11*	4,651,446	9,378,362
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	*11*	(4,565,340)	(9,677,265)
Glan- eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh eile		(107,802)	(397,030)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí díorthach		**(21,696)**	**(695,933)**
Sreabha airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(103,866)	(171,207)
Cáin réamhíoctha		(168,360)	-
Ús íoctha ar urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna		(1,595)	(25,147)
Ús íoctha ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(7,955)	(473)
Díbhinn íoctha ag GINBS C.G.A. ar ghnáthscaireanna B	*36*	(367)	(386)
Cúpón íoctha ag BSN C.G.A. ar fhofhiachas eisithe	*36*	(83,856)	(83,856)
Glan-insreabhadh ar méideanna geallta mar urrús comhthaobhach le GBCN	*15*	198,000	434,000
Cistí díolta le réadmahaoin trádála a fháil		(101,019)	(79,941)
Ioncam cíosa faighte		6,489	3,481
Airgead glan (úsáidte i) / solárthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin eile		**(262,529)**	**76,471**
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		**4,443,079**	**7,454,455**

2 *Lena n-áirítear fáltais airgid neamh-diúscartha de chuid €0.4bn (2015: €0.6bn), fáltais ó dhiúscairt an urrúis chomhthaobhach urraithe i gcoinne iasachtaí in fháltais de chuid €3.8bn (2015: €5.1bn) agus fáltais ó dhíolachán iasachtaí de chuid €1.2bn (2015: €3.3bn).*

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	**Bliain a irgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Grúpa €'000**	**Bliain a irgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Grúpa €'000**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Ceannach sócmhainní airgeadais ar díol – caipiteal		(520,985)	-
Ceannach sócmhainní airgeadais ar díol – ús		(11,512)	-
Us faighte ar sócmhainní airgeadais ar díol		19,945	-
Infheistíochtaí i ionstraimí cothromais		(1,936)	(589)
Dáileacháin faighte ó ionstraimí cothromais	*7*	24,791	24,138
Díbhinní faighte ó ionstraimí gnáthscair		-	553
Airgead glan (úsáidthe i) / soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		**(489,697)**	**24,102**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fuascailt urrúis fhiachais sinsearaí	*29*	(5,500,000)	(5,500,000)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		**(5,500,000)**	**(5,500,000)**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag tús na bliana	*15*	3,145,604	1,158,692
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		4,443,079	7,454,455
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		(489,697)	24,102
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(5,500,000)	(5,500,000)
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	*11*	(11,197)	8,355
Iomlán an airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	*15*	**1,587,789**	**3,145,604**
Sócmhainní airgeadais agus comhthaobhacht airgid thirim			
Comhthaobhacht airgid thirim tugtha do GBCN	*15*	58,000	256,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	*16*	519,378	-
Iomlán		**2,165,167**	**3,401,604**

Ráiteas Na Gníomhaireachta Ar Shreabhadh Airgid

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 Gníomhaireacht €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús bainc íoctha		(2)	(1)
Táillí Boird íoctha		(439)	(438)
Cíos íoctha		(2,181)	(2,136)
Aisíocaíocht ghlan ó BISN C.G.A. le haghaidh costas		2,466	2,742
Airgead glan soláthartha/(úsáidte) i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		**(156)**	**167**
Airgead coinnithe ag tús na bliana airgeadais	*15*	268	101
Airgead glan (úsáidte i) / soláthartha ngníomhaíochtaí oibriúcháin		(156)	167
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	*15*	**112**	**268**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Tagairt na Nótaí

1.	Faisnéis ghinearálta	85
2.	Beartais chuntasaíochta shuntasacha	88
3.	Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla	98
4.	Anailís teascánach	100
5.	Ioncam úis agus táille	102
6.	Costas úis agus a chosúil	103
7.	Ioncam Eile / (Costais)	103
8.	Caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	104
9.	Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní readmhaoine agus ioncam farasbairr	105
10.	Costais riaracháin	106
11.	Gnóthachain/(caillteanais) airgeadra eachtrach	111
12.	Creidmheas bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	112
13.	Muirear cánach	112
14.	Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	113
15.	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaobhach	114
16.	Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	114
17.	Méideanna (dlite le) / ó Institiúidí Rannpháirteacha	115
18.	Ionstraimí airgeadais díorthaigh	115
19.	Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnúchán)	117
20.	Fardail – réadmhaoin trádála	119
21.	Bainistíocht riosca	119
22.	Riosca creidmheasa	125
23.	Riosca leachtachta	131
24.	Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais	134
25.	Réadmhaoin, innealra agus trealamh	138
26.	Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	139
27.	Cáin iarchurtha	139
28.	Sócmhainní eile	140
29.	Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	141
30.	Dliteanais eile	141
31.	Cáin iníoctha	142
32.	Tiomantais agus dliteanais theagmhasacha Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	142
33.	Tiomantais agus dliteanais theagmhasacha	143
34.	Gnáthscair eile	143
35.	Cúlchistí eile	144
36.	Réiteach cúlchistí agus ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí	145
37.	Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais ghrúpa	146
38.	Nochtadh páirtithe gaolmhara	147
39.	Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta	150
40.	Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe	156
41.	Faomhadh na ráiteas airgeadais	156

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht i Samhain 2009.

Faoin Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais, i mí na Nollag 2009.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ag an dáta tuairisciú tá gach iasacht ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhainistiú ag GNBS. Ní sholatraíonn Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Capita ach seirbhísí riaracháin amháin.

Mar gheall ar chúiseanna banistíocht inmheánach agus le Stráitéis an Bhoird and GBNS a ailíniú rinneadh trí aonad ghnó de bhun-punann GNBS: Deleverage, Dublin Docklands Strategic Development Zone (SDZ) agus Seachadh Cónaithe.

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS), Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BSN), Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN), Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN), National Asset North Quays D.A.C. (NANQ), Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT), Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (NAJVA), Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BRSN), Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SRCSN), Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC), Gabháltais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (faoi Leachtú Toilteanach) (GFSNT), RLHC Resort Lazer SGPS, SA (RLHC I) and RLHC Resort Lazer II SGPS, SA (RLHC II).

Ar 18 Nollaig 2014, rinne na baill den GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) an GFSNT a leachtú. Ós rud é go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus go bhfuil smacht aige anois ar GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus a fhochuideachtaí, ní dhéantar GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach), RLHC I agus RLHC II a chomhdhlúthú isteach i dtorthaí an GNBS ag dáta an tuairiscithe. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Nóta 37.4.

Tugtar achoimre ar an nGrúpa agus an gaol idir aonáin de Ghrúpa an GNBS i gCairt 1.

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A.

Ionchorpraíodh GINBS ar an 27 Eanáir 2010. Is í GINBS an chuideachta trínar infheistíonn infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 51% de scaireanna na cuideachta ag an GNBS. Is ag infheisteoirí príobháideacha atá an 49% eile de scaireanna na cuideachta.

Tá E49m infheistigh ag an GNBS i GINBS, ag fáil 49 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna A. Infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51m eile sa GINBS, le sciar 51 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna B á fháil ag gach ceann acu. Faoi théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBS a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBS agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBS mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Ionchorpraíodh BSN ar an 27 Eanáir 2010. Tá BSN freagrach as an fofhiachas agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas a eisiúint, a n-úsáidtear mar chomaoin in éadáil sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá urrúis fiachais arna ráthú ag an Rialtas eisithe ag BSN liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann.

Aistríodh na hionstraimí fofhiachais agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas chuig SGBSNT agus d'aistrigh SGBSN iad chuig BISN. D'úsáid BISN na hiontraimí fiachais seo mar chomaoin do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Tá aon fhochuideachat déag ag BSN:

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Gníomhaíonn SGBSN mar an chuideachta sealbhaíochta don aon fhochuideachta déag dá cuid, BISN, SBSN, NAJVA, BRSN, NANQ, SRCSN, GFSNT agus NALHL (i Leachtú Toilteanach), RLHC I agus RLHC II.

Ionchorpraíodh SGBSN ar an 27 Eanáir 2010. Faigheann SGBSN na hionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BSN faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus dá réir sin, cuirtear na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BISN faoi réir téarmaí comhchosúla. Tá SGBSN faoi lánúinéireacht BSN.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Ionchorpraíodh BISN ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BISN na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a choinneáil, agus a bhainistiú. tá fochuideachta nua amháin ag BISN, is é sin NANQ.

3) National Asset North Quays D.A.C.

Rinneadh NANQ a ionchorprú ar an 8 Aibreán 2015. Is fochuideachta é NANQ atá faoi úinéireacht iomlán 100% den BISN (Bainistíocht Iasachtaí um Shócmhainní Náisiúnta C.G.A.) agus bunaíodh é chun na tailte a fuair an GNBS ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 i mí Feabhra 2015 a choimeád agus chun sruth ioncaim cíosa urraithe a shaothrú ó na tailte trí tháille ceadúnais. Bronnadh an ceadúnas ar thríú páirtí ar feadh thréimhse sé bliana chun forbairt an tsuímh a chumasú ar mhaithe le sochar tráchtála fadtéarmach. Chomh maith le sruth slán ioncaim, tá céatadán socruithe cíosa agus céatadán d'fháltais díolacháin aon fhorbairt tithíochta chríochnaithe a thógtar ar na tailte dlite le NANQ.

Mar thoradh ar na tailte a fháil, fuair NANQ scairsheilbh 26.5% i North Wall Plaza Management Company Limited, comhlacht bainistíochta atá freagrach as ceantair phoiblí na dtailte ag Cé an Phoirt Thuaidh a bhainistiú. Cheap NANQ dhá stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le NWPMC a bahinistiú agus a smachtú. Níl aon fostaithe sha Chuideacht Ba €nialas an brábús/caillteanas don tréimhse agus is €4 sócmhainní glan an Chuideachta, atá deánta suas dena scairchaipiteal glaoite.

4) Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Rinneadh SBSN a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Roimhe seo ba aonán neamhthrádála é SBSN, ach fuair SBSN scairsheilbh 20% i gcomhpháirtíocht ghinearálta gaolmhar leis an infheistíocht NAJVA i rith 2013.

5) Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A.

Ar an 4 Iúil 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta nua, Sócmhainn Náisiúnta JV A. Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag SGBSN é NAJVA. Chuaigh GNBS i bpáirt i gcomhfhiontar le cuibhreannas trína bhfuarthas seilbh ar 20% ús i gcomhpháirtíocht theoranta, agus ba chun an idirbheart seo a éascú a bunaíodh NAJVA. Rinne NAJV A infheistiú i gcomhshocraíochtaí eile tríú pairtithe óna corpú, áit ar ghlac sé ús mhionlach, leasanna gnáthscair neamh-urlámhais in institiúid infheistiúcháin le seachadadh réadmhaoin trachtála agus eastát réadach a éascú.

6) Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Rinneadh BRSN a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Is é an aidhm atá le BRSN úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní réadmhaoine nuair agus más gá.

Tá cúig fhochuideachta ag BRSN, SRCSN, SNSCD, GRFSN, RLHC I agus RLHC II.

7) Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Ar an 18 Iúil 2012 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSN). Tá SRCSN ina fhochuideachta faoi lánúinéireacht iomlán BRSN, agus bunaíodh í d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú agus ar deireadh í a dhíol le comhlachtaí tithíochta faofa chun críocha tithíochta sóisialta.

Sheachaid féichiúnaithe GNBS 2,378 (2015: 2,001) réadmhaoin chónaitheach d'earnáil na tithíochta sóisialta ina iomlán idir tráth a bunaithe agus an dáta tuairiscithe, 1,909 (2015: 1,427)a cu a bhí críochnaithe agus conraithe ar 469 (2015: 574)réadmhaoin eile (do dhíolachán díreach agus tríd SRCSN) malartaithe ag an data tuairiscithe. San áireamh le seachadtaí a cuireadh i gcrích ón mbunú tátá díolachán díreach 778 (2015: 669) réadmhaoin, díolacháin déanta ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí le comhlachtaí faofa tithíochta éagsúla, léasú díreach 117 (2015: 116) réadmhaoin ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí agus 1,014 (2015: 642) réadmhaoin faighte ag SRCSN le léasú le comhlachtaí faofa tithíochta.

8) Sócmhainn Náisiúnta Sarasota Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (SNSCDT)

Ar an 1 Lúnasa 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta nua sna Stáit Aontaithe, Sócmhainn Náisiúnta Sarasota Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (SNSCDT). Is fochuideachta ar lánúinéireacht BRSN é SNSCDT, a bunaíodh chun seilbh a fháil ar shócmhainní réadmhaoine atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe nuair agus má fhaightear iad. Fuair NASLLC seilbh ar sócmhainn amháin lonnaithe sna Stát Aontaithe óna sealbhú agus ansin díoladh é. Ní raibh aon réadmhaoine i seilbh an NASLLC ag am tuairisciú.

9) Gabháltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (in Voluntary Liquidation) (GRFSNT)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal Gabháltais Réadmhaoine Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (GRFSNT) (i Leachtú Toilteanach). Is fochuideachta ar lánúinéireacht BRSN é GRFSNT (i Leachtú Toilteanach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC I agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoine Portaingéalacha. I ndiaidh an t-athstruchtúrú dlíthiúil a chur i gcrích, cuireadh an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoi leachtú ar 18 Nollaig 2014. Tá smacht an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) faoin leachtaitheoir a dhéanfaidh sócmhainní an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) a réadú.

10) agus 11) RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I), RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)

Ar 5 Feabhra 2014, bhunaigh an GNBS dhá fhochuideachta nua, RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I) agus RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II). Is fochuideachtaí iad an RLHC I agus an RLHC II atá faoi úinéireacht iomlán an GFSNT (faoi Leachtú Toilteanach) agus fuair sé 90% agus 10% faoi seach den scairchaipiteal de líon na n-aonán Portaingéalach, i ndiaidh athstruchtúrú dlíthiúil na bhfiacha atá dlite ag na haonáin seo.

Lasmuigh den RLHC I agus an RLHC II, is é seoladh na hoifige cláraithe de gach cuideachta ag an dáta tuairiscithe Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach cuideachta ionchorpraithe agus lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, seachas an NASLLC (Cuideachta Sócmhainní Náisiúnta Sarasota faoi Dhliteanas Teoranta) atá ionchorpraithe agus lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus tá an RLHC I agus an RLHC II ionchorpraithe agus lonnaithe sa Phortaingéil. Seoladh na hoifige cláraithe den RLHC I agus den RLHC II is ea Rua Garrett, n.° 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

Cairt 1 GRÚPA an GNBS



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar bhonn ghnóthais leanúnaigh mar go bhfuil an Bord sásta, tar éis na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar an nGrúpa agus ar an nGníomhaireacht a bhreithniú, go bhfuil sé in ann leanúint ar aghaidh leis an ngnó ar feadh na tréimhse measúnaithe. Is ionann an tréimhse measúnaithe a úsáideann an Bord agus dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Ar an dáta tuairiscithe, ba ionann na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh ("Nótaí") Ráthaithe ag an Rialtas a eisíodh agus a bhain leis na héadálacha buniasachta ó Institiúidí Rannpháirteacha agus €2,590m (2015: €8,090m).

Ag dáta an tuairiscithe bhí caipiteal gnáthscaireanna agus cúlchistí ag an GNBS de €4,692m (2015: €3,206m), a bhfuil 4,641m de inchurtha i leith an Ghrúpa agus €51m inchurtha i leith leasanna neamh-urlámhais. Ar an 31 Nollaig 2016 ag an nGrúpa tá airgead ar fáil, coibhéisí airgid agus sócmhainní leachtacha de €2,165m (2015: 3,402m) agus dliteanais eile (seachas fiach sinsearach) de €54m (2015: €270m), dá bhrí sin tá an Bord sásta gur féidir leis a dhliteanais reatha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Tá iasachtaí agus iasachtaíochtaí uile aisíoctha ag an nGrúpa leis an Aire agus níl aon iasachtaíochtaí seachtracha eile aige.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, leachtachta, margaidh agus oibriúcháin Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na fachtóirí riosca seo agus ar an bhfaisnéis chuí chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach Déanann an Bord agus a Choistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach mar aon le hathbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla atá ag tacú lena straitéisí fadtréimhseacha.

Dá réir sin, creideann an Bord go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh tar éis an tátal a bhaint nach bhuil aon éiginnteachtaí ábhartha ag baint le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar ábaltach na Gníomhaireachta leanúint mar ghnóthas leantach ar feadh na tréimhse measúnaithe.

2.2 Bunús géilliúlachta agus tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach, léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), agus Acht GNBS 2009. Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta curtha i láthair in euro (€), atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Sonraítear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i mílte €.

Léirítear sa ráiteas comhdhlúite sreafa airgid na hathruithe ar airgead agus coibhéisí airgid i rith na bliana ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, gníomhaíochtaí infheistithe agus gníomhaíochtaí maoinithe.

Cinntear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollíocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreabha airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa (cur chuige bainistíochta).

De réir IAS 1, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

2.3 Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínithe IFRS atá eisithe ach nach bhfuil éifeachtach go fóill

Tá na caighdeáin agus léirmhínithe seo a leanas eisithe agus táthar ag súil go mbeidh siad ábhartha don Ghrúpa.

Caighdeáin eisithe ach nach bhfuil éifeachtúil:

Ionstraimí Airgeadais IFRS 9

Beidh an caighdeán infheidhmithe do tréimhsí cintasaíochta ó nó i ndiadh Eanáir 2018 le glacú luath ceadaithe.

Rangú agus tomhas

Baineann an IFRS 9 úsáid as cur chuige rangaithe amháin do gach cineál sócmhainní airgeadais. Baintear úsáid as dhá chritéar chun cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar chóir sócmhainní airgeadais a rangú agus a thomhas, is é sin múnla gnó an aonáin chun na sócmhainní airgeadais agus na tréithe um shreabhadh airgeadais conartha de na sócmhainní airgeadais a thomhas. Aithníonn an caighdeán trí chatagóir de shócmhainní airgeadais, i.e. costas amúchta, luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus luach cóir trí bhrabús agus caillteanas.

Rangú agus tomhas (ar lean)

Le linn 2016, chuir GNBS measúnacht tionchair tosaigh i gcrích maidir le tionchar IFRS 9 ar a punann ionstraimí airgeadais. Bunaithe ar an measúnacht tosaigh sin athróidh an caighdeán nua an bonn tomhais do phunanna áirithe iasachtaí agus infháltas i Ráiteas an Ghrúpa ar an staid airgeadais. Tá gníomhaíocht ghnó GNBS roinnte i dtrí phríomhrannán, 1) Punann Dhíghiarála, 2) Punann Seachadta Tithíochta agus 3) Punann SDZ (Crios Forbartha Straitéisí na nDugthailte) Oibrítear na punainn ar bhonn samhlacha éagsúla gnó a mbeidh bonn éagsúil tomhais mar thoradh air do phunanna faoi IFRS 9. Meastar go ndéanfar an Phunann Dhíghiarála a thomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus go ndéanfar na Punanna SDZ agus Seachadta Tithíochta a thomhas ag costas amúchta.

De réir mar a bhogann IFRS 9 ó shamhail chaillteanais tabhaithe do bhearnúchán go samhail chaillteanais ionchais tiocfaidh athruithe ar thomhas bhearnúcháin agus déanfar sócmhainní nár measúnaíodh roimhe maidir le bearnúchán, ar nós sócmhainní airgeadais le díol agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, a mheas maidir le bearnúchán faoi IFRS 9. Mar an gcéanna, ós rud é go bhfuil trí rannán gnó ar leithligh ag GNBS anois ag a bhfuil samhlacha éagsúla gnó, tá sé beartaithe ag GNBS samhail nua do thomhas riosca creidmheasa agus bearnúchán a fhorbairt dá ghnó seachadta tithíochta a bunaíodh ag deireadh 2015. Táthar ag súil leis go mbeidh sé sin i bhfeidhm faoi dheireadh 2017. Ós rud é go dtomhaisfear an phunann dhíghiarála ag luach cóir ní bheidh gá a thuilleadh le bearnúchán na punainne seo, ach úsáidfidh GNBS an tsamhail bhearnúcháin agus na próisis bhearnúcháin atá aige cheana chun luach cóir na punainne díghiarála a ríomh.

Coimeádann an IFRS 9 beagnach gach ceann de na riachtanais atá ann cheana féin ón IAS 39 maidir le rangú na ndliteanas airgeadais.

Beidh tionchar ag an IFRS 9 nuashonraithe ar nochtadh IFRS 9 gaolmhar.

Aistriú

Mar thoradh ar na hathruithe ar an bpunann iasachtaí a d'eascair as IFRS 9 tarlóidh athruithe shuntasacha ar chur i láthair agus nochtadh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus mar gheall ar an athrú ar an mbonn tomhais do phunanna éagsúla beidh gá le hathruithe córais agus próisis. Faoi láthair, tá an Grúpa ag déanamh measúnú ar an tionchar a bheidh ag IFRS 9 ar a ráitis airgeadais agus freisin ar a chórais agus a phróisis d'fhonn na riachtanais do chur i bhfeidhm IFRS 9 a chomhlíonadh, Tá foireann tionscadail inmheánach le cur ar bun le linn Ráithe 2 2017 a gheobhaidh tacaíocht ó shaineolas seachtrach maidir le riosca creidmheasa, samhaltú agus cúrsaí teicniúla.

Léasa IFRS 16

Bhí IFRS eisithe in Eanáir 2016 agus baineann sé le tréimhsí tuairiscithe ag toiseacht ar nó i ndiaidh Enaéir 2019. Beidh tionchar ag an gcaighdeán seo ar cheanglais nochta reatha an Ghrúpa nuair a ghlactar le IFRS 16. Tá léasa oibrichúcháin ag an nGrúpa. Níl glactha ag an nGrúpa leis an gcaighdeán go luath.

Caighdeáin nua atá i gceist agus ar glacadh leo:

Tá leasuithe a rinneadh ar chaighdeáin agus léiriúcháin éagsúla, a d'eascair as feabhsuithe ar IFRSanna, i bhfeidhm den chéad uair in 2015. Ach ní raibh aon tionchar acu ar na beartais chuntasaíochta, an staid airgeadais ná ar fheidhmíocht an Ghrúpa.

2.4 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a fhochuideachtaí uile, seachas GRSNT (i Leachtú Toilteannach), RLHC I agus RLHC II. Féach notá 37.4 le haghaidh tuilleadh sonraí. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán sa chás go bhfuil, go díreach nó go hindíreach, formhór na gceart vótála aige agus sa chás go gcinneann sé a bheartais airgeadais agus ghnó, agus má tá cead rialaithe aige d'fhonn tairbhe a bhaint as a ngníomhaíochtaí.

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágtar idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágtar caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Soláthraítear sonraí na bhfochuideachtaí i Nóta 37.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (AR LEAN)

2.5 Aistriú airgeadra coigríche

(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil an t-aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó idirbhearta a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag rátaí malairte deireadh na bliana na sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí sa ráiteas ioncaim i ngnóthachain agus caillteanais eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

2.6 Sócmhainní airgeadais

Déanann an Grúpa a shócmhainní airgeadais a rangú sna catagóirí IAS 39 seo a leanas:

(a) Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas;

(b) Iasachtaí agus infháltais, agus;

(c) Sócmhainní airgeadais infhaighte

Cinneann an Grúpa rangú a ionstraimí airgeadais ag an aitheantas tosaigh.

(a) Sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Áirítear sa chatagóir sócmhainní seo díorthaigh seachas díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe agus ionstraimí cothromais.

Díorthaigh

Aithnítear na sócmhainní seo ar dtús ag luach cothrom agus cuirtear costais idirbhirt san áireamh go díreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear ioncam agus costas a eascraíonn ó na sócmhainní seo san ioncam úis agus sa chostas úis sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chothroim i ngnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite nó mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí sa chás go mbaineann siad le díorthaigh airgeadra. Aithnítear ús ar bhabhtálacha rátaí úis trasairgeadaís mar chuid de bhrabúis agus de chaillteanais chóra díorthaigh airgeadra.

Ionstraimí cothromais

Is éard atá i gceist le hionstraim chothromais ná conradh ar bith is cúis le leas iarmharach i sócmhainní aonáin tar éis a cuid dliteanais uile a asbhaint. Níl aon oibleagáid chonartha luaite le hionstraim chothromais airgead nó sócmhainn airgeadais ar bith eile a sheachadadh.

Is ag luach cothrom a dhéantar ionstraimí cothromais a thomhas ag an tús. Ina dhiaidh sin, déantar ionstraimí cothromais a thomhas ag luach cothrom mura féidir an luach cothrom a thomhas go hiontaofa, rud a chiallaíonn go ndéantar an ionstraim chothromais a thomhas ar a chostas. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear athruithe sa luach cothrom sa ráiteas ioncam mar ioncam / (costais) eile.

Déantar ionstraimí cothromais a nochtadh ar leithligh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

(b) Iasachtaí agus infháltais

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíreacha iad iasachtaí agus infháltais le híocaíochtaí seasta nó inchinntithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Caitear le hiasachtaí a fhaigheann an Grúpa mar iasachtaí agus infháltais de bhrí go raibh na conarthaí bunaidh d'íocaíochtaí seasta nó inchinntithe. Tá na sócmhainní iasachta atá faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha rangaithe mar iasachtaí agus infháltais.

(b) Iasachtaí agus infháltais (ar lean)

Aithnítear iasachtaí agus infháltais ag luach cothrom móide costais idirbhirt ag an tús. Caitear le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha, dá bhforáiltear san Acht, ag luach cothrom ag aitheantas tosaigh cothrom leis an bpraghas éadála íoctha don tsócmhainn, ag cur aon ghluaiseachtaí sreabhaidh airgid san iarmhéid iasachta idir an dáta luachála agus an dáta aistrithe san áireamh.

Ina dhiaidh sin, tomhaistear íocaíochtaí agus infháltais ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ráta úis éifeachtúil (EIR) (féach beartas cuntasaíochta 2.9).

(c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin

Is ionann sócmhainní airgeadais infhaighte agus neamhdhíorthaigh atá ainmnithe mar shócmhainní infhaighte nó sócmhainní nach bhfuil rangaithe mar iasachtaí agus infháltais, infheistíochtaí coimeádta go dtí aibíocht nó sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas. Is ionann sócmhainní airgeadais infhaighte agus sócmhainní atá coimeádta ar feadh tréimhse éiginnte ama, sócmhainní a d'fhéadfaí a dhíol mar fhreagairt ar riachtanais leachtachta nó athruithe ar rátaí úis nó rátaí malairte.

Aithnítear sócmhainní airgeadais infhaighte ag luach cothrom móide costais idirbhirt. Coimeádtar ag luach cothrom iad ina dhiaidh sin. Aithnítear ioncam úis ríofa trí mhodh EIR sa chuntas brabúis nó caillteanais. Aithnítear athruithe eile i suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais infhaighte in ioncam cuimsitheach sa chúlchiste infhaighte. Nuair a dhéantar an infheistíocht a dhiúscairt nó nuair a chinntear é a bheith bearnaithe, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach carntha roimhe seo sa chúlchiste infhaighte a athrangú go dtí an cuntas brabúis nó caillteanais.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir

Tá sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais díorthacha. Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta ina gcuirtear tús le conradh díorthach agus déantar iad a ath-thomhas ag a luach cóir ina dhiaidh sin. Iompraítear gach díorthach mar shócmhainní nuair is luach cóir deimhneach atá ann agus mar dhliteanais nuair is luach cóir diúltach atá ann. Déantar gnóthachain nó caillteanais luach cóir ar dhíorthaigh a aithint sa ráiteas ioncaim.

Tá polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa ar dhíorthaigh leagtha amach i polasaí cuntasaíocht 2.15.

2.7 Dliteanais airgeadais

Iompraíonn an Grúpa gach dliteanas airgeadais ag costas amúchta, ach amháin na hionstraimí airgeadais díorthaigh, a thomhaistear ag luach cothrom. Áirítear faisnéis bhreise ar dhliteanais díorthaigh i mbeartas cuntasaíochta 2.15.

Ní dhéanann an Grúpa sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh.

2.8 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair atá deireadh tagtha leis na cearta conarthacha sreafaí airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin. Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múchta ar shlí éigin eile.

2.9 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim ag úsáid modh EIR.

Is ionann modh EIR agus modh chun costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus ioncam úis nó costas úis a leithdháileadh sa tréimhse chuí. Is ionann EIR agus an ráta a dhéanann lascainiú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fáltais mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais. Nuair atá EIR iasachtaí agus infháltais á ríomh, rinne an Grúpa sreafaí airgid a mheas ag baint úsáide as an modheolaíocht faoi shainordú um Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) ach níor cuireadh caillteanais chreidmheasa na todhchaí san áireamh seachas a raibh aitheanta cheana féin i bpraghas éadála na n-iasachtaí. Áirítear sa ríomh costais idirbhirt agus gach táille íoctha nó faighte idir páirtithe an chonartha ar dlúthchuid de EIR iad.

Aithnítear gach iasacht agus infháltas a fhaightear ag úsáid modh EIR ar an dáta tuairiscithe.

Sa chás nach féidir sreafaí airgid iasachta a mheas go hiontaofa bunaithe ar aitheantas tosaigh (go ginearálta sa chás nach bhfuil an próiseas díchill chuí críochnaithe fós), aithnítear ioncam úis ar bhonn fáltas úis conarthach go dtí gur féidir na sreafaí airgid a mheas, tráth a n-aithneofar an t-ioncam úis trí mhodh EIR.

Déantar an EIR ar gníomhas saoráid iasachta faighte IBRC a ríomh le tagairt do Ráta Shaoráid Iasachtach Imeallach an ECB agus corrlach seasta de 1%.

Nuair a bhíonn sócmhainn airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais cosúla) scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear an t-ioncam úis ag baint úsáide as an ráta bunaidh úis úsáidte chun sreafaí airgid amach anseo a lascainiú chun críche an chaillteanais bhearnaithe a thomhas. Ní aithnítear ioncam úis ar iasachtaí bearnaithe ar shuim neamhbhearnaithe iarmhéid na hiasachta ag baint úsáid as an EIR bunaidh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.10 Ioncam táille

Aithnítear ioncam táille ar dlúthchuid é de ríomh an EIR nó a eascraíonn as iasacht mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille.

2.11 Brabús / caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr

(a) Brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine

Tá roinnt sócmhainní iasachta diúscartha ag an GNBS le tríú páirtithe i rith na bliana. Ríomhtar brabúis agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí / réadmhaoine mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí / réadmhaoine agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32. Aithnítear brabúis agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí / réadmhaoine sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí nuair atá an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí measúnaithe bearnaithe infhaighte is déanaí, nó dá bhféadfadh bearnú sa nasc a tharlú sa todhchaí mar thoradh ar bhrábús ar dhiúscairt iasachtaí a aithint.

(b) Ioncam farasbairr

Ríomhtar ioncam farasbairr mar an barrachas airgid thirim aisghafa ar nasc féichiúnaí iomlán thar luach anonn na hiasachta agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim:

(i) a fhairsinge atá na sreafaí airgid iarbhír i leith nasc féichiúnaí iomlán ag sárú luachanna anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán, .i. a fhairsinge atá a fhiachas uile de chuid an GNBS aisíoctha ag an bhféichiúnaí; nó

(ii) nuair atá na sreafaí airgid don nasc féichiúnaí iomlán níos mó ná luach anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán. Cuirtear a leithéid d'ioncam farasbairr, a fhairsinge atá sé réadaithe ó shócmhainní iasachta sainiúla laistigh den nasc, sa ráiteas ioncaim ag gach dáta tuairiscithe bliantúil amháin.

2.12 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Cinneann an Grúpa, ag tús gach tréimhse tuairiscithe, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

Iasachtaí agus infháltais tugtha anonn ag costas amúchta

Ar dtús measann an Grúpa an bhfuil fianaise oibiachtúil de bhearnú ann i gcás sócmhainní airgeadais aonair a bhfuil suntas aonair ag baint leo, agus ar bhonn aonair nó comhchoiteann do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntas aonair ag baint leo. Déantar an measúnú suntasach aonair i ndáil le punann iomlán iasachtaí gach nasc féichiúnaí suntasach aonair, seachas ar bhonn iasachta aonair (i.e. is é an nasc féichiúnaíiomlán an taonad cuntais).

Áirítear i bhfianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn nó punann sócmhainní bearnaithe i ndiaidh éadála an GNBS sna cásanna seo a leanas:

- Coinníollacha geilleagracha idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúla atá comhghaolaithe le mainneachtain ar shócmhainní sa ghrúpa (m.sh. laghdú ar phraghsanna réadmhaoine sa réimse ábhartha nó athruithe díobhálacha ar choinníollacha tionscail a bhfuil tionchar acu ar an bhféichiúnaí);
- Sonraí inbhraite ag léiriú méadú intomhaiste ar luach sreabha airgid measta amach anseo ó phunann sócmhainní ó aitheantas tosaigh na sócmhainní seo;
- Athruithe díobhálacha ar ionchais faoin tsuim ar dócha a réadófar ó dhiúscairt comhthaobhachta bainteach leis an iasacht nó leis an bpunann iasachta;
- Athruithe díobhálacha in ionchais uainithe sreafa airgid amach anseo a eascraíonn ó dhiúscairtí comhthaobhachta;
- Athruithe díobhálacha ar stádas íocaíochta an fhéichiúnaí (m.sh. líon níos mó íocaíochtaí moillithe);
- Deacracht shuntasach bhreise airgid an fhéichiúnaí ón tráth éadála;
- Sáruithe breise conartha, dála mainneachtain nó faillí in úis nó íocaíochtaí bunaidh;
- Is dócha go bhfógrófar an féichiúnaí féimheach nó go leanfar le hatheagrú airgeadais de chineál éigin eile.

Suntasach ar bhonn Aonair

Chun críche measúnú suntasach ar bhonn aonair, tomhaistear suim an chaillteanais bhearnaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreabha airgid measta amach anseo (seachas caillteanais chreidmheasa amach anseo nach bhfuil tabhaithe), lascainithe de réir EIR bunaidh na sócmhainne airgeadais. Déantar é seo a mheas ar leibhéal um nasc féichiúnaí iomlán, atá mar an aonad cuntasaíochta a gcur i bhfeidhm ag an GNBS. Laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí úsáid a bhaint as cuntas liúntais. Aithnítear suim an chaillteanais bhearnaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Féadfaidh an lucht bainistíochta breithiúnas a chur i bhfeidhm leis an mbearnúchán ríofa a choigeartú áit a dtugann sé léiriú níos cruinne ar luach in-aisghabhála sócmhainne.

Suntasach ar bhonn Aonair (ar lean)

Más rud é, i dtréimhse ina dhiaidh sin, go laghdaíonn suim an chaillteanais bhearnaithe agus más féidir an laghdú úd a cheangail go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis a aithníodh an bearnú, déantar an caillteanas bearnaithe aitheanta a aisiompú tríd an gcuntas liúntais a choigeartú. Aithnítear suim an aisiompaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Sa chás nach bhfuil seans ann luach anonn iasachta, nó cuid dó, a aisghabháil, déantar an tsuim nach bhfuil in-aisghabhála a dhíscríobh i gcoinne an liúntais ghaolmhar do bhearnú an fhéichiúnaí. Déanfar sócmhainní airgeadais a dhíscríobh nuair a bheidh na nósanna imeachta riachtanacha curtha i gcrích agus nuair a bhíonn suim an chaillteanais cinnte.

Féadfaidh GNBS iasachtaí a dhiúscairt laistigh de nasc féichiúnaí, nó punann iasachtaí a dhiúscairt thar naisc éagsúla.

Nuair a dhíoltar iasacht nó grúpa iasachtaí, téann na cearta i leith na sreafaí airgid ó na hiasachtaí in éag agus déantar cealú ar aithint na sócmhainní iasachta sa ráiteas ar an staid airgeadais. Nuair a chuirtear an aithint ar ceal, déantar gnóthachan nó caillteanas ar an hiasachtaí a ríomh agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a ríomh mar an difríocht idir an chomaoin a fuarthas glan ó chostais idirbhirt agus luach anonn na n-iasachtaí arna ndíol.

Sa mheasúnú ar luach anonn na n-iasachtaí arna ndíol, glactar san áireamh bearnú a aithníodh cheana i gcoinne na n-iasachtaí sin.

Má tá bearnú aitheanta roimhe sin i leith na n-iasachtaí

- fágann brabús arna ríomh ar dhiúscairt go scaoiltear leis an bhforáil ghaolmhar bearnaithe i ndáil leis na sócmhainní sin.
- fágann caillteanas arna ríomh ar dhiúscairt go ndéantar an fhoráil bearnaithe ghaolmhar a chriostalú, trína laghdaítear an fhoráil arna sealbhú agus luach anonn na n-iasachtaí araon.

Measúnú Comhchoiteann

Déantar naisc féichiúnaí nach bhfuil faoi réir measúnú atá suntasach ar bhonn aonair a ghrúpáil ar bhonn comhchoiteann chun críocha measúnú bearnaithe a dhéanamh. Nuair a dhéantar iasachtaí atá faoi réir measúnú comhchoiteann a dhiúscairt, ní ghlactar san áireamh sa bhrabús nó sa chaillteanas arna ríomh ar dhiúscairt aon fhoráil chomhchoiteann a aithníodh roimhe sin, toisc nach bhfuil an fhoráil sin curtha síos go díreach do na hiasachtaí. Déantar athmheasúnú ar an tionchar bainteach ar an bhforáil chomhchoiteann fhoriomlán nuair a bhíonn na hiasachtaí diúscartha.

2.13 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreabha airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.14 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh, éarlaisí éilimh agus nótaí státchiste.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach.

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí chun críocha fálaithe mar chuid de straitéis bainistíochta riosca an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa, ar luach cothrom, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh ar mhaithe le trádáil dílseánaigh.

Is é beartas an Ghrúpa fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach trí dhíorthaigh airgeadra a úsáid. Déantar riosca ráta úis ar fhiachas arna eisiúint ag an nGrúpa a fhálú ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Déantar babhtálacha ráta úis a fhaightear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis a fhritháireamh.

Cuirtear díorthaigh chun cuntais ar luach cothrom nó trí bhrabús agus caillteanas nó, sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe, trí úsáid a bhaint as na soláthairtí um chuntasaíocht fálaithe in IAS 39.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe (ar lean)

a. Díorthaigh iasachtaí

Tá díorthaigh iasachtaí comhdhéanta de dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a cuireadh i bhfeidhm ar dtús chun fáluithe a chur ar fáil d'iasachtaithe ('díorthaigh iasachtaí'). Fuarthas na díorthaigh seo ó gach Institiúid Rannpháirteach mar chuid de neamhchosaint iasachtaí iomlán.

Déantar díorthaigh iasachtaí a thomhas ag luach cóir agus déantar gnóthachain agus caillteanais luach cóir a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar díorthaigh iasachtaí a rangú mar thuillmheach agus neamhthuillmheach. Is é is brí le díorthach tuillmheach ná ceann atá ag comhlíonadh na n-íocaíochtaí conartha um shreabhadh airgid uile suas go dtí an dáta deiridh aisíocaíochta roimh dheireadh dháta an tuairiscithe. Déantar measúnú ar stádas tuillmheach na ndíorthach iasachtaí ag gach dáta tuairiscithe.

Tá díorthaigh iasachtaí comhdhéanta de dhíorthaigh ráta úis. Socraítear ar an luach cóir ag baint úsáide as teicníc luachála bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fuarthas ó ionchuir de mhargaí inbhraite ar nós cuair toraidh Euribor agus Libor, rátaí FX, roghanna luaineachta agus rátaí malairte par-ús.

b. Díorthaigh GNBS

Cuimsíonn díorthaigh GNBS díorthaigh arna ndéanamh chun an nochtadh a fhálú i leith iasachtaí agus infháltais arna bhfáil agus urrúis fiachais ar eisiúint ('díorthaigh GNBS'). Airítear le díorthaigh GNBS babhtálacha rátaí úis agus airgeadraí. Cinntear luach cothrom dhíorthaigh GNBS trí leas a bhaint as teicníc marcála os coinne luacháil an mhargaidh ar bhonn luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí bhíthin ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair thorthaí Euribor agus Libor, par-ús agus rátaí FX. Aithnítear gluaiseachtaí luacha chothroim a eascraíonn as babhtálacha rátaí úis i mbrabús agus caillteanas. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

c. Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Déantar díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas a aithint ar dtús ar luach cothrom ar an dáta ar a ndéantar nó ar a bhfaightear conradh díorthaigh agus déantar iad a thomhas arís níos déanaí ar luach cothrom.

Cinntear luach cothrom díorthach ag baint úsáide as teicníc luachála um marcáil ón margadh bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí leas a bhaint as ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair toraidh Euribor agus Libor, ar chomhchéim le rátaí malairte eachtraí agus úis.

Sna boinn tuisceana a úsáidtear do na teicnící luachála sin áirítear dóchúlacht agus uainiú ionchais shreabha airgid na hionstraime amach anseo. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhfuil gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha.

Luaitear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cothrom dearfach agus mar dhliteanais nuair atá an luach cothrom diúltach.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais luacha cothrom (seachas na díorthaigh airgeadra) sa ráiteas ioncaim. Sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe áfach, braitheann an chaoi ina bpléitear leis na gnóthachain agus caillteanais ar luach cothrom ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

d. Díorthaigh sainithe i ngaolmhaireachtaí fálaithe

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fhálú ar shreabha airgid an-dóchúla amach anseo, atá inchurtha i leith sócmhainne nó dliteanais aitheanta, nó idirbheart réamhaisnéise (fálú an tsreafa airgid).

Ag tráth bunaithe na gaolmhaireachta fálaithe, tuairiscíonn an Grúpa ar an ngaolmhaireacht idir míreanna fálaithe agus ionstraimí fálaithe, chomh maith lena cuspóir bainistíochta riosca agus a straitéis le tabhairt faoi roinnt idirbheart fálaithe éagsúla. Tuairiscíonn an Grúpa ar a measúnú freisin, ag tráth bunaithe an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, faoi cibé an bhfuil na díorthaigh a úsáidtear sna hidirbhearta fálaithe an-éifeachtach chun athruithe i sreabha airgid míreanna fálaithe a fhrithháireamh nó nach bhfuil.

Fálú an tsreafa airgid

Déantar an cion éifeachtach athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú an tsreafa airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus áirítear i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid iad, a chuimsítear i gcothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Déantar méideanna arna gcarnadh i gcothromas a athrangú go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dtéann an mír fálaithe i bhfeidhm ar bhrabús nó ar chaillteanas.

Derivatives previously subject to cash flow hedge accounting matured in September 2016. There was no hedge accounting applied by the Group at 31 December 2016.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag nó nuair a dhíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíochta fálaithe a thuilleadh, fágtar gnóthachan nó caillteanas carnach reatha atá i gcothromas ag an am sin i gcothromas agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim nuair a dhéantar an t-idirbheart réamhaisnéise. Sa chás nach meastar a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a tuairiscíodh i gcothromas a athrangú láithreach go dtí an ráiteas ioncaim.

2.16 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola agus luaitear í ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaithe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh.

2.17 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin ioncaim reatha ná an cháin ionchais atá iníoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá iníoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin ioncaim reatha atá iníoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin ioncaim atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabúis inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanais seo a úsáid ina leith. Ní dhéanfaidh aonán sócmhainní cánacha reatha agus dliteanais chánacha reatha a fhritháireamh ach amháin:

- má tá ceart infhorfheidhmithe le dlí ag an aonán na méideanna aitheanta a fhritháireamh; agus
- má tá sé i gceist ag an aonán socrú ar bhonn glan, nó an sócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna.

Ní dhéanann an Grúpa dliteanais agus sócmhainní cáin ioncaim reatha a fritháireamh.

(b) Cáin ioncaim iarchurtha

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dliteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlanfar an dliteanas cáin ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncaim nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le fálú an tsreafa airgid agus atá ar fáil le haghaidh gluaiseachtaí cúltaca díolacháin a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear í ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim comhdhlúite mar aon leis an gcaillteanas nó gnóthachan iarchurtha.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dliteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonáin inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

Déanann an Ghrúpa measúnú, ar bhun blianitiúl amháin, ar cháin iarchurtha bainteach le caillteanas cánach nach bhfuil in úsáid.

2.18 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí ar éilimh dhlíthiúla nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Ní aithníonn an Grúpa aon soláthairtí le haghaidh caillteanas oibriúcháin amach anseo.

Dliteanais theagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.19 Méideanna dlite le agus ó Institiúidí Rannpháirteacha

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

Déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha cuntais rótharraingte a mhaoiniú agus bailíonn siad aisíocaíochtaí in airgead tirim ar chuntais rótharraingte ar son an GNBS. Aithnítear na méideanna a mhaoiníonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha sa ráiteas faoin staid airgeadais mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha agus aithnítear na méideanna a bhailítear mar mhéideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha. Cuirtear an glanmhéid atá dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha i bhfeidhm i leith iarmhéid na n-infháltas agus na n-iasachtaí gan íoc.

2.20 Conarthaí ráthaíochta airgeadais gnóthaithe

Is iad atá i gconarthaí ráthaíochta airgeadais ná conarthaí ina n-éilítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i leith caillteanais a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite, de réir téarmaí ionstraime fiachais. Tugtar ráthaíochtaí airgeadais dá leithéidí do bhainc, d'institiúidí airgeadais agus do chomhlachtaí eile ar son custaiméirí chun iasachtaí, rótharraingtí agus áiseanna baincéireachta eile a dhaingniú.

Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais ar dtús sna ráitis airgeadais ar luach cothrom ar an dáta ar a bhfuarthas an ráthaíocht. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar dliteanais an Ghrúpa faoi ráthaíochtaí dá leithéidí a thomhas ag an méid is airde den mhéid tosaigh, lúide amúchadh táillí arna n-aithint de réir IAS 18 agus an meastachán is fearr ar an méid is gá chun an ráthaíocht a ghlanadh. Cinntear na meastacháin sin bunaithe ar thaithí ar idirbhearta comhchosúla agus stair na gcaillteanas roimhe seo, mar aon le tuairim an lucht bainistíochta. Aithnítear an t-ioncam táillí a thuilltear ar bhonn líne dírí thar shaolré na ráthaíochta. Tuairiscítear méadú ar bith sa dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí sa ráiteas ioncaim comhdhlúite laistigh de chostais oibriúcháin eile.

2.21 Ionstraimí fiachais agus cothromais

Rangaítear ionstraimí fiachais agus cothromais mar dhliteanais nó mar chothromas i gcomhréir le hábhar théarmaí conarthacha na n-ionstraimí. I gcás ionstraimí nach ngabhann oibleagáid chonartha leo chun airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a sholáthar d'aonán eile, rangaítear iad mar chothromas agus cuirtear i láthair faoi chothromas iad. Aithnítear na híocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas. Cuimsítear cúpón lánroghnach sna fobhannaí arna n-eisiúint ag an nGrúpa agus níl aon oibleagáid i gceist leo chun airgead tirim a sholáthar, agus dá bhrí sin rangaítear mar ionstraimí cothromais iad.

Rangaítear urrúis fiachais shinsearacha a eisíonn an Grúpa mar ionstraimí fiachais mar gabhann cúpón seasta leis na hurrúis bunaithe ar Euribor agus níl an íocaíocht chúpóin lánroghnach.

Déantar urrúis fiachais arna n-eisiúint a thomhas ar dtús ar luach cothrom lúide costais na n-idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh EIR.

2.22 Scairchaipiteal

(a) Díbhinní ar ghnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní ar ghnáthscaireanna i gcothromas sa tréimhse ina bhfaomhann scairshealbhóirí na Cuideachta iad. Pléitear le díbhinní don tréimhse a fhógraítear tar éis dáta an ráitis chomhdhlúite faoin staid airgeadais i Nóta 40, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe.

(b) Cúpón ar ionstraim chothromais eile

Déantar íocaíochtaí cúpón ar fhobhannaí a rangaítear mar gnáthscaireanna a léiriú go díreach i gnáthscaireanna, nuair a fhograitítear iad.

2.23 Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN

Éilítear ar an nGrúpa urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) arna aontú idir GBCN agus an GNBS. Is í GBCN an contrapháirtí i leith díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd a ngnóthaítear ó iasachtaithe). Ní mór go dtabharfaí airgead tirim mar urrús comhthaobhach do GBCN d'fhonn a cuid nochta don GNBS i ndáil lena staideanna díorthach a laghdú. Braitheann an méid urrúis chomhthaobhach ar measúnú den riosca creidmheasa curtha i gcrích ag GBCN.

Déantar airgead tirim a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh mar urrús comhthaobhach le GBCN sa ráiteas ar an staid airgeadais. Déantar aon ús iníoctha nó infhála ag eascairt ón méid a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh sa chaiteachas úis nó san ioncam úis faoi seach.

2.24 Réadmhaoin, innealra agus trealamh

Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais as spás oifige ar léas a fheistiú. Déantar costais a thabhaítear a chaipitliú sa ráiteas faoin staid airgeadais mar réadmhaoin, innealra agus trealamh de réir IAS 16. Déantar an tsócmhainn aitheanta a dhímheas ar bhonn líne dírí thar 10 mbliana. Aithnítear dímheas bliana iomláine sa bhliain ina ndéantar an tsócmhainn a chaipitliú.

2.25 Tuairisciú teascánach

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do POF an GNBS a leithdháileann acmhainní chuchu agus a dhéanann feidhmíocht na dteascán oibriúchán de chuid an GNBS a mheas.

2.26 Léasanna oibriúcháin

Is comhaontú é léas trína dtugann an léasóir cead don léasaí, mar thoradh ar íocaíocht nó sraith íocaíochtaí, an ceart chun sócmhainn a úsáid do thréimhse ama comhaontaithe. Rangaítear léas mar léas oibriúcháin mura n-aistríonn sé go substaintiúil gach riosca agus gach luach saothair a ghabhann le húinéireacht. Aithnítear an tsócmhainn léasaithe ar an ráiteas maidir le staid airgeadais an léasóra. Aithnítear réadmhaoin faighte ag SRCSN chun críocha tithíocht shóisialta mar fhardail de réir IAS 2. Is de réir méid chothroim a dhéantar cuntas ar ioncam ó chíos ó léasanna oibriúcháin ar réadmhaoin fardail thar théarma an léasa.

2.27 Leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí

Is é atá i gceist le leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí ná gnáth-scairchaipiteal agus / nó cothromas eile i bhfochuideachtaí nach féidir a chur i leith an mháthair-aonáin, go díreach nó go hindíreach.

Féadfar brabús a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe de réir an toraidh is fearr ar infheistíocht a d'fhéadfaí a íoc leis na hinfheisteoirí seachtracha. Déantar caillteanais a bhíonn i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe suas go dtí luach an leasa neamh-rialaithe sa Ghrúpa amháin, mar glacann an GNBS beagnach tairbhí agus rioscaí eacnamaíochta uile an Ghrúpa.

2.28 Luach cothrom a chinneadh

Is ionann luach cothrom ionstraim airgeadais agus an praghas a bheadh ar fáil dá ndíolfaí sócmhainn nó dá n-íocfaí as dliteanas a aistriú mar idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ag an dáta tomhais sa bhunairgead, nó dá éagmais, an margadh is mó tairbhe a bhfuil rochtain ag an nGrúpa air ag an dáta sin.

Is ag luach cothrom a aithnítear ionstraimí airgeadais ar dtús agus, ar leith ó shócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, déantar an tsuim ghlanluacha thosaigh a choigeartú do chostais dhíreacha agus incriminteachta idirbhirt. I ngnáthchúrsa gnó, is ionann an luach cothrom tosaigh agus praghas an idirbhirt (luach cothrom na comaoine tugtha nó faighte).

I ndiaidh aithint thosaigh, is trí úsáid a bhaint as teicnící luachála a chinntear luachanna cothroma. Ciallaíonn na teicnící seo go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as ionchuir inbhraite ábhartha agus go mbaintear a laghad úsáide agus is féidir as ionchuir neamh-inbhraite. San áireamh sna teicnící luachála a úsáideadh bhí fachtóirí a bheadh á gcur san áireamh ag rannpháirtithe margaidh agus idirbheart á phraghsáil. San áireamh sna teicnící luachála tá úsáid a bhaint as idirbhirt ordúla a rinneadh le déanaí idir rannpháirtithe margaidh, tagairt d'ionstraimí cosúla eile, samhlacha praghsála i leith conradh céadrogha, anailís sreabhadh airgid lascainithe agus teicnící luachála eile a mbaineann rannpháirtithe margaidh úsáid astu go minic.

Teicnící luachála

Cheal praghsanna luaite margaidh, agus i ndáil le díorthaigh thar an gcuntar, déantar luach cothrom a ríomh bunaithe ar theicnící luachála. Féadfar luach cothrom a mheas trí úsáid a bhaint as praghsanna luaite margaidh d'ionstraimí cosúla, coigeartaithe le haghaidh difríochtaí idir an ionstraim luaite agus an ionstraim a bhfuil luach á lua léi. Sa chás go ndéantar an luach cothrom a ríomh bunaithe ar anailís sreabhadh airgid lascainithe, is í an mhodheolaíocht atá ann, úsáid a bhaint, a mhéid agus is féidir, as sonraí margaidh atá inbhraite go díreach nó intuigthe ó phraghsanna ionstraimí, cosúil le cuair toraidh ráta úis, praghsanna cothromas agus tráchtearraí, raonta difríochta creidmheasa, luaineachtaí rogha agus rátaí airgeadra.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála na sreafaí airgid ionchais a ríomh faoi théarmaí gach conradh sonrach agus ansin na luachanna seo a lascainiú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- Dóchúlacht agus uainiú ionchais sreafaí todhchaíocha airgid na hionstraime. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhféadfaí gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh sreafaí todhchaíocha airgid íogair do theagmhas imeachtaí todhchaí, athruithe ar rátaí margaidh san áireamh; agus
- Ráta lascaine oiriúnach a roghnú don ionstraim, bunaithe ar na cuair toraidh ráta úis lena n-áirítear cinneadh maidir le raon oiriúnach difríochta don ionstraim don ráta saor ó riosca. Déantar an raon difríochta a choigeartú chun cuntas a dhéanamh de shainphróifíl riosca creidmheasa an nochta.

Tá na coigeartuithe ar fad i ríomh luach láithreach sreafaí todhchaíocha airgid bunaithe ar fhachtóirí a chuirfeadh rannpháirtithe margaidh san áireamh agus an ionstraim airgeadais á praghsáil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.28 Luach cothrom a chinneadh (ar lean)

Teicnící luachála (ar lean)

Féadfar ionstraimí airgeadais áirithe (sócmhainní agus dliteanais) a luacháil bunaithe ar theicnící luachála a bhfuil gné shuntasach margaidh amháin nó níos mó nach bhfuil inbhraite san áireamh iontu. Nuair a bhíonn teicníc luachála a bhfuil sonraí inbhraite luaite léi á cur i bhfeidhm, déantar meastacháin chun léargas a thabhairt ar neamhchinnteachtaí i luachanna cothroma a eascraíonn as easpa sonraí margaidh. I ndáil leis na hionstraimí seo, níl an tomhas luach cothrom chomh hiontaofa. Is dá nádúr go bhfuil ionchuir i luachálacha bunaithe ar shonraí neamh-inbhraite neamhchinnte mar nach bhfuil ach beagán nó nach bhfuil aon sonraí margaidh reatha ar fáil chun an praghas ag a dtarlódh idirbheart ordúil idir rannpháirithe margaidh faoi na coinníollacha margaidh reatha a chinneadh.

D'fhéadfadh go mbeadh coigeartú aschur na teicníce luachála ag teastáil i ndáil le ríomh luach cothrom d'aon ionstraim airgeadais chun léargas a thabhairt ar chostas an riosca creidmheasa, dá mbeadh a leithéid curtha san áireamh ag rannpháirtithe margaidh, sa chás nach bhfuil siad neadaithe sna teicnící bunúsacha luachála.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar seo a leanas:

3.1 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar a phunann iasachtaí agus infháltas le haghaidh bearnaithe ar bhonn leathbhliantúil. Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar cheart caillteanas bearnaithe a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim chomhtháite ag an dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa breitheanna faoi cibé an bhfuil aon sonraí inbhraite ann a léiríonn fianaise ar bhearnú ar chosúil go dtiocfadh laghdú intomhaiste ar uainiúcháin agus ar mhéideanna na sreabha airgid measta amach anseo dá thoradh. Tá beartas an Ghrúpa maidir le bearnú leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.12.

Déantar gach ceangal le féichiúnaithe a mheas go haonair ó thaobh bhearnaithe.

Is ionann an creidmheas bearnaithe do 2016 agus €282 (2015: €86m)Is ionann an fhoráil bearnaithe charnach iomlán agus €1,561m (2015: €2,476m), lena gcumhdaítear 24% den iarmhéid iomlán um iasachtaí agus infháltais amhail an 31 Nollaig 2016 (2015: 24%).

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair

B'ionann luach iasachtaí agus fáltas agus na ndíorthach gaolmhar arna measúnú ar bhonn aonair i leith bearnaithe ar an dáta tuairiscithe agus €5.5bn (2015: €10.2bn).

Le linn 2016 rinneadh líon áirithe nasc a bhí ann cheana a scoilteadh chun bainistiú na nasc a éascú laistigh den Phunann Seachadta Tithíochta. Mar thoradh air sin tháinig méadú ar líon sreafa airgid na nasc féichiúnaí a bhí á meas go haonair i dtaca le bearnúchán.

Tá measúnú bearnaithe na bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair bunaithe ar réamh-mheastacháin sreafa airgid a d'ullmhaigh bainisteoirí cáis ar leith agus iad athbhreithnithe ag an lucht bainistíochta i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair.

Léiríonn na sreabha airgid meastachán is fearr an GNBS i ndáil le gach féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair agus áirítear iontu sreabha airgid measta na todhchaí ó dhiúscairt comhthaobhacht réadmhaoine agus ioncaim neamh-diúscartha eile (ar nós ioncam cíosa).

Mar chuid de réamh-mheastachán an tsreafa airgid ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh lena n-áirítear toimhdí maidir le cúinsí eacnamaíocha áitiúla, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach na comhthaobhachta réadmhaoine bunúsa agus an stráitéis ar glacadh leis go deirneach don fhéichiúnaí sin. D'fhéadfadh athrú teacht ar na sreabha airgid réamh-mheasta má athraítear straitéis mar shampla ó straitéis diúscartha sócmhainní go straitéis díolacháin iasachta nó, i gcás na punainne seachadta tithíochta, ó dhiúscairt suímh go forbairt fhaofa tithíochta.

D'fhéadfadh GNBS breith ón lucht bainistíochta a chur i hbfeidhm chun bearnúcháin ríofa a choigeartú i gcás ina dtugann sé léiriú níos cruinne ar luach in-aisghabhála sócmhainne. Níl sreabha airgid a d'fhéadfadh tosú sna blianta amach romhainn agus nach bhfuil faofa go fóill le haghaidh forbairt faoin mBeartas Údaráis Tairmligthe san áireamh le sreabha airgid réamh-mheasta na todhchaí. D'fhéadfadh go dtarlódh bearnúcháin sa bhliain reatha mar thoradh air sin, bearnúchán a d'fhéadfadh a aisiompú sna blianta ina dhiaidh seo de réir mar a cheadaítear tuilleadh tionscadal forbartha. Sna cásanna sin d'fhéadfadh an lucht bainistíochta forleagan sreafa airgid chur i bhfeidhm chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar shreabha airgid réamh-mheasta na todhchaí do na naisc sin agus dá réir sin bearnúchán ríofa níos cruinne.

Déantar na toimhdí a úsáidtear chun méid agus tráthú sreabha airgid na todhchaí a réamh-mheas d'fhéichiúnaithe aonair a athbhreithniú go rialta ag an lucht bainistíochta agus déantar réamh-mheastacháin sreabha airgid a thabhairt cothrom le dáta.

Tar éis do shreabha airgid na bhféichiúnaithe aonair go léir a bheith curtha i gcrích cuirtear iad sin i ngrúpa le chéile agus cuirtear na sreabha airgid faoi réir anailíse íogaireachta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil ar an soláthar bearnaithe maidir le hathrú ar uainiú agus ar mhéid na sreabha airgid.

Anailís íogaireachta

Cinntear soláthar bearnaithe 2016 tar éis measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Sreabha airgid measta arna nginiúint ó urrús bunúsach mar chomhthaobhacht i leith iasachta
- Luach diúscartha ionchais an urrúis bhunúsaigh
- Uainiú ionchais réadú na sreabha airgid lena n-áirítear uainiú dhiúscairt ionchais an urrúis sa todhchaí.

Críochbaíodh measúnú mionsonraithe sreafa airgid na bhféichiúnaithe le luach comhcheangailte €5.5bn (2015: €10.2bn) a chríochnú, tugann torthaí comhdhlúite an athbhreithnithe sreafa airgid seo deis don GNBS íogaireachtaí ar leith a chur i bhfeidhm i ndáil le punann agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-íogaireachtaí seo ar an bhforáil bhearnaithe.

Déantar sreabhadh airgid aonair a réamh-mheas do gach sócmhainn réadmhaoine i seilbh mar comhthaobhacht. Ansin déantar iad seo a chomhdhlúthú i sreabhadh airgid thirim amháin do gach rannpháirteachas le féichiúnaithe chun críocha an chleachtaidh measúnaithe bearnaithe.

Déanann an GNBS a cuid anailíse íogaireachta ag leibhéal sócmhainne réadmhaoine. Go praiticiúil, ciallaíonn seo go laghdaítear de 1% an luach diúscartha réamh-mheasta do gach réadmhaoin aonair de réir láithreach. Ansin déantar na sreabha airgid thirim ó rannpháirteachas le féichiúnaithe a nuashonrú leis na luacha diúscartha réamh-mheasta athbhreithnithe agus déantar foráil bhearnaithe athbhreithnithe a ríomh do gach rannpháirteachas le féichiúnaí. Cuirtear an fhoráil athbhreithnithe trí chéile i gcomparáid ansin leis an bhforáil bhearnaithe iarbhír chun an tionchar atá ag laghdú de 1% ar luachanna diúscartha réamh-mheasta a léiriú.

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar (i €m) ar fhoráil bhearnaithe 2016 ag athrú 1% i méid na diúscairt sreabha airgid thar gheografaíochtaí agus cineálacha sócmhainní ar leith.

	2016				2015			
	Éire	RA (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann)	Cuid eile den Domhan	Iomlán	Éire	RA (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann)	Cuid eile den Domhan	Iomlán
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Talamh agus forbairt	12	-	-	12	16	1	-	**17**
Cónaitheach	5	-	-	5	9	-	-	**9**
Tráchtáil	2	-	-	2	6	2	2	**10**
Miondíol	2	-	-	2	8	-	1	**9**
Óstán agus fóillíocht	-	-	1	1	1	-	2	**3**
Iomlán éifeacht de 1%	**21**	**-**	**1**	**22**	**40**	**3**	**5**	**48**

Imrítear tionchar ar ghlanluach reatha (NPV) sreafaí airgid freisin ag brath ar uainiú a réadaithe ag eascairt as díol sócmhainní. Dá bhrí sin, rinneadh anailís íogaireachta freisin maidir le huainiú réadú na sreafaí airgid réamh-mheasta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar is mó a d'fhéadfaí a imirt ar an muirear bearnaithe. Léirítear de bharr an chleachtaidh sin, a rinneadh gan a chur san áireamh cibé an mbaineann na sócmhainní comhthaobhachta bunaidh le naisc bhearnaithe nó nach mbaineann, go dtiocfadh muirear bearnaithe breise thart ar €8m (2015: €17m) i gceist maidir le gach €1 bhilliún i sreafaí airgid diúscartha réamh-mheasta arna n-aistriú ó 2017go 2018. Rinneadh an méid sin a mheas gan ioncam breise féideartha ó fhoinsí seachas diúscairt (ioncaim cíosa sa mhórchuid) a ghinfear ó sócmhain dá gcuifí moill 12 mí ar a dhiúscairt ná méadú a d'fhéadfadh teacht ar na sreafaí airgid amach anseo a chur san áireamh.

Déanann iniúchóirí inmheánacha an GNBS athbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas bearnaithe ar bhonn bliantúil. Áirítear i raon feidhme an athbhreithnithe seo measúnú a dhéanamh ar phróiseas an athbhreithnithe ar bhearnú agus ar chruinneas agus iomláine na n-ionchur do na measúnuithe aonair agus comhchoiteanna.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA (AR LEAN)

3.2 Aitheantas ioncaim ar iasachtaí agus infháltais

Aithint ioncam EIR

Tá an beartas cuntasaíochta maidir le hioncam úis a aithint le haghaidh iasachtaí agus infháltas leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Fuarthas an phunann bhunaidh iasachtaí a fuair an Grúpa ar lascaine shuntasach i leith Pharluach na n-iasachtaí, lena léiríodh caillteanais iasachta a tabhaíodh ar na hiasachtaí cheana féin sular ghnóthaigh an GNBS iad. Tá EIR na punainne seo socraithe ag an ráta lascaine lena ndéantar luach reatha na sreabha airgid ar glacadh leo sa tsamhail luachála gnóthaithe iasachta cothrom leis an luach gnóthaithe. Socraítear an ráta sin ar dháta na luachála agus bíonn sé mar EIR tosaigh na hiasachta.

D'fhéadfadh difríocht dhearfach nó dhiúltach a bheith idir na sreabha airgid iarbhír thar shaol an fhéichiúnaí agus na sreabha airgid ionchais a nglactar leo sa tsamhail luachála gnóthaithe. Déanann an Grúpa sreabha airgid ionchais a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad mar chuid dá athbhreithniú bearnaithe (féach nóta 3.1). Bheadh tionchar ag aon athrú sna toimhdí ar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais tugtha anonn ag costas amúchta mar atá nochta i Nóta 5. Ní aithneofar ioncam úis ar aon chuid bhearnaithe de shócmhainn, ar an tslí sin ag laghdú ioncam úis sa chás go bhfuil sreafaí airgid measta níos lú ná na sreafaí airgid bhunaidh ionchais sa tsamhail éadála iasachta.

3.3 Ioncam barrachais

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam barrachais a phunann féichiúnaithe ar bhonn leathbhliantúil. Aithníonn an Grúpa ioncam barrachais in dhá chás:

1) Féichiúnaithe a bhfuil aisíocaíochtaí fiachais sa bhreis ar a bhfiachas GNBS déanta acu. De thoradh na n-aisíocaíochtaí seo aithníodh €402m i 2016 (2015: €605m).
2) Féichiúnaithe a bhfuil glanluachanna láithreacha dearfacha acu agus a bhfuil dianchoinníollacha anáis comhlíonta acu. Réadaigh an Grúpa €327m (2015: €133m) ó na féichiúnaithe seo i 2016.

San áireamh i nglanluach láithreach (NPV) gach féichiúnaí a ndéantar a mheas ina n-aonar tá a sreafaí airgid todhchaí a fhormheas (lena n-áirítear sreafaí airgid todhchaí measta ó dhiúscairt comhthaobhacht réadmhaoine agus ioncam neamh-indiúscartha eile). Ansin cuirtear na sreafaí airgid todhchaí lascanaithe measta i gcomparáid lena luach anonn d'fhonn barrachas NPV gach féichiúnaí a ríomh.

I ndáil leis na féichiúnaithe a mbíonn luach dearfach NPV mar thoradh leo, cuirtear dianchoinníollacha anáis i bhfeidhm a bhféadfadh ioncam barrachais a bheith á aithint dá thoradh do líon an-teoranta féichiúnaithe a bhfuil líon suntasach NPVanna dearfacha acu. Déantar na coinníollacha anáis seo, ina n-áirítear measúnú ar leibhéal réitigh an fhéichiúnaí agus cur i bhfeidhm mhaolán íogaireachta NPV, a mheas ar bhonn leathbhliantúil.

San áireamh i bhformheas sreafaí airgid tá breithiúnas agus meastachán na foirne bainistíochta, rud a chiallaíonn go bhféadfadh difríocht a bheith le sonrú idir na sreafaí airgid iarbhír, agus a n-uainiú, agus na sreafaí airgid réamh-mheasta. Déanann an fhoireann bainistíochta toimhdí a úsáidtear chun sreabhadh airgid a fhormheas a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

Le linn 2016, rinneadh na maoláin a úsáideadh le linn leibhéal an bharrachais ioncaim a bhí le haithint a mheasúnú, a nuashonrú d'fhonn an tsaolré a bhí fágtha agus a bhain le gníomhaíochtaí aisghabhála sócmhainní GNBS a chur i gcuntas. Dá gcoinneofaí na maoláin ón tréimhse roimhe sin, bheadh an barrachas ioncaim a aithníodh sa bhliain airgeadais 2016 €225m níos lú le méadú iarmhartach ar luach barrachas NPV gach féichiúnaí.

4. ANAILÍS TEASCÁNACH

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin i gcomhréir leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS (an príomhchinnteoir oibriúcháin). Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá cinneadh déanta ag an nGrúpa nach bhfuil ach teascán oibriúcháin amháin aige ar bhonn domhanda, is é sin a phunann iasachtaí gnóthaithe. Is í príomhghníomhaíocht an ghnó bainistíocht na hiasachtaí a fhaightear go gasta agus luach na n-iasachtaí sin a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach eile.

Tá an fhaisnéis arna cur ar fáil faoin teascán buanaithe ar thuairiscí míosúla agus ráithiúla agus faisnéis bainistíochta mhíosúil, ar a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú.

Tuairiscíonn an GNBS príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) don Fhoireann Fheidhmiúcháin Sinsearach agus don Bhord. Sna PFTanna ríthábhachtacha a thuairiscíonn an GNBS áirítear giniúint airgid thirim, fáltais diúscartha agus ioncaim neamh-diúscartha agus fuascailt fiach.

Torthaí teascánacha na n-oibríochtaí

Is í an fhaisnéis theascánach a soláthraítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis an teascán intuairiscithe an fhaisnéis chéanna is atá sa ráiteas ioncaim comhdhlúite agus sa ráiteas comhdhlúite faoin staid airgeadais agus ní léirítear arís í sna Nótaí. Léirítear anailís gheografach ar ioncam seachtrach, sócmhainní agus dliteanais sa tábla thíos. Taispeántar an anailís maidir le sócmhainní agus dliteanais seachtracha an Ghrúpa agus ní thaispeántar sócmhainní ná dliteanais idirghrúpa.

Anailís gheografach

Grúpa 2016	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	303,107	76,408	18,612	-	**398,127**
Sócmhainní seachtracha					
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	4,191,036	1,011,503	277,056	-	**5,479,595**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(1,560,929)	**(1,560,929)**
Iasachtaí agus infháltais	**4,191,036**	**1,011,503**	**277,056**	**(1,560,929)**	**3,918,666**
Sócmhainní seachtracha eile	3,405,740	-	11,725	-	**3,417,465**
Iomlán na sócmhainní seachtracha	**7,596,776**	**1,011,503**	**288,781**	**(1,560,929)**	**7,336,131**
Dliteanais seachtracha	2,633,501	-	-	-	**2,633,501**
Iomlán na ndliteanas	**2,633,501**	**-**	**-**	**-**	**2,633,501**

Grúpa 2015	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	429,533	145,414	38,789	-	**613,736**
Sócmhainní seachtracha					
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	7,202,923	2,438,475	650,453	-	**10,291,851**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,475,906)	**(2,475,906)**
Glan-iasachtaí agus infháltais	**7,202,923**	**2,438,475**	**650,453**	**(2,475,906)**	**7,815,945**
Sócmhainní seachtracha eile	3,709,553	-	11,443	-	**3,720,996**
Iomlán na sócmhainní seachtracha	**10,912,476**	**2,438,475**	**661,896**	**(2,475,906)**	**11,536,941**
Dliteanais seachtracha	8,360,174	-	-	-	**8,360,174**
Iomlán na ndliteanas	**8,360,174**	**-**	**-**	**-**	**8,360,174**

Cuirtear ioncaim agus sócmhainní i leith tíortha ar bhonn shuíomh na comhthaobhachta. Rangaítear sócmhainní seachtracha eile de réir suíomh an sócmhainn.

Ní sholáthraítear bearnú iasachtaí agus infháltas de réir na hearnála geografaí toisc go ndéantar an measúnú bearnaithe ar leibhéal an fhéichiúnaí agus beidh comhthaobhacht féichiúnaithe aonair suite ar fud na n-earnálacha geografacha éagsúla.

Áirítear urrúis fiachais shinsearacha arna n-eisiúint i bhformhór na ndliteanas seachtrach, a n-eisítear in euro ar Stocmhalartán na hÉireann agus a thuairiscítear dá réir sin mar chuid de theascán geografach na hÉireann.

Ní bhfuarthas aon ioncam as idirbhearta le custaiméir seachtrach aonair a bhí cothrom le 10% nó níos mó d'ioncaim an Ghrúpa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

5. IONCAM ÚIS AGUS TÁILLE

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Ús ar iasachtaí agus infháltais	19	368,108	576,349
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte		2,892	5,038
Ioncam táille ó rótharraingtí		834	-
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid		328	468
Ioncam úis iomlán		**372,162**	**581,855**
Ioncam táille ó iasachta agus infháltas		25,965	31,881
Ioncam úis agus táille iomlán		**398,127**	**613,736**

Aithnítear ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais de réir bheartas cuntasaíochta 2.9.

Ríomhtar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais ag baint úsáide as modh cuntasaíochta EIR. Déanann an modh seo iarracht ioncam úis a aithint ag ráta seasmhach thar saolré na hiasachta agus beidh difríocht idir é agus an t-airgead tirim iarbhír faighte. Tugann sé seo le tuiscint in aon thréimhse tuairiscithe go mbeidh difríocht idir an méid úis aitheanta agus an t-airgead tirim faighte. Thar shaolré na hiasachta, áfach, beidh iomlán an airgid thirim faighte sa bhreis ar luach gnóthaithe na hiasachta, tar éis coigeartaithe i gcás aon chaillteanais bhearnaithe, cothrom leis an ioncam úis aitheanta. Ní aithnítear aon ioncam úis ar an ngné d'aon iarmhéid iasachta a bhreithnítear a bheith bearnaithe.

B'ionann an t-ús ar iasachtaí agus infháltais arna aithint don bhliain agus €368m (2015: €576m). As an tsuim sin, réadaíodh €342 (93%) i bhfáltais airgid nár bhain le diúscairt (2015 €570m; 98%). Déantar aon difríocht idir an t-ioncam EIR arna aithint agus an ghné arna réadú in airgead in aon tréimhse ar leith a chur san áireamh i bpróiseas bearnaithe GNBS. Tá an laghdú ar an ús ar iasachtaí agus infháltais inchurtha go príomha i leith ús a thuilltear ar iarmhéid níos ísle iasachtaí agus infháltais le linn na bliana.

Baineann ioncam úis ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte le hús faighte ar dhíorthaigh gnóthaithe ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí bainteach leis na hiasachtaí a gnóthaíodh. Baineann ioncam táille ó róthairraingtí le ioncam táille saothraithe ag GNBS ar cuntais rótharraingthe fhéichiúnaí.

Cuimsíonn ús ar airgead agus coibhéisí airgid ús tuillte ar airgead, éarlaisí gearrthréimhseacha, nótaí státchiste agus páipéar tráchtála coinnithe i rith na bliana.

Aithnítear ioncam táille ó iasachtaithe atá mar dhlúthchuid de ríomh an EIR nó de bhunús iasachta mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille. San ioncam táille a aithnítear sa bhliain áirítear táillí socruithe agus táillí athstruchtúrtha agus táillí idirbheartaithe ó dhíolacháin iasachtaí.

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Ús ar iasacht chuig BSNT	1,495,779	1,657,170
Ioncam úis iomlán	**1,495,779**	**1,657,170**

Le linn 2016, ghin foghnóthais an Ghrúpa GNBS brabúis incháinithe, a bheidh iníoctha le BSN sa deireadh mar ioncam úis faoi shocruithe um iasachtaí le rannpháirtíocht sa bhrabús. Ina dhiaidh sin, tar éis úsáid aon chaillteanas cánach a bhí ar fáil agus asbhaint an chostais úis ar a chuid urrús fiachais shinsearaigh agus a chuid fofhiachas, ghin BSN brabúis incháinithe €1,496m (2015: €1,657m) atá iníoctha leis an ngníomhaireacht GNBS, mar ioncam úis. Déantar an tsuim sin atá iníoctha ag BSN leis an ngníomhaireacht GNBS a fho-ordú d'fhéichiúnaithe sinsearacha nuair a bhíonn an fiachas sinsearach ar fad íoctha.

6. COSTAS ÚIS AGUS A CHOSÚIL

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Ús ar urrúis fhiachais shinsearaigh i mbun eisiúna		526	14,020
Ús ar dhíorthaigh a bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm orthu	*35*	73,207	203,606
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile		469	1,955
Ús ar sócmhainní ar fáil le díol		31	-
Ús ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		8,345	1,004
Costas iomlán úis		**82,578**	**220,585**

Laghdaí costais úis ar urrás fiachais le linn na bliana mar thoradh ar fhuascailt agus rátaí diúltach Euribor. Díoltar ús go leath-bhliantúil ar 1 Márta agus 1 Meán Fómhair. Ní raibh ao nús fabhraithe ag sealbhóirí urrás fiachais i gceist ag dáta cúpóin an 1 Meán Fómhair mar go bhfuil an ráta cúpóin, atá bunaithe ar Euribor, ag an ráta is ísle de 0%.

Laghdaigh an t-ús ar dhíorthaigh áit a bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm le linn na bliana mar go ndeachaigh na díorthaigh uile a fálaíodh i gcaidrimh fhálaithe roimhe in éag i mí Mheán Fómhair 2016.

Is ús ar bhannaí gearrthéarmach rialtais coinnithe mar gheall ar aidhmeanna leachtacht é ús le fáil ar sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol. Tá luach ainmiúl €430m (2015: €nialas) ar sócmhainní ar fáil le díol ag an dáta tuairiscthe.

Thabhaigh an Ghrúpa costais ús €8m (2015: €1m) ar airgead tirim agus coibhéis airgead tirim mar gheall ar ús dhiúltach le linn 2016.

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Ús íoctha ar réamhíocaíochtaí ón Lárchiste	-	58
Costais Úis Diúltach ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2	-
Ús Iomlán agus costais cosúil leis	**2**	**58**

Níl aon costais úis ag an Gníomhaireacht i 2016 (2015: €0.058m) mar gheall ar rátaí dhiúltach úis ar an iasacht idirghrúpa. Thabhaidh an Ghníomhaireachtcostais úis €0.02m in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim mar gheall ar rátaí dhiúltach úis.

7. IONCAM EILE/(COSTAIS)

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Dáileacháin ó ionstraim chothromais (a)	24,791	24,138
Ioncam díbhinne ó infheistíochtaí eile (b)	-	251
Gnóthú luach coir ar ionstraim chothromais (c)	3,462	11,441
Ioncam ó tháille ceadúnais (d)	523	9,411
Ioncam cíosa Léasa (e)	6,502	3,664
Athluacháil ar réadmhaoine trádála (f)	(97)	(630)
Iomlán ioncam eile / (costais)	**35,181**	**48,275**

(a) Mar thoradh ar an athstruchtúrú a rinneadh ar cheann de na féichiúnaithe faoi bhainistíocht GNBS in 2011, fuair an Grúpa infheistíocht chothromais £2 Stg i gcuideachta féichiúnaí. Leis an infheistíocht chothromais, fuair GNBS teidlíocht i leith sciar d'aon bhrabúis sa todhchaí a ghinfeadh an chuideachta féichiúnaí. Fuair an Grúpa díbhinní dar luach €24.8m san iomlán (2015: €24.1m) ar a chuid infheistíochta i rith na tréimhse tuairiscithe.

(b) Baineann ioncam díbhinne ó infheistíochtaí eile ioncam díbhinne atá faighte ag Ghrúpa i 2015 le leachtú RSNT. Leachtaíodh RSNT le héifeacht ó 23 Márta 2016.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

7. IONCAM EILE/(COSTAIS) (AR LEAN)

(c) Tá luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS bunaithe ar ghlanluach sócmhainne an aonáin infheistíochta amhail an dáta tuairiscithe, agus déantar athruithe ar an luach cothrom a aithint sa ráiteas ioncaim de réir bheartas cuntasaíochta 2.6. Féach Nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ionstraimí cothromais i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

(d) Le linn 2015, fuair GNBS tailte áirithe ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ina dhiaidh sin, chuaigh GNBS isteach i gcomhaontú comhroinnte ioncaim leis an suíomh a fhorbairt, rud a chuirfear sruth slán ioncaim ar fáil ó na tailte i bhfoirm tháille ceadúnais. Bronnadh an ceadúnas ar thríú páirtí ar feadh tréimhse sé bliana chun forbairt an tsuímh a chumasú ar mhaithe le sochar tráchtála fadtéarmach. Chomh maith leis an sruth slán ioncaim, tá céatadán socruithe cíosa agus céatadán d'fháltais díolacháin aon fhorbairt tithíochta chríochnaithe a thógtar ar na tailte dlite le NANQ. Aithnítear luach reatha aon chuid den sruth ioncaim urraithe mar ioncaim ó tháille ceadúnais i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.9. Díchorntar an lascaine ó luacha reatha thar saol an chomahaontú, agus an díchorn aithnithe mar ioncam mar tháille ceadúnais (2016: €0.5m).

(e) Tuilltear ioncam cíosa léasa ó réadmhaoin cónaithe a léasú le comhlachtaí tithíochta faofa le haghaidh tithíochta sóisialta. Déantar é a chuntas ar bhonn líne dírí thar théarma an léasa, de réir bheartas cuntasaíocha 2.26. Is mar gheall ar méadú gníomhaíocht léasa i rith na bliana an méadú sa bhliain.

(f) I gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.16, déantar réadmhaoine trádála a thomhas ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ag an dáta tuairiscithe, d'aithin an Grúpa caillteanais athluachála de €0.1m (2015: €0.6M) ar shócmhainní áirithe a ndearnadh athluacháil síos orthu ó chostas go glanluach inréadaithe. Féach Nóta 20 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le sócmhainní réadmhaoine.

Gníomhaireacht	*Note*	**2016 €'000**	**2015 €'000**
Costais cúititheo ón Ghrúpa BSN	*10*	49,661	55,846
Ioncam úis dhiúltach ó iasachtaí Idirghrúpa	*6*	58	-
Iomlán ioncam eile		**49,719**	**55,846**

Is mar gheall ar rátaí diúltach úis ar an iasacht idirghrúpa atá ús ioncaim de €0.058m (2015: costas ioncaim de €0.058m)..

8. CAILLTEANAIS AR IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Grúpa	**2016 €'000**	**2015 €'000**
Caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh gnóthaithe ó iasachtaithe	(1,088)	(4,268)
Táille Críochnuithe ar dhíorthach a bhí i gaolta bhfálú sreabhadh airgid	-	(140,705)
(Caillteanais)/Gnóthachainluacha cothrom ar dhíorthaigh eile	(961)	1,699
Coigeartú neamhéifeachtachta fála	(2,017)	8,890
(Caillteanais) iomlána ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	**(4,066)**	**(134,384)**

Tá gluaiseachtaí luach cothrom ar dhíorthaigh á spreagadh ag gluaiseachtaí margaidh a tharla i gcaitheamh na bliana. Tá tionchar ar luach cothrom na mbabhtálacha seo ag athruithe i rátaí Euribor agus leibhéil feidhmíochta na ndíorthach iasachtaithe. Soláthraítear breis faisnéise ar ionstraimí airgeadais díorthaigh i Nóta 18.

Bhain GNBS feidhm as cuntsaoícht fálaithe roimhe lena bannaí sinsearacha in éisiúnt a roinnt. Déantar an cion éifeachtach d'athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú sreabhadh airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile laistigh de chothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach i mbrabús nó caillteanas. Neamhaithníodh gaol fálaithe sreabhadh airgid ar 28 Eanair 2016 agus d'aibí na díorthaigh ina dhiadh sin i Meán Fomhair 2016.

Níl aon díorthaigh sa Ghníomhaireacht.

9. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT IASACHTAÍ, SÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE AGUS IONCAM FARASBAIRR

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (sa bhreis ar luachanna anonn iasachtaí)	*19*	729,016	738,073
Glan brabús ar dhiúscairt iasachtaí	*19*	378,163	848,892
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine		2,638	-
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr		**1,109,817**	**1,586,965**

I gcás sócmhainní faighte áirithe, tá luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas sáraithe ag na fáltais ó dhiúscairt na comhthaobhachta bunaidh i nasc féichiúnaí. Aithnítear an farasbarr seo sa ráiteas ioncaim mar bhrabúis réadaithe ar iasachtaí. As an méid iomlán de €729m a aithnítear i 2016, bhí €402m (2014: €605m) ó fhéichiúnaithe a bhfuil fiachas uile an GNBS aisíoctha go hiomlán acu agus aithnítear aon airgead breise a fhaightear mar bhrabús. Aithnítear €327m (2015: €133m) breise d'ioncam farasbairr ar shócmhainní iasachta ar leith le nasc féichiúnaí sa chás go bhfuil an airgead ginte agus faighte ag an GNBS tar éis luach anonn na hiasachta a shárú; agus sa chás go bhfuil sreafaí airgid measta don nasc féichiúnaí trí chéile níos mó ná luachanna anonn na hiasachta trí chéile. Tá breis eolas faoi aithint ioncam farasbairr i Notá 3, breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla.

I rith na bliana airgeadais, dhiúscair an Grúpa iasachtaí agus infháltais áirithe faighte le tríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas seo. Réadaigh an grúpa glanbhrabús de chuid €849m (2014: glanchaillteanas de €257m tar éis athaicmiú) ar dhiúscairt iasachtaí sa bhliain. Bhí ollbhrabús de €394m (féach nóta 19) ar dhiúscairt de €868m (féach nóta 18) agus costais diúscartha de €16m, le brabús ghlan de €378m ar dhiúscairt iasachtaí. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí sa chás go bhfuil an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí um measúnú bearnaithe is déanaí atá ar fáil

Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na sócmhainní réadmhaoine sin. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús de chuid €nialas (2014: €2.0m) ar dhiúscairt na sócmhainní réadmhaoine trádála sa bhliain airgeadais.

Tugann an tábla thíos achoimre ar bhrabús ghlan foriomlán GNBS a aithníodh ar na hidirbhearta a bhaineann le diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí i ndáil leis na blianta 2016 agus 2015:

	2016			2015		
Grúpa	**Diúscairt bhunchomh-thaobhachta €m**	**Diúscairt iasachtaí €m**	**Iomlán €m**	**Diúscairt bhunchomh-thaobhachta €m**	**Diúscairt iasachtaí €m**	**Iomlán €m**
Fáltais ó dhiúscairtí	4,243	1,156	**5,399**	5,754	3,339	**9,093**
Brabús a aithníodh sa ráiteas ioncaim (Nóta 9)	729	378	**1,107**	738	849	**1,587**
Criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana (Nóta 19)	-	(633)	**(633)**	(24)	(935)	**(959)**
Iomlán	**729**	**(255)**	**474**	**714**	**(86)**	**628**

Seasann criostalú an tsoláthair bearnúcháin atá ann cheana don mhéid a aithníodh cheana den soláthar bearnúcháin atá curtha i leith diúscairt bunchomhthaobhachta agus iasachtaí. Ní sheasann sé do mhuirear ráiteas ioncaim i dtréimhse an chriostalaithe. Ina áit sin, tharla aitheantas an ráitis ioncaim nuair a taifeadadh an soláthar bearnúcháin cheana. In éineacht leis an 'Brabús a aithníodh sa ráiteas ioncaim', tugann sé brabús / (caillteanas) foriomlán maidir le diúscairt bhunchomhthaobhachta agus iasachtaí don tréimhse.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí nó sócmhainní réadmhaoine a dhiúscairt.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

10. COSTAIS RIARACHÁIN

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Costais in-aisíoctha le GBCN	*10.1*	47,229	53,495
Táillí príomhsheirbhíseora	*10.2*	15,215	39,338
Táillí máistir-sheirbhíseora	*10.3*	1,479	1,399
Táillí bainistíochta punainne	*10.4*	3,205	4,604
Táillí dlí	*10.5*	3,484	5,658
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	*10.6*	4,112	2,455
Costais chíosa agus áitíochta	*10.7*	2,883	2,899
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	*10.8*	752	736
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	*10.9*	1,250	550
Táillí agus costais an Bhord agus an Choiste	*10.10*	435	442
Iomlán na gcostas riaracháin		**80,044**	**111,576**

Gníomhaireacht	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Costais riaracháin			
Costais in-aisíoctha le GBCN	*10.1*	47,229	53,495
Costais áitíochta agus cíosa		2,432	2,351
Táillí agus costais an bhoird agus coiste	*10.10*	435	442
Iomlán na gcostas riaracháin		**50,096**	**56,288**

Aithnítear na costais in-aisíoctha le GBCN mar chostas don GNBS. Aisíocann Grúpa BSN na costais uile, seachas táillí Boird agus coiste agus costais Boird tabhaithe ag an GNBS, leis an GNBS. Chúitigh Grúpa BSN costais iomlána de chuid €49.6m (2015: €55.8m) leis an GNBS.

Gníomhaireacht	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Costais in-ais.octha le BSN			
Costais in-ais.octha le GBCN	*10.1*	47,229	53,495
Costais .it.ochta agus c.osa	*10.7*	2,432	2,351
Iomlán costais in-ais.octha le BSN		**49,661**	**55,846**

10.1 Costais in-aisíoctha leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN. Tá na costais san áireamh sna méideanna nochtaithe i ráitis airgeadais GBNS mar gheall ar am a ghlac sé ráitis airgeadais GNBS a chuir le chéile.

Cuimsítear costais ó costais foirne de €37.3m (2015: €43.1m) agus forchostais agus costais seirbhísí roinnte de €9.9m (2015: €10.4m).

Tabhaíonn GBCN costais indíreacha ar nós tuarastail, cíos, TF, seirbhísí oifige agus gnó. Ina theannta sin, soláthraíonn GBCN seirbhísí comhroinnte do GNBS, lena n-áirítear TF, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Ba ionann costas tuarastail fhostaithe GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) a sholáthraigh na seirbhísí sin do GNBS le linn 2016 agus €3.4m (2015: €3.7m).

Tá costais in-aisíoctha leis an GBCN fritháirithe ag €0.061m a bhaineann le cíos atá dlite ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát le GNBS, a úsáideann an chéad urlár den áitreabh atá ligthe ar léas ag an nGníomhaireacht.

D'aontaigh GNBS cuid coibhneasach de chostais forchostais seachtach tabhtah ag an GBNS a aisíoc ar bhun lárnach áit a deachaigh chun leasa GNBS go díreach nó go hindíreach tríd soláthar earraí agus seirbhísí gaolmhar. Tá costais teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí ofigie agus gnó, chomh maith le dímheas in mar úsáid sócmhainn seasta agus forchostais lárnach eile san áireamh.

Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa BSNT an Ghníomhaireacht a chúiteamh.

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaimseartha i ngnó an GNBS a athmhuirearú ar an nGrúpa. Ba ionann an costas tuarastail iomlán lena n-áirítear costais pinsin don tréimhse tuairiscithe agus €37.3m (2015: €43.1m).

Ba é líon na bhfostaithe de chuid an GBCN a bhí páirteach go díreach sa Ghrúpa ('Oifigigh GNBS') ag an dáta tuairiscithe ná 302 (2015: 341). Dóibh seo, áirítear 41 fostaí (2015: 50 fostaí) ar saoire gharraíodóireachta mar chuid den Scéim Iomarcaíochta Deonaí ('VRS') i 2017.

Aithníodh costais de €3.9m ag baint leis an VRS in 2016, a raibh €1.7m de inchurtha i leith íocaíochtaí reachtúla agus íocaíochtaí iomarcaíochta eile, bhain €0.8m leis an "scéim choinneála"[3], agus €1.4m le saoire gharraíodóireachta. Ní costas incriminteach don GNBS atá i gceist leis an tsaoire gharraíodóireachta, ach cuid den chostas foriomlán tuarastail a bheadh thabhaithe ag GNBS cibé cinneadh a bheadh déanta maidir leis na baill foirne lena mbaineann a chur ar saoire gharraíodóireachta. Mhair an tsaoire gharraíodóireachta do 39 ball foirne, faoin VRS, trí mhí agus do bheirt bhall faoirne sé mhí.

Rinneadh sceideal iomarcaíochta bunaidh an GNBS d'fhonn an líon foirne a laghdú a leasú in 2016 chun freastal ar riachtanais foirne an chláir leathnaithe soláthair tithíochta. Tarlóidh tuilleadh iomarcaíochta ar bhonn céimnithe gach bliain idir 2017 agus 2020 in áit 2018 mar a bhí beartaithe ag an tús. Chomh maith leo siúd ar glacadh leo don VRS, cuireadh seachtar ball foirne (2015: 15) ar saoire gharraíodóireachta le linn 2016, lenar bhain costas inchurtha 2016 de tuairim is €0.2m (2015: €0.3m). Ar an meán, mhair saoire gharraíodóireachta na seachtar ball foirne dhá mhí (2015: dhá mhí). Rinneadh na cinntí maidir leis na seachtar ball foirne a chur ar saoire gharraíodóireachta ar bhonn cás ar chás agus rinneadh measúnú, inter alia, ar ról an duine sin i GNBS agus fostóir nua an duine sin.

Tá Oifigigh an GNBS ina mbaill de Scéim Pinsean Sochair Shainithe GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaithe úd. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsean seo a athmhuirearú ar an GNBS. Tá costas na ranníocaíochtaí pinsean le fáil i Nóta 38.

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	**2016 €**	**2015 €**
Tuarastal	390,105	390,105
Sochair incháinithe	21,188	20,166
	411,293	**410,271**

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinithe agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60% de thuarastal bliantúil. Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht don bhliain 2015 agus 2016, ach i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach ag tabhairt aghaidh ar an tír, tharscaoil sé a theidlíocht i ndáil leis an íocaíocht seo.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí.

Is é POF GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh comhairliúcháin le Bord GNBS. Le comhairle á tabhairt maidir le luach saothair, soláthraítear faisnéis do Choiste Comhairleach GBCN ó dhearcthaí Choiste Luach Saothair GBCN amidir le dualgais an Bhoird polasaí Rialtas a chuir i bhfeidhm ag baint leis an luach saothar seo.

Príomhphearsanra bainistíochta

Sainítear príomhphearsanra bainistíochta faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016 mar na baill foirne sin a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá ochtar ag tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta le linn 2016 agus €1.4m.

3 *Ní bhaineann an scéim choinneála ach amháin i gcúnsí ina ndearnadh iomarcaíocht ar bhaill foirne, inar chomhlíon siad gach caighdeán feidhmíochta agus inar fhan siad le GNBS don tréimhse riachtanach le sainordú reachtúil na Gníomhaireachta a chomhall.*

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

10. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

10.1 Costais in-aisíoctha leis an GBCN (ar lean)

Sochair Uile na bhFostaithe

Mar a éilítear faoin gCód, tá sochair uile na bhfostaithe, laistigh de bhandaí pá de €25,000 ó €50,000 suas, leagtha amach sa tábla thíos.

Banda pá	Uimhir fostaithe 2016	Uimhir fostaithe 2015
Suas go €50,000	52	42
€50,001 - €75,000	74	95
€75,001 - €100,000	80	96
€100,001 - €125,000	51	52
€125,001 - €150,000	27	33
€150,001 - €175,000	8	11
€175,001 - €200,000	4	5
€200,001 - €225,000	2	3
€225,001 - €250,000	1	1
€250,001 - €275,000	2	2
€275,001 - €300,000	-	-
€300,001 - €325,000	-	-
€325,001 - €350,000	-	-
€350,001 - €375,000	-	-
€375,001 - €400,000	-	-
€400,001 - €425,000	1	1
Iomlán	**302**	**341**

Áirítear leis an luach saothair iomlán an buntuarastal agus aon sochair inchánacha íoctha le fostaithe. Ní áirítear leis ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Tá feidhm ag asbhaint a bhaineann le pinsean na seirbhíse poiblí maidir le fostaithe GBCN.

Caiteachas ar Fháilteachas

Mar is gá a nochtadh faoin gCód leasaithe, tá an caiteachas ar fháilteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach thíos:

	2016 €
Leas Foirne	39,055
Deonacháin Sport agus sóisialta	13,000
Imeachtaí foirne	15,178
Bláthanna	840
	68,073

Cuimsíonn an chuid is mó de chostas leasa na foirne costas scagthástálacha sláinte don hfoireann (€34,500), vacsaíní fliú (€1,825) agus ranganna agus léachtaí ag am lóin. Eagraíonn an GBCN iad sin agus tá foireann an GNBS incháilithe le leas a bhaint as na sochair sin.

Caiteachas ar Fháilteachas (ar lean)

Tá Coiste Spóirt agus Sóisialta curtha ar bun ag an GBCN don fhoireann uile, agus is féidir leo dul isteach ann ar bhonn deonach agus táillí ballraíochta a íoc. D'aontaigh an GNBS ranníocaíocht a dhéanamh le costais na ngíomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste sa chás ina mbaineann baill foirne GNBS leas as na gníomhaíochtaí. Thabhaigh an GNBS €13,000 le linn 2016 i ndáil leis na gníomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste.

I mí na Nollag 2016, rinneadh imeacht a reáchtáil le haitheantas a thabhairt don chion oibre tábhachtach luachmhar déanta ag foireann an GNBS, idir na baill foirne a bhí ag fágáil faoi scéim iomarcaíochta deonaí 2016 agus na baill foirne a bhí ag fanacht ann, i dtaobh bhaint amach rathúil chuspóirí GNBS le linn na tréimhse ó thús 2010 go deireadh 2016. D'fhreastail tuairim is 300 duine ag costas €11,067 (2015: €11,592). Cuimsíonn imeachtaí foirne eile go príomha scair an GNBS de na himeachtaí foirne eagraithe agus an GBCN chuig a dtugtar cuireadh do bhaill foirne an GNBS.

Costais Taistil

Ba ionann na costais taistil iomlána a tabhaíodh le linn 2016 agus €123,756, ar bhain €60,087 de le taisteal idirnáisiúnta agus €63,669 le taisteal intíre.

10.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íoctha le AIB agus Banc na hÉireann agus Capita a sheirbhísiú. a riarann na hiasachtaí agus na hinfháltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. chomh maith le bainistíocht cuntais reatha gearrtha. Tá na táillí Príomhsheirbhíseora bunaithe ar comhaontaithe serbhísí leis na solathraí seirbhísí (Banc na hÉireann agus Capita) agus aisghabháil costais le uasmhéad 10 bonnphointe d'iarmhéideanna iasachta parfhiachais arna riar (do AIB).

Tá na méideanna iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach sonraithe i Nóta 38, nochtadh páirtithe gaolmhara. Is €15.2m (2015: €39.3m) a bhí táillí príomhsheirbhíseora le linn nab liana airgeadais.

10.3 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íoctha leis an Máistir-Sheirbhíseoir, Capita. Soláthraíonn Capita seirbhísí riaracháin iasachtaí agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Bhí táillí Capita don bhliain airgeadais cothrom le €1.5m (2015: €1.4m). Is iad irratais athraithe breise le linn an tréimhse seo atá ag ardú táillí máisitir-sheirbhíseora.

10.4 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. San áireamh sna costais áirítear táillí luachála réadmhaoine, cuardaigh sócmhainní agus clárlainne táillí, costais díolacháin iasachtaí agus costais árachais. Is mar gheall ar laghdú i gníomhaíochta ghnó GNBS atá an laghdú i dtáillí bainistíochta punainne.

10.5 Táillí Dlí agus Cánach

San áireamh i dtáillí dlí tá táillí íoctha le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí i bainistíocht leanúnach agus tacaíocht féichiúnaithe. Is mar gheall ar laghdú i gníomhaíochta ghnó GNBS atá an laghdú i dtáillí dlí.

10.6 Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta

Áirítear i gcostais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil le TF, comhairle chánach agus costais riaracháin eile. Tá íocaíocht a rinneadh chun na Coimisinéirí Ioncaim, a d'éirigh ó athbhreithniú seachtrach an Grúpa GNBS ar oibriúchán Professional Services Withholding Tax (PSWT) san áireamh i gcostaisí airgeadais, cumarsáid agus teicneolaíocht.

10.7 Costais chíosa agus áitíochta

Áirítear i gcostais chíosa agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu.

Tá táille dímheasa ar na costaisí léas feistiú chaipitlithe €336 míle (2015: €255 íle) san áireamh sna costais cíosa agus áitíochta.

Léasaigh an Ghníomhaireacht an tríú hurlár dá háitreabh oifige reatha ó 2010 ar feadh tréimhse 10 mbliana ar chíos €1.0m, agus an chéad urlár dá háitreabh oifige reatha ó 2014 ar feadh tréimhse 15 mbliana ar chíos bliantúil €0.8m agus forfhoirgneamh an chéad urláir dá háitreabh oifige reatha ar feadh tréimhse 12 bhliain agus 4 mhí ar chíos bliantúil €0.1m ó 2013. Tá €46,000 atá cúitithe le GNBS ar son páirt do hainnéacs an chéad úrlár, faoi fhorghabháil an Strategic Banking Corporation of Ireland (SBCI), san áireamh sna costais cíosa. Tá breis eolais faoi léasanna i Nóta 31, tiomantais agus dliteanais theagmhasacha.

Baineann an t-iarmhéid atá fágtha le costais áitíochta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

10. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

10.8 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúchóirí inmheánacha agus tuairisciú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

10.9 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Iniúchadh ar Ghrúpa GNBS agus fóchuideachtaí	500	550
Iniúchadh an Iniúchóir Reachtúil ar fhóchuideachtaí GNBS	750	-
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	**1,250**	**550**

Ní chuireann an t-Ard-Reachtaire Cunstas agus Ciste (mar inichóir seachtrach) aon seirbhísí ráthaíochta, comhairle cánach nó seirbhísí neamhiniúchóireachta ar fáil go an GNBS.

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Iniúchóir an GNBS i gcomhréir le hAlt 57 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. De bhun na gceanglas in Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear ar GNBS iniúchóir reachtúil a cheapadh ar leithligh i leith chuideachtaí laistigh de Ghrúpa an GNBS a meastar a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Ós rud é go bhfuil 51% den GNBS faoi úinéireacht phríobháideach agus go bhfeidhmíonn sé le díbhinní a thabhairt ar ais dá scairshealbhóirí meastar é a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Tá €0.75m fabhraithe ag GNBS do chostas measta na hIniúchóireachta Reachtúla ar fhochuideachtaí GNBS do 2016.

10.10 Táillí an Bhord agus an Choiste GNBS

Tá táillí an Bhoird leagtha amach faoi, agus iad faomhaithe and an Aire Airgeadais.

	2016 €	2015 €
Frank Daly (Cathaoirleach)	150,000	150,000
Oliver Ellingham	60,000	60,000
Brian McEnery	60,000	60,000
Mari Hurley	60,000	60,000
Willie Soffe	75,000	75,000
Táillí Boird	**405,000**	**405,000**
Costais an bhoird	10,189	16,767
Costais Iomlán an Bhoird	**415,189**	**421,767**
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Alice Charles	5,000	5,000
Michael Wall	5,000	5,000
An Coiste Iniúchóireachta		
Jim Kelly	10,000	10,000
Táillí an Choiste	**20,000**	**20,000**
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	**435,189**	**441,767**

Ní fhaigheann Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach GBCN), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS), mar bhaill ex-officio aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltaí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Tá costais iníoctha i leith an Bhoird agus bhaill Coiste leagtha amach thíos.

2016	Costais Taistil €	Lóistín agus Cothabháil €	Eile €	2016 Iomlán €	2015 Iomlán €
Frank Daly (Cathaoirleach)	571	106	595	**1,272**	**683**
Oliver Ellingham[4]	2,680	1,500	125	**4,305**	**9,911**
Brian McEnery[4]	4,050	562	-	**4,612**	**6,173**
	7,301	**2,168**	**720**	**10,189**	**16,767**

11. GNÓTHACHAIN/(CAILLTEANAIS) AIRGEADRA EACHTRAIGH

Grúpa	*Nóta*	2016 €'000	2015 €'000
(Caillteanais)/Gnóthachain um aistriú airgeadra eachtraigh ar iasachtaí agus infháltais (a)	*19*	(154,285)	170,375
Gnóthachain airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh (b)		90,710	105,276
Gnóthachain/(caillteanais) airgeadra eachtrach réadaithe malairte ar ionstraimí airgeadais díorthaigh airgeadra		86,106	(298,903)
(Caillteanais)/gnóthachain airgeadra eachtrach ar airgead tirim (c)		(11,197)	8,355
(Caillteanais)/gnóthachain airgeadra eachtrach eile		(2,041)	1,102
Gnóthachain agus caillteanais iomlána ar airgeadra eachtrach		**9,293**	**(13,795)**

(a) Eacraíonn gnóthachain um aistriú airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais ar athluacháil iasachtaí agus infháltas airgeadra eachtrach ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtrach de réir bheartas cuntasaíochta 2.5.

(b) Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach ó ghluaiseachtaí margaidh a mbíonn tionchar acu ar luach na dtíorthach sa tréimhse tuairiscithe. Tá caillteanas de chuid €131m (2015:€140m) taifeadta ag an GNBS ar bhonn carntha ó 2010 i leith. Tá an glanchostas carntha seo comhaicmeach le costas "árachais" an GNBS a chosaint ó thionchar luaineachtaí sa ráta airgeadra eachtrach.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, ghlac an Grúpa páirt in idirbhearta airgeadaíochta d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí agus infháltais airgeadra eachtrach gnóthaithe. Cuimsíonn an gnóthachan nó caillteanas ar tháirgí díorthaigh gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe. Aithnítear gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.15. Mínítear díorthaigh airgeadaíochta ar bhonn níos mionsonraí i Nóta 18.

(c) Eascraíonn gnóthachain airgeadra eachtraigh ar airgead tirim mar thoradh ar luaineacht i rátaí airgeadra eachtraigh sna hiarmhéideanna airgid éagsúla neamh-Euro.

4 Tá suim de €4,062 san áireamh i speansas taistil agus cóiríochta agus cothaithe a léiríonn dliteanas cánach GNBS ar sochar comhchineáil i leith speansais bhoird díolta i 2016 (2015: €7,498).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

12. CREIDMHEAS BHEARNAITHE AR IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	**2,475,906**	**3,520,775**
Méadú i bhforáil sainiúil	178,607	458,403
Scaoileadh na forála sainiúla	(1,093,584)	(1,428,547)
Scaoileadh na forála comhchoitinn	-	(74,725)
Gluaiseacht iomlán san fhoráil	**(914,977)**	**(1,044,869)**
Iarmhéid ag deireadh na bliana	**1,560,929**	**2,475,906**
Aitheanta sa ráiteas ioncaim i gcoinne bearnú	(281,578)	(85,620)
Aitheanta i gcoinne iasachtaí agus infháltais (Notá 19)	(633,399)	(959,249)
Iomlán gluaiseacht soláthar	**(914,977)**	**(1,044,869)**

Ríomhtar an foráil bhearnaithe i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair mar an difríocht idir an luch anonn de chuid iasachtaí iomlána gach nasc féichiúnaí agus luach reatha sreafaí airgid measta na todhchaí don nasc. Féadfaidh an lucht bainistíochta breith a chur i bhfeidhm chun bearnúchán ríofa a choigeartú i gcás ina dtugann sé léiriú níos cruinne ar luach in-aisghabhála sócmhainne. Tá tuilleadh eolais maidir le breith ón lucht bainistíochta leagtha amach i Nóta 3.1.

Cuimsíonn an ghluaiseacht san fhoráil shainiúil in 2016 méadú de €179m agus scaoileadh de €1,094m do naisc áirithe féichiúnaí. Léiríonn an méadú ar fhorálacha sainiúla go príomha an meath ar mhéid na sreafaí airgid ionchais ó shócmhainní comhthaobhacha agus/nó athrú ar thráthú na sreafaí sin.

Tharla scaoileadh na forála sainiúla mar gheall ar mhéadú ar shreafaí airgid ionchais agus réadaithe lena n-áirítear sreafaí airgid a fuarthas níos luaithe. Baineann an scaoileadh de €633m san fhoráil shainiúil aithnithe in aghaidh iasachtaí agus infháltais le criostalú bearnúcháin a aithníodh roimhe sin in aghaidh iasachtaí a díoladh le linn na bliana agus conclúid na socrúcháin chomhréitigh fiachais.

Ón 1 Eanáir 2015, rinneadh measúnú ar bhonn aonair ar an uile nasc féichiúnaí le haghaidh bearnú agus mar sin de níl gá níos mó le foráil bhearnaithe don phunann chomhchoiteann.

Tá tuilleadh eolais maidir le bearnú iasachtaí agus infháltas le fáil i Nóta 3, meastacháin agus breithiúnais chriticiúla Chuntasaíochta, Nóta 19, Iasachtaí agus infháltais agus Nóta 22, Riosca Creidmheasa.

13. MUIREAR CÁNACH

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Cáin reatha		
Cáin chorparáide Éireannach	(143,139)	(18)
Cáin iarchurtha		
Ar ghnóthachain / (caillteanais) luach cothrom ar dhíorthaigh agus ionstraimí cothromais	(21,518)	(28,290)
Ar dhifríochtaí uainiú eile	54	(54)
Cáin iarchurtha iomlán aitheanta sa ráiteas ioncaim	**(21,464)**	**(28,344)**
Táille iomlán	**(164,603)**	**(28,362)**

13. MUIREAR CÁNACH (AR LEAN)

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta corparáideach ábhartha na hÉireann i ndáil le muirear cánach iarbhír an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabúis

Grúpa	**2016 €'000**	**2015 €'000**
Brabús roimh cánachas	1,667,308	1,854,256
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	416,827	463,564
Éifeacht:		
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-asbhainte	(21,145)	(28,406)
Cáin ar ioncam úis	(31)	(63)
Ioncam neamh-asbhainte/(Costais asbhainte)	(252,563)	(414,311)
Caillteanais chánach úsáidte tugtha anonn	-	2
Ioncam/(Costais asbhainte) cánach breise	100	(20,872)
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha(dliteanas)/sócmhainní aitheanta	21,464	28,344
Caillteanais cánach úsáidte ar bhunús luacháil	(49)	-
Caillteanais cánach géillithe	-	104
Muirear cánach	**164,603**	**28,362**

Eascraíonn muirear cánach reatha de chuid €143m (2015: €0.002m) ar an mbrabús tuillte ag GINBS. Tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá an méadú ar an muirear cánach don bhliain inchurtha go príomha i leith leasuithe Acht Airgeadais 2016 ar Alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 Mar thoradh ar leasuithe an Achta Airgeadais 2016, le héifeacht ón 6 Meán Fómhair 2016, tá teidlíocht Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmithe BSN i leith liúntas cánach do ús PPL iníoctha le GNBS srianta a mhead is go bhfuil sé inchurtha i leith ioncam ó iasachtaí atá urraithe ar eastát réadach na hÉireann agus a fhaigheann a luach go díreach nó go hindíreach uaidh.

Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhormhór d'ioncam an Ghrúpa cothrom le 25%, ach amháin GINBST ag a bhfuil ráta cáin infheidhme cothrom le 12.5%.

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

14. CÁIN IONCAIM I NDÁIL LE COMHPHÁIRTEANNA UM IONCAM CUIMSITHEACH EILE

Grúpa	*Nóta*	**2016 €'000**	**2015 €'000**
Gluaiseacht i gcúlchiste fála an tsreafa airgid roimh cánachas	*35*	72,401	300,601
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	*35*	13,516	-
Gluaiseacht iomlán		**85,917**	**300,601**
Costas cánach iarchurtha (glan)	*27*	(17,699)	(75,149)
Cáin ioncaim iomlán bainteach le comhchodanna eile d'ioncam cuimsitheach		**(17,699)**	**(75,149)**

Is ionann an ghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid agus difríocht shealadach idir bonn cánach na ndíorthach áit a bhfuil an chuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm agus a luach cothrom sna ráitis airgeadais. Mar gur éag na díorthaigh ainmnithe ar fad go gaoil fálaithe i Meán Fómhair 2016, rinneadh athchúrsáil ar aon sócmhainn nó dliteanais cánach gaolta go dtí an ráiteas ioncam. Is ionann an ghluaiseacht ar fáil do chúlchiste díolacháin agus difríocht shealadach idir bonn cánach na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus a luach cothrom.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

15. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AGUS URRÚS COMHTHAOBHACH

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	792,523	3,014,958
Iarmhéideanna le bainc eile	53,187	69,334
Éarlaisí téarma	70,079	61,312
Infheistíochtaí nóta státchiste	672,000	-
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	**1,587,789**	**3,145,604**
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	256,000
Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis chomhthaobhacha iomlána	**1,645,789**	**3,401,604**

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	112	268
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	**112**	**268**

Áirítear iarmhéideanna le Citibank, AIB agus BNP sna hiarmhéideanna le bainc eile. Is ionann nótaí Státchiste agus nótaí gearrthréimhseacha úsmhara, le tréimhsí aibíochta níos lú ná 30 lá go ginearálta, atá i seilbh GBCN.

Éilítear ar GNBS urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) (arna leasú) a rinneadh in 2012. Tá GBCN mar an contrapháirtí i gcás díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd atá gnóthaithe ó iasachtaithe. Éilíonn GBCN go dtabharfaí airgead tirim di mar urrús comthaobhachta d'fhonn a nochtadh don GNBS a laghdú i ndáil lena staideanna díorthach. Ar 31 Nollaig 2016, b'ionann is €4.4m (2015: €179m) neamhchosaint dliteanas díorthach GNBS mar a leagtar síos i Nóta 18.

Le linn 2015, cuireadh €250,000 ar éarlais i gcuntas in ainm an Ghrúpa. Coinneofar an méid sin sa chuntas éarlais chun éileamh féideartha dlí i ndáil le féichiúnaí a chlúdach. Nuair a shocrófar é íocfar an t-airgead ar ais le GNBS nó coinneoidh tríú páirtí eile é. Ní dhearnadh an méid sin a thuairisciú mar chuid d'iarmhéid airgid thirim an Ghrúpa agus é fós á choinneáil ar éarlais tráth an dáta tuairiscithe amr nach bhfuil aon athrú i stadás an fhéideartha slí le linn 2016.

Le linn 2011, cuireadh suim de chuid $135,515 ar éarlais i gcuntas leithscartha. Coimeádfar an méid seo i gcuntas leithscartha go socrófar éileamh dlí ar feitheamh i ndáil le féichiúnaí. Scaoileadh le na cistí seo leis chuig an Ghrúpa i Meán Fomhair 2016.

16. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR FÁIL LE DÍOL

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Banní státchiste gearrthéarma	519,378	-
Iomlán sócmhainní airgeadais ar fáil le díol	**519,378**	**-**

Banní státchiste Rialtas Éireann faighte ar son banisitíocht leachtú is iad sócmhainní airgeadais ar fáil le díol. Ba €430m (2015: €niallas) an luach fánach ar sócmhainní airgeadais ar fáil le díolag 31 Nollaig 2016.

Déantar anailís ar ghluaiseacht sócmhainní airgeadais ar fáil le díol mar a leanas:

	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Ag tús na bliana		-	-
Ceannach sócmhainní airgeadais ar fáil le díol		520,985	-
Athraithe ghlan i luach cóir	*35*	(1,607)	-
Ag deireadh na bliana		**519,378**	**-**

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA

Ghnóthaigh an GNBS cuntais rótharraingte gafa le cuntais iasachta féichiúnaithe in 2010 agus 2011. Ag an 31 Nollaig 2016, bhí na méideanna seo a leanas infhála ó agus iníoctha leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le hairgead bailithe nó íoctha ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha maidir le cuntais rótharraingte féichiúnaithe an GNBS. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na méideanna glanta agus na hiarmhéideanna arna dtuairisciú ag deireadh na bliana.

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2015	**87,188**	**(20,799)**
Gluaiseacht i gcuntais rótharraingte i rith na bliana airgeadais	(66,707)	10,036
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2016	**20,481**	**(10,763)**

Cuimsíonn an ghluaiseacht iomlán i gcuntais rótharraingte le linn na bliana de €56.7m glanadh cuntas rótharraingte gan íoc le AIB de €48.2m agus aisiompú de ghlanadh rótharraingtí measta de €8.5m. Le linn 2015 d'aontaigh an GNBS mórchuid na gcuntas rótharraingte gan íoc de chuid féichiúnaithe a bhí i seilbh in AIB a ghlanadh. Ba ionann an méid measta a aithníodh in aghaidh iasachtaí agus infháltais ag deireadh 2015 agus €56.7m. Tar éis athbhreithniú ar méid measta an ghlanta in 2016 ba ionann an méid deiridh a socraíodh idir GNBS agus AIB agus €48.2m. Rinneadh an chuid eile den meastachán de €8.5m a coigeartaíodh roimhe in aghaidh iasachtaí agus infháltais in 2015 a aisiompú le linn na bliana reatha (feach Nóta 19.11).

Baineann an iarmhéid ag 31 Nollaig le staid rótharraingthe neamhíoctha le Banc na hÉireann, i ndiaidh gur íocú suimeanna ar fad infhaighte ó AIB le linn na bliana airgeadais.

Dúnadh gach cuntas rótharraingthe a bhí le BOI agus iompaíodh roinnt díobh go hiasachtaí amhail le linn 2015. Tá seacht suim socruithe le comhaontú fós agus níor áiríodh iad sin sna staideanna deiridh rótharraingthe.

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Mar chuid den phróiseas éadála iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a bhí gaolta le hiasachtaí bunúsacha.

Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díorthaigh chun a nochtadh ar riosca ráta úis agus malairte eachtraí a fhálú.

Tá beartais bunaithe ag an nGrúpa chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, beartais fálaithe san áireamh, a bhfuil míniú le fáil orthu i Nótaí 21, 22 agus 23.

Ní gá gurb ionann méideanna barúlacha cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais agus méideanna sreabha airgid amach anseo i gceist nó luach cothrom reatha na n-ionstraimí agus, dá réir sin, ní comhartha maith iad de nochtadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa nó margaidh. Deirtear go mbíonn ionstraimí díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dliteanais) de thoradh luaineachtaí i rátaí úis margaidh nó malairte eachtraí i gcoibhneas lena dtéarmaí. Is féidir le luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais dhíorthaigh luainiú go suntasach thar am.

Is ionann babhtálacha airgeadaíochta agus rátaí úis agus tiomantais sraith amháin de shreafaí airgid a bhabhtáil le sraith eile. Eascraíonn babhtálacha as malairt gheilleagrach airgeadraí nó rátaí úis (ráta seasta nó ráta comhlúthach, mar shampla) nó meascán díobh uile (mar shampla babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus costas poitéinsiúil conarthaí babhtála a ionadú má theipeann ar chontrapháirtí a oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar an riosca agus an luach cothrom reatha mar bhonn tagartha.

		Luachanna cothroma		
Grúpa 2016	**Méid barúlach €'000**	**Sócmhainní €'000**	**Dliteanais €'000**	**Glan €'000**
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	44,723	19,458	-	19,458
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	20,000	-	(3,316)	(3,316)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	637,707	6,541	(1,049)	5,492
Sócmhainní / (dliteanais) iomlána díorthaigh	**702,430**	**25,999**	**(4,365)**	**21,634**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

Grúpa 2015	Méid barúlach €'000	Luachanna cothroma Sócmhainní €'000	Luachanna cothroma Dliteanais €'000	Glan €'000
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	47,802	22,992	-	22,992
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	20,000	-	(2,355)	(2,355)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	1,733,871	21,298	(106,516)	(85,218)
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe				
Babhtálacha ráta úis	4,700,000	-	(70,385)	(70,385)
Sócmhainní / (dliteanais) iomlána díorthaigh	**6,501,673**	**44,290**	**(179,256)**	**(134,966)**

Gluaiseacht aitheanta sa ráiteas ioncaim agus in ioncam cuimsitheach eile

Léiríonn an tábla anseo thíos staid an luch cothrom glan ar dhíorthaigh ag 31 Nollaig 2016 agus 2015. Aithnítear an ioncam sa ráiteas ioncaim ar dhíorthaigh sa chás nach bhfuil cuntasaíocht fála i bhfeidhm, Nóta 8, i gcaillteanais airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh, Nóta 11, nó in ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil cuntasaíocht fála i bhfeidhm, Nóta 35).

Grúpa	*Nóta*	Luachanna cothroma 2016 €'000	Luachanna cothroma 2015 €'000	Gluaiseacht 2016 €'000
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	*8*	19,458	22,992	(3,534)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	*8*	(3,316)	(2,355)	(961)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	*11*	5,492	(85,218)	90,710
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe				
Babhtálacha ráta úis	*35*	-	(70,385)	70,385
Glanghluaiseacht luach cothrom díorthaigh		**21,634**	**(134,966)**	**156,600**

(a) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

B'ionann luach cothrom na ndíorthach faighte ó iasachtaithe (a bhain le hiasachtaí a fuarthas) ag deireadh na bliana agus €19m (2015: €23m). B'ionann gluaiseacht luach cothrom sa ráiteas ioncaim ar na díorthaigh seo sa bhliain agus caillteanas glan de €1m (2015: €4m)) (féach Nóta 8), le laghdú breise i luach na sócmhainní mar gheall ar airgead tirim faighte tríd teach in aibíocht diúscairtí de luach €2m.

An ghluaiseacht luacha chóir a aithníodh sa ráiteas ioncaim sa bhliain ar ionstraim airgeadais dhíorthach, ba ghlanchailliúint é de €1m (2015: glanchailliúint de €139m) (féach Nóta 8). Baineann sé seo le gluaiseachtaí luacha chóir ar dhíorthaigh a rinne an Grúpa chun ionstraim airgeadais dhíorthach a fuarthas ó iasachtaithe a fhálú nár deimhníodh iad i gcaidrimh.

Úsáideann GNBS díorthaigh aigeadra mar fhálú ar neamhchosaint airgeadra eachtraigh a d'eascair as aistriú iasachtaí airgeadra eachtraigh ó Institiúidí Rannpháirtíocha le hUrrúis GNBS ainmnithe in airgeadra an Euro. Úsáidtear na díorthaigh airgeadra eachtraigh chun a neamhchosaint a laghdú ar luaineacht sa ráta malairte a eascraíonn as iasachtaí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach agus infháltais a fuarthas.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe

Baineann babhtálacha rátaí úis le díorthaigh luacha chothroim a ndeachaigh an Grúpa isteach iontu d'fhonn a riosca ráta úis a d'eascair as rátaí comhlúthacha Euribor ar a urrúis fiachais shinsearacha a fhálú. Rinneadh na díorthaigh sin a ainmniú ar dtús ina gcaidrimh fála ach de bhun treoir eisithe ag an Aire ar an 31 Iúil 2015, ar an 28 Eanáir 2016, rinne an Grúpa doiciméadú a fhorghníomhú chun an ráta cúpóin ar na nótaí sinearacha i gceist a thabhairt chuig an leibhéal is ísle ag nialas dá mba rud é gur iompaigh ráta 6 mhí Euribor diúltach. Mar thoradh air sin, dí-aithníodh €4.7bn de chaidrimh fála sreabhaidh airgid ar an dáta sin le gluaiseachtaí marcála de réir marghaidh na todchaí á n-aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Ag an dáta tuairiscithe, ní raibh aon bhabhtálacha rátaí úis fágtha ag an nGrúpa lena nochtadh do riosca rátaí úis a d'eascair as rátaí comhlúthacha Euribor ar a urrúis fiachais shinsearacha (2015: €4.7bn) a fhálú.

Ní raibh aon díorthaigh i seilbh na Gníomhaireachta ag an dáta tuairiscithe, agus níl aon fálú sreafa airgid a chur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Luach anonn iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe		5,479,595	10,291,851
Lúide: foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	*12*	(1,560,929)	(2,475,906)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas (glan ó bhearnaithe)		**3,918,666**	**7,815,945**

Tugtar léargas sa tábla thuas ar luach anonn iasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha, an méid a fuair an Grúpa na hiasachtaí lena aghaidh (ar lascaine i gcomhthéacs na méideanna conarthacha dlite faoi na comhaontuithe iasachta) san áireamh, mar aon le gluaiseachtaí iasachta tar éis éadála, lúide aon bhearnú breise eile a meastar a tharla i ndiaidh na héadála.

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí agus infháltais don tréimshe tuairiscithe.

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh		10,291,851	16,880,809
Iasachtaí nua eisithe faighte	*19.1*		139,071
Fáltais ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe			
Ioncam neamh-diúscartha	*19.2*	(294,917)	(592,045)
Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas	*19.3*	(3,838,934)	(5,073,202)
Fáltais ó dhíolachán iasachtaí	*19.4*	(1,156,022)	(3,338,869)
Breithniú iarchurtha ar díol iasachtaí	*19.5*	(750,707)	-
Breithniú réadmhaoine trádála	*19.6*	(122,657)	-
Fáltais ó socraithe faighte ag NAJV	*19.7*	(12,105)	-
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe		648,401	855,512
Cistí i gcúrsa bailiúcháin	*19.8*	(500)	(1,363)
Ioncam iarchurtha - NANQ	*19.9*	123	9,150
Costais inghnóaithe ó iasachtaithe	*19.10*	11,463	27,725
Iomlán na bhfáltas ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe		**(5,515,855)**	**(8,113,092)**
Gluaiseachtaí eile iasachta			
Ioncam úis iasachta tuillte	*5*	368,108	576,349
Gluaiseadcht i gcuntais rótharraingte	*17,19.11*	8,451	(2,392)
Brabús ar dhíolachán iasachtaí	*9*	394,356	868,273
Ioncam farasbairr	*9*	729,016	738,073
(Caillteanas)/gluaiseacht airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais	*11*	(154,285)	170,375
Bearnú criostalaithe ó dhíolacháin	*9,12,19.12*	(633,399)	(959,249)
Eile	*19.13*	(8,648)	(6,366)
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta eile		**703,599**	**1,385,063**
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta		**(4,812,256)**	**(6,728,029)**
Iomlán na hiasachtaí agus infháltais roimh bhearnaithe		**5,479,595**	**10,291,851**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	*12*	(1,560,929)	(2,475,906)
Iasachtaí agus infháltais ghlana i ndiaidh bearnaithe		**3,918,666**	**7,815,945**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (AR LEAN)

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais (ar lean)

Is laghdú é an ghluaiseacht san iarmhéid iasachta tar éis bearnúcháin sa bhliain de €3.9bn (2015: laghdú de €5.5bn). Is an fhoráil charnach bhearnúcháin iomlán i ndáil ar iasachtaí GNBS agus infháltais ar 31 Nollaig 2016 ná €1.6 bn (2015: €2.5bn). Níl aon bhearnúchán ar ghníomhas saoráide iasachta RSNT.

Is ionann gluaiseachtaí iasachtaí réamhbhearnaithe ag titim amach i rith na bliana agus €4.8bn (2015: €6.7bn), lena n-€5bn (2015: €8.4bn)) d'fháltais airgid ó fhéichiúnaithe, ginte ó dhíolachán iasachtaí agus réadmhaoine agus ioncam neamh-diúscartha de chuid 0.3bn (2015: €0.6bn) agus breithniú iarchurtha ar díol iasachtaí de €751m (2015: €niallas).

Bhí cistí a réamhíocadh le féichiúnaithe i ndáil le caipiteal oibre agus forbartha cothrom le €0.4bn (2015: €0.9bn). Tuilleadh ioncam úis iasachta de chuid €0.4bn (2015: €0.6bn) sa bhliain, as sin bhí 100% réadaithe in airgead tirim ag an GNBS. Tá tuilleadh fainséise maidir le gluaiseachtaí iasachta ar leith le fáil anseo thíos.

19.1 Iasachtaí nua eisithe / faighte

Iasachtaí nua eisithe / faighte ina measc tá iasachtaí €niallas (2015: €139m) a fuarthas ó dhá institiúid i ndáil ar nasc féichiúnaí GNBS a bhí ann cheana.

19.2 Ioncam neamh-diúscartha

Ba ionann fáltais ioncaim neamhdhiúscartha a taifeadadh in aghaidh iasachtaí agus infháltais in 2016 agus €0.6bn (2014: €0.8bn). Áirítear ar an méid seo ioncam cíosa a fuarthas le linn na bliana den chuid is mó.

19.3 Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas agus aisíocaíochtaí íasachtaí eile

Léiríonn fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachta agus infháltas de €3.8bn (2015: €5.1bn) aon fháltais a bhaineann le diúscairt sócmhainní nó mar laghdú ar fhiachas an GNBS.

19.4 Comaoin iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí

Fáltais ó dhíolachán iasachtaí de €1.2bn (2015: €3.3bn) seasann siad d'fháltais a bhaineann le diúscairt iasachtaí agus infháltais an Ghrúpa.

19.5 Comaoin iarchurtha ar dhíolachán iasachtaí

Tá comaoin iarchurtha aitheanta faoi Sócmhainní eile (Nóta 28). Baineann sé sin le dhá dhíolachán iasachta a conraíodh i mí na Nollag 2016, ach ní bhfuarthas torthaí iomlána an díolacháin go dtí deireadh mhí Eanáir 2017.

19.6 Comaoin do réadmhaoin trádála

Cuimsíonn comaoin do réadmhaoin trádála luach ceannaigh na sócmhainní réadmhaoine a fhaigheann GNBS go díreach, a bhí conraithe ag an dáta tuairiscithe ach nach raibh curtha i gcrích go fóill. Áiríodh ar na sócmhainní réadmhaoine a conraíodh ceannachán SRCSN de líon áirithe aonad tithíochta sóisialta ó fhéichiúnaithe agus dhá réadmhaoin a fuarthas i gCrios Forbartha Straitéisí Dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Aithnítear comaoin (luach ceannaigh) na réadmhaoine mar laghdú ar fhiacha gan íoc an fhéichiúnaí le GNBS agus méadú ar réadmhaoin trádála mar atá leagtha amach i Nóta 20, Fardail – Réadmhaoin trádála.

19.7 Fáltais glanta faighte ag NAJVA

Baineann fáltais faighte ag NAJV A le haisíoc iasachta a chuir NAJV A ar fáil do chomhpháirtíocht faoi dhilteanas teoranta, a rinne infheistíocht i socrú comhfhiontair le cuibhreannas in 2013.

19.8 Cistí atá á mbailiú

Cistí á mbailiú is ea idirbhearta a imíonn ó chuntas bainc i ndiaidh an dáta tuairiscithe ach a bhaineann le hidirbhearta a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe.

19.9 Ioncam Iarchurtha - NANQ

Léiríonn ioncam iarchurtha an tsócmhainn airgeadais in NANQ, a iompraítear ag costas amúchta agus a mheastar le haghaidh athruithe ar an luach ag céimeanna éagsúla forbartha. I gcomhréir le IAS 39, rangaítear an ionstraim airgeadais mar iasachtaí agus infháltais. Tuilleann an comhlacht ioncaim daingean ar an tsócmhainn airgeadais, rud a mhéadaíonn luach na sócmhainne ar feadh na bliana airgeadais. Aithníodh an sruth ioncaim urraithe ag a luach láithreach in 2015 agus déanfar an lascaine ón luach láithreach a leachtú thar shaolré an chomhaontaithe, agus aithneofar an leachtú mar ioncam táille cheadúnais a áirítear i Nóta 7.

19.10 Costais in-aisghabhála ó iasachtaithe

Is costais in-aisghabhála ó lasachtaithe iad costais a thabhaigh GNBS atá in-aisghabhálach ón bhféichiúnaí agus a chuirtear le luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas.

19.11 Cuntais rótharraingte

Le linn 2015 d'aontaigh an GNBS mórchuid na gcuntas rótharraingte gan íoc de chuid féichiúnaithe a bhí i seilbh in AIB a ghlanadh. Ba ionann an méid measta a aithníodh in aghaidh iasachtaí agus infháltais ag deireadh 2015 agus €56.7m. Tar éis athbhreithniú ar méid measta an ghlanta in 2016 ba ionann an méid deiridh a socraíodh idir GNBS agus AIB agus €48.2m. Rinneadh an chuid eile den meastachán de €8.5m a coigeartaíodh roimhe in aghaidh iasachtaí agus infháltais in 2015 a aisiompú le linn na bliana reatha (feach Nóta 17).

19.12 Bearnúchán criostalaithe ó dhiúscairtí

Déantar forálacha bearnúcháin a chriostalú ar díol iasachtaí agus sócmhainní comhthaobhach nuair a aithníodh roimhe iad in éadan iaschtaí agus infháltais.

19.13 Eile

Tá suim de €3.1m ceangailte le hathrú iasacht scairshealbhóra go infheistíocht gnáthscair i QIAIF atá ag an Ghrúpa.

20. FARDAIL – IONAID RÉADMHAOINE ARNA DTRÁDÁIL

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Ionad réadmhaoine arna dtrádáil	**346,703**	**108,473**

Aithnítear réadmhaoine de réir bheartas cuntasaíochta 2.16.

Baineann an ghluaiseacht i luachanna anonn leis an ngníomhaíocht seo a leanas de chuid an Ghrúpa in 2016:

- fáil 709 (2015: 390) aonad breise tithíochta sóisialta mar chuid den tionscnamh tithíochta sóisialta;
- fáil tailte i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath i ndáil le fiacha a ghlanadh agus tailte a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach leo don Ghrúpa i dtéarmaí straitéisí forbartha leanúnacha;
- fáil sé aonad tithíochta cónaithe ó fhéichiúnaí mar réiteach fiachais.

Mar atá leagtha amach i Nóta 19.6, bhí céatadán suntasach de na sócmhainní sin a fuarthas le linn na bliana conraithe ag an dáta tuairiscithe ach ní raibh said curtha i gcrích go fóill. Aithnítear comaoin na réadmhaoine mar laghdú ar fhiacha gan íoc an fhéichiúnaí le GNBS agus méadú ar an réadmhaoin trádála atá i seilbh GNBS. Áirítear leis an gcomaoin don tithíocht shóisialta a fuarthas réadmhaoin a conraíodh le linn na tréimhse 2014-2016, ach nár aithníodh go dtí 2016.

Tá na méideanna iníoctha le réadmhaoin trádála a fháil agus a bhaineann le réadmhaoin a fuair BRSN san áireamh le Nóta 30.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagóirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas

Tá bainistiú sócmhainní agus dliteanas an GNBS á chomhlíonadh trí straitéisí atá faofa ag an mBord a chur i bhfeidhm. Is í foireann Chisteán an GNBS atá freagrach as an mbainistiú laethúil agus cuireann GBCN idirbhearta i gcrích thar cheann an GNBS. Ag toiseacht ó 1 Eanáir 2017 is Aonad Bainistíocht Maoiniú agus Fiacha GBCN a sholáthraíonn feidhmeanna stáitchiste.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas (ar lean)

De thoradh iasachtaí agus díorthach a fháil, tá an GNBS nochta do rioscaí airgeadra agus ráta úis. Tagann riosca airgeadra eachtraigh i gceist tráth éadála iasachta nuair a eisítear na hurrúis ainmnithe in EUR mar chomaoin do shócmhainní iasachta in GBP nó airgeadraí eile, ar an tslí sin, ag cruthú neamhréir airgeadra sócmhainní / dliteanas don GNBS. Chomh maith leis sin, ní mór don GNBS dul i ngleic le rioscaí leanúnacha airgeadra i ndiaidh éadáil iasachta de bhrí go ndéantar áiseanna neamh-euro a tharraingt anuas, a aisíoc nó a athsceidealú agus go ndéantar sócmhainní a dhiúscairt. Laghdaigh neamhchosaint airgeadra eachtarch GNBS go sunstasach i 2016 mar gheall ar neamhchosaint laghdaithe ar margaidh neam-euro (féach Nóta 4 Anailís Teacsánach). Chomh maith leis sin, tá an GNBS nochta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú.

Tá GNBS nochta freisin do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú. Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a áiríonn tástáil struis leanúnaigh leachtachta agus cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtaí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúchóireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn sé ar neamhspleáchas agus ionrachas na bpróiseas iniúchta seachtraigh agus inmheánaigh, éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an GNBS, na próisis atá i bhfeidhm i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht soláthraithe seirbhíse na hiasachta lena gcuid oibleagáidí conarthacha don GNBS agus géilliúlacht an GNBS le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo inter alia faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí le gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le hiarratais chreidmheasa sonracha faoi bhráid an Bhord sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí ina leith. Tá sé freagrach freisin as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche fhaomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntí creidmheasa suntasacha a ndéantar faoi bhun an leibhéil údaráis atá tarmligthe ar an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar fhaisnéis bhainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíocht Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Iniúchadh agus Riosca – Rannóg an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO)

Tá Iniúchadh agus Riosca mar aonad laistigh de rannóg CFO an GNBS agus é freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iniúchadh agus riosca inmheánach agus seachtrach. Tacaíonn an t-aonad le CFO an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil an GNBS ag feidhmiú laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca faofa an Bhoird. Tá Iniúchadh agus Riosca freagrach freisin as dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS. Soláthraíonn an t-aonad dúshlán agus measúnú neamhspleách d'fhóntacht na timpeallachta rialaithe, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí iniúchta inmheánacha agus seachtracha ar fud an GNBS, Institiúidí Rannpháirteacha agus Máistir-Sheirbhíseoir agus déanann sé monatóireacht agus tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus don Bhord i ndáil leis an dul chun cinn le haghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tugtha chun solais i dtorthaí iniúchta. Déanann an fhoireann Dearbhaíochta Cáilíochta san aonad Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú ar phunann sócmhainní GNBS go bhfeicfear an bhfuiltear á mbainistiú i gcomhréir le gach polasaí agus nós imeachta agus go bhfuil na straitéisí naisc sin á gcur i bhfeidhm le luach na sócmhainní atá faoi bhainistíocht a chothú agus a fheabhsú.

An Cisteán – Rannóg CFO

Tá freagracht phríomha ag aonad an Chisteáin as riosca margaidh, leachtachta agus maoinithe a bhainistiú. Déileáiltear le riosca creidmheasa i Nóta 22.

Aonad Riosca an GBCN

Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht um riosca margaidh don Ghrúpa. Os a choinne sin, tá bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta margadh-gaolmhar (díorthaigh agus éarlaisí airgid thirim), ar aon dul le beartas an Bhoird, tarmligthe do GBCN freisin.

21.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhiúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascraíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus infháltais, urrúis agus díorthaigh. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile

a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha geilleagracha nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá urrúis fhiachais sinsearacha an Ghrúpa ainmnithe in euro, cé go bhfuil céatadán suntasach de shócmhainní faighte an Ghrúpa ainmnithe i steirling agus dollair na Stát Aontaithe. Dá thoradh sin, tá úsáid fhairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanais a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, úsáidtear babhtálacha ráta úis chun neamhréireanna i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú.

Ag an dáta tuairisciú, ní raibh aon malartú rátaí úis fágtha lena cosaint ó óteagmháil le riosca rátaí úis ag éirí ó rátaí aistreach ó Euribor (2015:€4.7bn).

21.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámháltas foriomlán riosca margaidh agus tarmligeann sé an socrú teorann íseal-leibhéil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá bainistíocht phríomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (ar nós ráta úis agus riosca airgeadra eachtrach) láraithe laistigh d'aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na dteorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca. Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht riosca margaidh.

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dliteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe dian i bhfeidhm a áiríonn raon sonrach táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa.

Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú míosúil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca. Le cois teorainneacha ar staid riosca margaidh, úsáidtear tástáil struis chun an tionchar a mheas ar staid an Ghrúpa i leith raon cásanna margaidh tromchúiseacha. Úsáidtear tástálacha struis cás-bhunaithe agus ionsamhlúcháin stairiúla fadtréimhseacha (ag dul siar go dtí na 1990aidí) ar staideanna reatha chun riosca margaidh a mheas agus a bhainistiú.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Ghrúpa trí chéile. Ina theannta sin, buaileann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, ina chuimsítear bainisteoirí sinsearacha ó Rannóg CFO an GNBS agus aonad Riosca GBCN, le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an staid riosca margaidh agus chun géilliúlacht a chinntiú le cinntí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta Riosca. San áireamh i dtuarascáil sheachtainiúil a chuireann aonad Riosca GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid riosca shuntasach agus géilliúlacht le teorainneacha riosca.

21.3 Tomhas Riosca Margaidh

21.3.1 Riosca Ráta Úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca rataí úis tríd gluasieachtaí sna rátaí úis atá sé neamchosanta orthu. Tá córais éifeachtacha curtha i bhfeidhm leis na neamhcosanta seo a mhaolú.

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus athraithigh ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, mar aon le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithigh a athrú go hiasachtaí ráta sheasta (d'fhéichiúnaithe). Lena chois sin, tá urrúis ráta chomhlúthaigh eisithe ag an nGrúpa agus tá sé páirteach in idirbhearta díorthaigh chun neamhréireanna ina phróifíl sócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chásanna chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an ráta úis agus é a bhainistiú. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhír ar luach cothrom a thabhódh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

21.3 Tomhas Riosca Margaidh (ar lean)

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintráinsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphraghsáil chonarthach nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocraithe.

Sonraítear ann, de réir uaintráinse, na sócmhainní agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athshocrú ráta úis. Is i bhfoirm méideanna barúlacha a thaispeántar ionstraimí airgeadais. Áirítear sna táblaí seo a leanas ionstraimí fálaithe a bhfuil d'éifeacht acu íogaireacht ráta úis a laghdú go suntasach.

Riosca Ráta Úis Grúpa 2016	**0-6 mhí €'000**	**Níos mó ná 6 mhí €'000**	**Neamh-úsmhar €'000**	**Iomlán €'000**
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,587,789	-	-	**1,587,789**
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	-	-	**58,000**
Sócmhainní Airgeadais le fáil ar díol	430,000	-	-	**430,000**
Iasachtaí agus infháltais	3,918,666	-	-	**3,918,666**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	20,481	**20,481**
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	-	55,500	**55,500**
Sócmhainní eile	-	-	777,061	**777,061**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**5,994,455**	**-**	**853,042**	**6,847,497**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	10,763	**10,763**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	2,590,000	-	-	**2,590,000**
Dliteanais eile	-	-	27,839	**27,839**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**2,590,000**	**-**	**38,602**	**2,628,602**

Riosca Ráta Úis Grúpa 2015	**0-6 mhí €'000**	**Níos mó ná 6 mhí €'000**	**Neamh-úsmhar €'000**	**Iomlán €'000**
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,145,604	-	-	**3,145,604**
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GNBS	256,000	-	-	**256,000**
Iasachtaí agus infháltais	7,815,945	-	-	**7,815,945**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	87,188	**87,188**
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	-	48,211	**48,211**
Sócmhainní eile	-	-	29,550	**29,550**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**11,217,549**	**-**	**164,949**	**11,382,498**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	20,799	**20,799**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	8,090,000	-	-	**8,090,000**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(4,700,000)	-	-	**(4,700,000)**
Dliteanais eile	-	-	69,397	**69,397**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**3,390,000**	**-**	**90,196**	**3,480,196**

21.3.1 Riosca Ráta Úis (ar lean)

Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2016	0-6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	112	-	**112**
Sócmhainní eile	-	3,324,368	**3,324,368**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**112**	**3,324,368**	**3,324,480**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,699	-	**53,699**
Dliteanais eile	-	7,449	**7,449**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**53,699**	**7,449**	**61,148**

Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2015	0-6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	268	-	**268**
Sócmhainní eile	-	1,828,531	**1,828,531**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**268**	**1,828,531**	**1,828,799**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,757	-	**53,757**
Dliteanais eile	-	7,446	**7,446**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**53,757**	**7,446**	**61,203**

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht an ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe (bp) nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuar, faoi réir ráta úis íosta de chuid 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh, ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis le haghaidh gach airgeadra ar an 31 Nollaig 2016. Áirítear sna figiúirí seo éifeacht fálaithe ionstraimí, iasachtaí agus infháltas agus urrús eisithe.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis

	2016		2015	
Grúpa	**+50bp €'000**	**-50bp €'000**	**+50bp €'000**	**-50bp €'000**
EUR	(1,392)	(1,789)	10,070	(10,171)
GBP	(580)	580	1,236	(1,243)
USD	(30)	30	(41)	41
Eile	-	-	(23)	23

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

21.3 Tomhas Riosca Margaidh (ar lean)

21.3.2 Riosca malairte eachtraí

Mar chuid d'éadáil iasachtaí agus díorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí agus infháltas ainmnithe in airgeadra eachtrach, GBP go príomha. Mar thoradh, tá an Grúpa nochta d'éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, i gcomhthéacs staid airgeadais agus sreabha airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus tá fáluithe bunaithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2016. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo ionstraimí fálaithe a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

Grúpa 2016	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,258	81,479	**83,737**
Iasachtaí agus infháltais	32,196	537,136	**569,332**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(30,358)	(607,349)	**(637,707)**
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	**4,096**	**11,266**	**15,362**

Grúpa 2015	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,675	98,762	863	**102,300**
Iasachtaí agus infháltais	42,528	1,290,657	21,833	**1,355,018**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(41,334)	(1,683,607)	(21,116)	**(1,746,057)**
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	**3,869**	**(294,188)**	**1,580**	**(288,739)**

Is in euro atá sócmhainní agus dliteanais uile na Gníomhaireachta sonraithe. Dá réir sin, níl an Ghníomhaireacht nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

Nochtadh do riosca airgeadra eachtrach – anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2016 mar bhonn le cothromas agus brabús méadaithe na méideanna thíosluaite roimh cánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróga eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróga eile ar fad seasmhach.

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
GBP	(1,024)	26,744
USD	(372)	(352)
Eile	-	(144)

21.3.3 Praghasrioscaí eile

Tá an Grúpa nochta do phraghasriosca cothromais a eascraíonn as ionstraimí cothromais. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin infheistíochta ag an dáta tuairiscithe.

Anailís íogaireachta ar phraghsanna cothromais

Cinneadh an anailís íogaireachta thíos bunaithe ar an nochtadh do phraghasrioscaí cothromais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dá mbeadh na praghsanna cothromais 10% ní b'airde / ní b'ísle, thiocfadh méadú / laghdú €5.5 mar bhrabús roimh cháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, mar thoradh ar na hathruithe ar luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS, a ndéantar a aicmiú mar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, de réir bheartas cuntasaíochta 2.6.

22. RIOSCA CREIDMHEASA

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chaillteanas airgeadais a thabhú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapháirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhriosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann suntasach iasachtaí réadmhaoine a fháil, san earnáil réadmhaoine tráchtála agus chónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus ar bhonn nach bhfuil chomh suntasach i SAM agus sa chuid eile den domhan. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchill chuí dlí agus réadmhaoine a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar an riosca creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca creidmheasa agus iasachtaithe leanúnaí an Ghrúpa a mhaolú le Creat Nósanna Imeachta agus Beartais Bainistíochta Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní an Ghrúpa.

Eascraíonn riosca creidmheasa i dtrí rannán den Ghrúpa, eadhon Aisghabháil Sócmhainní, Soláthar Tithíochta agus Bainistiú Sócmhainní, agus déantar é a bhainistiú go príomha sna rannáin sin.

Aisghabháil Sócmhainní an GNBS

Tá trí phríomhaidhm ag an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní: seachadadh straitéisí, bainistiú féichiúnaithe / glacadóirí agus sreabhadh airgid a uasmhéadú fad atá caillteanas a íoslaghdú.

Roimh bhunú an Rannáin Soláthair Thithíochta sa chuid dheiridh de 2015, ba é Aisghabháil Sócmhainní an príomh-chomhéadan le féichiúnaithe / glacadóirí agus tá sí freagrach as an mhórchuid de na féichiúnaithe a bhainistiú, go díreach tríd an GNBS agus go hindíreach trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha / Príomhsheirbhíseoir araon. Éilíonn an fhreagracht seo dianbhainistíocht laethúil trí chur chuige nuálach agus réiteach-bhunaithe: straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu; costais féichiúnaithe agus ghlacadóirí a laghdú; ioncam a fháil agus a uasmhéadú; luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní; caiteachas caipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint; airgeadas díoltóirí agus díolacháin iasachtaí / punann a úsáid áit ar cuí; athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar dhíolachán sócmhainní in aghaidh roghanna coinneála sócmhainní, agus úsáid á baint inter alia as anailís lascainithe sreafa airgid.

Soláthar Tithíochta Cónaithe GNBS

Tar éis an chinneadh a rinneadh go déanach in 2015 maidir le cistiú a mhéadú d'fhorbairt tithíochta cónaithe inmharthana ó thaobh tráchtála de, leis an mbrabús ó shócmhainní forbartha faighte a uasmhéadú agus laghdú méadaithe ar fhiacha a éascú, cruthaíodh an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe. Tá próiseas Faofa Creidmheasa an Rannáin Soláthair Tithíochta Cónaithe mar chuid de Bheartas agus Creat Nós Imeachta reatha an Ghrúpa. Ina theannta sin, cruthaíodh Foireann Creidmheasa agus Riosca tiomanta ar leith chun maoirseacht bhreise a chur ar fáil ar fhorfheidhmiú threoirlínte iasachta, ar shárú baic inmharthanachta, agus ar chomhlíonadh foshuíomhanna sreafa airgid i dtaca le cistiú breise réamhíoctha. Mar gheall ar phríomhrialtán sa réimse seo beidh ag an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe a chistiú do ghníomhaíocht foirgníochta a mhodhnú lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le líon iarbhír na ndíolachán atá á mbaint amach. Anuas air sin, leanfaidh an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe ar aghaidh ag bainistiú agus ag díghiaráil in ord iasachtaí reatha féichiúnaithe trí dhíolachán leanúnach a sócmhainní neamhfhorbartha agus a sócmhainní forbartha má bhaineann.

Bainistíocht Sócmhainní GNBS

Tá an Rannán Bainistíochta Sócmhainní freagrach as maoirseoireacht agus bainistiú a dhéanamh ar uasmhéadú luach na talún forbartha suntasaí atá i seilbh GNBS agus cleachtóirí dócmhainneachta, lena n-áirítear, inter alia, an t-achar fairsing talún forbartha i gcrios forbartha straitéisí Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil iar-shuíomh Irish Glass Bottle (IGB) in An Rinn, a choinnítear mar urrús d'iasachtaí a bhaineann le naisc éagsúla atá faoi ghlacadóireacht. Tá an Rannán Bainistíochta Sócmhainní bainistiú freisin ag bainistiú ar neamhchosaint creidmheasa d'fhorbairtí tithíochta cónaithe suntasacha i Londain agus an neamhchosaint creidmheasa iomlán do líon beag féichiúnaithe suntasacha atá gafa den chuid is mó lena leithéid d'fhorbairt san RA ó 2012. Tá an fhoireann Bainistíochta Sócmhainní freagrach freisin as scairsheilbh mhionlaigh GNBS i bhfeithiclí infheistíochta áirithe a bhainistiú, go háirithe i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear infheistíochtaí i gCistí Infheistíochta Malartach Infheisteora Incháilithe (QIAIF) agus Feithiclí Bainistíochta Sócmhainní Comhchoiteann Éireannacha (ICAVs) áirithe (Féach Nóta 26).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

Creat Nósanna Imeachta agus Beartas

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartais an Grúpa ná an Grúpa GNBS a chosaint trí luach na n-iasachtaí a fhaightear a chosaint agus a fheabhsú.

Ar deireadh thiar, is é an Bord atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa láraithe san fheidhm Aisghabháil Sócmhainní. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú don Bhord agus an Coiste Creidmheasa ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir athbhreithnithe bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha i ngrúpaí le chéile agus déantar iad a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Ní mór don Ghrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúrú iasachtaí agus infháltas nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó fhéichiúnaí/cleachtóir dócmhainn;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra ó fhéichiúnaí ina d'fhéadfadh spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha / tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Straitéis féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta sa thionscnamh;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann mar shampla institiúid neamh-rannpháirteach.

San áireamh le pleananna gnó líon féichiúnaithe tá socruithe tráchtála féideartha a spreagtar nuair a bhaintear spriocanna uaillmhianacha airgeadais agus oibriúcháin amach. I gcásanna áirithe, má bhaineann féichiúnaithe amach na cuspóirí uaillmhianacha sin, féadfaidh siad cuid d'aon bharrachas a bhaintear amach os cionn na spriocleibhéil a choinneáil. Is í an chuspóir atá leis seo ná cinnte a dhéanamh go spreagtar féichiúnaithe chun an t-uasluach a bhaint as oibriú amach agus réadú a gcuid sócmhainní. Mar gheall ar an bhfeabhas láidir leanúnach ar choinníollacha an mhargaidh réadmhaoine ó bhí deireadh 2013 ann, spreagadh íocaíochtaí socrúcháin i líon áirithe cásanna. Áit is ceart é, breithnítear íoc táillí bainistíochta ar bhunús cás ar chás mar phairt de maoiniú forbairt cónaithe feidhmiúl.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheas agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile a eascraíonn de thoradh ar ghnóthú iasachtaí an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach na n-iasachtaí sin.

22.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm:

Punann Iasachtaí - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhiachais - an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí,.i. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74 billiún iomlán an pharfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa. Is €28.4bn (2015: €41.1bn).iomlán an parfhiachas ag dáta na tuairiscithe
- Neamhchosaint fiachais an GNBS - an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8 billiún an chomaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas. Is €5.5bn (2015: €10.3bn) ollfhiachas gan íoc GNBS ag dáta na tuairiscithe.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird á tabhairt ar an bparfhiachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údaráis Tarmligthe iomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar neamhchosaint fiachais an GNBS agus Parfhiachais ar bhonn comhthreomhar agus baineann sí úsáid astu mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Punann na nDíorthach - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

Chomh maith leis na hiasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa, gnóthaíodh roinnt ionstraimí airgeadais díorthaigh a bhí ceangailte le hiasachtaí féichiúnaithe a gnóthaíodh ó hInstitiúidí Rannpháirteach.

Ag am ar bith, tá neamhchosaint riosca creidmheasa an Ghrúpa teoranta do luach cothrom dearfach na n-ionstraimí díorthach seo (.i. sócmhainní le luach dearfach marc-go-margadh). Is iondúil nach bhfuil i gceist leis an luach marc-go-margadh seo ach cion beag den luach conartha (nó luach ainmniúil na n-ionstraimí gan íoc). Bá thrí ionstraim díorthach in iomlán a bhí fágtha ag an dáta tuairiscithe, le luach €19m (2015: €23) gan íoc.

22.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar cumas aisíoctha an fhéichiúnaí agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Bhraith an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaoibh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Mar sin féin, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibh san áireamh i dtogra creidmheasa nua ar bith ó fhéichiúnaí. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

Is príomhchomaoin é, agus airgead nua á airleacan, ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil feabhsú luacha i gceist le togra creidmheasa an fhéichiúnaí ó thaobh a chumas féideartha acmhainneacht a uasmhéadú chun cumas laghdaithe fiachais a aisíoc seachas diúscairt sócmhainní "mar atá".

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

22.3 Rialú riosca creidmheasa

Tá an Grúpa tar éis Creat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní / Aisghabháil Sócmhainní a shainiú a leagann amach leibhéil údaráis le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh.

Leagann an Creat Nósanna Imeachta agus Beartais na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta ceadaithe, mar shampla:

- Pleananna Gnó Féichiúnaí agus Athbhreithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidliú iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Iasachtaí / sócmhainní a dhíol;
- Riachtanais bhainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine.

Déantar an leibhéal faofa atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a shocrú trí thagairt a dhéanamh do mhéid iomlán iarmhéid an fhéichiúnaí gan íoc.

Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Beartais Údaráis Tarmligthe Painéil A nó Painéil ;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí;
- Ceannaire (nó Leascheannaire) Roinne;
- POF agus Ceannaire;
- An Coiste Creidmheasa;
- An Bord.

Déanann an Fhoireann um Dhearbhú Cáilíochta, agus feidhm an iniúchta inmheánaigh maoirseacht ar an ngéilliúlacht leis an mBeartas Údaráis Tarmligthe.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fíoraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc.

(b) Comhthaobhacht

Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe agus cleachtóirí dócmhainneachta a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta agus corparáideacha.

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta a ghlacadh maidir le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí agus infháltais:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar éarlaisí bainc, le díol cuntais adhmháil do fhéichiúnaí a bhaineann úsáid as maoiniú forbairt cónaithe ceadaithe san áireamh.

(c) Díorthaigh

Faightear an t-urrús le haghaidh díorthach a ghnóthaítear ón gcomhthaobhacht a ghnóthaítear leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas a íoctar ar ghnóthachan na hiasachta. Rinne an Grúpa díorthaigh a idirbheartú le GBCN chun neamhchosaintí airgeadra eachtraigh agus ráta úis a fhálú.

Déantar neamhchosaint creidmheasa díorthach a ghnóthaítear, mar aon le neamhchosaintí féideartha de thoradh ar ghluaiseachtaí margaidh, a bhainistiú mar chuid de bhainistiú foriomlán neamhchosaintí na bhféichiúnaithe.

Maidir le díorthaigh ar chuaigh an Grúpa isteach iontu, is í GBCN an t-aon chontrapháirtí.

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla thíos leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo (glan ó bhearnú) amhail ag 31 Nollaig 2016, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh. Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraeireachta a thuairiscítear i Ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	*Nóta*	**Neamhchosaint uasta 2016 €'000**	**Neamhchosaint uasta 2015 €'000**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		1,587,789	3,145,604
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN		58,000	256,000
Sócmhainní airgeadais infhaighte		519,378	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha		20,481	87,188
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		25,999	44,290
Iasachtaí agus infháltais			
Talamh agus forbairt		2,636,920	4,079,146
Réadmhaoin infheistíochta		2,842,675	6,212,705
Bearnú		(1,560,929)	(2,475,906)
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)		3,918,666	7,815,945
Sócmhainní eile		777,061	29,550
Infheistíocht i ionstraim cothromais		55,500	48,211
Iomlán na sócmhainní		**6,962,874**	**11,426,788**
Tiomantais iasachta	*23.4*	377,972	556,148
Neamhchosaint uasta iomlán		**7,340,846**	**11,982,936**

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireacht	Neamhchosaint uasta 2016 €'000	Neamhchosaint uasta 2015 €'000
Airgead tirim	112	268
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	49,000	49,000
Sócmhainní eile	3,324,368	1,828,531
Neamhchosaint uasta iomlán	**3,373,480**	**1,877,799**

22.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí agus infháltais

(a) Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

Tá beartas grádaithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun próifíl riosca a sholáthar de phunanna n GNBS agus a bhaineann le féichiúnaithe uile. Déanann scála grád creidmheasa an GNBS iarracht tomhas den riosca a shannadh ar aisghabháil sócmhainn airgeadais agus tá sé bunaithe ar dhá ghné le naoi ngrád féideartha á léiriú mar chomhcheangal d'uimhir agus litir 1A, 3B s.rl.

- Sa chéad ghné (scála 1, 2, 3) tomhaistear cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS. Tá an chéad ghné seo sa raon ó chásanna ina bhfuiltear ag súil go mbeidh an aisghabháil níos mó ná fiachas an GNBS go dtí cásanna ina meastar go mbeidh easnamh ar fhiachas an GNBS agus go bhfuil foráil bhearnaithe marcáilte i gcoinne na neamhchosanta.
- Sa dara gné (scála A, B, C) déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh trí phróiseas rannpháirteachais an fhéichiúnaí, a thomhas.

Is féidir an 9 dtoradh féideartha gráid a achoimriú sna catagóirí seo a leanas:

- Sásúil: Cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh agus dóchúlacht íseal go mbeidh caillteanas i gceist.
- Breathnaigh: Ní mór monatóireacht níos grinne a dhéanamh ach léirítear fós féin an cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh.
- Bearnaithe: Ní mór go mbeadh leibhéil éagsúla airde á dtabhairt ar neamhchosaintí agus tá bainistíocht ghníomhach na punainne agus ionchais chaillteanais ina n-ábhair imní.

Dáileadh grád maidir le hiasachtaí agus infháltais agus féichiúnaithe nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

	2016 €'000	2015 €'000
Sásúil (GNBS)	1,381,484	2,225,712
Breathnaigh	763,460	1,114,473
Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe	**2,144,944**	**3,340,185**

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Níor bearnaíodh iasachtaí agus infháltais atá thar an dáta dlite

Níl an nochtadh atá riachtanach de réir alt 37(a) de IFRS 7 maidir le hanailís aosaithe iasachtaí agus infháltas atá 'thar an dáta dlite ach nach bhfuil bearnaithe' á soláthar. Tá an anailís aosaithe reatha bunaithe ar théarmaí conartha bunaidh iasachtaí a ghnóthaítear ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ní léiríonn sé feidhmíocht na hiasachta i gcomparáid le luach gnóthaithe na hiasachta.

Tá infháltais uile na Gníomhaireachta dlite ó aonáin ghaolmhara agus tá siad reatha. Níl aon cheann díobh thar an dáta dlite ná bearnaithe.

(c) Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

Bhí luach anonn de chuid €3.5bn (2015: €7.0bn) ag baint le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a cinneadh go raibh siad bearnaithe de thoradh ar an athbhreithniú bearnaithe aonair a rinneadh (féach an tábla seo a leanas) agus ghin siad ioncam úis de €142 i 2016 (2015: €288m).

Tá iasachtaí GNBS urraithe ag sócmhainní féichiúnaithe atá lonnaithe go príomha i bPoblacht na hÉireann. I gcásanna áirithe d'fhéadfaí go bhfuair GNBS táillí thar shócmhainní breise i bhfoirm breithiúnais nó comhaontuithe le féichiúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid d'fhonn méideanna atá dlite ag féichiúnaithe le GNBS a shásamh.

Bhain an Grúpa leas as an díolúine faoi IFRS 7 gan luach cothrom comhthaobhachta a bhí á coinneáil mar urrús i gcoinne na n-iasachtaí a nochtadh, mar bheadh sé neamhphraiticiúil a leithéid a dhéanamh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

	2016 €'000	2015 €'000
Iasachtaí comhlána agus díorthaigh ghaolmhara	5,504,753	10,372,475
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara arna mbearnú ar bhonn aonair	(3,507,065)	(7,032,290)
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara nach ndéantar iad a bhearnú ar bhonn aonair	**1,997,688**	**3,340,185**

Tá iasachtaí comhlána agus díorthaigh ghaolmhara arna measúnú le haghaidh bearnú difriúil ó Iasachtaí chomhlána agus infháltais mar atá i Nóta 19, mar nach bhfuil rótharraingtí de €34m agus airgead tirim faoi bhealach de €8m agus iasachtaí agus infháltais eile de €16m san áireamh leis an iarmhéid thuas.

Ní dhéantar aon cheann de na sócmhainní atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht a bhearnú ar bhonn aonair.

(d) Iasachtaí agus airleacain athchaibidlithe

Ní dhearnú ath-idirbheartaíocht ar aon cheann de na hiasachtaí nochtaithe ag riosca creidmheasa le linn an tréimhse (2015: €0.08bn). Mar chuid den athstruchtúrú ar fhéichiúnaithe in 2015, i bhformhór na gcásanna rinneadh athstruchtúrú ar iasachtaí go dtí líon laghdaithe áiseanna úsmhara chun rannpháirteachas agus bainistiú féichiúnaithe a éascú.

Ní dhearnadh athchaibidliú ar aon cheann de shócmhainní na Gníomhaireachta a bhí neamhchosanta i leith riosca creidmheasa le linn na tréimhse.

22.6 Earnálacha geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí creidmheasa príomha an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar láthair na n-iasachtaí agus na n-infháltas comhthaobhachta.

Earnálacha geografacha 2016 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	1,938,907	586,610	111,403	-	**2,636,920**
– Réadmhaoin infheistíochta -	2,252,129	424,893	165,653	-	**2,842,675**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(1,560,929)	**(1,560,929)**
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	**4,191,036**	**1,011,503**	**277,056**	**(1,560,929)**	**3,918,666**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,587,789	-	-	-	**1,587,789**
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	-	-	-	**58,000**
Sócmhainní airgeadais infhaighte	519,378	-	-	-	**519,378**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	25,999	-	-	-	**25,999**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,481	-	-	-	**20,481**
Fardail – Réadmhaoin trádála	345,403	-	1,300	-	**346,703**
Sócmhainní eile	777,061	-	-	-	**777,061**
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	45,075	-	10,425	-	**55,500**
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,344	-	-	-	**1,344**
Iomlán na sócmhainní	**7,571,566**	**1,011,503**	**288,781**	**(1,560,929)**	**7,310,921**

22.6 Earnálacha geografacha (ar lean)

Earnálacha geografacha 2015 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– GNBS Talamh agus forbairt	2,535,587	1,380,020	163,539	-	**4,079,146**
– Réadmhaoin infheistíochta	4,667,336	1,058,455	486,914	-	**6,212,705**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,475,906)	**(2,475,906)**
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	**7,202,923**	**2,438,475**	**650,453**	**(2,475,906)**	**7,815,945**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,145,604	-	-	-	**3,145,604**
Airgead tugtha, ar urrús comhthaobhach do GBCN	256,000	-	-	-	**256,000**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	44,290	-	-	-	**44,290**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	87,188	-	-	-	**87,188**
Sócmhainn cánach iarchurtha	28,870	-	-	-	**28,870**
Fardail – Réadmhaoin trádála	106,543	-	1,930	-	**108,473**
Sócmhainní eile	29,550	-	-	-	**29,550**
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	38,698	-	9,513	-	**48,211**
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,680	-	-	-	**1,680**
Iomlán na sócmhainní	**10,941,346**	**2,438,475**	**661,896**	**(2,475,906)**	**11,565,811**

Sa ráiteas ar staid airgeadais na Gníomhaireachta, cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le cúiteamh na gcostas riarachán ón nGrúpa, dá réir sin tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht Ionnaithe in Éirinn.

23. RIOSCA LEACHTACHTA

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlite: áirítear leo sin tiomantais iasachtaithe na todhchaí, ús ar dhliteanais, breacadh comhthaobhachta, costais, táillí agus speansais oibriúcháin laethúla.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora agus / nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlóidh neamhréireanna, agus dá bhrí sin ag íoslaghdú tionchar eis-sreafaí leachtachta.

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann aonad Riosca GBCN réamh-mheastacháin leachtachta neamhspleácha ar fáil ar bhonn míosúil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca. Bíonn réamhaisnéis 'anásta' san áireamh sna réamh-mheastacháin go léir le freastal ar thréimhsí fada neamhchinnteachta. Is é túsphointe na réamh-mheastachán sin anailís a dhéanamh ar aibíocht chonartha na ndliteanas airgeadais agus dáta aisíocaíochta ionchais na sócmhainní airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta (ar lean)

An príomhriosca leachtachta don Ghrúpa ná maoiniú na n-urrús fiachais sinsearach (urrúis) eisithe ag an GNBS mar chomaoin le haghaidh 95% de luach na sócmhainní a gnóthaíodh. Tugann na hurrúis i mbun eisiúna cead don eisitheoir (sa chás nach bhfuair an t-eisitheoir Fógra um Sheachadadh Fisiceach Diúltaithe don Sealbhóir) na hurrúis go léir, nó cuid díobh, a shocrú nuair a thiocfaidh siad chun aibíochta trí hurrús nua a eisiúint ar na téarmaí céanna is a bhain leis an urrús eiseachn (seachas i gcás aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith i gceist leis an urrús eiseach).

I mí na Bealtaine 2011, rinne Bord, tar éis dó treoir, arna heisiúint faoi Alt 14 den Acht, a fháil ón Aire Airgeadais, cinneadh chun rogha na haibíochta insínte a bhaint ó urrúis fhiachais sinsearaí an GNBS (féach Nóta 29).

Glanadh na hurrúis uile a tháinig chun aibíochta an 2 Márta 2016 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint le haibíocht an 1 Márta 2018 luaite leo, le heisceacht nótashealbhóir amháin, ar socraíodh a urrús in airgead tirim.

Ba ionann iarmhéid gan íoc na n-urrús fiachais i gceist ar an dáta tuairiscithe agus €2.6bn, arb ionann é agus 9% de na hurrúis fiachais bhunaidh de €30.2bn a eisíodh in 2010 agus 2011. D'fhuascail an GNBS €2.09bn breise in 2017 (féach Nóta 40), rud a d'fhág iarmhéid na n-urrús fiachais i gceist ag €0.5bn, níos lú ná 2% den eisiúint thosaigh. Mar sin de, tá laghdú suntasach tagtha ar nochtadh an Ghrúpa do riosca leachtachta ag eascairt as urrúis fiachais i gceist.

23.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreabha airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhliteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhlascainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 2016	**0-6 mhí €'000**	**6-12 mhí €'000**	**Iomlán €'000**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	10,763	-	**10,763**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	2,590,000	-	**2,590,000**
Dliteanais eile	27,679	-	**27,679**
Iomlán na ndliteanas	**2,628,442**	**-**	**2,628,442**
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	**2,165,167**	**-**	**2,165,167**

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 2015	**0-6 mhí €'000**	**6-12 mhí €'000**	**Iomlán €'000**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	20,799	-	**20,799**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	8,091,069	-	**8,091,069**
Dliteanais eile	34,041	-	**34,041**
Iomlán na ndliteanas	**8,145,909**	**-**	**8,145,909**
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	**3,401,604**	**-**	**3,401,604**

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 2016	**0-6 mhí €'000**	**6-12 mhí €'000**	**Iomlán €'000**
Dliteanais			
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,699	-	**53,699**
Dliteanais eile	7,449	-	**7,449**
Iomlán na ndliteanas	**61,148**	**-**	**61,148**

23.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh (ar lean)

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 2015	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	Iomlán €'000
Dliteanais			
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,757	-	53,757
Dliteanais eile	7,446	-	7,446
Iomlán na ndliteanas	**61,203**	**-**	**61,203**

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dliteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais iasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, éarlaisí téarm agus sócmhainní airgeadais ar fáil le díol. Ní chuireann sócmhainnó ar son bainistíocht riosca leachta iarmhéid iasachtaí agus infhalú a bhfuil fáil orthu san áireamh.

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh

(a) Díorthaigh socraithe ar bhonn glan

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan tá Díorthaigh ráta úis.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar dhliteanais airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 2016	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	1,040	552	4,918	3,033	9,543

Grúpa 2015	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	1,067	585	5,223	4,371	**11,246**
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	950	(105,444)	-	-	**(104,494)**
Iomlán	**2,017**	**(104,859)**	**5,223**	**4,371**	**(93,248)**

(b) Díorthaigh socraithe ar bhonn comhlán

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán tá:

- Díorthaigh malairte eachtraí: réamh-airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar ionstraimí airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa 2016	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(637,707)	-	-	**(637,707)**
– Insreabhadh	641,657	-	-	**641,657**
Eis-sreabhadh iomlán	**3,950**	**-**	**-**	**3,950**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh (ar lean)

Grúpa 2015	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(907,194)	-	-	**(907,194)**
– Insreabhadh	925,101	-	-	**925,101**
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(286,607)	(556,551)	-	**(843,158)**
– Insreabhadh	248,401	483,029	-	**731,430**
Eis-sreabhadh iomlán	**(20,299)**	**(73,522)**	**-**	**(93,821)**

23.4 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas.

Grúpa Tiomantais go dtabharfar iasacht	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2016	172,959	183,340	21,673	**377,972**
31 Nollaig 2015	190,780	360,968	4,400	**556,148**

Níl aon tiomantais iasachta ag an nGníomhaireacht.

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta.

Grúpa	2016 Luach anonn €'000	2016 Luach cothrom €'000	2015 Luach anonn €'000	2015 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,587,789	1,587,789	3,145,604	3,145,604
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	58,000	256,000	256,000
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	519,378	519,378	-	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,481	20,481	87,188	87,188
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	25,999	25,999	44,290	44,290
Iasachtaí agus infháltais	3,918,666	4,519,705	7,815,945	9,091,168
Sócmhainní eile	802,271	802,271	29,550	29,550
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	55,500	55,500	48,211	48,211
Iomlán na sócmhainní	**6,988,084**	**7,589,123**	**11,426,788**	**12,702,011**
Dliteanais airgeadais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	10,763	10,763	20,799	20,799
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	4,365	4,365	179,256	179,256
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	2,590,000	2,591,659	8,090,000	8,072,926
Dliteanais eile	27,839	27,839	69,397	69,397
Cáin iníoctha	534	534	722	722
Iomlán na ndliteanas	**2,633,501**	**2,635,160**	**8,360,174**	**8,343,100**

Gníomhaireacht	2016 Luach anonn €'000	2016 Luach cothrom €'000	2015 Luach anonn €'000	2015 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	112	112	268	268
Sócmhainní eile	3,324,368	3,324,368	1,828,531	1,828,531
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	49,000	49,000	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní	**3,373,480**	**3,373,480**	**1,877,799**	**1,877,799**
Dliteanais airgeadais				
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,699	53,699	53,757	53,757
Dliteanais eile	7,449	7,449	7,446	7,446
Iomlán na ndliteanas	**61,148**	**61,148**	**61,203**	**61,203**

Sócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dliteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, tá na modhanna agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas sin a ríomh leagtha amach thíos.

(i) Airgead tirim agus iarmhéideanna le bainc

Is ionann luach cothrom na socrúchán ráta chomhlúthaigh agus na n-éarlaisí téarma agus a méid carraeireachta. Tá luach cothrom measta na n-éarlaisí úsmhara seasta cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil éarlaisí gearrthéarmach agus ní bhíonn ach éifeacht an-bheag ag lascainí.

(ii) Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha

Tá luach cothrom measta na méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil infháltais reatha agus socrófar le hairgead tirim iad.

(iii) Iasachtaí agus infháltais

Taispeántar iasachta. agus infháltais glan de mhuirir um bearnú. Measadh luach cothrom na n-iasachtaí agus na n-infháltas ag baint úsáide as na sreabha airgid ionchais don todhcha. sa phunann. Rinneadh sreabha airgid ionchais don todhchaí le haghaidh féichiúnaithe suntasacha aonair a athbhreithnú. mar chuid den mheasúnú ar shreabhadh airgid bearnaithe ag an dáta tuairiscithe. Déantar sreafaí airgid todhchaí a lascainiú ag ráta idir 4.03% agus 5.04%, ar ráta é a mheasann an lucht bainistíochta atá cuí, agus luach airgid i leith ama agus na rioscaí atá i gceist á gcur san áireamh.

(iv) Urrúis fhiachais i mbun eisiúna

Rinneadh na luachanna cothroma comhiomlána a ríomh bunaithe ar praghasanna luaite ag Banc Ceanannais na hÉireann.

(b) Ordlathas luacha chothroim

Sonraíonn IFRS 13 ordlathas trí leibhéil de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordlathas luacha chothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dliteanas comhionann. Áirítear ar an leibhéal seo urrúis chothromais liostaithe agus ionstraimí fiachais ar mhalartuithe aitheanta.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaiméadar ionchuir úsáid as an gcuar toraidh LIBOR caighdeánach.
- Leibhéal 3 – ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite). Áirítear ar an leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite iontu.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Ordlathas luacha chothroim (ar lean)

Ní mór sonraí margaidh inbhraite a úsáid don ordlathas seo nuair atá siad ar fáil. Tugann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha agus inbhraite faoi deara ina chuid luachálacha nuair is féidir.

Ordlathas ar luacha cothrom le haghaidh sócmhainní agus dliteanas arna dtomhas ar luach cothrom

Grúpa 2016	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	19,458	-	**19,458**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	6,541	-	**6,541**
Sócmhainnó airgeadais ar fáil le díol	519,378	-	-	**519,378**
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	-	55,500	**55,500**
Iomlán na sócmhainní	**519,378**	**25,999**	**55,500**	**600,877**
Dliteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	3,316	-	**3,316**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	1,049	-	**1,049**
Iomlán na ndliteanas	**-**	**4,365**	**-**	**4,365**

Grúpa 2015	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	22,992	-	**22,992**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	21,298	-	**21,298**
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	-	48,211	**48,211**
Iomlán na sócmhainní	**-**	**44,290**	**48,211**	**92,501**
Dliteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	72,740	-	**72,740**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	106,516	-	**106,516**
Iomlán na ndliteanas	**-**	**179,256**	**-**	**179,256**

Tar éis athbhreithniú ar an gcur chuige luachála a úsáideadh le haghaidh infheistíochtaí in ionstraimí cothromaid in 2016, úsáidtear comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite le haghaidh luachála agus mar sin de tá sé níos cuí Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a rangú mar Leibhéal 3. Rinneadh an rangú seo ar an gcomparáid freisin.

Léirítear sa tábla seo a leanas réiteach méideanna oscailte agus dúnta sócmhainní airgeadais Leibhéal 3 atá taifeadta ag luach cóir.

Grúpa Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	*Nóta*	2016 €'000	2015 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016		48,211	36,181
Infheistíochtaí breise		5,075	589
Fuascailtí		(1,248)	-
Gluaiseachtaí luacha cóir	*7*	3,462	11,441
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016		**55,500**	**48,211**

Éilíonn IFRS go ndéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais nach n-iompraítear ag luach cothrom ach a nochtar luach cothrom ina leith, a rangú laistigh den ordlathas luacha cothroim. Déantar sócmhainní agus dliteanais a thomhaistear ag costas amúchta a rangú faoi Leibhéal 3, seachas airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, a rangaítear mar Leibhéal 1.

Níor tugadh ceann ar bith de shócmhainní ná dliteanais na Gníomhaireachta ar aghaidh ar luach cothrom.

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Déantar dliteanais agus sócmhainní airgeadais a chatagóiriú i gcomhréir le IAS 39 sa chaoi seo a leanas:

- Iasachtaí agus infháltais
- Sócmhainní airgeadais nó dliteanais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas – á gcoinneáil le haghaidh trádála (FVTPL)
- Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin (AFS)
- Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta

Sócmhainní Airgeadais Grúpa 2016	**Iasachtaí agus infháltais €'000**	**FVTPL €'000**	**AFS €'000**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,587,789	-	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	-	-
Sócmhainní airgeadais infhaighte	-	-	519,378
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,481	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	25,999	-
Iasachtaí agus infháltais	3,918,666	-	-
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	55,500	-
Sócmhainní eile	777,061	-	-

Dliteanais Airgeadais Grúpa 31 Nollaig 2016	**Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta €'000**	**FVTPL €'000**
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	10,763	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	4,365
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	2,590,000	-
Dliteanais eile	27,839	-

Sócmhainní Airgeadais Grúpa 2015	**Iasachtaí agus infháltais €'000**	**FVTPL €'000**	**AFS €'000**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,145,604	-	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	256,000	-	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	87,188	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	44,290	-
Iasachtaí agus infháltais	7,815,945	-	-
Infheistíochtaí in ionstraim cothromais	-	48,211	-
Sócmhainní eile	29,550	-	-

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Ordlathas luacha chothroim (ar lean)

Dliteanais Airgeadais Grúpa 31 Nollaig 2015	Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta €'000	FVTPL €'000
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	20,799	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	179,256
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	8,090,000	-
Dliteanais eile	69,397	-

Ní raibh aon infheistíochtaí ar láimh go dtí aibíocht á gcoinneáil ag an nGrúpa ag an dáta tuairiscithe.

Ramgaítear airgead tirim agus coibhéis airgead tirim agus Eile mar iasachtaí agus infhalú.

25. RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Grúpa agus Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Costas		
Iarmhéid ag 1 Eanáir	2,546	2,546
Breiseanna	-	-
Iarmhéid ag 31 Nollaig	**2,546**	**2,546**
Dímheas		
Dímheas carntha ag 1 Eanáir	(866)	(611)
Muirear dímheasa don bhliain	(336)	(255)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	**(1,202)**	**(866)**
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig	**1,344**	**1,680**

Áiríonn réadmhaoin, innealta agus trealamh costais feistithe léasa tabhaithe go dtí seo. Déantar costais feistithe léasa caipitlithe a dhímheas ar bhonn méid chothroim ag ráta de chuid 10% sa bhliain i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.24. Déantar dímheas bliain iomlán a mhuirearú sa bhliain a thabhaítear agus a chaipitlítear na costais léasaithe feistithe.

Le linn 2016, rinne an Grúpa athbhreithniú ar luach iarmharach agus saolré úsáideach chostais feistithe an léasa caipitlithe. Rinneadh cinneadh an muirear dímheasa a luathú ar aon dul leis an méid atá fágtha de shaolré an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta agus, dá réir sin, na sócmhainne. Mar thoradh air sin méadaíodh an muirear dímheasa do 2016.

26. INFHEISTÍOCHTAÍ IN IONSTRAIMÍ COTHROMAIS

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas	55,500	48,211

D'féadfaidh an Ghrúpa infhéistiú in ionstraim gnáthscaire le luach a uasmhéadú agus seachadadh éifeachtach forbairt tráchdála agus cónaithe a éascú. Is iad infheistíochtaí in ionstraimí cothromais i seilbh an Ghrúpa:

	Úinéireacht Leasa	2016 €'000	2015 €'000
Ciste na nDugaí Theas	16.5%	9,690	12,008
Ciste Forbatha na Cathrach	47.75%	18,131	14,701
Ciste Kennedy Wilson Real Estate VIII	15%	17,254	10,743
		45,075	**37,452**

- Is é cuspóir na gcistí sin cur le hacmhainn forbartha suíomhanna comhcheangailte i gceantar na nDugaí Theas i mBaile Átha Cliath. Tá infheistíocht déanta ag GNBS sna cistí sin ag teacht lena straitéis chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt tráchtála agus chónaithe a chur i gcrích i nDugthailte Bhaile Átha Cliath.
- Mar thoradh ar an athstruchtúrú a rinneadh ar cheann de na féichiúnaithe faoi bhainistíocht GNBS in 2014, fuair an Grúpa úinéireacht 98% i gciste amháin agus úinéireacht 54% i gciste eile le luach comhiomlán €10.4m (2015: €9.5m). Tá sócmhainní réadmhaoine ag na cistí sin sa Phortaingéil. Bíonn an chinnteoireacht ar fad faoi rialú chuideachta bainistíochta na gcistí, agus dá bhrí níl GNBS in ann na cistí a rialú.

Is ionann an ghluaiseacht in infheistíochtaí in ionstraimí cothromais agus meascán de ghluaiseachtaí luacha cothrom agus fáltais agus diúscairtí.

27. CÁIN IARCHURTHA

Déantar sócmhainní agus dliteanais ioncam iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach reatha agus nuair a bhaineann na cánacha ioncam iarchurtha leis an údarás fioscach céanna.

Tá dliteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

	Cáin iarchurtha		Cáin iarchurtha ar dhifríochtaí uainiú	
Grúpa	Sócmhainní €'000	Dliteanais €'000	€'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2016	**44,813**	**(15,889)**	**(54)**	**28,870**
Gluaiseacht sa bhliain	(43,722)	4,505	54	**(39,163)**
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2016	**1,091**	**(11,384)**	**-**	**(10,293)**
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2015	**148,881**	**(16,517)**	**-**	**132,364**
Gluaiseacht sa bhliain	(104,068)	628	(54)	(103,494)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2015	**44,813**	**(15,889)**	**(54)**	**28,870**

Réiteach na gluaiseachta sa cháin iarchurtha iomlán go creidmheas / (muirear) cánach sa ráiteas ioncaim agus ioncam cuimsitheach eile

Grúpa	*Nóta*	2016 €'000	2015 €'000
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta sa ráiteas ioncaim	*13*	(21,464)	(28,344)
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	*14,35*	(17,699)	(75,149)
Gluaiseacht iomlán i gcáin iarchurtha sa bhliain		**(39,163)**	**(103,494)**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

27. CÁIN IARCHURTHA (AR LEAN)

Níl aon dliteanais nó sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncam iarchurtha i ndáil le caillteanais chánach tugtha anonn sa mhéid is go bhfuil réadú an tsochair ghaolmhar cánach dóchúil.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhíorthaigh ar an difríocht idir bhonn cánach na ndíorthach (nialas) agus luach cothrom na ndíorthach tráth an dáta tuairiscithe. Tá glandhliteanais chánach iarchurtha de chuid €10m (2015: glansócmhainn cánach iarchurtha €29m) aitheanta i ndáil leis na díorthaigh. I gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta, aithnítear cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom áit ina cuirtear an luach cothrom gaolmhar san áireamh,.i. sa ráiteas ioncam nó in ioncam cuimsitheach eile. Tá muirear cánach iarchurtha de chuid €18m (2015: €75.1m)aitheanta in ioncam cuimsitheach eile i ndáil le cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom ar dhíorthaigh sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fála i bhfeidhm (Féach Nóta 35).

Sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais cánach iarchurtha a aithnítear i ndáil le díorthaigh, réadófar iad de réir mar a thagann díorthaigh in aibíocht nó de réir mar a chuirtear críoch leo.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí uainiúcháin i leith ioncam úis agus ghnóthachain neamhréadaithe airgeadra eachtraigh.

28. SÓCMHAINNÍ EILE

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Ús babhtála tabhaithe infhála	882	894
Ús infhaighte ar sócmhainní airgead ar fáil le díol	6,658	-
Breithniú iarchurtha infhála ó díolacháin iasachtaí	763,440	6,404
Cáin réamhdhíolta	25,210	-
Sócmhainní eile	6,081	22,252
Iomlán sócmhainní eile	**802,271**	**29,550**

Baineann ús babhtála tabhaithe leis an ús tabhaithe ar dhíorthaigh faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Baineann comaoin iarchurtha le dhá dhíolachán iasachta a conraíodh i mí na Nollaig 2016 agus fuarthas na fáltais dheiridh i mí Eanáir 2017. Shínigh GNBS conarthaí le ceannaitheoirí na n-iasachtaí i lár mí na Nollag 2016 agus fuarthas éarlaisí in aghaidh an luacha ceannaigh. Chuaigh ceart conarthach GNBS i dtaobh na sreafaí airgid in éag ar an dáta sin. Rinneadh iasachtaí agus infháltais a dhí-aithint agus rinneadh infháltas don iarmhéid den luach ceannaigh a bhí fágtha a aithint mar chomaoin iarchurtha. San áireamh leis an gcomaoin iarchurtha freisin tá ioncam táille iarchurtha agus táillí infháltais eile de €8.6m.

Rinne an Grúpa réamhíocaíocht de €159m de cháin chorparáide i mí na Samhna 2016 i leith a dhliteanas cánach corparáide do 2016. Ba ionann an dliteanas cánach corparáide do 2016, ríofa ag deireadh mhí na Nollag 2016, agus €143m (Nóta 13), rud a d'fhág go raibh ró-íocaíocht de €16m de cháin chorparáide déanta. Tá sé sin aitheanta mar réamhíocaíocht cháin a bheidh le fritháireamh in aghaidh dliteanas cánach 2017. Áirítear leis an cháin réamhíoctha freisin réamhíocaíocht cháin Alt 96.3 de €9m.

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Costais in-aisíoctha ó NALML	5,156	5,136
Ús infhaighte ó bhrabús iasacht rannpháirteach le BSN	3,318,667	1,822,888
Infháltais eile	545	507
Iomlán	**3,324,368**	**1,828,531**

Is sócmhainní reatha gach sócmhainn eile sa Ghrúpa agus Cuideachta.

29. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana airgeadais	8,090,000	13,590,000
Fuascailte i rith na bliana airgeadais	(5,500,000)	(5,500,000)
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	**2,590,000**	**8,090,000**

Téarmaí nótaí eisithe do fháltas iasachtaí ag BISN C.G.A.

Is ionann iomlán na n-urrús féich gan íoc an 31 Nollaig 2016, a eisíodh i leith gnóthú bunaidh iasachtaí BISNT agus €2.6bn (2015: €8.1bn). Is Nótaí Rátaí Chomhlúthaigh arna ráthú ag an rialtas iad na hurrúis fiachais uile, nótaí a d'eisigh BSN agus a aistríodh go SGBSN faoi shaoráid iasachta rannpháirteach bhrabúis agus ansin ar aghaidh go BISN. D'úsáid BISN na hurrúis sin mar chomaoin (95%) don phunann iasachta a gnóthaíodh ó gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Fabhraíonn ús ón dáta eisithe agus díoltar é go leath-bhliantúil ar 1 Márta agus 1 Meán Fómhair. Déanann Euribor an ráta úis a athshocrú gach sé mhí ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair gach bliain. Go dtí seo, is nótaí ainmnithe in euro atá eisithe.

Díoltar ús go leath-bhliantúil ar 1 Márta agus 1 Meán Fómhair. Ní raibh aon ús fabhraithe ag sealbhóirí urrús fiachais i gceist ag dáta cúpóin an 1 Meán Fómhair mar go bhfuil an ráta cúpóin, atá bunaithe ar Euribor, ag an ráta is ísle de 0%. Bhí rátaí Euribor diúltach ag an dáta cúpóin.

Ceadaíonn na hurrúis atá i mbun eisiúna don eisitheoir (sa chás nach bhfuil Fógra Diúltaithe um Sheachadadh Fisiciúil Sealbhóra faighte ag an eisitheoir) na hurrúis uile, nó cuid díobh, a shocrú go fisiciúil an tráth aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith luaite leis an t-urrús reatha.

Socraíodh na hurrúis ar fad a tháinig chun aibíochta an 2 Márta 2016 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2018 luaite leo, le heisceacht nótashealbhóir amháin, ar socraíodh a urrús in airgead tirim.

Is dliteanais reath gach urrúis fhiachais sinsearch imbun eisiúna.

30. DLITEANAIS EILE

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Ús fabhraithe ar urrúis fiachais i mbun eisiúna	-	1,069
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh sa chás go bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	-	34,143
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh eile	160	144
Ús iníoctha ar aigead tirim agus comhluachanna in airgead tirim	290	193
Costais fhabhraithe	18,248	24,535
CBL iníoctha	5,192	2,605
Méideanna iníoctha le réadmhaoine trádála a fháil	3,000	-
Dliteanais eile	949	6,708
Iomlán na ndliteanas eile	**27,839**	**69,397**

Ní raibh ao nús fabhraithe ag sealbhóirí urrás fiachais i gceist ag dáta cúpóin an 1 Meán Fómhair mar go bhfuil an ráta cúpóin, atá bunaithe ar Euribor, ag an ráta is ísle de 0%. Bhí ráta. Euribor dióltach ag an dáta cúpóin.

Baineann méideanna iníochta le réadmhaoine trádála a fháil le méid gan íoc tar éis do BRSN réadmhaoin a fháil. Tá sé seo dlite in 2017.

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Méideanna dlite don GBCN	5,299	5,194
Méideanna dlite le haonáin an Ghrúpa	1,625	1,680
Dliteanais eile	525	572
Iomlán na ndliteanas eile	**7,449**	**7,446**

Is dliteanais reath gach urrúis fhiachais sinsearch imbun eisiúna.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

31. CÁIN INÍOCTHA

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla agus cánacha eile iníoctha	534	662
Dliteanas cánach ioncam reatha	-	60
Cáin iomlán iníoctha	**534**	**722**

Rinne an Ghrúpa réamh-íocaíocht cáin chorporáide €159m maidir lena dhliteanas cáin chorporáide do 2016. B'ionann an dliteanas cáin chorporáide agus €143m ar son 2016 agus bhí réamh-íocaíocht cáin chorporáide €16m, nochtaithe i Nóta 28.

32. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

(a) Dliteanais theagmhasacha

Ar 26 Feabhra 2010 cheadaigh an Coimisiún Eorpach (an 'Comisiún') bunú GNBS faoi rialacha maidir le státchabhair an AE. Chuir an Comisiún in iúl go raibh sé sásta go raibh an scéim de réir treoirlínte faoiseamh sócmhainn bhearnaithe do bhancanna a lig do státchabhair a bhí deartha le cuir isteach dromchúiseach in eacnamaíocht Ballstát a leigheas agus go gcuideodh sé dul i ngleic le ceist caighdeán sócmhainne i gcóras banc na hÉireann agus cuir chun cinn filleadh ar margadh gnáth feidhmiú.

Rinne gearán leis an gCoimisiún in raibh líomhain de bhronnadh státchabhair neamhúdaraithe tríd oibríochtaí agus gníomhaíochtaí GNBS. Tá GNBS, keis an Roinn Airgeadais, ag cuir in aghaidh an líomhain tríd gníomhú leis an gCoimisiún. Ag am ceadú ráitis airgeadais 2016 GNBS, maireann éiginnteacht faoi thoradh measúnú an Choimisiún den líomhain agus na réití a chuirfear ibhfeidhm ná sheastar leis an gearán. Mar thoradh, ní féidir cinneadh a dhéanamh ar an tionchar airgeadais ar GNBS, más aon.

Scartha ó thuas, ag dáta tuairiscthe, tá NAMA mar pháirtí i méid airithe cásanna dlí a leanann mar pháirt dá gnáth cúrsa gnóithe. Ní féidir brath ar meastachán den eis-sreabhadh acmhainní eacnamaíoch sna cásanna seo mar a aithníonn an Ghrúpa ag an dáta tuairiscthe.

(b) Tiomantais

Níl aon rathaíochtaí nó lireacha creidmheasa ag an Ghrúpa ag an dáta tuairisicthe.

Tá léas oibriúcháin ag an nGrúpa i ndáil leis an tríú hurlár agus cuid den chéad urlár dá oifig cláraithe, Foirgneamh an Státchiste. Ag an dáta tuairiscithe, tréimhse 3 bliana agus 10 mí atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir i ndáil leis an tríú urlár. Is 1.5 bliana atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir i ndáil leis ainneacs an chéad úrlár agus 4 bliana i ndáil leis an chéad urlár.

B'ionann méideanna léasa oibriúcháin a caitheadh sa bhliain agus €2.1m (2015: €2.1m).

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí sa tábla seo a leanas:

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Níos lú ná 1 bhliain amháin	1,255	1,992
Idir bliain amháin agus cúig bliana	4,876	4,147
Iomlán íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí	**6,131**	**6,139**

Tar éis laghdú ar riachtanais áitíochta GNBS in 2017, tá cuid den chéad urlár agus an fortheach ar an gcéad urlár in úsáid ag gníomhaireachtaí eile de chuid GBCN. Áirítear le gealltanais léasa íosta na todhchaí nochta thuas aisíocaíocht mheasta de €1.8m a gheobhfar ó ghníomhaíochtaí GBCN don spás a bhfuil siad ag baint úsáide as.

33. IASACHTAÍOCHT AGUS IASACHTAÍ ÚSMHARA

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Iasacht dlite le BISN agus ús gaolmhar	53,699	53,757
	53,699	**53,757**

Ar an 25 Feabhra 2011, d'eisigh BISNT, aonán an Ghrúpa, iasacht úsmhar de chuid €52m leis an GNBS. Ba é cuspóir na hiasachta maoiniú a sholáthar ón nGrúpa don GNBS chun iasacht de chuid €49m agus ús tabhaithe a aisíoc leis an Lárchiste. Tá ús bunaithe ar rata 6 mhí Euribor. Déantar an iasacht a shíneadh ar bhonn bliantúil ar an 25 Feabhra mura gcuirtear deireadh leis faoi mar atá aontaithe ag na páirtithe. Níl aon iasachtaí nó iasachtaíochtaí seachtracha ag an nGrúpa.

Aithníodh ráta diúltach úis €0.58m st sn iasacht mar gheall ar rátaí diúltach Euribor le linn na bliana (Réach Nóta 7).

34. GNÁTHSCAIR EILE

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	1,593,000	1,593,000
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	**1,593,000**	**1,593,000**

Is ionann an méid thuasluaite agus Fobhannaí Ráta Seasta Inghlaoite a d'eisigh BSN agus a aistríodh chuig SGBSN faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis agus a d'aistrigh SGBSNT chuig BISNT. D'úsáid BISN na hurrúis seo mar chomaoin (5%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Is ionann an ráta úis ar na hionstraimí agus ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag dáta an chéad eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag fáltas seasta 5.264%. Is ar bhonn bliantúil a íoctar ús, ach is de rogha an eisitheora a dhearbhaítear an cúpón. Ní bheidh cúpóin a dhearbhaítear in aon bhliain ag carnadh. Dhíol GNBS an cúpón cliantúil de €83.86m ar a fhofiach ó Márta 2014. Díoladh cáin shiarchoinneálach €0.7m (2015 €0.8m) leis na Coimisinéirí Ioncaim mar díolacháin cúpóin i 2016.

Ainneoin na mbannaí a bheith suthain de nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir na bannaí a "ghairm" (.i. a fhuascailt) ar an gcéad dáta gairme (atá 10 mbliana i ndiaidh an dáta eisiúna), agus gach dáta íocaíochta úis ina dhiaidh sin (beag beann ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ús le híoc).

Faoi IAS 32, 'Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair', is ionann é agus bunús an chomhaontú conarthach um ionstraim airgeadais, seachas a fhoirm dlí, a bhfuil a rangú á rialú aige. Ó tharla nach bhfuil aon oibleagáid chonarthach sna nótaí fofhiachais aon íocaíochtaí a dhéanamh (ús nó príomha) sa chás nach mian leis an nGrúpa aon íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32 tá an fofhiachas rangaithe mar ghnáthscair sa ráiteas ar staid an airgeadais, agus aon íocaíochtaí cúpóin á rangú mar íocaíochtaí díbhinne (Nóta 36).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

35. CÚLCHISTÍ EILE

Grúpa	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Cúlchiste fálaithe an tsreafa airgid			
Ag tús na bliana		(54,300)	(279,752)
Athruithe i nglanluach cóir		72,401	300,601
Ús fálaithe socraithe i rith na bliana		107,350	250,831
Gluaiseacht i bhfabhrú úis		(34,143)	(47,225)
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim	*6*	(73,207)	(203,606)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cánachas	*14*	72,401	300,601
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	*14,27*	(18,101)	(75,149)
Ag 31 Nollaig		**-**	**(54,300)**
Cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin			
Ag tús na bliana		-	-
Amúchadh préimh díolta ag fáltas		15,123	-
Aithrithe i luach cóir	*16*	(1,607)	-
Glanghluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	*14*	13,516	-
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	*14,27*	402	-
Ag 31 Nollaig		**13,918**	**-**
Iomlán na gcúlchistí eile		**13,918**	**(54,300)**

Cuimsíonn cúlchistí eile na cúlchistí fála um shreabhadh airgid agus an cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin.

Cuireann an GNBS cuntasaíocht fála i bhfeidhm ar roinnt dá cuid urrúis fiachais shinsearacha i mbun eisiúna. Aithníodh aon ghnóthachain nó caillteanais luach cóir ar dhíorthaigh i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid go dtí go ndearnadh na caidrimh fála a dhí-aithint nó go dtí go dtáinig na díorthaigh chun aibíochta. Rinneadh gach caidreamh fála eile a dhí-aithint ar an 28 Eanáir 2016 agus tháinig na díorthaigh chun aibíochta mar gheall air sin le linn Meán Fómhair 2016.

Ba é an ghluaiseacht i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid do 2016 agus méadú de €72m (2015: €301m) roimh chánachas, arb ionann é agus an ghluaiseach luacha cóir ar dhíorthaigh áit a bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm de €74m (2015: €309.5m) fritháirithe go páirteach ag méid a tugadh ar aghaidh ó chúlchiste fhálú an tsreafa airgid go dtí an ráiteas ioncaim de €2m (2015: €8.9m).

Rangaítear bannaí rialtais mar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin de réir CIC 39. Aithnítear athruithe ar luach cothrom i gcúlchistí. Le linn 2016, fuair GNBS bannaí státchiste rialtas na hÉireann le luach ainmniúil de €430m.

Ba é an ghluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin don bhliain agus méadú de €14m (2015: €Nialas), lena léirítear an ghluaiseacht i luach cóir na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin a fuarthas na linn na bliana.

36. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Tuilleamh choinnithe		
Ag tús na bliana airgeadais	1,615,937	(74,715)
Brabús don bhliain airgeadais	1,502,705	1,774,894
Dibhínn íolta ar ghnáthscaireanna B	(367)	(386)
Cúpón íoctha ar fhobhannaí	(83,856)	(83,856)
Ag 31 Nollaig	**3,034,419**	**1,615,937**
Leasanna neamh-urlámhais		
Brabús don bhliain airgeadais	-	51,000

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
Tuilleamh choinnithe		
Ag tús na bliana airgeadais	1,818,276	161,606
Brábús / (Caillteanas) don bhliain airgeadais	1,495,400	1,656,670
Ag 31 Nollaig	**3,313,676**	**1,818,276**

Ar an 13 Márta 2016, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord GINBS íocaíocht díbhinne €0.00719 (2015: €0.00757 gach scar) in aghaidh na scaire. Bhí méid na díbhinne in aghaidh na scaire bunaithe ar thoradh bannaí rialtais deich mbliana na hÉireann amhail an 31 Márta 2016, agus b'ionann é agus €0.37m (2015: €0.39m). Íocadh an díbhinn le sealbhóirí gnáthscaireanna B de chuid GINBS amháin, na hinfheisteoirí príobháideacha, a bhfuil 51% den Chuideachta faoina n-úinéireacht. Níor íocadh díbhinn ar bith le gnáth-scairshealbhóirí A, an GNBS an Ghníomhaireacht, a bhfuil úinéireacht 49% den Chuideachta aici.

I Feabhra 2016, chinn Bord BSN gur chuí, i gcomhthéacs fheidhmíocht airgeadais fhoriomlán chomhiomlán GNBS agus a cuspóirí, go n-íocfaí an cúpón bliantúil ar na bannaí tánaisteacha €83.86m (2015: €83.86m)a bhí dlite ar an 1 Márta 2016. Déantar na bannaí tánaisteacha a aicmiú mar chothromas sa ráiteas ar an staid airgeadais, agus dá bhrí sin aithnítear na híocaíochtaí cúpóin gaolmhara sa chothromas. Féach Nóta 34 Le haghaidh tuilleadh sonraí.

Is ionann ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí agus gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach bhfuil inchurtha go díreach nó go neamhdhíreach don mháthair-aonán. I gcomhthéacs an Ghrúpa is ionann é seo agus infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha i ngnáth-scairchaipiteal GINBS.

D'infheistigh an GNBS, i dteannta infheisteoirí príobháideacha, in GINBS. Tá 49% de scairchaipiteal eisithe GINBS i seilbh an GNBS agus is i seilbh infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile den scairchaipiteal.

Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBS a chrosadh.

Faoin gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil faoi Airteagail Chomhlachais GINBS.

De bhua an rialaithe seo atá ag an GNBS ar GINBS, tá GINBS agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

37. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA

Tá €49 milliún infheistithe ag an GNBS in GINBS, agus fuair sí 49 milliún gnáthscair A ar a shon. B'infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51 milliún eile in GINBS, agus fuair gach infheisteoir díobh comhscair de 51 milliún gnáthscair B. Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBSmar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

37.1 Fochuideachtaí

Tá cur síos déanta ar struchtúr Ghrúpa an GNBS i Nóta 1. Seo a leanas gnóthais fochuideachta agus úinéireacht céatadáin an GNBS sna fochuideachtaí sin:

Grúpa Stádas Cosanta	Céadtadán úinéireacht	Céadtadán cearta vótála	Príomhghníomhaíocht	Tír ionchorpraithe
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A.	49%	100%	Cuideachta shealbhaíochta agus iasachtú	Éire
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Eisiúint fiachais	Éire
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní na cuideachta sealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
ócmhainn Náisiúnta Cé Thuaidh C.G.A.	49%	100%	Gnóthú sócmhainní réadmhaoine áirithe mar ghlanadh fiachais dlithe le GNBS Éire	Éire
Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Eastát réadach	Éire
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Cuideachta sealbhaíochta mar scairsheilbhe i gcomhpairtíocht ginearálta	Éire
Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A.	49%	100%	Infheistíocht Teoranta i gcomhpháirtíocht mar pháirtí teoranta	Éire
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.	49%	100%	Soláthar na réadmhaoine cónaithí chun críocha na tithíochta sóisialta	Éire
National Asset Sarasota Limited Liability Company	49%	100%	Gnóthú sócmhainní réadmhaoine áirithe lonnaithe sna Stáit Aontaithe mar ghlanadh fiachais dlite don GNBS	US
Gabháltais Fóillíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta(faoi Leachtú Toilteannach)	49%	100%	Neamh-thrádála	Éire
RLHC Resort Lazer SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil
RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A.	49%	100%	Aathstruchtúrú dlíthiúil a éascú	an Phortaingéil

Ag an dáta tuairisthe bhí oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí ar fad i Áras an Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Atha Cliath 2 ach amháin RLHC agus RLHC II. Tá oifig cláraithe RLHC agus RLHC II i Rua Garrett, n.º 64, 1200-204 Liospóin, An Phortaingéil.

37.2 Infheistíocht I Bhfochuideachtaí

Gníomhaireacht	2016 €'000	2015 €'000
49,000,000 scair i GINBST	**49,000**	**49,000**

In 2010 rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht de chuid €49m i GINBS.

37.3 Sonraí fochuideachtaí nach ar lán-úinéireacht ina bhfuil ús neamhrialaithe ábhartha ag an GNBS

Tá an 51% eile de na fochuideachtaí atá liostaithe i 37.1 faoi úinéireacht ag infheisteoirí príobháideacha, de bhua a n-úinéireacht 51% den GNBS.

Íocadh díbhinn de luach €0.4m (2015: €0.4m) leis na hinfheisteoirí príobháideacha le linn na bliana. Níl aon leas breise ag na hinfheisteoirí príobháideacha i ngníomhaíochtaí nó sreabhadh airgid an ghrúpa. Rinneadh brabús de €nialas a leithdháileadh don ús neamhrialaithe le linn na bliana (2014: €nialas). Ba ionann an t-ús neamhrialaithe carntha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus €51m (2015: €51m). Faoin gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil ag 10% den ús cothromais faoi Airteagail Chomhlachais.

Under the shareholders' agreement, the maximum return which will be paid to the private investors by way of dividend is restricted to the 10 year Irish Government Bond Yield applying at the date of the declaration of the dividend. In addition the maximum investment return to the private investors is capped at 10% of the equity interest under the Articles of Association of NAMAI.

Féadfar brabúis a eascróidh a leithdháileadh don ús neamhrialaithe de réir bheartas cuntasaíochta 2.27.

37.4 Sonraí maidir le fochuideachtaí neamh-chomhdhlúite

National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach)

Ar an 10 Eanáir 2014 bhunaigh GNBS fochuideachta nua, National Asset Leisure Holdings Limited (faoi Leachtú Deonach) (NALHL). Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid NAPM é NALHL (faoi Leachtú Deonach), a bunaíodh chun seilbh a fháil ar 100% de scairchaipiteal dhá aonán de bhunadh na Portaingéile, RLHC agus RLHC II.

Bhí bunú na n-aonán seo de dhíth chun éascú a dhéanamh ar athstruchtúrú dlíthiúil de líon na n-aonán le sócmhainní réadmhaoine Portaingéalacha. Tar éis don athstruchtúrú dlíthiúil a bheith curtha i gcrích, cuireadh NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi leachtú ar an 18 Nollaig 2014. Tá NALHL (faoi Leachtú Deonach) faoi rialú an leachtaitheora, agus is é an té sin a dhéanfaidh réadú ar shócmhainní na Cuideachta. Ní raibh aon athrú i stádus NALHL (faoi Leachtú Deonach) le linn 2016.

Toisc go bhfuil cearta an scairshealbhóra glactha ag an leachtaitheoir agus gurb é an té sin a rialaíonn NALHL (faoi Leachtú Deonach) araon anois, níl NALHL (faoi Leachtú Deonach) agus a chuid fochuideachtaí, RLHC I agus RLHC II, comhdhlúite i dtorthaí an Ghrúpa GNBS.

Féach Nóta 39.6 i gcomhair sonraí maidir leis na sócmhainní arna sealbhú ag na cuideachtaí sin.

38. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Seo a leanas páirtithe gaolmhara an Ghrúpa:

Fochuideachtaí

Tá sonraí maidir leis an ús i seilbh fochuideachtaí an GNBS luaite i Nóta 37.1 agus Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

GBCN

Soláthraíonn GBCN seirbhísí foirne, airgeadais, cumarsáide, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc. Tásonraí na gcostas gearrtha ar an nGrúpa le fáil i Nóta 10. Is í GBCN an contrapháirtí le haghaidh staideanna díorthaigh an GNBS i gcomhthéacs a cuid bainistíochta ar mhalairt eachtrach agus nochtadh ráta úis. Éilítear ar an GNBS urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) d'fhonn nochtadh GBCN do dhíorthaigh an GNBS. Tá infheistíochtaí nóta Státchiste agus Bannaí Gearrthréimhseacha an Chisteáin, eisithe ag GBCN, i seilbh an GNBS. Fuair GNBS aeilbh ar nótaí úis Státchiste a d'eisigh GBNS. Choinnigh GNBS nótaí Státchiste le luach €0.067m (2015: €niallas) ag an dáta tuairisiciú ar caitheadh leo mar airgead tirim agus coibhéis airgead tirim (féach Nóta 15).

Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN

Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí le Scéim Pinsean Shochair Shainithe GBCN thar ceann na bhfostaithe cuí. Tá an scéim pinsean á rialú agus á bainistiú ag iontaobhaithe neamhspleácha ceaptha ag GBCN. Mar chuid den chomaoin i ndáil leis an soláthar foirne tá íocaíocht de chuid €4.0m (2015: €4.6m), déanta ag an nGrúpa, ag léiriú aisíoc ranníocaíocht GBCN dom scéim pinsean i ndáil leis na hOIfigigh seo de chuid an GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

38. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Aire Airgeadais

Bhunaigh an tAire GNBS faoi Acht GNBS 2009. De réir Alt 13 agus 14 den Acht tá cumhachtaí áirithe ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Forálann Alt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint don GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aird a thabhairt ar a leithéid sin de threoirlínte agus a feidhmeanna á comhlíonadh. Forálann Alt 14 go bhféadfaidh an tAire treoracha a eisiúint don GNBS maidir le cur i gcrích chuspóirí an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aon treoir dá leithéid sin a chomhlíonadh.

Is é éifeacht na bhforálacha reachtúla seo ná go bhfuil de chumhacht ag an Aire Airgeadais tionchar suntasach a bheith aige ar an GNBS.

Institiúidí Rannpháirteacha

I rith 2010, achtaíodh roinnt beart reachtach a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais thar institiúidí airgeadais ar leith i ndáil le ceisteanna éagsúla úinéireachta, comhdhéanamh an bhoird, éadáil nó díolachán fochuideachtaí, gníomhaíocht gnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht baincéireachta. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha dul i gcomhairle leis an Aire roimh aon ghníomhaíocht ábhartha a d'fhéadfadh leas a bheith ag an bpobal inti a chur i gcrích.

Is institiúidí creidmheasa iad Institiúidí Rannpháirteacha atá ainmnithe ag an Aire mar Institiúid Rannpháirteach, faoi Alt 67 den Acht. Tá sócmhainní iasachta aistrithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS ar an dáta tuairiscithe, AIB c.p.t (ag ionchorprú EBS), Banc na hÉireann agus IBRC.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearacha agus fo-urrúis agus d'aistrigh sé iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha in áit sócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais go príomha faoi Nóta 19, Iasachtaí agus Infháltais, Nóta 17, Méideanna dlite do agus ó Institiúidí Rannpháirteacha agus nótaí gaolmhara an Ráitis Ioncaim.

Le linn na bliana, dhíol an Grúpa iasacht le Aillied Irish Banks c.p.t. ar shuim iomlán de €41m (2015: €97m).

Tá cuntas oibriúcháin ag an nGrúpa le AIB c.p.t. ina raibh iarmhéid de chuid €25m (2015: €12.3m) ag an dáta tuairiscithe. I rith na bliana bhí an meán-iarmhéid dúnta laethúil cothrom le €15m (2015: €8.6m).

I gcaitheamh na bliana chuir an Grúpa airgead i dtaisce le AIB c.p.t. B'ionann an meán a cuireadh i dtaisce leis an bhanc agus €33m (2015: €48m). Ag an data tuairiscithe bhí taisce €31m le AIB c.p.t. ar feadh cúig lá.

Seo a leanas na táillí ioctha leis an hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta tabhaithe i rith na bliana:

Institiúidí Rannpháirteacha	2016 €'000	2015 €'000
AIB, c.p.t.	3,278	13,456
Banc na hÉireann	546	406
IBRC (i leachtú)[5]	-	595
	3,824	**14,457**

New Ireland Assurance Co p.l.c.

Tá scair 17% de scairchaipiteal GINBS, fochuideachta den GNBS (a fhreagraíonn do 15 milliún den 51 milliún scair B eisithe ag GINBS chuig infheisteoirí príobháideacha) an ceann i seilbh New Ireland Assurance Co p.l.c, fochuideachta de Bhanc na hÉireann. Nochtar íocaíochtaí díbhinne a rinneadh le hinfheistitheoirí príobháideacha i Nóta 36.

Príomhphearsanra bainistíochta

Tá an Ghníomhaireacht á rialú ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus an Bord. Is comhalta ex-officio den Bhord é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN. Tá údarás ag an POF agus ag an mBord i ndáil le gníomhaíochtaí an GNBS agus a fochuideachtaí a phleanáil, a stiúradh agus a rialú agus tá siad freagrach as an méid sin agus mar sin, is príomhphearsanra bainistíochta de chuid an GNBS iad. Nochtar táillí íoctha le comhaltaí Boird i Nóta 10. Níl fostaí ar bith ag an nGrúpa.

Sainítear Príomhphearsanra Bainistíochta faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016) mar na baill foirne sin a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá ochtar ball foirne ag an GNBS a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach saothair comhiomlán na n-oifigeach sin nochta i Nóta 10.

5 *Ritheadh Acht an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc i Feabhra 2013 agus shínigh an tAire Airgeadais ordú leachtaithe speisialta ag cur IRBC is leachaíocht speisialta.*

Idirbhearta le haonáin an Ghrúpa

Seo a leanas na méideanna atá dlite do agus ó pháirtithe leasmhara ag an dáta tuairiscithe. Is ar bhonn praghas fad láimhe a dhéantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara.

Iasacht dlite le BISNT

Réamhíocadh iasacht úis de luach €52 milliún ó BISNT leis an nGníomhaireacht. Tuilltear ús ar an iasacht seo ag ráta sé mhí EURIBOR. B'ionann an t-ús tuillte ar an iasacht seo don bhliain €0.1m (2015: €0.1m). Bhí na hiarmhéideanna bunaidh gan íoc cothrom le €nialas ag an dáta tuairiscithe.

Comhaontuithe iasachta rannpháirteacha brabúis

Chuaigh an Ghrúpa i mbun méid gcomhaontaithe iasacht rannpháirteach brábúis agus comhaontaithe idirghrúpa mar atá leagtha amch sa tábla thíos:

Comhaontaithe iasacht rannpháirteach brábúis	2016 €'000	2015 €'000
BSN le SGBSN (i mbun i 2010)	4,183,000	9,683,000
SGBSN le BISN (i mbun i 2010)	4,179,571	9,683,000
SGBSN le NAJVA (i mbun i 2013)	16,879	13,450

Comhaontaithe iasachta idirghrúpa	2016 €'000	2015 €'000
GINBS le BSN (i mbun i 2010)	105,010	104,823
BISN le SRCSN (i mbun i 2012)	209,605	82,654
BISN le BRSN (i mbun i 2012)	123,468	20,171
BISN le NASLLC (i mbun i 2013)	2,303	2,210
BISN le NANQ (i mbun i 2015)	31,745	31,334
BRSN le NALHL(faoi Leachtú Deonach) (i mbun i 2014)	100	100

Athmhuirearú an GBCN

Tabhaíonn GBCN forchostais i ndáil le seirbhísí foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna a sholáthar don Ghrúpa. Gearrtar na forchostais seo ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) ar bhonn costais iarbhír. B'ionann iomlán na gcostas seo don tréimhse agus €47.2m (2015: €53.5m). Déantar a thuilleadh sonraí i ndáil leis na costais seo a nochtadh i Nóta 10.1.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA

D'fhonn a cuspóirí a chomhlíonadh, tá aonáin shainchuspóireacha bunaithe ag an GNBS mar atá sonraithe i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann na haonáin seo ráitis airgeadais ar leith i láthair. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus gach aonán den Ghrúpa.

39.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach na táillí riaracháin tabhaithe ag Grúpa an GNBS i Nóta 10.

Léirítear na costais i ndáil le gach aonán GNBS sna táblaí anseo thíos. Áiríonn costais BISNT athmhuirearú de chuid €47.2m (2015: €53.5m) i ndáil le costais GBCN tabhaithe ag an nGníomhaireacht. Áirítear na costais seo sna cuntais chomhdhlúite freisin.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. **Cineál costais**	*Nóta*	**2016** **€'000**	**2015** **€'000**
Costais in-aisíoctha le GBCN	*10.1*	46,966	53,495
Táillí príomhsheirbhíseora	*10.2*	15,215	39,338
Táillí máistir- sheirbhíseora	*10.3*	1,479	1,399
Costais aistrithe punainne	*10.4*	2,703	4,255
Táillí dlí	*10.5*	2,882	4,845
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	*10.6*	4,013	2,420
Costais chíosa agus áitíochta	*10.7*	2,883	2,899
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	*10.8*	752	736
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	*10.9*	1,250	550
Iomlán na gcostas riaracháin BISN		**78,143**	**109,937**

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. **Cineál costais**	*Nóta*	**2016** **€'000**	**2015** **€'000**
Costais in-aisíoctha le BRSN	*10.1*	263	168
Táillí bainistíochta punainne		171	14
Táillí dlí		122	48
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta		46	35
Iomlán na gcostas riaracháin BRSN		**602**	**265**

Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC **Cineál costais**	**2016** **€'000**	**2015** **€'000**
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	24	-
Iomlán na gcostas riaracháin SNSLLC	**24**	**-**

Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. **Cineál costais**	**2016** **€'000**	**2015** **€'000**
Táillí bainistíochta punainne	331	167
Táillí dlí	446	765
Iomlán na gcostas riaracháin SRCSNT	**777**	**932**

NANQ Cineál costais	2016 €'000	2015 €'000
Táillí dlí	40	-
Táillí bainistíochta	20	-
Táillí cánach	3	-
Iomlán na gcostas riaracháin NANQ	**63**	**-**

RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC I) Cineál costais	2016 €'000	2015 €'000
Seirbhísí proifisiúnta	13	4
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC I[6]	**13**	**4**

RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II) Cineál costais	2016 €'000	2015 €'000
Seirbhísí proifisiúnta	10	4
Iomlán na gcostas riaracháin RLHC II[6]	10	4

39.2 Urrúis féich eisithe chun críocha an Achta

Grúpa	2016 €'000	2015 €'000
Nótaí sinsearacha eisithe ag BSN	2,590,000	8,090,000
Fofhiach eisithe ag BSN	1,593,000	1,593,000
Iomlán	**4,183,000**	**9,683,000**

39.3 Urrúis fiachais fuascailte le hInstitiúdaí Airgeadais sa tréimhse airgeadais

39.3.1 Urrúis féich sinsearacha ráthaithe ag an Rialtas

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 16 € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 16 € '000
AIB	5,643,000	(3,838,000)	1,805,000
BOI	1,421,000	(967,000)	454,000
Permanent TSB (IL&P roimh seo)	772,000	(524,000)	248,000
Banc Ceannais na hÉireann	254,000	(171,000)	83,000
Iomlán	**8,090,000**	**(5,500,000)**	**2,590,000**

6 *Meastar na méideanna seo bunaithe ar chuntais neamhiniúchta an 30 Meán Fómhair 2015, go dtí go mbeidh cuntais iniúchta deireadh na bliana críochanithe. Bunaíodh comparáideanna cuntais neamhuniúchórtha 30 Meán Fómhair 2015. Mar atá leagtha amach i Nóta 37.4, nil na hinfheistíochtaí seo comhdhlúite i ráitis airgeadais Ghrúpa GNBS.*

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.3 Urrúis fiachais fuascailte le hInstitiúdaí Airgeadais sa tréimhse airgeadais (ar lean)

39.3.1 Urrúis féich sinsearacha ráthaithe ag an Rialtas (ar lean)

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 15 € '000	Fuascailte € '000	Gan íoc ag 31 Noll 15 € '000
AIB	9,477,000	(3,834,000)	5,643,000
BOI	2,389,000	(968,000)	1,421,000
Permanent TSB (IL&P roimh seo)	1,298,000	(526,000)	772,000
Banc Ceannais na hÉireann	426,000	(172,000)	254,000
Iomlán	**13,590,000**	**(5,500,000)**	**8,090,000**

39.3.2 Urrúis fófhiacha sealbhaithe

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 16 € '000	Gan íoc ag 31 Noll 16 € '000
AIB	451,000	451,000
BOI	281,000	281,000
Nótashealbhóirí Eile	841,000	841,000
EBS	20,000	20,000
Iomlán	**1,593,000**	**1,593,000**

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 15 € '000	Gan íoc ag 31 Noll 15 € '000
AIB	451,000	451,000
BOI	281,000	281,000
Nótashealbhóirí Eile	841,000	841,000
EBS	20,000	20,000
Iomlán	**1,593,000**	**1,593,000**

39.4 Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain

Ní raibh aon réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain.

39.5 Réamhíocaíochtaí déanta ag an GNBS le féichiúnaithe trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

Institiúid Rannpháirteach	Méid réamhíoctha 2016 €'000	Méid réamhíoctha 2015 €'000
AIB	348,775	175,754
Capita	288,679	676,373
BOI	-	2,420
Airgeadais Díoltóra	2,645	965
Iomlán	**640,099**	**855,512**

39.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Tá léargas le fáil anseo thíos ar na sócmhainní i seilbh an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS. San áireamh sna sócmhainní seo tá sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteacha brabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GNBS)	2016 €'000	2015 €'000
Infheistíocht sa GINBST	49,000	49,000
Airgead tirim	112	268
Ús infhaighte ón iasacht le BSN	3,318,667	1,822,888
Infháltas idighrúpa	5,156	5,136
Infháltais eile	545	507
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	1,344	1,680
Iomlán	**3,374,824**	**1,879,479**

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS)	2016 €'000	2015 €'000
Iasacht le BSNT	99,900	99,900
Ús ar iasacht idirghrúpa	5,110	4,923
Infháltas idir-ghrúpa	-	3
Infháltais eile	-	251
Airgead tirim	251	-
Iomlán	**105,261**	**105,077**

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.(BSN)	2016 €'000	2015 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le SGBSNT	4,183,000	9,683,000
Ús ar iasachta. rannph.irteacha bhrab.is	3,177,144	1,755,298
Infháltas idir-ghrúpa	278,068	278,068
Réamhíocaíochtaí Cánach	15,658	-
Iomlán	**7,653,870**	**11,716,366**

Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (díscaoilte) (RSNT)	2016 €'000	2015 €'000
Sócmhainní eile[7]	-	3
Iomlán	**-**	**3**

Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN)	2016 €'000	2015 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le BISN	4,179,571	9,683,000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le NAJVA	16,879	13,450
Ús ar iasachtaí rannpháirteacha bhrabúis	3,178,074	1,756,225
Infháltas idirghrúpa	183,243	97,792
Iomlán	**7,557,767**	**11,550,467**

7 *Is fochuideachta 100% de GINBS a bhí i NARL (díscaoilte). Díscaoileadh NARL le héifeacht ó 23 Mátra 2016.*

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

39. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

39.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN)	2016 €'000	2015 €'000
Airgead tirim	1,574,204	3,139,604
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	58,000	256,000
Infhála ó Institiúidí Rannpháirteacha	20,481	87,188
Sócmhainní airgeadais infhaighte	519,378	-
Ionstraim airgeadais dlite	25,999	44,290
Iasachtaí agus infháltais	3,899,930	7,791,373
Infháltas idir-ghrúpa	624,483	306,515
Ús fabhraithe infhála	882	894
Infheistíochtaí in ionstramain cothromais	38,246	46,964
Fardail – Réadmhaoine trádála	1,300	1,300
Sócmhainní eile	784,168	19,944
Sócmhainn cánach iarchurtha	-	28,924
Iomlán	**7,547,071**	**11,722,996**

NANQ	2016 €'000	2015 €'000
Airgead tirim	717	343
Iasachtaí agus infháltais	9,734	9,611
Fardail – Réadmhaoine trádála	21,750	21,750
Ioncam cíosa infhaighte	4	-
Iomlán	**32,205**	**31,704**

BRSN	2016 €'000	2015 €'000
Airgead tirim	2,880	20
Infheistíochtaí in ionstramain cothromais	534	533
Fardail – Réadmhaoine trádála	118,462	7,362
Infháltas idir-ghrúpa	93	7,100
Sócmhainní eile	-	12
Iomlán	**121,968**	**15,027**

Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (NAJVA)	2016 €'000	2015 €'000
Airgead tirim	4,129	3,791
Fardail – Réadmhaoine trádála	205,492	78,362
Sócmhainní eile	921	656
Iomlán	**210,542**	**82,809**

Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A.	2016 €'000	2015 €'000
Airgead tirim	5,495	1,579
Infheistíochtaí in ionstramain cothromais	17,254	1,248
Iasacht infhála	5,781	12,105
Sócmhainní eile	53	186
Iomlán	**28,583**	**15,118**

Sócmhainn Náisiúnta Sarasota LLC (SNSLLC)	2016 €'000	2015 €'000
Fardail – Réadmhaoine trádála	**3,168**	**2,857**

National Asset Leisure Holdings Ltd (i Leachtú Toillteanach) (NALHL)	2016 €'000	2015 €'000
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí[8]	**7,686**	**13,181**

RLHC Resort Lazer SGPS, S.A. (RLHC)	2016 €'000	2015 €'000
Investment in subsidiaries[8]	**6,899**	**11,840**

RLHC Resort Lazer II SGPS, S.A. (RLHC II)	2016 €'000	2015 €'000
Infheistíocht i bhfóchuideachtaí[8]	**787**	**1,341**

39.7 Bearta tacaíochta an rialtais, lena náirítear ráthaíochtaí, faighte ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Aonán	Cur Síos	Méid eisithe an 31 Nollaig 2016 €'000	Méid eisithe an 31 Nollaig 2015 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta	Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS mar atá foráilte faoi Alt 48 den Acht fán GNBS 2010. Is é €51.3 billiún an phríomhshuim chomhiomlán uasta Nótaí Sinsearacha le heisiúint ag aon am ar leith.		
		2,590,000	8,090,000
		2,590,000	**8,090,000**

Féach Nóta 29 ar son níos mó sonraí.

8 *Meastar na méideanna seo bunaithe ar chuntais neamhiniúchta an 30 Meán Fómhair 2015, go dtí go mbeidh cuntais iniúchta deireadh na bliana críochanithe. Bunaíodh comparáideanna cuntais neamhuniúchórtha 30 Meán Fómhair 2015. Mar atá leagtha amach i Nóta 37.4, nil na hinfheistíochtaí seo comhdhlúite i ráitis airgeadais Ghrúpa GNBS.*

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

40. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN DÁTA TUAIRISCITHE

a) Fuascailt banní

Ar 8 Feabhra 2017, d'fhuascail GNBS €1.09 billiún óna banní sinsearacha. Rinne fuascailte breise de €48m ar 1 Márta 2017 agys €952m ar 5 Aibreán 2017.

b) Díbhinn

Ar an 16 Márta 2017, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBS íocaíocht díbhinne €00.547m. Is 1.072% an ráta díbhinne infheidhme, byunaithe ar thoradh bhannaí 10 mbliana an Rialtas Éireannach. Is le húinéirí gnáthscaireanna B amháin a íocadh é seo.

c) Cúpón ar Fhofhiachas

Ar an 28 Feabhra rinne an GNBS íocaíocht chúpóin de €83.86 milliún as ús ar an bhfofhiachas a sheirbhísiú. Le haghaidh breis eolais faoin bhfofhiachas, féach Nóta 34, Gnáthscair eile.

41. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 27 Aibreán 2017.

Gluais na Dtéarmaí

Comhthaobhacht Geall iasachtaí réadmhaoin shonrach d'iasachtóir, le forghéilleadh i gcomhthéacs mainneachtana.

Contrapháirtí An páirtí lena bhfuil conradh nó idirbeart airgeadais á sheirbheáil.

Babhtáil Trasairgeadra Comhaontú chun sreabha airgid a bhabhtáil le hiasachtaí den mhéid agus de réir na dtéarmaí céanna ach ainmnithe in airgeadraí difriúla. Úsáideann an Grúpa seo na comhaontuithe seo chun costas Euro idirbheart ainmnithe in airgeadra eachtrach a shocrú.

Luach Margaidh Reatha An méid measta a bheadh i gceist le malartú réadmhaoine idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar bhonn praghas fad láimhe.

Féichiúnaí Iasachtaí, a bhfuil iasachtaí incháilithe luaite leis agus a bhfuil na hiasachtaí seo aistrithe chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann nasc féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá nasctha le féichiúnaí.

Pleananna gnó féichiúnaí Pleananna gnó curtha i dtoll a chéile ag gach féichiúnaí ina sonraítear an bealach atá beartaithe acu le fiachas a aisíoc agus an plean atá acu chun an aisíocaíocht fiachais a chinntiú. Déantar pleananna gnó féichiúnaí a athbhreithniú go neamhspleách agus a fhaomhadh idir an GNBS agus an féichiúnaí.

Díorthach Is ionstraim airgeadais é díorthach a dtagann a luach as mír bhunúsach mar sampla rátaí úis nó airgeadra, agus is féidir é a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

Ráta Lascaine An ráta a úsáidtear chun sreabha airgid amach anseo a lascainiú go dtí a luachanna reatha.

Dícheall Cuí Breithmheas cuimsitheach ar ghnó agus é mar aidhm go háirithe luach a shócmhainní agus dliteanas a bhunú. Déanann an Grúpa dhá chineál díchill chuí, dícheall cuí Dlí agus dícheall cuí Réadmhaoine.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Imeachtaí a bhfuil sé mar bhonn leo comhlíonadh le conarthaí dlí a chinntiú.

Euribor Is é Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro an ráta a dtairgeann príomhbhanc amháin éarlaisí idirbhainc euro le banc eile atá laistigh de limistéar an Euro.

Ráta Comhlúthach Ráta úis a athraíonn go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe air i gconarthaí.

Díorthach Malairte Eachtraí / Babhtáil Trasairgeadra Conradh airgeadais ina gcomhaontaíonn an ceannaitheoir agus an díoltóir sreabha airgid chomhlúthacha a bhabhtáil idir dhá airgeadra dhifriúla, i rith tréimhse sonraithe ama.

Babhtáil FX Is ionann Babhtáil FX agus ceannach agus díolachán comhuaineach méideanna comhionanna airgeadra amháin le hairgeadra eile a bhfuil dá dháta luacha difriúil acu (spota ar aghaidh de ghnáth).

Fálú Páirt a ghlacadh i gcomhaontú chun riosca athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanais a bhainistiú.

Iasacht Bhearnaithe Déantar iasacht a bhearnú sa chás nach bhfuil an chuma ar an scéal go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

Babhtáil Ráta Úis Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreabha airgid le sruth sreabha airgid páirtí eile bunaithe ar phríomh-mhéid sonraithe. Áirítear anseo, de ghnáth, babhtáil sreabha airgid atá coibhéiseach le híocaíochtaí úis athraitheacha do shreabha airgid coibhéiseach le híocaíochtaí úis seasta ar an bpríomh-mhéid chéanna.

Fardail Réadmhaoin faighte ag an GNBS agus coimeádta ar a ráiteas ar staid an airgeadais.

Comhfheithiclí Bainistíochta Sócmhainne na hÉireann (ICAVanna) Is é seo feithicil cistiúcháin a fhéadtar a úsáid chun UCITS agus cistí infheistíochta malartacha a bhunú

Iasachtaí talún agus forbatha Áirítear in iasachtaí talún agus forbartha iasachtaí ar thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte ar thalamh páirtfhorbartha.

Tiomantais iasachta Iarmhéid creidmheasa atá tiomanta ag BISN a sholáthar dá custaiméirí.

Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) An luach cinnte ag an GNBS de réir an Acht, gur féidir a bheith ag súil, go réasúnta, le sócmhainn a bhaint amach i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bhíonn na coinníollacha géarchéime atá i bhfeidhm tráth achtaithe an Achta feabhsúcháin agus, i gcás réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine amach anseo comhsheasmhach le hionchais réasúnta ag féachaint do mheán stairiúil fadtréimhseach.

Luach Marcáil ón Margadh Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach reatha margaidh seachas a luach de réir na leabhar.

OTC Thar an gCuntar Ag tagairt do dhíorthaigh nach bhfuil á dtrádáil ar mhalartú aitheanta.

Institiúid Rannpháirteach Institiúid Creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire faoi Alt 67 den Acht mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon fhochuideachtaí nach bhfuil curtha as an áireamh faoin alt sin.

Luach Reatha Luach ar dháta áirithe ar íocaíocht amach anseo nó sraith íocaíochtaí amach anseo, lascainithe chun léargas a thabhairt ar amluach airgid agus fachtóirí eile dála riosca infheistíochta.

Príomhsheirbhíseoir Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS laistigh de theorainneacha údaráis faofa ag an Bhord.

Gluais na Dtéarmaí (ar lean)

Iasacht Rannpháirteach Brabúis Iasacht a sholáthraíonn an t-iasachtóir a bhfuil a thoradh ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an iasachtaí.

Réamhíocaíocht Cháilitheach Réamhíocaíocht déanta ag Institiúid Rannpháirteach le hiasachtóir (ar sócmhainní incháilithe a iasachtaí) i ndiaidh don Aire Airgeadais an GNBS a fhógairt ar an 7 Aibreán 2009. Ní bhíonn an réamhíocaíocht cáilitheach ach amháin má rinneadh é mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála. Ní raibh lascaine ar bith i gceist ar na réamhíocaíochtaí seo.

Slándáil *(a)* Muirear, *(b)* ráthaíocht, slánaíocht nó urra, *(c)* ceart fritháirimh, *(d)* bintiúr, *(e)* bille malairte, *(f)* nóta gealltanais, *(g)* comhthaobhacht, *(h)* aon mhodh eile chun na nithe seo a leanas a chinntiú—(i) íoc fiachais, nó (ii) urscaoileadh feidhmíocht oibleagáide nó dliteanais, agus *(i)* aon chomhaontú nó socrú eile a bhfuil éifeacht chosúil aige.

Bannaí státchiste gearrthréimhseacha Bannaí státchiste rialtas na hÉireann faighte do bhainistíocht leachtachta.

Aonán Sainchuspóireach Aonán dlí cruthaithe chun cuspóir dea-shainithe cúng, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

Fofhiachas Fiachas atá in-aisíoctha i ndiaidh na bhfiachas eile a bheith aisíoctha. Íocann an GNBS 5% de phraghas ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann sé i bhfoirm fobhannaí.

Tráinse Grúpa iasachtaí ó fhéichiúnaithe difriúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe ama ar leith. Is i bhfoirm tráinsí a aistrítear sócmhainní ó na hInstiti

Deartha ag **fabrik.ie**

Clóite ar pháipéar atá neamhdhíobhálach don timpeallach

Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
Áras an Chisteáin, Sráid na Canála Móire,
Baile Átha Cliath 2, D02 XN96, Éire

T +353 1 664 0800
+353 1 665 0000
F +353 1 664 0890

www.nama.ie